

Téarmaíocht don Aontas Eorpach

Taithí na hÉireann: Tionscadal GA IATE

Úna Bhreathnach | Fionnuala Cloke | Caoilfhionn Nic Pháidín

Téarmaíocht don Aontas Eorpach

Taithí na hÉireann: Tionscadal GA IATE

Úna Bhreathnach

Fionnuala Cloke

Caoilfhionn Nic Pháidín

Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Eanáir 2013



An chéad chló 2013

© Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath 2013

ISBN 978-1-909367-66-1



Faigheann Cló Iar-Chonnacht tacaíocht airgid ón gComhairle Ealaíon.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Foilsitheoir:

Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: 091-593307

Facs: 091-593362

r-phost: eolas@cic.ie

Dearadh agus táirgeacht: Vermillion

Clár

Achoimre fheidhmeach	4	6. Cás-staidéar: Tionscadal GA IATE	56
Foireann eagarthóireachta	6	6.1. Stair agus comhthéacs	56
Buíochas	6	6.2. Ullmhúchán teicniúil agus eagarthóireachta	59
Nóta eagarthóireachta	7	6.3. Sreabhadh oibre 2008–2012	63
Gluais téarmaí agus giorrúchán a úsáidtear sa tuarascáil	8	6.4. Torthaí 2008–2012	81
Táblaí agus fíoracha	11	6.5. Bainistíocht agus riarachán	81
1. Réamhrá	13	6.6. Láidreachtaí an tionscadail	83
1.1. Aidhmeanna an staidéir	13	6.7. Dúshláin (agus réitigh áirithe)	85
1.2. Comhthéacsanna	13	6.8. Achoimre	88
1.3. Paraiméadair agus teorainneacha an staidéir	15	7. Conclúidí	89
2. Foinsí agus modheolaíocht	16	7.1. Cainníocht agus cáilíocht in IATE	89
2.1. Léirbhreithniú ar an litríocht	16	7.2. Tionscadal GA IATE: Athbhreithniú agus todhchaí	89
2.2. Modhanna taighde	16	7.3. An tionscadal Gaeilge agus teangacha nua eile	92
2.3. Modhanna anailíse	18	Foinsí	93
3. Forléargas ar IATE	19	Aguisíní	96
3.1. IATE: 1999–2004	19	A. Agallaimh, ceistneoirí agus cumarsáid phearsanta	96
3.2. IATE: 2004–2012	23	A. Ceistneoirí maidir le hobair théarmeolaíochta sna teangacha nua	96
3.3. Fís agus dúshláin iar-2012	31	B. Agallaimh agus tagairtí ar baineadh úsáid astu sa téacs	97
4. Forléargas ar obair théarmeolaíochta sna hinstitiúidí	33	C. Ceistneoir do théarmeolaithe i dteangacha nua	99
4.1. Gnéithe coiteanna	33	D. Ceistneoir d'aistritheoirí Gaeilge	100
4.2. An Coimisiún Eorpach	34	B. Bunábhar a bhaineann le Mír 5	102
4.3. Comhairle an Aontais Eorpaigh	38	A. Nótaí sochtheangeolaíochta ar na teangacha nua	102
4.4. Parlaimint na hEorpa	40	B. Acmhainní teanga agus téarmeolaíochta sna teangacha nua	105
4.5. Achoimre	43	C. Bunábhar a bhaineann le Mír 6	111
5. Forléargas ar obair théarmeolaíochta sna teangacha nua	44	A. Liostaí a seoladh chuig Fiontar: Ainmneacha agus topaicí	111
5.1. Gnéithe de tháirgeadh téarmaí maidir leis na teangacha nua	44	B. Rannpháirtithe tionscadal in Éirinn	117
5.2. Acquis communautaire	49	C. Sceideal de chruinnithe agus rannpháirtithe thionscadal GA IATE	119
5.3. Téarmaíocht teangacha nua in IATE	51	Innéacs	120
5.4. Achoimre	55		

Achoimre fheidhmeach

Tionscadal é GA IATE a bhunaigh rialtas na hÉireann in 2007, i gcomhar le hinstiúidí an AE, chun soláthar leordhóthanach téarmaíochta sa Ghaeilge a dheimhniú do na riachtanais aistriúcháin a d'éascair as an nGaeilge a bheith ina teanga oifigiúil de chuid an AE.

Is acmhainn dhinimiciúil téarmeolaíochta í bunachar IATE a thacaíonn le dréachtú ilteangach téacsanna sna 23 teanga oifigiúil uile. Rinne instiúidí an AE forbairt ar IATE ó 2004 i leith i gcomhthéacs dhá mhéadú (2004 agus 2007), agus an méadú i líon na dteangacha oifigiúla dá bharr ó 11 go 23. Faoi láthair, tá c. 8.6 milliún téarma sa bhunachar, ó 1.5 milliún sa Bhéarla go dtí níos lú ná 30,000 sa Rómáinis agus sa Bhulgáiris faoi seach. Déantar é a bhainistiú ar leibhéal idirinstiúideach san AE ach ina dhiaidh sin tá gach instiúid freagrach as bainistíocht úsáideoirí ina cuid seirbhísí féin agus as cinntí a bhaineann le hinneachar.

Is féidir teangacha oifigiúla an AE a roinnt go neamhfhoirmiúil in dhá ghrúpa – seanteangacha a raibh stádas oifigiúil acu roimh 2004, agus teangacha nua a ghnóthaigh stádas oifigiúil i ndiaidh an dáta sin. Ní hionann in aon chor ionadaíocht ná próifíl na ngrúpaí sin in IATE ná na dúshlán a dtugann siad aghaidh orthu. Thug aistriitheoirí theangacha nua an AE uile, seachas an Ghaeilge agus an Mháltais, faoin acquis communautaire a aistriú chuig a dteangacha féin sular aontaigh a dtíortha don AE. Chuige sin bhain siad leas as modhanna éagsúla, agus bhain siad torthaí measctha amach ó thaobh inúsáideacht téarmeolaíochta de. Ní hionann na struchtúir atá ann faoi láthair sna teangacha éagsúla maidir le forbairt téarmaí do IATE. I gcásanna áirithe, amhail an tSlóvaicis, an Liotuáinis, an Rómáinis agus an Pholainnis, tá gréasáin téarmeolaíochta ann chun an chumarsáid idir aistriitheoirí an AE, instiúidí náisiúnta agus saineolaithe náisiúnta a éascú.

Tá tionscadal GA IATE, ina ndéantar táirgeadh téarmaíochta na Gaeilge d'IATE a sheachfhoinsiú chuig Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ina chur chuige uathúil maidir leis an dúshlán acmhainní téarmeolaíochta a fhorbairt do theanga nua. Is iad comhpháirtithe an tionscadail Fiontar, an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta in Éirinn, agus instiúidí an AE. Cuireadh tús leis an obair in 2008 agus ó shin i leith tá 55,000 iontráil téarmeolaíochta próiseáilte agus curtha ar ais chuig IATE. Déantar sreabhadh na téarmeolaíochta a bhainistiú trí infreastruchtúr teicniúil a d'fhorbair Fiontar agus tá trí leibhéal taighde eagarthóireachta i gceist, mar aon le comhoibriú ar líne le haistriitheoirí Gaeilge de chuid an AE, agus le bailíochtú ó Fhoras na Gaeilge trína Choiste Téarmaíochta náisiúnta.

Léiríonn foireann aistriúcháin na Gaeilge in instiúidí an AE go bhfuil siad sásta i gcoitinne le réimse, le hábharthacht, agus le cáilíocht na dtéarmaí a chuirtear ar fáil. Tá an deimhniú seo tábhachtach mar ní i gcónaí a mheasann aistriitheoirí an AE go mbíonn téarmaí áirithe, a fhorbraítear ar an mórchoir nó go seachtrach, leormhaith (agus baintear amach as IATE arís iad in amanna). Ní hamháin go bhfuil ag éirí le tionscadal GA IATE a phríomhsprioc a bhaint amach, is é sin, lear maith téarmaí ábhartha úsáideacha a sholáthar, ach tá fairsingiú déanta aige freisin ar bhonn na réimsí téarmaíochta i nGaeilge (mar shampla, téarmaíocht a bhaineann le hairgeadas agus le cosaint sonraí). Feidhmíonn sé, mar fhothoradh, mar thionscadal glanta ar IATE freisin óir déantar cnuasaigh téarmaíochta ilteangacha a iniúchadh agus a fheabhsú sula seoltar ar aghaidh chuig Fiontar iad.

Mar acmhainn d'fhoireann aistriúcháin na Gaeilge, is uirlis í IATE a bhfuil feabhas mór tagtha uirthi ó thaobh líon na dtéarmaí de ó cuireadh tús leis an tionscadal seo. Tá méadú mór tagtha ar líon na dtéarmaí Gaeilge, i gcomórtas leis na teangacha nua eile, mar thoradh ar thionscadal GA IATE, agus tá an Ghaeilge sa dara háit anois i ndiaidh na Polainnis. Ní mór, áfach, cothromaíocht a aimsiú idir cainníocht agus cáilíocht an aschuir.

Bua ag an tionscadal is ea cáilíocht an chomhoibrithe idir na comhpháirtithe. Cinntíonn an comhoibriú idir instiúidí an AE comhleanúchas agus ábharthacht na dtéarmaí nua Gaeilge in IATE do na fíor-riachtanais; ina theannta sin spreagtar cruinnithe agus cainteanna neamhfhoirmiúla eatarthu siúd a ghlacann páirt ann. Díreach mar a mhéadaigh an comhoibriú idir na seirbhísí teanga de bharr fhorbairt IATE féin, tá caidreamh idirinstiúideach feabhsaithe agus deiseanna malartaithe agus comhpháirtíochta curtha ar fáil ag tionscadal GA IATE.

Baineann roinnt mhaith dúshlán leis an tionscadal. Baineann deacrachtaí áirithe le IATE i gcoitinne, mar shampla, an deacracht leis na hiontrálacha is ábhartha a roghnú chun forbartha, agus an fhadhb a bhaineann le dúblaigh agus le cáilíocht na n-iontrálacha. Ní mór ardtosaíocht a thabhairt i gcónaí do chothú na dea-chumarsáide idir na comhpháirtithe uile agus tionscadal chomh casta seo i gceist. Cuireann an tionscadal chun suntais freisin an gá a bhaineann le rialacha gramadaí sa Ghaeilge a bheith sách beacht agus sách soiléir chun gur féidir iad a chur i bhfeidhm le cinnteacht agus téarmaí nua á gcruthú.

Toisc gur beartaíodh tréimhse saoil deich mbliana do thionscadal GA IATE nuair a tionscnaíodh in 2007 é, tá an t-athbhreithniú seo tráthúil i lár cúrsa. Is léir

go bhfuil roinnt de na deacrachtaí céanna atá ag tionscadal GA IATE ag téarmealaithe i dteangacha nua eile agus téarmaí nua á gcruthú d'IATE. Tá easpa téarmaí i réimsí áirithe in IATE i bhformhór na dteangacha. Luadh ceist cháilíocht na dtéarmaí i gcás roinnt mhaith teangacha agus is ábhar crá iad drochshainmhíne d'aistritheoirí na dteangacha nua. Ós rud é go bhfuil cosúlachtaí idir na teangacha nua go léir murab ionann is na seanteangacha, d'fhéadfadh an cur chuige Gaeilge maidir le forbairt acmhainní téarmealíochta (e.g. réitigh theicniúla, próisis oibre, meicníochtaí aischothaithe, agus na ceachtanna a foghlaimíodh i dtaca le scóip agus le spriocanna sa todhcha) a bheith ábhartha agus ina dhíol spéise go háirithe i gcás aontachais amach anseo.

Foireann eagarthóireachta

D'fheidhmigh Julie O'Farrell mar chúntóir taighde tionscadail agus dhréachtaigh sí Mír 5. Is í Emma Ní Fhaoláin a chuir na tagairtí agus na hagusíní i dtoll a chéile. D'oibrigh an bheirt acu ar sheiceáil fíricí, ar eagarthóireacht chóipe agus ar anailís a dhéanamh ar shonraí agallaimh. Chuir na comhaltaí seo a leanas d'fhoireann Fiontar leis an staidéar chomh maith:

Tacaíocht

eagarthóireachta	Mícheál Ó Meachair Caoimhín Mac Giolla Easpaig PJ Mac Gabhann Ciara Ní Bhroin Jill McMahon
------------------	--

Comhordú agus

riarachán tionscadail	Edel Ní Mhuirthile Clare Coughlan
-----------------------	--------------------------------------

Buíochas

Ba mhaith leis na húdair buíochas a ghabháil leo seo a leanas a chuir leis an tuarascáil seo.

Comhordaitheoirí téarmeolaíochta agus téarmeolaithe an AE

Bhí na téarmeolaithe agus na comhordaitheoirí téarmeolaíochta in Institiúidí an AE thar a bheith fial lena gcuid ama agus a gcuid eolais, agus níorbh fhéidir tabhairt faoin staidéar seo gan a gcomhoibriú.

Ba phríomhtheagmhálaithe agus faisnéiseoirí iad seo a leanas: Christine Herwig (Ceann na hEanála Comhordaithe Téarmeolaíochta in DGT); Monica Welwert (Comhordaitheoir Téarmeolaíochta in DGT); Manuel Leal agus Ingrid Swinnen (Comhordaitheoirí Téarmeolaíochta sa Chomhairle); Rodolfo Maslias (Ceann TermCoord); Violina Stamtsheva agus Viola Pongrácz (Comhordaitheoirí Téarmeolaíochta in TermCoord).

Ba mhaith linn ár mbuíochas ar leith a ghabháil le Christine Herwig agus le Monica Welwert, a thug ní hamháin a gcuid ama d'agallaimh fhoirmiúla go fial ach a chuir comhairle agus faisnéis ar fáil go rialta ar bhonn *ad hoc* de réir mar a cuireadh an taighde chun cinn. Léirigh siad beirt tiomantas agus díograis do thionscadal GA IATE ó uair a thionscanta in 2007.

Thug cohórt mór comhordaitheoirí téarmeolaíochta agus aistritheoirí sna trí Institiúid is mó san AE (An Coimisiún, an Chomhairle agus an Pharlaimint) freagra gan ainm ar an suirbhé ar theangacha nua. Chuir siad seo a leanas aiseolas ar fáil freisin ar an dréachtsuirbhé: Téarmeolaí Seiceach in DGT sa Choimisiún; Rasa Scekaturovaite (Téarmeolaí Liotuánach sa Chomhairle); Joseph Chircop (Riarthóir Teanga na Máltaise sa Chomhairle); Peter Jakša (Téarmeolaí Slóivéanach in DGT sa Choimisiún); Ileana Busuioc (Téarmeolaí Rómánach in DGT sa Choimisiún); Elzbieta-Maria Bielich (Téarmeolaí Polannach in DGT sa Choimisiún); agus Gergely Urbán (Téarmeolaí Ungárach sa Pharlaimint).

Foireann teanga Gaeilge an AE

Aithníonn na húdair ionchur na n-aistritheoirí Gaeilge agus na foirne teanga sna hagallaimh, sa ghrúpa fócais agus sa cheistneoir. Áirítear anseo iad siúd a thug freagra ar an suirbhé ar GA in IATE agus na rannpháirtithe agus na hagallaithe sin a shocraigh a bheith rannpháirteach gan ainm agus nach bhfuil ainmnithe dá bharr sa tuarascáil. Aithnítear cabhair na ndaoine seo a leanas: Peter Race (Aistritheoir san Ionad Aistriúcháin); Eoin Mac Domhnaill, (Dlítheangeolaí sa Chúirt Bhreithiúnais); Cathal Mac Gabhann (Téarmeolaí/Aistritheoir sa Chomhairle); Seán Hade (Ceann an

Aonaid Ghaeilge sa Chomhairle); Labhrás Ó Finneadha (Aistritheoir sa Pharlaimint); Austin Ó Duibh (Aistritheoir sa Choimisiún); Colmcille Ó Monacháin (Ceann an Aonaid Ghaeilge sa Choimisiún); agus Maolmhaodhóg Ó Ruairc (Aistritheoir sa Chomhairle, ar scor).

An tIonad Aistriúcháin

Chuir Dieter Rummel (Ceann na Roinne Tacaíochta Aistriúcháin san Ionad Aistriúcháin) doiciméadúchán luachmhar agus staitisticí ar chúlra IATE ar fáil. Fuarthas cuid den fhaisnéis is suimiúla agus is cuimsithí faoi IATE ó agallamh leis a thug léargas freisin ar chomhoibriú idirinstiúideach ar théarmaíocht.

Rialtas na hÉireann

Rinne Deaglán Ó Briain (iar-Phríomhoifigeach, Rannóg na Gaeilge, sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, agus freagracht air as tionscnamh thionscadal GA IATE) agus a chomharba Tomás Ó Ruairc (iar-Stiúrthóir Seirbhísí Aistriúcháin sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, le freagracht as tionscadal GA IATE go dtí 2012) cion tairbhe luachmhar don tionscadal féin agus don staidéar. Thacaigh Máire Killoran (Stiúrthóir na Gaeilge sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta) leis an tionscadal agus leis an staidéar seo ó ceapadh í in 2012.

Tugann an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta maoiniú do thionscadal GA IATE, lena n-áirítear an staidéar seo, le cúnamh ón gCrannchur Náisiúnta.

An Coiste Téarmaíochta (Foras na Gaeilge)

Chuir Fidelma Ní Ghallchobhair (iar-Rúnaí an Choiste Téarmaíochta) agus Máire Nic Mheanman (Príomhthéarmeolaí agus Rúnaí reatha an Choiste Téarmaíochta) araon faisnéis ar fáil don staidéar.

Fiontar

Ar deireadh, is mian linn buíochas a ghabháil lenár gcomhghleacaithe in Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath: an Dr Peadar Ó Flatharta (Ceann na Scoile), as a chomhairle agus a thacaíocht; Donla uí Bhraonáin (Comhairleoir Téarmeolaíochta), a d'éascaigh grúpa fócais agus a thug agallamh; an Dr Brian Ó Raghallaigh (Bainisteoir Teicniúil/Léachtóir), an Dr Gearóid Ó Cleircín (Téarmeolaí/Léachtóir) agus Michal Boleslav Měchura (Comhairleoir Teicniúil) as na hagallaimh a rinne siad.

Nóta eagarthóireachta

Nóta faoi dhátaí

Bhí na sonraí go léir ceart amhail an 1 Samhain 2012, mura bhfuil a mhalairt ráite.

Nóta faoin aistriúchán

Cuireadh Gaeilge ar na sleachta as agallaimh a rinneadh i mBéarla. Is féidir teacht ar an mbunleagan sa leagan Béarla den tuarascáil seo.

Gluais téarmaí agus giorrúchán a úsáidtear sa tuarascáil

Acquis communautaire (acquis)

Corpas carnach de chearta agus d'oibleagáidí a chaithfidh Ballstáit uile an AE a chomhlíonadh. Cuimsíonn sé 'the content, principles and political objectives of the Treaties, legislation adopted pursuant to the Treaties and the case law of the Court of Justice, declarations and resolutions adopted by the Union, instruments under Common Foreign and Security Policy, instruments under Justice and Home Affairs, international agreements concluded by the EU and those entered into by EU States among themselves within the sphere of the Union's activities' (European Commission 2012a).

An Banc Eorpach Infheistíochta (BEI)

Banc an Aontais Eorpaigh. Is comhpháirtí tionscadail in IATE é an Banc Eorpach Infheistíochta.

An Coimisiún Eorpach (COM)

Ceann de phríomhinstitiúidí an AE a bunaíodh faoi Chonradh na Róimhe in 1957. Cuimsíonn sé 27 Coimisinéir (Coimisinéir amháin in aghaidh an Bhallstáit). Is é a phríomhaidhm beartais Chomhphobail a bhfuil glactha leo ag an gComhairle agus ag an bParlaimint a mholadh agus a chur chun feidhme. Is comhpháirtí tionscadail in IATE é an Coimisiún.

An Coiste Téarmaíochta

An coiste náisiúnta faoi Fhoras na Gaeilge, an comhlacht reachtúil atá freagrach as téarmaíocht Ghaeilge chaighdeánach, údarásach a fhaomhadh, a fhorbairt agus a chur ar fáil. Foilsítear an téarmaíocht sa Bhunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge, www.focal.ie. Tagann an coiste deonach seo le chéile uair in aghaidh na míosa. Oibríonn sé i gcomhar le Fiontar i bhforbairt acmhainní téarmaíochta do bhunachar téarmaíochta IATE ar théarmaí atá nua nó casta a bhailíochtú.

Ard-Stiúirthóireacht an Aistriúcháin (AS an Aistriúcháin, DGT)

Ceann de na hArd-Stiúirthóireachtaí agus seirbhís aistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh. Aistríonn foireann an DGT téacsanna chuig gach teanga oifigiúil de chuid an AE agus ó na teangacha sin.

Ard-Stiúirthóireacht an Aistriúcháin (DG-TRAD), an Parlaimint

Seirbhís aistriúcháin Parlaimint na hEorpa.

Center for Sprogteknologi (Centre for Language Technology, CST)

Institiúid Taighde Danmhargach bunaithe in Ollscoil Chóbanhávan. B'fhochonraitheoirí iad CST don chuideachta Ghréagach bogearraí *Quality & Reliability*

(Q&R) ar bronnadh an conradh orthu d'fhorbairt bhunachar sonraí IATE.

Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Comhlacht comhairleach de chuid an AE a fheidhmíonn mar 'a bridge between Europe and organised civil society' (European Economic and Social Committee 2012). Cuireann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ardán ar fáil dá 344 ball, a ionadaíonn do ghrúpaí éagsúla sainleasa soch-cheirde chun a ndearcthaí a chur in iúl ag leibhéal an Aontais Eorpaigh. Is comhpháirtí tionscadail in IATE é Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

Coiste na Réigiún

Comhthionól d'ionadaithe ó chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla an AE. Ní mór don Choimisiún, don Chomhairle agus don Pharlaimint dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún i réimsí a bhaineann le rialtas réigiúnach agus áitiúil (mar shampla i gcúrsaí sláinte, oideachais agus cultúir, beartas fostaíochta nó iompar etc.). Is comhpháirtí tionscadail in IATE é Coiste na Réigiún.

Comhairle an Aontais Eorpaigh (Comhairle an AE, An Chomhairle)

Príomhchomhlacht cinnteoireachta an AE, thar ceann na mBallstát. Comhroinneann an Chomhairle cumhacht reachtúil agus bhuiséadach le Parlaimint na hEorpa. Tá sí freagrach freisin as comhordú a dhéanamh ar bheartas eacnamaíoch agus as cinntí Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CFSP) a dhéanamh. Is comhpháirtí tionscadail in IATE í an Chomhairle.

Coordinating Committee for Translation (CCT)

Coiste a bhunaigh an *Interinstitutional Committee for Translation and Interpretation* (ICTI) in 2009 mar réamhchomhlacht oibriúcháin agus feidhmiúcháin a fheidhmíonn de réir orduithe an *Executive Committee for Translation* (ECT).

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

An chúirt a thugann léirmhíniú ar dhlí an AE chun a chinntiú go bhfeidhmítear é ar an mbealach céanna i ngach tír de chuid an AE. Réitíonn sí díospóidí dlíthiúla idir rialtais an AE agus institiúidí an AE. Féadfaidh daoine aonair, cuideachtaí nó eagraíochtaí cásanna a thógáil os comhair na Cúirte má cheapann siad gur sháraigh institiúid de chuid an AE a gcearta. Is comhpháirtí tionscadail in IATE í an Chúirt Bhreithiúnais.

Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (An Chúirt Iniúcháirí, ECA)

An institiúid de chuid an AE atá freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar airgeadas an AE. Is comhpháirtí tionscadail in IATE í an Chúirt Iniúcháirí.

Eurodicautom (EuroDicAutom ar uairibh)

Iarbhunachar sonraí téarmaíochta an Choimisiúin Eorpaigh. Iompórtáladh in IATE é agus tagraítear dó anois mar 'bhunachar sonraí oidhreachta'. Bhí Eurodicautom ar an mbunachar sonraí téarmaíochta ba mhó agus ba shine sular bunaíodh IATE.

Euterpe (Exploitation unifiée de la terminologie au parlement européen)

Iarbhunachar téarmaíochta Pharlaimint na hEorpa. Iompórtáladh in IATE é agus tugtar 'bunachar oidhreachta' anois air (IATE 2012).

Executive Committee for Translation (ECT)

Fochoiste den *Interinstitutional Committee for Translation and Interpretation*.

Fiat

An córas inmheánach bainistithe téarmeolaíochta a d'fhorbair Fiontar chun téarmaí do thionscadal GA IATE a phróiseáil. Is cuid den uirlis Léacsclann é Fiat, uirlis chun bainistiú a dhéanamh ar shonraí ordlathacha struchtúrtha.

Fiontar

An t-aonad Gaeilge laistigh de Dhámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath atá freagrach as tionscadal GA IATE. Tá údair na tuarascála seo lonnaithe ann.

Foras na Gaeilge

An comhlacht reachtúil atá freagrach as cur chun cinn na Gaeilge feadh oileán na hÉireann. Tá freagracht reachtúil air téarmaíocht agus foclóirí i nGaeilge a fhorbairt. Déantar an fheidhm seo maidir le téarmaíocht a riar trína Choiste Téarmaíochta náisiúnta.

IATE (Inter-Active Terminology for Europe)

An comhbhunachar téarmaíochta ilteangach a bhaineann le hinstiúidí agus comhlachtaí uile an AE. Tá an bunachar téarmaí i bhfeidhm ó lár 2004 rud a cheadaíonn comhairliúchán, cruthú agus combhainistíocht sonraí téarmaíochta idir instiúidí an AE. Cuireadh IATE ar fáil don phobal in 2007. Sheas IATE ar dtús do *Inter Agency Terminology Exchange*; athraíodh an t-ainm go dtí *Inter-Active Terminology for Europe* in 2002 le nádúr idirinstiúideach an tionscadail a léiriú (Ball 2003).

IATE Management Group (IMG)

Grúpa a éascaíonn cumarsáid fhoirmiúil agus atá freagrach as cinnteoireacht maidir le IATE. Bunaíodh é in 2010 agus tuairiscíonn sé don CCT. Is grúpa idirinstiúideach é IMG atá comhdhéanta de bhaill ó gach comhchomhlacht agus instiúid. Tagann an grúpa le chéile roinnt uaireanta in aghaidh na bliana.

Interinstitutional Committee for Translation (ICT)

Coiste a bunaíodh in 1995, ar mhaithe le barainneachtaí scála a bhaint amach maidir le haistriúchán. Bhí freagracht fhoriomlán ag an ICT as tionscadal IATE. Athainmníodh é mar an *Interinstitutional Committee for Translation and Interpretation (ICTI)* in 2003.

Interinstitutional Committee for Translation and Interpretation (ICTI)

An fóram don chomhoibriú idir seirbhísí teanga instiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh; déileálann sé le hiliomad saincheisteanna comhleasa do na ranna aistriúcháin agus ateangaireachta éagsúla. *Interinstitutional Committee for Translation* a tugadh air roimhe seo.

Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an AE, CdT)

Gníomhaireacht a bunaíodh in 1994 chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí agus d'oifigí Eorpacha agus chun páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhoibriú idirinstiúideach d'fhonn modhanna oibre a chuíchóiriú agus coigilteas foriomlán a dhéanamh i réimse an aistriúcháin. Is comhpháirtí tionscadail in IATE é an CdT.

Iontráil

Taifead téarmaíochta i mbunachar sonraí téarmaíochta IATE. Tagraíonn sé do choincheap aonair amháin agus bíonn téarma amháin ar a laghad, mar aon le tagairt agus sainmhíniú nó comhthéacs ann de ghnáth.

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU)

An ollscoil ina bhfuil an t-aonad lánGhaeilge, Fiontar, lonnaithe.

Parlaimint na hEorpa (PE)

Comhthionól ionadaithe shaoránaigh an Aontais Eorpaigh atá tofa go díreach; roinneann sí cumhacht reachtúil agus bhuiséadach le Comhairle an Aontais Eorpaigh. Is comhpháirtí tionscadail in IATE í an Parlaimint.

Q&R (Quality & Reliability)

Príomhchuideachta TF Ghréagach, ar bronnadh an conradh d'fhorbairt fheidhmiúil agus theicniúil bhunachar sonraí téarmaíochta IATE uirthi, agus an instiúid taighde *Center for Sprogteknologi* nó *Centre for Language Technology (CST)* mar fhochoonraitheoir teanga.

Seanteangacha

Na teangacha a tháinig chun a bheith ina dteangacha oifigiúla de chuid an AE idir 1952 agus 1995. Is iad sin: Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Ollainnis, (1952); Danmhairgis, Béarla (1973); Gréigis (1981); Spáinnis, Portaingéilis (1986); Fionlainnis, Sualainnis (1995).

Sprioctheanga

An teanga a ndéantar an obair aistriúcháin isteach inti.

Teanga chonartha

Teanga ina gcaithfear conarthaí uile an AE a fhoilsiú. Ba theanga chonartha í an Ghaeilge ó 1973 agus rinneadh teanga oifigiúil de chuid an AE di in 2007.

Teanga fhoinseach

An teanga óna ndéantar an obair aistriúcháin. Is Béarla nó Fraincis a bhíonn i gceist anseo go hiondúil i gcomhthéacs an AE.

Teangacha nua

Na teangacha a tháinig chun a bheith ina dteangacha oifigiúla de chuid an AE in 2004 agus in 2007. Is iad na teangacha sin: Seicis, Eastóinis, Ungáiris, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Polainnis, Slóvaicis (2004); Bulgáiris, Rómáinis, Gaeilge (2007).

Teanga oifigiúil

Aon teanga a aithnítear mar theanga oifigiúil i Rialachán (CE) 1/1958 (*Regulation No 1 determining the languages to be used by the European Atomic Energy Committee 1958*), nó i leasuithe ar an acht sin ina dhiaidh sin. Tá 23 teanga oifigiúil de chuid an AE ann faoi láthair: Bulgáiris, Seicis, Danmhairgis, Béarla, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gearmáinis, Gréigis, Ungáiris, Gaeilge, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Slóvaicis, Slóivéinis, Spáinnis agus Sualainnis. Tá an ceart ag saoránaigh

an AE doiciméid a chur agus a fháil in aon cheann de na teangacha seo, agus foilsítear rialacháin agus doiciméid reachtúla eile i ngach teanga oifigiúil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ach is beag doiciméad oibre a aistrítear go gach teanga, áfach (European Commission 2012d).

TermCoord (Terminology Coordination Unit of the European Parliament)

Seirbhís a bhunaigh Parlaimint na hEorpa in 2008, atá freagrach as comhordú téarmeolaíochta in aonaid aistriúcháin na Parlaiminte. Is é an t-ábhar is mó is cúram di ná cion tairbhe idirinstitiúideach na Parlaiminte do IATE.

Terminological Information System (TIS)

An t-iarbhunachar téarmaíochta de chuid Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Iompórtáladh TIS isteach in IATE ó shin agus tugtar ‘bunachar oidhreachtá’ anois air.

Tionscadal GA IATE

An comhthionscadal idir Fiontar, Rialtas na hÉireann (an Roinn Ealaíon, Oidhreachtá agus Gaeltachta) agus institiúidí an AE chun téarmaíocht sa Ghaeilge a chur ar fáil do IATE (‘GA’ an giorrúchán do ‘Gaeilge’). Cuireadh tús leis an tionscadal in 2007.

www.focal.ie (Focal.ie)

An Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge, arna fhorbairt ag Fiontar, DCU, i gcomhar leis an gCoiste Téarmaíochta náisiúnta, Foras na Gaeilge. Tá na bailiúcháin téarmaíochta go léir a chuir an Coiste Téarmaíochta ar fáil ó 1975 le fáil ann agus clúdaíonn sé raon leathan réimsí. Tá 163,355 téarma Gaeilge sa bhunachar sonraí, 160,630 téarma Béarla agus 6,572 téarma i dteangacha eile.

Táblaí agus fíoracha

Tábla 1: Tíortha agus teangacha an AE de réir bhliain an aontachais	14	Tábla 19: Liostaí a cuireadh chuig Fiontar: Príomhúlaigh	112
Tábla 2: Líon téarmaí IATE a iompórtáladh ó bhunachair shonraí a bhí ann roimh IATE agus a ndearna institiúidí agus comhlachtaí de chuid an AE bainistiú orthu	19	Tábla 20: Liostaí a cuireadh chuig Fiontar: Talmhaíocht agus Comhshaol	113
Tábla 3: Líon na dtéarmaí in IATE ar an 18 Feabhra 2005	22	Tábla 21: Liostaí a cuireadh chuig Fiontar: Leigheas agus Cógaisíocht	113
Tábla 4: Líon iontrálacha IATE a cruthaíodh agus a mionathraíodh, agus líon na leathanach a aistríodh, de réir institiúide	34	Tábla 22: Liostaí a cuireadh chuig Fiontar: Fostaíocht agus Gnóthaí Dlíthiúla	114
Tábla 5: Líon na dtéarmeolaithe de réir institiúide	45	Tábla 23: Liostaí a cuireadh chuig Fiontar: Liostaí téamacha ilghnéitheacha	115
Tábla 6: Téarmaí de réir teanga i mbunachar IATE in 2005 agus in 2012	52	Tábla 24: Liostaí a cuireadh chuig Fiontar: Liostaí ilghnéitheacha (gan téamaí)	116
Tábla 7: Samplaí de thionscadail téarmeolaíochta réamhghníomhacha de chuid na Comhairle le gairid	77	Tábla 25: Cruinnithe Ghrúpa Thionscadal Téarmeolaíochta GA IATE	119
Tábla 8: Líon na n-iontrálacha a chuir Fiontar ar ais chuig IATE, 2008–2012	81	Tábla 26: Baill Ghrúpa Thionscadal Téarmeolaíochta GA IATE (2012)	119
Tábla 9: Costais thionscadal GA IATE, 2007–2014	82	Fíor 1: Líon na dtéarmaí in IATE 2005–2012 (teangacha nua)	29
Tábla 10: Foireann an tionscadail, Fiontar, 2008–2012: Meándáileadh foirne ó 2008	82	Fíor 2: Líon na dtéarmaí in IATE 2005–2012 (seanteangacha)	30
Tábla 11: Freagairtí do cheistneoir na dteangacha nua, agus giorrúcháin a úsáidtear do thagairtí	96	Fíor 3: Líon na dteangacha in aghaidh na hiontrála in IATE	31
Tábla 12: Freagairtí don dréacht de Mhír 5 agus giorrúcháin a úsáidtear mar thagairtí	96	Fíor 4: Struchtúr reatha DGT sa Choimisiún	35
Tábla 13: Agallaimh agus tagairtí: Institiúidí agus comhlachtaí an AE	97	Fíor 5: Struchtúr na Seirbhíse Teanga	38
Tábla 14: Agallaimh agus tagairtí: Foireann Fiontar	98	Fíor 6: Sreabhadh oibre d'iontrálacha IATE	62
Tábla 15: Agallaimh agus tagairtí: An Coiste Téarmaíochta náisiúnta (Foras na Gaeilge)	98	Fíor 7: Sreabhchairt a léiríonn céimeanna eagarthóireachta Fiat	62
Tábla 16: Agallaimh agus tagairtí: Rialtas na hÉireann (an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta)	98	Fíor 8: Seat scáileáin de chomhéadan Fiat a léiríonn scáileán cuardaigh	64
Tábla 17: Agallaimh agus tagairtí: Grúpa fócais aistritheoirí Gaeilge	98	Fíor 9: Seat scáileáin de radharc ilteangach in Fiat	65
Tábla 18: Liostaí a cuireadh chuig Fiontar: Airgeadas, Gnó agus Eacnamaíocht	111	Fíor 10: Seat scáileáin de chomhéadan Fiat a léiríonn nóta maidir le 'Duplicate?'	66
		Fíor 11: Seat scáileáin de chomhéadan Fiat a léiríonn iontráil le téarmaí Gaeilge éagsúla ó reachtaíocht an AE agus Focal.ie	67
		Fíor 12: Seat scáileáin de chomhéadan Fiat a léiríonn an lipéad 'Focal (codanna)'	68
		Fíor 13: Seat scáileáin de Focal.ie a léiríonn gluaiseanna breise	69

Fíor 14: Seat scáileáin de chomhéadan Fiat a léiríonn iontráil leis an lipéad ‘Foinsí Éagsúla’	69	Fíor 18: Seat scáileáin de chomhéadan Fiat a léiríonn iontráil le ‘réidh le himeacht’ uirthi	73
Fíor 15: Seat scáileáin de chomhéadan Fiat a léiríonn iontráil leis an lipéad ‘Cumtha’	70	Fíor 19: Sampla d’athsheoladh	75
Fíor 16: Seat scáileáin de chomhéadan Fiat a léiríonn iontráil le ‘bunscagadh déanta’ uirthi	71	Fíor 20: Eislíon le gnéithe aibhsithe agus uimhreacha orthu. 1. ‘Scríobh nóta’ 2. ‘Leathanach randamach’ 3. ‘Mo chuid nótaí’. 4. ‘Nótaí daoine eile’	80
Fíor 17: Seat scáileáin de chomhéadan Fiat a léiríonn iontráil le ‘meánscagadh déanta’ uirthi	72	Fíor 21: Foireann taighde Fiontar a riarann sé thionscadal faoi láthair	118

1 Réamhrá

1.1 Aidhmeanna an staidéir

Rinne Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an staidéar seo i rith 2012. Tá Fiontar ag obair le Rialtas na hÉireann (an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta) agus le hinstiúidí an AE ar chomhthionscadal ón bhfómhar 2007, le téarmaíocht Ghaeilge a chur ar fáil in IATE, bunachar sonraí téarmaíochta idirinstiúideach ilteangach an AE. D'eascair gá práinneach le téarmaíocht in 2007 nuair a bhain an Ghaeilge stádas amach mar theanga oifigiúil de chuid an AE, mar gheall ar an riachtanas comhchémneach (cé gur cuireadh teorainn leis faoi réir maolaithe) reachtaíocht áirithe a chur ar fáil i nGaeilge, go comhaimseartha le teangacha oifigiúla eile an AE.

Déanann an staidéar seo doiciméadú agus athbhreithniú ar an tionscadal seo, dá ngairtear tionscadal GA IATE. Cuirtear an tionscadal i láthair i gcomhthéacs oibre téarmaíochta IATE sa dá theanga dhéag 'nua' mar a thugtar orthu, is iad sin na teangacha a bhain stádas oifigiúil an AE amach ó 2004, sna trí instiúid is mó de chuid an AE – Comhairle an Aontais Eorpaigh (an Chomhairle), an Coimisiún Eorpach (an Coimisiún) agus Parlaimint na hEorpa (an Pharlaimint). Is iad na trí phríomhréimse sa staidéar ná forléargas ar IATE (Mír 3), forléargas ar obair théarmaíochta sna teangacha nua sna trí phríomhinstiúid (Míreanna 4 agus 5) agus cás-staidéar ar thionscadal GA IATE (Mír 6). Tá cur síos mion ar na tátail a baineadh as agus ar dheiseanna do bhreis taighde i Mír 7.

Agus doiciméadú á dhéanamh ar thionscadal GA IATE i gcomhthéacs níos leithne tá roinnt spriocphobal ag Fiontar agus roinnt aidhmeanna i gceist.

Tá sé tábhachtach do na comhpháirtithe tionscadail agus do na comhlachtaí maoinithe aitheantas a thabhairt do na ról a himríodh sa tionscadal casta seo agus na hacmhainní suntasacha a infheistíodh ann. Ba é deich mbliana an tréimhse saoil a bhí beartaithe don tionscadal nuair a cuireadh tús leis in 2007. Tá an tionscadal ar siúl anois le cúig bliana agus tá sé tábhachtach go ndéanfaí an taithí go dáta agus na torthaí a baineadh amach a athbhreithniú agus a mheas ag an leath slí, féachaint céard is féidir leis na comhpháirtithe tionscadail a fhoghlaim agus a chur i gcrích i rith na chéad tréimhse chúig bliana eile.

Táthar ag súil freisin go rachaidh an staidéar seo ar thionscadal GA IATE chun leasa agus chun tairbhe pobail níos leithne, go háirithe iad siúd bainteach le haistriúchán agus téarmaíocht sna teangacha 'nua' eile. Baineann sé seo go háirithe le nuálaíochtaí a bhraitear sa chur chuige i leith na hoibre, i scóip an chomhoibríthe atá i gceist idir na hinstiúidí, agus sna modhanna cumarsáide. Tá cur chuige instiúidí an

AE i leith téarmaíochta ag forbairt i gcónaí, agus d'fhéadfadh an doiciméad seo cur leis an bplé i dtaobh tionscnamh sa todhchaí.

1.2 Comhthéacsanna

IATE

Is bunachar sonraí téarmaíochta ilteangach é IATE, nó 'Inter-Active Terminology for Europe' ina bhfuil c. 1.5 milliún iontráil. Tá c. 8.7 milliún téarma i mbreis agus 100 teanga sa bhunachar sonraí, ach tá mórán na dtéarmaí (c. 8.6 milliún) i 23 teanga oifigiúil an AE (Ionad Aistriúchán Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh 2012). Tá faisnéis bhreise áirithe sna hiontrálacha freisin lena n-áirítear comhthéacs, sainmhíniú agus foinsí téarmaí.

Sular forbraíodh IATE, chruthaigh na hinstiúidí Eorpacha téarmaí, rinne iad a bhainistiú agus a stóráil i mbunachair shonraí agus i mbailiúcháin téarmaíochta éagsúla, a bhainistigh na hinstiúidí agus na comhlachtaí go neamhspleách. Iompórtáladh ábhar ó na bunachair shonraí agus na bailiúcháin ar leith seo isteach i mbunachar sonraí téarmaíochta IATE.

Forbraíodh an bunachar sonraí téarmaíochta chun comhbhainistiú téarmaíochta ag instiúidí agus comhlachtaí an AE a éascú, (Caravina 2009, sleamhnán 4) agus chun pointe rochtana amháin do théarmaíocht a chruthú. Beartaíodh go gcinnteodh an chomhbhainistíocht seo comhsheasmhacht téarmaíochta agus go seachnódh sé dúbláil na hoibre. Seoladh IATE in 2004 agus ba ghearr go raibh sé ina bhunfhoinsé téarmaíochta d'instiúidí uile an AE. Déanann na hinstiúidí agus na comhlachtaí seo a leanas de chuid an AE é a bhainistiú agus a mhaoiniú: An Coimisiún, an Parlaimint, an Chomhairle, an Chúirt Bhreithiúnais, an Chúirt Iníúcháir, an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, Coiste na Réigiún, An Banc Ceannais Eorpach, An Banc Eorpach Infheistíochta, agus Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an AE.

Déantar obair théarmaíochta ó lá go lá a bhainistiú ar dhá leibhéal. Déileálann aonaid chomhordaithe téarmaíochta sa Chomhairle, sa Choimisiún agus sa Parlaimint go príomha le tionscadail téarmaíochta ilteangacha (féach Mír 4). Déanann na haonaid teanga, atá eagraithe ar bhealaí éagsúla ag brath ar an gcomhlacht nó ar an instiúid agus a bhfuil aistritheoirí agus téarmaolaithe iontu, cúram go príomha d'obair théarmaíochta dhátheangach (féach Mír 4).

Cé gurb ann don bhunachar sonraí téarmaíochta go príomha chun freastal ar instiúidí an AE, seoladh suíomh ar leith in 2007, a chuir IATE ar fáil don phobal (www.iate.europa.eu). Tá rochtain leathan air lasmuigh d'instiúidí agus de chomhlachtaí an AE (féach Mír 3).

Teangacha an AE

Tá 27 Ballstát san AE agus 23 teanga oifigiúil. Caithfeadh an reachtaíocht ar fad agus roinnt doiciméad tábhachtach eile a chur ar fáil sna teangacha oifigiúla ar fad, agus tá an fhreagracht seo ar institiúidí an AE lena mbaineann.

Baineann roinnt teangacha oifigiúla le dhá Bhallstát nó níos mó agus tá cuid mhaith teangacha ann freisin a bhfuil stádas náisiúnta nó oifigiúil acu i mBallstáit ach nach bhfuil stádas oifigiúil acu san AE. Tá bliain aontachais gach tíre, mar aon leis an mbliain inar tháinig gach teanga chun a bheith ina teanga oifigiúil, leagtha amach i dTábla 1.

Tábla 1: Tíortha agus teangacha an AE de réir bhliain an aontachais

Bliain	Aontachas	Teangacha oifigiúla nua san AE
1952 (bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Chruach)	an Bheilg an Fhrainc an Ghearmáin an Iodáil Lucsamburg an Ísiltír	Fraincis Gearmáinis Iodáilis Ollainnis
1973	an Danmhairg an Ríocht Aontaithe Éire	Danmhairgis Béarla
1981	an Ghréig	Gréigis
1986	an Spáinn an Phortaingéil	Spáinnis Portaingéilis
1995	an Fhionlainn an tSualainn an Ostair	Fionlainnis Sualainnis
2004	an Chipir Poblacht na Seice an Eastóin an Ungáir an Laitvia an Liotuáin Málta an Pholainn an tSlóvaic an tSlóivéin	Seicis Eastóinis Ungáiris Laitvis Liotuáinis Máltais Polainnis Slóvaicis Slóivéinis
2007	an Bhulgáir an Rómáin	Bulgáiris Rómáinis Gaeilge

Teangacha nua san AE

Sa staidéar seo, ag teacht le húsáid neamhfhoirmiúil in institiúidí an AE, is iad na 'seanteangacha' na cinn sin a tháinig chun a bheith ina dteangacha oifigiúla de chuid an AE idir 1952 agus 1995. Tagraítear do na teangacha sin a tháinig chun a bheith ina dteangacha oifigiúla de chuid an AE in 2004 agus in 2007, lena n-áirítear an Ghaeilge, mar 'theangacha nua'. Roghnaíodh an dá teanga dhéag nua iar-2004 don staidéar seo bunaithe ar an difríocht shainiúil idir an cineál oibre téarmaeolaíochta a dhéanann gach grúpa, 'sean' agus 'nua' maidir le IATE.

Tá stair fhada aistriúcháin agus téarmaeolaíochta san Eoraip sna seanteangacha, cuid acu ar theangacha oifigiúla iad ó bhunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Chruach in 1952. Roimh sheoladh IATE in 2004 iompórtáladh baisceanna móra téarmaíochta san aon seanteanga déag isteach sa bhunachar sonraí téarmaíochta úd ó bhunachair shonraí téarmaíochta agus ó bhailiúcháin éagsúla (féach Mír 3 le cur síos iomlán a fháil). Bhí líon réasúnta mór téarmaí ar fáil le hiompórtáil, fiú don Fhionlainnis agus don tSualainnis, a tháinig chun a bheith ina dteangacha oifigiúla de chuid an AE naoi mbliana ar éigean roimh na teangacha nua. D'fhéadfadh go bhfuil sé seo amhlaidh go pointe áirithe mar gheall ar sheachfhoinsiú obair téarmaeolaíochta sna teangacha seo ón láraonad téarmaeolaíochta in DGT. Tá dealramh áirithe ag an seachfhoinsiú seo maidir le téarmaí Fionlainnise agus Sualainnise le tionscadal GA IATE.

Ba chor cinniúna an bhliain 2004 in obair téarmaeolaíochta don AE. Thug an méadú ba shuntasáí riamh ar an AE naoi dteanga oifigiúla nua isteach; leanadh é trí bliana ina dhiaidh le dhá Bhallstát nua agus trí theanga oifigiúla nua, lena n-áirítear an Ghaeilge. Mar sin, ba mhó ná dúbailt an méadú a tháinig ar líon na dteangacha oifigiúla san AE in achar trí bliana, ó 11 teanga go dtí 23, agus bhí tionchar mór aige seo ar bhainistiú na téarmaeolaíochta in IATE. I bhformhór na gcásanna ba bheag acmhainní téarmaeolaíochta de chuid an AE a bhí ag foirne teanga a bhí ag obair sna teangacha nua, má bhí an méid sin féin, agus mar sin bhí orthu tús a chur le téarmaí a chur ar fáil in IATE. Nuair a iompórtáladh baisceanna téarmaíochta a cuireadh ar fáil go seachtrach sna tíortha aontachais le linn an ullmhúcháin ar an acquis communautaire, cinneadh ina dhiaidh sin i bhformhór na gcásanna iad a bhaint amach arís nó nóta a chur leo ag tabhairt le fios nach raibh siad iontaofa, ó chuir na haonaid teanga éagsúla leibhéil difriúla míshástachta in iúl maidir le cáilíocht na dtéarmaí sin (féach Mír 5).

Ní nach ionadh mar sin, feiceann an fhoireann teanga in institiúidí an AE idirdhealú idir na cineálacha oibre téarmeolaíochta sna seanteangacha agus sna teangacha nua. Baineann obair théarmeolaíochta sna seanteangacha go príomha le nuashonrú agus le comhdhlúthú iontrálacha IATE. Baineann obair théarmeolaíochta sna teangacha nua le téarmaí a chur i mbunachar IATE (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b; agallamh le Leal 2012b; agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012). Léirítear é seo i líon na dtéarmaí sna seanteangacha in IATE i gcomparáid leis an líon téarmaí sna teangacha nua (féach Tábla 6).

1.3 Paraiméadair agus teorainneacha an staidéir

Baineann an staidéar seo le tionscadal GA IATE i gcomhthéacs na téarmeolaíochta sna teangacha nua sna trí institiúid is mó san AE. Ar dtús moladh cás-staidéar comparáideach ar obair théarmeolaíochta i dtír nó i gceithre cinn de na teangacha seo, an Ghaeilge san áireamh, ach socraíodh ina ionad sin léargas ginearálta ar obair théarmeolaíochta sna teangacha nua go léir a chur ar fáil. Bhí fáthanna éagsúla leis an gcinneadh seo. Ar dtús, tuigeadh go raibh difríochtaí agus cosúlachtaí suimiúla idir na teangacha nua go léir maidir le IATE agus obair théarmeolaíochta agus go dtabharfadh forléargas spleáchadh ar na cinn is follasaí díobh seo agus go dtabharfadh sé sainléiriú orthu. Ar an dara dul síos, cuireann forléargas dá leithéid tionscadal GA IATE ina chomhthéacs iomlán AE. Sa tríú háit, bhí léargas ginearálta níos indéanta ná staidéar comparáideach domhain ag cur san áireamh na srianta ama agus acmhainní a bhí ar fáil don staidéar seo.

Tá deich gcomhpháirtí IATE ann lena n-áirítear seacht n-institiúid de chuid an AE mar aon leis an gCoiste Eacnamaíochta agus Sóisialta, Coiste na Réigiúin

agus Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an AE (an tIonad Aistriúcháin). Tá an staidéar seo bunaithe ar obair na Comhairle, an Choimisiúin agus na Parlaiminte ar roinnt cúiseanna. Ar dtús, de bharr an mhaolaithe atá ann maidir leis an nGaeilge (féach Mír 6.1.2) in institiúidí an AE, ní aistrítear go Gaeilge ach reachtaíocht a chuirtear ar fáil de thoradh ghnáthnós imeachta reachtaigh a bhaineann leis na trí institiúid seo. Ar an dara dul síos, is iad seo na hinstiúidí is gníomhaí in obair aistriúcháin agus téarmeolaíochta. Léirítear é seo i líon na bhfostaithe aistriúcháin agus téarmeolaíochta sna hinstiúidí sin (féach Mír 4), líon na n-iontrálacha IATE a cruthaíodh agus a leasaíodh sna hinstiúidí sin sa chéad leath de 2012 (féach Mír 4) agus líon na n-iontrálacha IATE a iompórtáladh ó na bunachair shonraí a bhí ann roimh IATE agus a ndearna na hinstiúidí sin bainistiú orthu (féach Tábla 2). Tá Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh freagrach as forbairt agus bainistiú teicniúil bhunachar téarmaíochta IATE agus, ar an mbonn sin, tá sé mar chuid den staidéar seo.

Tugann Míreanna 3 agus 4 cur síos mion ar fhorbairt chóras IATE, agus ar na trí institiúid agus a gcur chuige i leith téarmeolaíochta. Cé go bhfuil fócas na míreanna seo go príomha ar shocrúithe inmheánacha institiúidí, is fiú a lua nár tugadh cur síos cuimsitheach orthu cheana, agus i dteannta a chéile léiríonn siad cúlra Mhíreanna 5 agus 6, ina ndéantar cur síos ar obair théarmeolaíochta sna teangacha nua agus sa Ghaeilge araon.

Pléitear na foinsí don taighde seo i Mír 2. Tá an staidéar teoranta ag easpa foinsí scríofa, go háirithe foinsí lasmuigh de sheirbhísí aistriúcháin an AE féin, agus dá thoradh sin táthar go láidir i muintín an phlé le páirtithe leasmhara. Cé gur tugadh freagairt an-dearfach agus cuimsitheach ar iarratais ar fhaisnéis agus ar phlé, bhí an fhreagairt i gcorrchás níos teoranta, rud a chuir srian le leithead agus doimhneacht an staidéir.

2 Foinsí agus modheolaíocht

2.1 Léirbhreithniú ar an litríocht

Fuarthas faisnéis don staidéar seo go príomha trí theagmháil dhíreach leis an bhfoireann in institiúidí an AE, lena n-áirítear agallaimh, teagmháil ríomhphoist agus fóin, agus doiciméid inmheánacha a chuir siad siúd ar fáil. Baineadh úsáid freisin as faisnéis mar thuarascálacha agus bróisiúir ar shuíomhanna gréasáin institiúidí agus chomhlachtaí AE. Níl mórán litríochta ar fáil i bhfoirm alt agus cur i láthair foilsithe. Iad siúd atá ar fáil baineann siad go príomha le bunachar sonraí IATE agus go háirithe leis an tréimhse forbartha ó 1999 go dtí a sheoladh in 2004. Daoine a bhí ag obair in institiúidí agus i gcomhlachtaí éagsúla an AE ab údar dóibh seo uile. Tá cur síos mion thíos ar na hailt agus na cuir i láthair foilsithe seo mar aon le foinsí foilsithe na faisnéise a úsáideadh.

Tá bunús maith ar fáil i roinnt mhaith foinsí leis na fáthanna go gcruthófaí bunachar sonraí idirinstiúideach, ilteangach, aonair ina ndéanfaí na foinsí téarmaíochta ar leith go léir a chumasc in aon chóras amháin. Tá cur síos maith freisin ar na cineálacha acmhainní téarmaíochta a bhí ann roimh IATE i seirbhísí teanga an AE (Caravina 2009; Rummel 2005; Ball 2003; Ball agus Rummel 2001; Johnson agus MacPhail 2000). Tugtar fíricí a bhaineann leis na grúpaí éagsúla agus na comhairleoirí seachtracha a chuir tionscadal IATE i bhfeidhm in alt (Johnson agus MacPhail 2000) agus i gcur i láthair (Caravina 2009).

Tugann Sylvia Ball cur síos teicniúil cuimsitheach ar an mbunachar sonraí tamall gearr roimh a sheoladh ina halt siúd (Ball 2003) a chuimsíonn na feidhmeanna cuardaigh, rangú na réimsí, an struchtúr agus fadhb na n-iontrálacha dúblacha sa bhunachar sonraí. Rinneadh cur síos roimhe sin ar dhúshlán ar leith do chur i bhfeidhm an tionscadail, tiontú agus uaslódáil sonraí oidhreachta go dtí an bunachar sonraí nua agus na hiarrachtaí chun uaslódáil sonraí dúblacha a sheachaint, in alt leis na comhúdaí Ball agus Dieter Rummel (2001). Tá tuilleadh eolais nuashonraithe ar fheidhmeanna teicniúla IATE i gcur i láthair a rinneadh ag an seimineár Network to Promote Linguistic Diversity (NPLD) in 2009 (Caravina 2009).

Pléitear comhoibriú idirinstiúideach agus iarrachtaí chun sreabhadh oibre idirinstiúideach aonair a chruthú, go háirithe maidir le bailíochtú agus le nóisean úinéireachta na n-iontrálacha, i roinnt alt (Rummel 2005; Ball 2003; Johnson agus MacPhail 2000; Johnson agus Caravina 2000). Tugann Johnson agus Caravina go háirithe míniú an-mhionsonraithe ar na féidearthachtaí agus na teorainneacha maidir le mionathruithe a dhéanamh ar iontrálacha ar 'le' hinstiúid eile iad agus maidir le

tuiscint na húinéireachta le linn chéimeanna tosaigh an tionscadail. In 'An apology for terminology' (2005), pléann Rummel tábhacht rannpháirteachais na seirbhísí teanga uile sna cinntí éagsúla a rinneadh maidir le gach gné de IATE i rith na céime feidhmíochta, agus cé chomh tábhachtach agus a bhí an comhoibriú seo i mbunú comhthuisceana idir na seirbhísí teanga. Cuireann sé síos freisin ar an gcaoi ar thosaigh comhoibriú agus teagmháil idirinstiúideach neamhfhoirmiúil ag forbairt uathu féin mar gheall ar an mbunachar sonraí (Rummel 2005, lch. 9).

Is iad na príomhfhoinsí faisnéise a foilsíodh maidir le hobair théarmaíochta in institiúidí an AE ná cuir i láthair a rinne baill foirne in institiúidí an AE ag imeachtaí poiblí éagsúla. Cuireann trí chur i láthair a rinne foireann an Choimisiúin i Márta 2011 mionsonraí ar fáil maidir le staitisticí IATE ar líon na n-iarratas in aghaidh na teanga agus spriocanna maidir le dúblaigh i mbunachar sonraí IATE (Cooper 2011), cur síos ar struchtúr an Choimisiúin, ar DGT agus a ról agus a fheidhmeanna (Soriano 2011) agus an úsáid a baineadh as Eur-Lex in DGT (Bardarska 2009). Tugann cur i láthair a thug Ingrid Swinnen, comhordaitheoir téarmaíochta sa Chomhairle ag siompóisiam in 2010, léargas ginearálta ar obair théarmaíochta sa Chomhairle agus tagraíonn do *New Framework for Terminology Work* na Comhairle agus d'obair Téarmaíochta agus Doiciméadaithe fhoireann na Comhairle (Swinnen 2010). Tugann Antosik (2012) cur síos mionsonraithe ar IATE maidir le hobair théarmaíochta na Parlaiminte.

Tháinig formhór na faisnéise a úsáidtear i Mír 6 ó agallaimh, suirbhé, grúpa fócais agus doiciméid inmheánacha. Tugann alt amháin, ag Pádraig Ó Laighin, léargas ginearálta mionsonraithe ar stádas na Gaeilge san AE agus go náisiúnta ó thaobh reachtaíochta (Ó Laighin 2008). Tugann Měchura (agallamh 2012) cur síos mionsonraithe ar an ardán teicniúil a úsáidtear d'obair théarmaíochta na Gaeilge.

2.2 Modhanna taighde

Roghnaíodh cás-staidéar tuairisciúil mar an modh ab fhearr le tionscadal GA IATE a chur i láthair chun an chéad chúig bliana a dhoiciméadú, na torthaí go dáta a athbhreithniú agus féachaint céard is féidir a fhoghlaim don dara céim. Tá an tionscadal leanúnach, agus is rannpháirtithe, nó iar-rannpháirtithe iad na húdair, mar fhostaithe de chuid Fiontar. Dá bharr seo bhíothas in ann breathnú go díreach ar imeachtaí agus teagmháil le rannpháirtithe in Éirinn agus san AE trí chaidrimh sheanbhunaithe. Mar gheall ar theirce na litríochta, ar líon na dteangacha agus ar chastacht

na struchtúr a bhaineann leo, rinneadh bailiú sonraí ó fhoinsí príomhúla oiread agus ab fhéidir mar fhorlónadh agus mar bhailíochtú breise ar na sonraí a bhí ar fáil i ndoiciméadúchán riaracháin agus i bhfoinsí foilsithe. Baineadh úsáid as modhanna éagsúla, lena n-áirítear roinnt agallamh, ceistneoirí agus grúpa fócais. Roghnaíodh bonn leathan rannpháirtithe chun an raon ba chuimsithí agus ab fhéidir a ghabháil ó na trí phríomhinstitiúid agus ón Ionad Aistriúcháin. Chuir bainisteoirí IATE, aistritheoirí agus téarmeolaithe sonraí ar fáil; cinntíodh ionadaíocht ó gach ceann de na teangacha nua. Bhí oifigigh ó Rialtas na hÉireann (an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta) a chuir tús le tionscadal GA IATE agus a mhaoinigh é, san áireamh freisin, mar a bhí foireann eagarthóireachta agus theicniúil ó Fiontar in DCU, áit a bhfuil an tionscadal áirithe seo á óstáil. Déantar plé thíos ar rogha na bhfaisnéiseoirí, na modhanna a úsáideadh agus na huirlisí anailíse; tugtar sceideal iomlán na gníomhaíochtaí bailithe sonraí in Aguisín A.

2.2.1 Agallaimh agus grúpa fócais

Ba mhodh tábhachtach bailithe sonraí é na hagallaimh sa staidéar seo mar gheall ar mhéid shuntasach an eolais institiúide nach ndearnadh doiciméadú cheana air. Cheadaigh nádúr na n-agallamh leathstruchtúrtha agus an fhócasghrúpa go dtiocfadh faisnéis agus peirspictíochtaí nua chun cinn. I ngach cás spreagadh agallaithe chun machnamh a dhéanamh ar na láidreachtaí, na laigí, na deiseanna agus na bagairtí a bhain lena gcuid oibre ar IATE, ar théarmaíocht agus/nó ar chomhordú téarmeolaíochta.

Bhí na hagallaimh go léir leathstruchtúrtha agus taifeadadh agus tras-scríobhadh iad. Tá sonraí iomlána na n-agallamh in Aguisín A. Tá na hagallaithe ó gach comhpháirtí tionscadail agus na paraiméadair agallaimh liostaithe go gairid thíos.

Cuireadh agallamh orthu sin a bhí freagrach as comhordú téarmeolaíochta sna trí phríomhinstitiúid chun faisnéis a bhailiú faoin gcaoi a ndéantar obair théarmeolaíochta. Roghnaíodh agallaithe, chomh fada agus ab fhéidir, mar gheall ar a dtaithe agus a saineolas ar a obair théarmeolaíochta ilteangach agus ar tionscadal GA IATE.

An Chomhairle

Cuireadh agallamh ar Manuel Leal ina cháil mar chomhordaitheoir téarmeolaíochta de chuid na Comhairle, mar bhall den *IATE Management Group* (IMG) agus mar chomhpháirtí i dtionscadal GA IATE. Thug a chomhghleacaí Ingrid Swinnen, ar chomhordaitheoir téarmeolaíochta í freisin, cion i scríbhinn don agallamh.

An Coimisiún

Cuireadh agallamh ar Christine Herwig, ceann na hEarnála Comhordaithe Téarmeolaíochta in DGT agus ball de IMG, in éineacht lena comhghleacaí Monica Welwert, comhordaitheoir téarmeolaíochta in DGT. Is téarmeolaithe bunaithe iad agus rannpháirteachas leathan in IATE acu, agus déanann siad comhordú ar na liostaí oibre do Fiontar do thionscadal GA IATE agus do na cruinnithe grúpa stiúrtha agus cumarsáide idir comhpháirtithe an tionscadail.

An Pharlaimint

Cuireadh agallamh ar Rodolfo Maslias, ceann an Aonaid Chomhordaithe Téarmeolaíochta sa Parlaimint (TermCoord) agus ball de IMG, mar aon le beirt chomhordaitheoirí téarmeolaíochta de chuid TermCoord, Violina Stamtcheva agus Viola Pongrácz.

An tIonad Aistriúcháin

Cuireadh agallamh ar Dieter Rummel, ceann na Roinne Tacaíochta Aistriúcháin san Ionad Aistriúcháin ina cháil mar chomhordaitheoir tionscadail IATE don Ionad Aistriúcháin, mar chathaoirleach ar IMG agus i bhfianaise a thaithe fhada ag obair ar gach gné de tionscadal IATE. Tá eolas forleathan aige ar an gcúlra a bhaineann le tionscadal IATE, ar bhainistiú agus ar fhorbairt theicniúil IATE, bainistiúocht IATE agus comhoibriú idirinstiúideach.

Rialtas na hÉireann

Cuireadh agallamh ar ionadaithe rialtas na hÉireann a bhí freagrach as tús a chur le tionscadal GA IATE agus lena mhaoiniú, chun léargas a fháil ar bheartas an Stáit maidir le forbairt acmhainní don Ghaeilge in institiúidí an AE. Lorgaíodh a ndearcadh ar an tionscadal ó thaobh comhpháirtíochta, dúshlán agus láidreachtaí. Rinne Deaglán Ó Briain, iar-Phríomhoifigeach, Rannóg na Gaeilge, sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, comhordú ar bhunú an tionscadail seo i rith 2007 agus bhí freagrach as go dtí Eanáir 2011. Bhí freagracht ar Thomás Ó Ruairc, iar-Stiúrthóir Seirbhísí Aistriúcháin sa Roinn chéanna, as an tionscadal ó Eanáir 2011 go dtí Bealtaine 2012.

Thug iar-rúnaí an Choiste Téarmaíochta náisiúnta (Foras na Gaeilge), Fidelma Ní Ghallchobhair, a bhí freagrach as comhordú obair an Choiste go dtí 2010, agus a comharba agus príomhthéarmaolaí reatha an Choiste Téarmaíochta, Máire Nic Mheanman, freagra ar cheisteanna i scríbhinn maidir le ról an Choiste Téarmaíochta sa tionscadal seo agus na láidreachtaí agus na dúshláin óna dtaobh siúd. Is saineolaithe iad beirt ar théarmaíocht na Gaeilge, agus tá an Coiste Téarmaíochta náisiúnta, faoi Fhoras na Gaeilge, freagrach as bailíochtú téarmaí casta nó nua don tionscadal seo.

Fiontar

Le doiciméadú críochnúil a dhéanamh ar gach gné de thionscadal GA IATE, cuireadh agallamh ar na daoine ábhartha ar an bhfoireann bainistithe tionscadail in Fiontar. Cuireadh agallamh ar an Dr Caoilfhionn Nic Pháidín, stiúrthóir tionscadal, maidir le haidhmeanna agus bainistíocht fhoriomlán an tionscadail lena n-áirítear maoiniú, earcú, tuairisciú, torthaí, dúshláin agus láidreachtaí. Cuireadh agallamh ar an Dr Gearóid Ó Cleircín, an téarmaolaí in Fiontar atá freagrach as cruinneas coincheapúil agus gné theanga na dtéarmaí a chuirtear ar fáil, maidir le sreabhadh oibre téarmaolaíochta, oiliúint agus cinnteoireacht, torthaí tionscadail agus na príomhdhúshláin agus láidreachtaí. Cuireadh agallamh ar Dhonla uí Bhraonáin, téarmaolaí Fiontar go dtí 2008 agus atá anois ina comhairleoir ar an tionscadal, maidir le pleanáil agus tástáil sreafa oibre le linn chéim thosaigh an tionscadail. Phléigh an t-iarbhanisteoir teicniúil, Michal Boleslav Měchura, atá anois ina chomhairleoir teicniúil seachtrach ar thionscadail Fiontar, forbairt na réiteach teicniúil agus an sreabhadh oibre le linn na gcéimeanna pleanála. Cuireadh agallamh ar an Dr Brian Ó Raghallaigh, bainisteoir teicniúil in Fiontar maidir le bainistiú agus cothabháil na réiteach teicniúil agus an sreabhadh oibre ón taobh teicniúil.

Aistritheoirí

Institiúidí an AE ghlac aistritheoirí Gaeilge agus dlítheangeolaí páirt i ngrúpa fócais le tionscadal GA IATE a phlé. Bhí seisear rannpháirtí ann san iomlán, ag cur san áireamh iad siúd a bhí bainteach le tiomsú liostaí oibre do thionscadal GA IATE agus in aiseolas a chur ar fáil ar na téarmaí Gaeilge a mhol Fiontar. Is féidir iad a áireamh mar sin ina saineolaithe ar an tionscadal seo. Pléadh a dtuairimí agus a moltaí faoi gach gné den tionscadal bainteach le téarmaíocht, an mheicníocht aiseolais agus tiomsú liostaí oibre. Sa chás seo roghnaíodh grúpa fócais seachas agallaimh aonair chun plé agus díospóireacht a spreagadh.

2.2.2 Ceistneoirí

Rinneadh ceistneoirí a fhorbairt chun faisnéis a bhailiú ó ghrúpaí níos mó. Agus líon na dteangacha agus na n-institiúidí á gcur sna áireamh, agus nádúr caighdeánaithe na faisnéise a bhí le bailiú, measadh gur cheistneoir an cur chuige ba phraiticiúla do na teangacha nua. Ach bhí cuid mhór de na ceisteanna neamhiata chun machnamh agus freagraí anailíseacha a spreagadh. Tugtar sonraí iomlána na gceistneoirí in Aguisín A.

Téarmaolaithe

Dáileadh ceistneoir gan ainm luaite leis ar théarmaolaí amháin in aghaidh na teanga, ach amháin an Ghaeilge, i ngach ceann de na trí institiúid (11 teanga agus 33 téarmaolaí). Ba í an aidhm cosúlachtaí agus éagsúlachtaí, patrúin, eisceachtaí agus cásanna sonracha a aithint i ndáil leis na hacmhainní agus na dúshláin bainteach le hobair théarmaolaíochta sna teangacha nua. Dáileadh réamhleagan de Mhír 5 ina dhiaidh sin agus rinneadh tuilleadh soiléirithe a chur san áireamh ann ansin.

Aistritheoirí Gaeilge

Dáileadh ceistneoir ar aistritheoirí Gaeilge sna trí pháimh-institiúid, a bhfuil céimeanna difriúla rannpháirtíochta acu i dtionscadal GA IATE. Ba í aidhm an cheistneora aiseolas a bhailiú ar thionscadal GA IATE ó fhormhór na n-aistritheoirí, nó uathu go léir, arb iad úsáideoirí deiridh na dtéarmaí iad, agus chun a dtuairimí a fháil ar cháilíocht na dtéarmaí i ndáil le cruinneas coincheapúil agus teanga, mar aon leis an meicníocht aiseolais. Bhíothas ag súil freisin aon mholtaí a bheadh acu don chéad chéim eile den tionscadal a bhailiú. Ba mhór an t-údar díomá é nach bhfuarthas ach cúig fhreagra (nó 15 faoin gcéad den 32 a raibh súil leo). Beartaíodh an ceistneoir seo chun cur leis an bhfaisnéis a bailíodh ó shaineolaithe tionscadail ag an ngrúpa fócais, ach measadh nár leor líon na bhfreagraí le hanailís a dhéanamh orthu. Déantar tagairt i Mír 6 do roinnt de na freagraí a fuarthas.

2.3 Modhanna anailíse

Rinneadh códú ar thras-scríbhinní na n-agallamh agus an ghrúpa fócais, na doiciméid foilsithe agus neamhfoilsithe agus freagraí na gceistneoirí, agus úsáid á baint as cóid thuairisciúla réamhshainithe i bpacáiste bogearraí cáilíochtúil (NVivo). Bhí na cóid réamhshainithe seo bunaithe ar na ceisteanna a cuireadh ar fhaisnéiseoirí agus ar pharaiméadair an staidéir mar a rinneadh cur síos orthu i Mír 1.3. Tar éis an códú bunúsach a dhéanamh, rinneadh códú léirmhínteach ina dhiaidh sin de réir na dtéarmaí a tháinig chun cinn san anailís tosaigh ar an ábhar. Léirítear faisnéis chainníochtúil a bailíodh i dtáblaí agus i gcairteacha i rith an staidéir.

Cuireadh céad dréacht den staidéar ar fáil do na hagallaithe go léir agus tugadh cuireadh dóibh tuairimí, ceartúcháin nó nótaí tráchta a chur ar fáil; fuarthas freagraí ó 24 duine, agus cúpla céad nóta tráchta. Rinneadh na nótaí tráchta seo, a chuireann go mór le luach an staidéir, a chuimsiú ann agus cuireadh leagan deiridh chuig na rannpháirtithe.

3 Forléargas ar IATE

Is é cuspóir IATE téarmaí atá iontaofa agus ábhartha i dteangacha oifigiúla an AE a chur ar fáil chun tacú le dréachtú ilteangach téacsanna an AE i ‘clear, precise language’ (European Union 2008a, Ich. 2). Tá cur síos ar chúlra IATE, a bhainistiú agus a riarachán, an comhar idirinstiúideach agus an fhorbairt atá beartaithe don todhchaí maidir leis, sna míreanna seo a leanas. Déanann Mír 3.1 cur síos mion ar staid na téarmeolaíochta san AE roimh thionscnamh IATE ó 1999 (tráth ar thosaigh an phleanáil don tionscadal) go dtí 2004 nuair a seoladh bunachar sonraí téarmaíochta IATE. Tugtar léargas ginearálta ar bhainistiú agus ar fhorbairt IATE ó seoladh é in 2004 go dtí an lá atá inniu ann, lena n-áirítear cuid de na láidreachtaí agus na dúshláin a bhaineann leis an mbunachar sonraí, de réir mar a phléigh na hagallaithe.

3.1 IATE: 1999–2004

3.1.1 Bainistiú téarmeolaíochta san AE roimh IATE

Roimh thionscnamh IATE rinneadh obair théarmeolaíochta a bhainistiú ar bhealaí difriúla sna hinstiúidí agus sna comhlachtaí éagsúla. Cé go raibh bunachair théarmaíochta chumhachtacha ag na trí instiúid is mó, an Chomhairle, an Pharlaimint agus an Coimisiún, a bhí ar fáil ar líne, bhí bunachair shonraí níos teoranta nach raibh chomh sofaisticiúil, nó gluaiseanna i bhformáidí *Word* nó *Excel* ag na hinstiúidí agus na comhlachtaí níos lú. (Ball agus Rummel 2001, Ich. 2).

Ba iad Eurodicautom, TIS, Euterpe agus EuroTerms na ceithre bhunachar sonraí téarmeolaíochta ba mhó. Léirítear a méid choibhneasta i dTábla 2.

Tábla 2: Líon téarmaí IATE a iompórtáladh ó bhunachair shonraí a bhí ann roimh IATE agus a ndearna instiúidí agus comhlachtaí de chuid an AE bainistiú orthu. Foinse: Agallamh le Rummel 2012a

Comhlacht/Instiúid	Líon na n-iontrálacha oidhreachta	Bunachar sonraí
An Coimisiún Eorpach (an Coimisiún)	5,909,984	Eurodicautom
Coiste na Réigiún / Comhsheirbhísí Chomhphobal Sóisialta agus Eacnamaíochta na hEorpa	412	—
Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh	395,187	EuroTerms
Comhairle an Aontais Eorpaigh (an Chomhairle)	764,696	TIS (Córas Eolais Téarmeolaíochta)
Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (An Chúirt Iniúcháirí)	11,603	—
An Banc Eorpach Infheistíochta	48,909	Verbum
Parlaimint na hEorpa (an Pharlaimint)	1,288,147	Euterpe
Iomlán	8,418,938	

- Ba é **Eurodicautom**, a bhunaigh an Coimisiún in 1973, an bunachar sonraí téarmaíochta ba mhó agus ba shine (agallamh le Leal 2012a). Faoi 2000, bhí 1.23 milliún iontráil in Eurodicautom, ina raibh c. 5 milliún téarma in aon teanga dhéag oifigiúla de chuid an AE mar aon le téarmaí i Laidin.
- Tugadh **TIS** ar bhunachar téarmaíochta na Comhairle agus bhí 200,000 taifead ann ina raibh 600,000 téarma in 11 teanga oifigiúil de chuid an AE mar aon le téarmaí i Laidin agus i nGaeilge (Johnson agus MacPhail 2000, Ich. 2).
- Ba bhunachar sonraí MultiTerm é **Euterpe** a forbraíodh sa Pharlaimint, ní hionann agus Eurodicautom agus TIS, nár tháirgí ‘le ceannach i siopa’ iad agus a dearadh go speisialta don Choimisiún agus don Chomhairle faoi seach. Bhí 171,000 taifead ann ina raibh téarmaí in 11 teanga oifigiúil de chuid an AE móide i Laidin (Johnson agus MacPhail 2000, Ich. 3).
- Bhí bunachar sonraí MultiTerm, **EuroTerms**, ag an Ionad Aistriúcháin freisin ina raibh téarmaí sna teangacha oifigiúla mar aon le téarmaí san Ioruais, i Laidin agus i Rúisis, 180,000 iontráil go hiomlán (Caravina 2009, sleamhnán 10).

Cé nach raibh na seirbhísí éagsúla míshásta lena gcuid réiteach téarmeolaíochta, faoin am ar cuireadh tús le plé faoi bhunachar sonraí ilteangach aonair a chruthú i lár na 1990idí ba léir roinnt fadhbanna le bainistiú téarmaíochta an AE (Ball agus Rummel 2001, Ich. 2). Le faisnéis téarmeolaíochta chuimsitheach a bhailiú ó na trí bhunachar téarmaíochta ar líne (TIS, Eurodicautom agus Euterpe), bhí ar úsáideoir foghlaim cén chaoi le trí chomhéadan cuardaigh dhifriúla a úsáid (Rummel 2005, Ich. 3). Rinneadh roinnt iarrachtaí chun an scéal seo a chur ina cheart, agus uaslódáladh sonraí ó Euterpe agus TIS chuig Eurodicautom. Ach bhí an obair seo casta mar gur ghá sonraí ó TIS agus Euterpe a ionramháil le dul isteach i struchtúr Eurodicautom, agus tharla cailliúint eolais

dá chionn ar uairibh, agus mar sin ní dhearnadh é rómhínic (Ball agus Rummel 2001, Ich. 2). Toisc go raibh cuir chuige chomhthreomhara dhifriúla ann i leith bainistithe téarmaíochta i measc institiúidí agus comhlachtaí an AE, bhí obair á déanamh faoi dhó, agus sonraí téarmaíochta iomarcacha nó neamhréireacha á gcruthú. Tagraíodh dó seo mar ‘bhalcáiniú’ (nó mionroinnt) obair théarmeolaíochta an AE (Rummel 2005, Ich. 4). I gcásanna áirithe, bhí obair á dúbláil laistigh den institiúid chéanna toisc nach bhféadfadh gach úsáideoir sonraí a chur leis an mbunachar nó mionathruithe a dhéanamh orthu agus go raibh obair théarmeolaíochta á déanamh lasmuigh den bhunachar sonraí. D’fhág an easpa idirghníomhaíochta seo nach bhféadfadh úsáideoirí athruithe a dhéanamh go héasca ná sonraí a chruthú, agus bhíodh an timthriall táirgthe mall uaireanta (Ball agus Rummel 2001, Ich. 10; Rummel 2005, Ich. 4).

Cé gurbh é príomhchúram an Ionaid Aistriúcháin seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí agus do chomhlachtaí an AE, bhí de chúram air freisin bealaí a aimsiú chun airgead a shábháil i réimsí aistriúcháin áit a raibh iarrachtaí á ndúbláil (Johnson agus MacPhail 2000, Ich. 1). Bhí an ICT, a bunaíodh in 1995, ag iarraidh barainneachtaí scála a bhaint amach freisin maidir le haistriúcháin (Translation Centre for the Bodies of the European Union 2007, Ich. 30). Thug an ICT údarás don Ionaid Aistriúcháin in 1998 staidéar a dhéanamh ar indéantacht bunachar sonraí téarmaíochta idirinstiúideach aonair a chruthú. Léirigh an staidéar seo go raibh bunú bunachair shonraí indéanta agus inmianaithe araon. Moladh ann go gcumasfaí na sonraí téarmaíochta go léir a bhí ann cheana i mbunachar sonraí idirinstiúideach aonair le lán-idirghníomhaíocht do chruthú sonraí téarmaíochta agus comhéadan furasta le húsáid, agus infreastructúr comhoibríoch agus meicníochtaí do bhainistiú sonraí a bhunú mar aon le rialacha coiteanna do chur i láthair sonraí (Rummel 2005, Ich. 3; Johnson agus MacPhail 2000, Ich. 1). Ghlac an ICT leis an staidéar seo ag cruinniú i mBealtaine 1999 ach ní dhearna aon chinneadh faoi chur i bhfeidhm a chuid moltaí. Idir an dá linn chuir an tIonaid Aistriúcháin tús le cruthú bunachair téarmaíochta do na gníomhaireachtaí díláraithe faoin teideal *Inter Agency Terminology Exchange (IATE)* (Johnson agus MacPhail 2000, Ich. 2). Go deireanach sa bhliain chéanna, socraíodh go nglacfaid institiúidí uile an AE páirt sa tionscadal. Sheol an tIonaid Aistriúcháin gairm ar thairiscintí agus bronnadh an conradh ar an gcuideachta TF Ghréagach *Quality & Reliability (Q&R)* agus ar an institiúid taighde Danmhargach *Center for Sprogteknologi (CST)*. Tionóladh an chéad chruinniú de rannpháirtithe an tionscadail agus na conraitheoirí in Eanáir 2000 (agallamh le Rummel 2012a).

3.1.2 Cur i bhfeidhm thionscadal IATE, 2000–2004

Bainistíodh cur i bhfeidhm thionscadal IATE ar bhonn idirinstiúideach. Cé go raibh freagracht fhoriomlán ar an ICT as an tionscadal, bhí roinnt mhaith leibhéal tuairiscithe agus bainistithe faoina bhun sin. Maidir le tionscadal IATE tionscnaíodh cuid mhaith grúpaí agus tascfhórsaí agus ina dhiaidh sin, rinneadh iad a scor, a athainmniú nó a athchumrú de réir mar a comhlíonadh a gcuid feidhmeanna nó de réir riachtanas. Measadh go dtógfadh forbairt IATE ó Eanáir 2000 go Iúil 2001 don lánfheidhmiú (Johnson agus MacPhail 2000, Ich. 2). Ach bhí cuid mhór dúshlán roimh chur i ngníomh réidh an tionscadail agus ghlac an cur chun feidhme iomlán thart ar thrí bliana go leith.

Maoiníodh an tionscadal trí chlár oibre *Interchange of Data between Administrations (IDA)*. Rinne AS na Fiontraíochta bainistiú ar chúrsaí buiséadacha agus conarthacha de réir riachtanais chlár IDA go dtí 2003. Bhí an Grúpa Saineolaithe do bhunú Bunachar Sonraí Téarmaíochta an AE (EGEUT) comhdhéanta d’ionadaithe institiúidí an AE, na gníomhaireachtaí díláraithe agus oifigí na mBallstát. Bhunaigh an grúpa saneolaithe seo roinnt foghrúpaí chun déileáil le gnéithe difriúla den tionscadal. Bhí Grúpa Stiúrtha, faoi chathaoirleacht AS na Fiontraíochta, freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an tionscadal, agus chuimsigh an bhallraíocht ionadaithe ó institiúidí agus gníomhaireachtaí an AE (Caravina 2009). Bunaíodh roinnt grúpaí teicniúla freisin – bhreathnaigh grúpa bailíochtaithe ar phrionsabail ghlactha sonraí agus dhéileáil grúpa sreafa oibre le comhtháthú IATE i sreabhadh oibre gach institiúide nó comhlachta (Johnson agus MacPhail 2000, Ich. 4). Bunaíodh an *Implementation Support Group (ISG)* i Lúnasa 2000 chun na céimeanna tástála a eagrú agus chun tacú leis an gcumarsáid idir na húsáideoirí a dhéanfadh tástáil ar na comhéadain agus na conraitheoirí a d’fhorbródh é. Bunaíodh an *Data Content Group* freisin chun déileáil le haon saincheisteanna bainteach le sonraí (agallamh le Rummel 2012a).

Dar le Rummel, ní dhearnadh aon staidéar margaidh córasach ar shamhlacha seachtracha idirnáisiúnta reatha le linn na gcéimeanna pleanála, ach scrúdaíodh caighdeán do struchtúr sonraí, mar Motif, a bhí ag teacht chun cinn. Sa deireadh roghnaíodh struchtúr Eurodicautom mar go bhfacthas gurbh é an ceann ab oiriúnaí do riachtanais institiúidí an AE. Ach bhí córas casta aicmithe réimsí de chuid Lenoch ag Eurodicautom, a measadh a bheith i bhfad róchasta don ghnáthúsáideoir. Glacadh mar sin leis an gcóras réimsí a bhí in úsáid in Eurovoc (eurovoc.europa.eu) do IATE toisc go raibh sé ilteangach agus nach raibh ach trí shraith ann (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a; agallamh le Rummel 2012b). Ar na buntáistí eile áirítear go raibh meicníocht idirinstiúideach ann cheana chun tacú leis

agus é a fhorbairt agus go raibh sé bunaithe ar chorpas de théacsanna an AE agus, mar sin, gur bhain sé le réimsí leasa an AE (Ball agus Rummel 2001, lch. 7).

Cé gur glacadh leis go ginearálta go raibh forbairt bhunachar sonraí idirinstiúideach aonair riachtanach agus dosheachanta, bhí institiúidí agus comhlachtaí de chuid an AE sásta go leor lena réitigh théarmeolaíochta agus mar sin ní raibh gach duine chomh spreagtha céanna faoi na forbairtí nua (agallamh le Rummel 2012a). Anuas ar na céimeanna éagsúla díograise don tionscadal in institiúidí an AE, d'fhág na cleachtais oibre téarmeolaíochta difriúla sna hinstiúidí agus sna comhlachtaí comhpháirtithe agus struchtúir éagsúla a mbunachar sonraí a bhí ann roimhe gur dúshlán suntasach a bhí i mbaint amach comhaontaithe faoi céard go díreach a bhí ag teastáil (agallamh le Rummel 2012a). Cé gur chuir an cur chuige i leith pleanála agus cinnteoireachta a chuimsigh cuid mhaith grúpaí oibre difriúla le ballraíocht idirinstiúideach, mar a luaitear thuas, fad leis an am a thóg sé teacht ar shocrú, d'fhág sé freisin go raibh tuiscint níos fearr ar theorainneacha agus ar fhéidearthachtaí maidir le hobair téarmeolaíochta i gcomhlachtaí agus in institiúidí na gcomhpháirtithe tionscadail (Rummel 2005, lch. 10). Murach rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe tionscadail go léir sa phleanáil agus sa chinnteoireacht, d'fhéadfadh go mbeadh sé níos deacra a chinntiú go nglacfaí leis an gcóras nua agus go n-úsáidfí é. Bhain sé seo leis an sreabhadh oibre go háirithe. Bhí a sreabhadh oibre féin ag gach institiúid, agus ba ghá iad seo a chur san áireamh agus a chuimsiú sa chóras nua. Mar shampla, ba léir ar dtús gur próiseas dhá chéim a bheadh i mbailíochtú iontrálacha nua. Dhéanfaí iontráil nua a chur ar aghaidh chuig ball eile den institiúid inar cruthaíodh an iontráil don chéad chéim bailíochtaithe agus chuirfí ansin ar aghaidh í don bhailíochtú deiridh chuig grúpa idirinstiúideach de shaineolaithe réimse. Dhiúltaigh roinnt institiúidí don chur chuige seo. B'fhearr leo ceannas a choinneáil ar bhailíochtú a sonraí féin, agus mar sin glacadh cur chuige an-solúbtha i leith bailíochtaithe agus ceadaíodh do gach institiúid a sreabhadh oibre bailíochtaithe féin a shainmhíniú (Johnson agus Caravina 2000, lch. 2).

Dar le Rummel, ba dhúshlán eile do chur chun feidhme tapa an tionscadail nádúr an chuibhreannais idir Q&R agus CST (agallamh le Rummel 2012a). Cuireadh an cuibhreannas le chéile do thionscadal IATE amháin, agus ní raibh aon chaidreamh roimhe sin ag an dá dhream agus ba bheag a bhí i gcoiteann acu ó thaobh saineolais. Rinneadh an fhorbairt theicniúil go hiomlán san Aithin cé gur sannadh pacáistí oibre eile a bhí bainteach le sainmhíniú struchtúr na sonraí, mapáil na sonraí oidhreachta go dtí an struchtúr sonraí seo, meicníocht bhraite dúblach agus na rialacha do chumasc iontrálacha

dúblacha nó leath-fhorluiteacha, go soiléir do CST sa Danmhairg (agallamh le Rummel 2012b). D'fhág an fad geografach seo agus an éagothromaíocht saineolais go raibh comhoibriú lag idir an dá chomhlacht (agallamh le Rummel 2012b). Dúshlán eile gaolmhar do chur chun feidhme tráthúil an tionscadail a d'aithin Rummel ab ea deacracht Q&R, ar shaineolaithe bunachair shonraí iad gan mórán tuisceana ar riachtanais teangeolaithe an AE mar aon le heaspa taithí comhpháirtithe IATE chun a gcuid riachtanas téarmeolaíochta a chur in iúl ar bhealach a thuigfeadh teicneolaithe go héasca (agallamh le Rummel 2012a). D'ainneoin gur dhréachtaigh an conraitheoir na sonraíochtaí feidhme (i gcomhar le comhpháirtithe IATE) in am (Lúnasa 2000), ba léir i rith na céime fréamhshamhaltaithe ina dhiaidh sin nach raibh tuiscint mhaith ag na teicneoirí ar phraiticiúlachtaí na téarmeolaíochta. Thóg sé leathbhliain eile sula raibh tuiscint shoiléir ag an mbainisteoir tionscadail sa Ghréig, an tríú duine ó thús an tionscadail, ar na riachtanais (agallamh le Rummel 2012b). Ba é Rummel, ceann na Rannóige Teicneolaíochta Teanga san Ionad Aistriúcháin agus comhordaitheoir an Ionaid do IATE ag an am sin i gcomhar leis an ISG, a rinne maoirseacht agus comhordú ar an bhforbairt theicniúil. Bhuail an grúpa seo le Q&R ar bhonn míosúil sa chéad bhliain leis na sonraíochtaí teicniúla a shainmhíniú (agallamh le Rummel 2012a). Ba shampla é an chéad fhréamhshamhail, a seachadadh i Márta 2001 agus a tógadh agus struchtúr bogearraí coiteann a úsáid dár gaireadh 'Oracle Forms', den chineál deacrachta a bhí ann agus an mhoill a d'eascair as sin. Measadh nach raibh sé furasta a láimhseáil don úsáideoir ná oiriúnach do shonraí teanga, agus níor tháinig sé leis an gcur chuige TF i bhformhór na seirbhísí teanga. D'aontaigh na conraitheoirí an comhéadan a atógáil agus úsáid á baint as struchtúr HTML agus, le rannpháirtíocht dearthóra gréasáin, táirgeadh an leagan inmheánach de chomhéadan IATE atá in úsáid sa lá atá inniu ann (agallamh le Rummel 2012a). Seachadadh an chéad cheann píolótach i Márta 2002 agus an dara ceann i Meitheamh 2002. Lean céim thástála saineolaíche an dá sheachadadh ag bail den ISG agus tástáil úsáideoirí ag aistritheoirí. Rinneadh leasú ar na comhéadain úsáideora bunaithe ar an aiseolas ón gcéad agus ón dara céim píolótach (agallamh le Rummel 2012a).

Bhí sé i gceist go gcuimseodh córas nua IATE sonraí ó na bunachair shonraí a bhí ann roimhe agus go dtiocfadh sé ina n-áit mar aon phointe rochtana ar théarmaíocht ilteangach an AE. Agus an bunachar sonraí agus na comhéadain úsáideora á bhforbairt, bhí sonraí téarmaíochta ó na bunachair shonraí agus na bailiúcháin a bhí ann roimhe á dtiontú agus á lódáil ar an mbunachar sonraí nua (féach Tábla 2). Rinneadh an chéad lódáil ar na sonraí oidhreachta seo idir Nollaig 2000 agus Eanáir 2001 agus an dara ceann idir Márta agus Meitheamh

2002. Cuireadh aiseolas ar shaincheisteanna faoin tiontú ó na hinstitiúidí san áireamh (agallamh le Rummel 2012a). Léirigh tiontú seo sonraí oidhreachta mórdhúshlán eile. B'éigean na sonraí oidhreachta, a bhí struchtúrtha ar bhealaí éagsúla sna bunachair shonraí a bhí ann roimhe, a mhapáil go dtí réimsí comhfhreagracha i struchtúr bunachair shonraí nua IATE. B'éigean déileáil le roinnt saincheisteanna maidir le caighdeánú agus comhdhlúthú na sonraí seo, lena n-áirítear fadhb na ndúblach agus sonraí ar cháilíocht íseal (Ball agus Rummel 2001, lgh. 3–6). Cé go ndearnadh iarrachtaí iompórtáil dúblach a chosc, tugadh a lán dúblach isteach mar gheall ar na difríochtaí sna córais éagsúla agus na bealaí éagsúla inar cuireadh sonraí i láthair (Ball 2003, lch. 15). Rinne Q&R an tiontú i gcomhairle leis na hinstitiúidí ar leo an t-ábhar (agallamh le Rummel 2012a). Níor braitheadh agus níor coinníodh amach ach dúblaigh chruinne le linn na hiompórtála. Aithníodh agus baineadh amach freisin roinnt sonraí ar cháilíocht amhrasach, mar ghiorrúcháin nach raibh aon fhaisnéis bhreise iontu. D'fhorbair CST freisin meicníocht chasta bhraite dúblach agus bhí sé i gceist an mheicníocht seo a rith tar éis iompórtáil na mbunachair sonraí oidhreachta. Ach bhí an mheicníocht iarbhrí rómhall agus ní raibh na torthaí sách iontaoifa le go bhféadfaí tairbhe a bhaint astu (agallamh le Rummel 2012b).

Rinne na conraitheoirí an leagan deiridh den chóras a sheachadadh faoi Nollaig 2002, agus asnaíodh ansin é go dtí an tlonad Sonraí sa Choimisiún Eorpach áit a bhfuil sé á óstáil i gcónaí. Rinneadh tuilleadh tástála ag saineolaithe, agus tástáil úsáide ar mhórsála ina dhiaidh sin, sa chéad ráithe de 2003 sular tháinig an conradh idir an IDA agus na conraitheoirí chun críche ar deireadh i Márta 2003. Ar an iomlán, b'ionann costas forbartha an tionscadail, a maoiníodh faoin gclár IDA idir 1999 agus 2003, agus €1.41 milliún (agallamh le Rummel 2012b). Idir Márta 2003 agus an seoladh in 2004, rinne an ICTI socruithe d'óstáil, do bhainistiú agus do mhaoiniú IATE san fhadtéarma. Socraíodh go ndéanadh na comhpháirtithe tionscadail cómhaoiniú ar an tionscadal de réir líon na n-aistritheoirí iontu faoi seach agus a mbuiséid saoraistritheoirí do 2002 (Translation Centre for the Bodies of the European Union 2005, lch. 17). Seoladh IATE mar acmhainn inmheánach de chuid an AE i samhradh 2004; bhí c. 1.5 milliún iontráil ann ina raibh c. 8.4 milliún téarma in 127 teanga¹ (Translation Centre

1 Bhí téarmaí i dteangacha eile sna bunachair shonraí a bhí ann cheana ar chúiseanna éagsúla. Mar shampla, is foinse thábhachtach téarmaí i dteangacha neamh-AE í an Pharlaimint. Cuireann comhghleacaithe ainmneacha eagraíochta, páirtithe polaitiúla etc. isteach i dteanga na tíre lena mbaineann (agallamh le Rummel 2012b). Tá téarmaí i dteangacha neamh-AE le feiceáil ar shuíomh inmheánach IATE amháin. Is samplaí de na cineálacha seo téarmaí ainmneacha institiúidí, comhlachtaí, comhpháirtithe etc., nó téarmaí a bhaineann le tír faoi leith. Ar uairibh, cruthaíonn scoláirí ar cuairt nó daoine faoi oiliúint a bhfuil teanga neamh-AE ó dhúchas acu na téarmaí seo agus iad ag obair ar thionscadail sa teanga sin. Féadfaidh na téarmaí seo teacht chun

for the Bodies of the European Union 2012). Bhí formhór na dtéarmaí seo i bhfiche teanga oifigiúil na linne (féach Tábla 3). Níorbh fhada gur fréamhaíodh IATE i ngnáthamh laethúil fhoireann teanga an AE, a bhí ag obair ar 8,000–10,000 iarratas in aghaidh an lae, ag cur 200 téarma leis in aghaidh an lae, agus ag leasú agus ag bailíochtú thart ar 250 téarma in aghaidh an lae laistigh den chéad dhá mhí dhéag (Translation Centre for the Bodies of the European Union 2005, lch. 19).

Tábla 3: Líon na dtéarmaí in IATE ar an 18 Feabhra 2005. Foinse: Agallamh le Rummel 2012a

Teanga	Líon na dtéarmaí
Béarla	1,502,831
Bulgáiris	101
Danmhairgis	615,402
Eastóinis	14,596
Fionlainnis	322,948
Fraincis	1,426,551
Gaeilge	13,476*
Gearmáinis	1,097,640
Gréigis	524,641
Iodáilis	717,654
Laitvis	8,553
Liotuáinis	29,169
Máltais	550
Ollainnis	710,726
Polainnis	21,166
Portaingéilis	543,348
Rómáinis	185
Seicis	16,152
Slóivéinis	13,268
Slóvaicis	15,327
Spáinnis	632,397
Sualainnis	317,031
Ungáiris	22,202
EILE (104 teanga eile nach teangacha oifigiúla de chuid an AE iad, lena n-áirítear Laidin, Ioruais, Rúisis etc.)	103,760
IOMLÁN	8,656,198

* Ba é 20,572 an figiúr seo nuair a rinneadh an iompórtáil ach i Meán Fómhair 2007 scríosadh níos mó ná 7,100 téarma mar chuid de phróiseas glantacháin (scríosadh dúblach).

3.2 IATE: 2004–2012

3.2.1 Riarachán agus bainistiú

Is ag leibhéal idirinstiúideach a dhéantar saincheisteanna a bhaineann le forbairt agus cothabháil theicniúil, teagmháil le tríú páirtithe, maoiniú, obair théarmeolaíochta ilteangach agus dea-chleachtas maidir le IATE agus obair théarmeolaíochta a bhainistiú agus cinneadh a dhéanamh fúthu; déantar iad seo a phlé thíos. Tá gach institiúid freagrach as bainistiú úsáideoirí ina seirbhísí féin agus as a chinneadh cén t-ábhar a dhéanfaidh sí a ionchur agus a fhorbairt (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a). Pléitear é seo go mion i Mír 4.

Monatóireacht fhoriomlán

Tá an *Interinstitutional Committee for Translation agus Interpretation* nó ICTI (mar a thugtar ar an ICT ó 2003), tar éis a bheith freagrach as monatóireacht fhoriomlán an tionscadail ón tús; thuiriscíodh grúpaí oibre IATE go díreach chuige i dtús na hoibre. Socraíodh thar thréimhse ama, áfach, go maolófaí ar mhéid an mhionsonraithe sa tuairisciú mar gur measadh nach raibh gá leis ag an leibhéal déanamh straitéise seo. Sa lá atá inniu ann, cé go bhfeictear agus go gcuirtear ainm go foirmiúil le cinní maidir le IATE ag an leibhéal seo, is annamh a phléitear saincheisteanna IATE ag cruinnithe ICTI (agallamh le Rummel 2012a). Tá an ICTI féin comhdhéanta de *Executive Committee for Translation* (ECT) agus *Executive Committee for Interpretation*. Bhunaigh an ICTI an *Coordinating Committee for Translation* (CCT) in 2009 mar chomhlacht réamhfheidhmiúcháin agus oibríochta a fheidhmíonn de réir threoracha an ECT.

Riarachán agus bainistiú idirinstiúideach

Faoin am ar seoladh IATE in 2004 bhí líon na ngrúpaí oibre imithe i laghad go mór. Bhí Grúpa Comhordaithe Teicniúil idirinstiúideach ann agus Grúpa Bainistithe Sonraí idirinstiúideach ann a d'fhóin mar fhóram do phlé ar chomh-shaincheisteanna téarmeolaíochta (Rummel 2005, lch. 10). Simplíodh an socrú seo tuilleadh thar na blianta.

Sa lá atá inniu ann, déantar cumarsáid agus cinnteoireacht bainteach le IATE ag leibhéal an *IATE Management Group* (IMG), a bunaíodh in 2010 agus a thuiriscíonn don CCT. Tá IMG comhdhéanta de bhaill ó gach comhlacht agus institiúid chomhpháirtithe. Tugtar an 'treoirsheirbhís' ar an Ionad Aistriúcháin i gcomhthéacs IMG agus tá sé freagrach as buiséad agus bainistiú na hoibre cothabhála agus forbartha. Is é Dieter Rummel ón Ionad Aistriúcháin atá ina chathaoirleach ar IMG agus tugtar an 'bainisteoir uirlise' air i gcomhthéacs IATE. Tá an bainisteoir uirlise

freagrach as tuairiscí agus cláir oibre don todhchaí a chur i láthair an CCT lena bhfaomhadh ag an ECT. Pléann IMG agus déanann cinní ar shaincheisteanna mar fhorbairtí teicniúla, ceisteanna a bhaineann le hábhar agus dea-chleachtas; pléann sé iarratais ar chomhoibriú ó thríú páirtithe (agallamh le Rummel 2012a). Tá tascfhórsaí bunaithe ag IMG do thascanna sonracha áirithe, mar thascfhórsa Iontrála Sonraí agus tascfhórsa Lámhleabhar IATE (an dá cheann in 2012). Déanann an tascfhórsa Iontrála Sonraí machnamh ar fheabhsuithe ar ghnéithe eagarthóireachta sonraí de chuid IATE agus forbairtí teicniúla meántéarmacha agus fadtéarmacha ar an mbunachar sonraí. Tugann na tascfhórsaí seo moltaí do IMG. Bíonn siad comhdhéanta go tipiciúil de théarmeolaithe agus de chomhordaitheoirí téarmaíochta (agallamh le Rummel 2012a).

Freastalaíonn comhordaitheoirí téarmaíochta ar chruinnithe rialta maidir le bainistíocht ábhair IATE ina bpléitear fadhbanna a bhaineann go díreach le hobair théarmeolaíochta ilteangach (agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012). Bunaíodh grúpa úsáideoirí tástála le déanaí atá comhdhéanta de théarmeolaithe ó na hinstiúidí a bhfuil taithí acu ar obair théarmeolaíochta ó lá go lá agus a thástálfadh na gnéithe teicniúla nua (agallamh le Rummel 2012b).

Bainistiú agus forbairt theicniúil

In 2003 ba é an tIonad Aistriúcháin an rogha nádúrtha do bhainistiú agus do chothabháil theicniúil fhadtéarmach IATE toisc go raibh sé bainteach leis seo agus le gach gné d'fhorbairt IATE ó thosaigh an phleanáil do IATE. Ag an am sin, chuimsigh foireann theicniúil IATE san Ionad Aistriúcháin saineolaí bunachar sonraí amháin agus saineolaí comhéadain amháin. Inniu tá foireann de cheathrar ag déileáil le haiseolas teicniúil agus le hiarratais ó institiúidí comhpháirteacha, staitisticí maidir le húsáid IATE, forbairtí teicniúla agus bainistiú agus cothabháil ghné inmheánach IATE agus ghné poiblí IATE (agallamh le Rummel 2012a).

Cuireann baill den foireann teanga sna hinstiúidí aiseolas agus iarratais theicniúla chuig a bhfoirne comhordaithe téarmeolaíochta a dhéanann scagadh orthu chun a chinntiú nach bhfuil an tsaincheist bainteach le fadhb áitiúil nó nach bhfuiltear ag déileáil leis cheana ag leibhéal IMG. Sa Pharlaimint, áit nach bhfaightear mórán iarratas den chineál seo, déileálann Deasc Chabhrach in IATE leo ar an bhfón agus trí ríomhphost (agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012). Cuirtear na saincheisteanna atá fanta ansin ar aghaidh chuig an Ionad Aistriúcháin nó ardaítear iad ag cruinnithe IMG. Is í an foireann

chomhordaithe téarmaíochta sa Chomhairle an rannpháirtí is suntasaí maidir leis seo (agallamh le Leal 2012a; agallamh le Rummel 2012a). Ar dtús chuireadh gach institiúid a staitisticí féin ar fáil maidir le húsáid IATE chun críche tuairiscithe ag baint úsáide as an bhfeidhm staitisticí sa bhunachar sonraí nó trína bhfoirne teicniúla, ach ó 2008 chuir an tIonad Aistriúcháin pacáiste staitisticí lárnach amháin ar fáil ar bhonn ráithiúil (agallamh le Rummel 2012a).

Tá dhá mhórfhorbairt theicniúla déanta ó 2004, mar aon le cuid mhaith mionathruithe. Ba é seoladh an ghréasáin phoiblí i Meitheamh 2007 an ceann ba mhó (iate.europa.eu). Bhí an ceann ba mhó de na bunachair shonraí oidhreacht, Eurodicautom, ar fáil ar líne ag an bpobal agus bhí an t-idéal ann i gcónaí gur chóir do IATE teacht in áit na mbunachar sonraí a bhí ann roimhe, i ngach gné. Cuimsíonn an córas poiblí, a chuireann rochtain ar fáil ar théarmaíocht an AE saor in aisce don phobal, comhéadan úsáideora agus bunachar sonraí Oracle. Bhí an tIonad Aistriúcháin freagrach as forbairt an tsuímh phoiblí, agus bhí sé sin ar an mbeagán forbairtí nach raibh grúpa oibre idirinstiúideach bainteach leis nó nach ndearnadh mórán comhairliúcháin faoi. Is bunachar sonraí go hiomlán ar leithligh é an bunachar sonraí poiblí agus níl ann ach sonraí bailíochtaithe nó nach bhfuil faoi rún. Bunaíodh an suíomh ar an teicneolaíocht chéanna le Eurodicautom agus, go dtí le déanaí, rinneadh sonraí ón mbunachar sonraí inmheánach a lódáil ar an mbunachar sonraí poiblí ar bhonn míosúil. Faoi dheireadh 2012 beidh an córas poiblí ascanta go dtí ardán teicniúil nua a cheadaíonn nuashonrú laethúil. Cé gurb í príomhaidhm an bhunachair sonraí phoiblí rochtain ar shonraí téarmaíochta a chur ar fáil don phobal, feidhmíonn IATE Poiblí freisin mar chineál cúltaca agus is féidir é a úsáid má chliseann ar bhunachar sonraí inmheánach IATE ar chúis ar bith. Faigheann an suíomh poiblí idir 50 agus 70 milliún iarratas in aghaidh na bliana, idir 200,000 agus 300,000 go laethúil (agallamh le Rummel 2012a). Is féidir aiseolas agus iarratais ón bpobal a chur ar ríomhphost agus déileálann foireann an Ionaid Aistriúcháin leo nó cuireann ar aghaidh chuig úinéirí iontrálacha IATE iad le go ngníomhófar orthu nó go dtabharfar freagra ina leith (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b).

Forbairt theicniúil eile í forbairt seirbhísí Gréasáin a cheadaíonn rochtain ar IATE ó fheidhmchlár eile. Féadfaidh an tIonad Aistriúcháin cur síos teicniúil ar an tseirbhís Ghréasáin a chur ar fáil d'fhorbróirí tionscadal eile agus comhaontuithe comhoibriúcháin a fhorbairt leo faoi réir faomhadh ón ICTI. Faigheann an tIonad Aistriúcháin a lán ríomhphost ó dhaoine ar mian leo IATE a chomhtháthú ina n-innill chuardaigh. Bíonn fáilte roimh na hiarratais seo nuair a bhaineann siad

le tionscadail neamhthráchtála, ach tá drogall ann na sonraí a chur ar fáil do chuideachtaí tráchtála ar mian leo IATE a phacáistiú lena dtáirgí (agallamh le Rummel 2012a). Ar roinnt samplaí de chomhaontuithe agus ar chomhoibriú le tríú páirtithe tá comhtháthú IATE Poiblí in inneall meiteachuardaigh den *Translation Bureau of The Canadian Government* agus rochtain inléite amháin ar an leagan inmheánach de IATE do ghníomhaireachtaí na Náisiúin Aontaithe (agallamh le Rummel 2012b).

Airgeadas agus costais

Rinne comhpháirtithe tionscadail IATE cómhaoiniú ar IATE bunaithe ar líon na n-aistritheoirí i ngach ceann acu agus a mbuiséid saoraistriúcháin ó 2003 i leith. Ullmhaíonn an tIonad Aistriúcháin na comhaontuithe airgeadais ar bhonn bliantúil i gcomhar le baill eile den IMG agus cuirtear i láthair an CCT iad. Tá an tsamhail chómhaoinithe seo ar an gcéad cheann dá leithéid i measc institiúidí an AE agus baineadh úsáid as uirlisí idirinstiúideacha eile mar Euramis, ELISE, Quest agus DocFinder (agallamh le Rummel 2012b). Ba é €2.98 milliún costas foriomlán óstáil, chothabháil agus fhorbairt IATE inmheánach agus poiblí, idir 2009 agus 2012 (san áireamh).

3.2.2 Comhoibriú agus comhpháirtíocht idirinstiúideach

Is cosúil le bunú an *Interinstitutional Committee on Translation* (ICT) in 1995 gur cuireadh tús le hiarracht chomhbheartaithe maidir le comhoibriú i ndáil leis an aistriúchán (agus dá bhrí sin, an téarmeolaíocht) a fheabhsú idir na seirbhísí teanga, agus sonraíodh feachtas mhéadaithe ar an tábhacht a bhaineann le comhoibriú den sórt seo. Seoladh tionscadal IATE go luath tar éis bhunú an ICT in 1995 agus tugann an tionscadal na príomhpháirtithe le chéile ar bhealaí éagsúla, iad siúd a bhíonn ag déileáil le bainistiú na téarmeolaíochta sna trí institiúid is mó chomh maith le seacht gcinn de chomhlachtaí agus d'institiúidí eile de chuid an AE. Roimh IATE, ní raibh mórán comhoibrithe i gceist le bainistiú téarmeolaíochta an AE idir sheirbhísí teanga le cleachtais oibre éagsúla agus chomhuaineacha. Le bunú an ICT agus le forbairt IATE sa chomhthéacs sin thángthas ar chleachtas an lae inniu ina ndéantar obair téarmeolaíochta an AE, den chuid is mó, i mbunachar sonraí idirinstiúideach amháin de réir dhea-chleachtas na téarmeolaíochta arna chinneadh ar leibhéal idirinstiúideach. Rinneadh an comhoibriú agus an chomhpháirtíocht seo a fhorbairt ar leibhéal éagsúla, ar bhealaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla a bhaineann le IATE lena n-áirítear bainistiú agus riarachán, cumarsáid fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, úinéireacht iontrálacha IATE, comhoibriú maidir le cleachtas na téarmeolaíochta agus tionscadal téarmeolaíochta.

Treoracha idirinstiúideacha

Cé go bhfuil freagracht ar gach instiúid chomhpárteach ar leith maidir le caighdeán agus cineál na sonraí a chuirtear le IATE mar aon leis na modhanna inar féidir na sonraí sin a mhionathrú, déantar an obair de réir dhá threoir idirinstiúideacha – *Best Practice for Terminologists* (2008a) agus *IATE Input Manual* (2008b). Ba sa Chomhairle a dréachtaíodh an doiciméad den chéad uair ar a bhfuil *Best Practice for Terminologists* bunaithe sular seoladh IATE (Leal 2012a; Rummel 2012a). In 2005, ar leibhéal idirinstiúideach, rinne an *Data Management Group*, faoi chathaoirleacht na Comhairle, an doiciméad seo a fhorbairt agus rinneadh cinneadh ina leith (Translation Centre for the Bodies of the European Union 2006, lch. 18). Leagtar amach prionsabail ghinearálta sa doiciméad, ar a n-áirítear an tábhacht a bhaineann le hiontrálacha IATE a bheith úsáideach chun críocha aistriúcháin ilteangaigh, ateangaireachta ilteangaí agus dréachtaithe ilteangaigh agus an tábhacht a bhaineann le bheith inchreidte sa chiall go bhfuil faisnéis dhóthanach tugtha sna hiontrálacha ionas go mbeidh úsáideoirí in ann an coincheap a aithint go soiléir agus cinneadh a dhéanamh i leith oiriúnacht na hiontrála. Leagtar béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le hiontrálacha a fhorbairt i dtreo an ilteangachais trí iontrálacha dátheangacha agus aonteangacha a chumasc agus téarmaí i dteangacha eile a chur le hiontrálacha nua chomh fada agus is féidir.

Deir sé go soiléir go gcaithfidh úsáideoirí IATE uile dea-chleachtas mar atá leagtha síos a chomhlíonadh, agus go bhfuil gach instiúid freagrach as seo a chinntiú agus as comhlacht nó duine a cheapadh chun cinntiú a rinneadh maidir le IATE a chur chun feidhme. Leagann sé síos treoirínte ginearálta maidir le hionchur sonraí, mar rialacha scríofa, tagairtí agus sainmhínte (European Union 2008a).

Forbraíodh *IATE Input Manual* go hidirinstiúideach freisin agus cuireadh an leagan is déanaí ar fáil in 2008. Míníonn sé gach céim i gcruthú iontrála agus tagraíonn do *Best Practice for Terminologists* (European Union 2008b). Tá obair ar siúl i gcónaí ar *IATE Handbook* nua a dhéanfaidh ábhair *IATE Input Manual* agus *Best Practice for Terminologists* a chomhcheangal agus a fhorbairt. Déanfaidh IMG an lámhleabhar nua a fhaomhadh agus glacfaidh siad áit an dá dhoiciméad eile.

Cumarsáid neamhfhoirmiúil

Anuas ar chumarsáid fhoirmiúil IMG, cruinnithe an tascfhórsa agus cruinnithe bainistithe ábhair, bíonn cumarsáid rialta níos neamhfhoirmiúla ann freisin idir chomhordaitheoirí téarmaíochta sna trí instiúid i

bhfoirm ríomhphoist, glaonna agus cruinnithe. Sampla amháin den teagmháil níos neamhfhoirmiúla seo is ea an chomhdháil físe a eagraíonn TermCoord le comhordaitheoirí téarmaíochta sna hinstiúidí eile dhá uair sa bhliain (agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012). Tugann na cruinnithe tionscadail de GA IATE (féach Mír 6.5.3), a dtaistealaíonn comhordaitheoirí téarmaíochta an Choimisiúin ó Lucsamburg go dtí an Bhruiséil lena n-aghaidh, deis freisin do chomhordaitheoirí bualadh lena macasamhla sa Chomhairle ar bhonn neamhfhoirmiúil (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b). Sampla eile den chumarsáid neamhfhoirmiúil is ea an Wiki a cruthaíodh in 2011 chun cumarsáid agus acmhainní a roinnt idir baill IMG agus foirne comhordaithe téarmaíochta (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a). Idir na cruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, an Wiki, ríomhphost agus comhráití fóin *ad hoc* agus na bealaí éagsúla eile ina ndéanann téarmeolaithe cumarsáid, d'aontaigh siad siúd ar cuireadh agallamh orthu sna rannóga comhordaithe téarmaíochta de na hinstiúidí agus san Ionad Aistriúcháin go bhfuil méid na teagmhála agus na cumarsáide idirinstiúidí sásúil. Aontaítear go ginearálta go bhfuil an chomhpháirtíocht tar éis forbairt go han-dearfach ó thosaigh na deich gcomhpháirtí ag comhoibriú ar IATE (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a; agallamh le Leal 2012a; agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012; agallamh le Rummel 2012a).

Cé go raibh orthu siúd a bhí ag déileáil go foirmiúil leis an tionscadal saincheisteanna comhoibríthe idir eagraíochtaí ó 2000 a bhreithniú, tharla cuid mhór den chomhoibriú freisin uaidh féin, gluaiseacht 'chosmhuintire', mar thoradh ar aon rud simplí amháin, go raibh gach duine ag obair anois sa bhunachar sonraí céanna. Cheadaigh struchtúr an bhunachair sonraí d'úsáideoirí sonraí a chur le hiontrálacha a chruthaigh instiúidí eile, a d'fhág go bhfuil iontrálacha ann atá idirinstiúideach go pointe, cé go bhfuil roinnt srianta instiúide ann i gcónaí (féach 'Úinéireacht iontrálacha IATE' thíos). Tosaíodh ar úsáid a bhaint as córas na marcanna² chun moltaí maidir le hiontrálacha ar 'le' hinstiúidí eile iad a chur in iúl (Rummel 2005, lch. 9). Cé go raibh naisc chomhoibríochta fhoirmiúla fhadbhunaithe i measc grúpaí áirithe teangeolaithe a bhí ag obair i dteangacha áirithe thar na hinstiúidí (pobail teanga), mar phobal teanga na Gearmáine, níorbh ionann cás do theangacha an AE uile (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a). D'fhág IATE go bhféadfadh teangeolaithe a bhí ag obair i dteangacha

2 Tugann an córas seo deis don úsáideoir 'marcanna' nó nótaí tráchtacha a fhágáil le hiontráil. Meabhraíonn *Best Practice for Terminologists* nár chóir an córas marcanna a úsáid mar fhóram plé, ach gur féidir é a úsáid chun moltaí a dhéanamh maidir le cumasc nó scriosadh nó mionathrú ar bith eile a dhéanamh ar iontráil (European Union 2008a, lch. 18).

eile in institiúidí difriúla nach raibh mórán bainte acu lena chéile roimh IATE obair théarmeolaíochta a chéile a fheiceáil anois (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a). Mar shampla, in 2004, tamall gearr tar éis sheoladh an bhunachair sonraí, rinne téarmeolaí Fionlannach ar theastaigh uaidh cumarsáid a dhéanamh le téarmeolaithe Fionlannacha in institiúidí eile maidir le hiontrálacha IATE, teagmháil leis an Ionad Aistriúcháin. Ní raibh an cor seo curtha san áireamh, agus mar sin dréachtaíodh liosta seoltaí chun na críche seo go tapa, a d'éascaigh cumarsáid faoi iontrálacha IATE i bpobail teanga ó institiúid go chéile (agallamh le Rummel in 2012a).

Úinéireacht iontrálacha IATE

Ba léiriú an uathfhorbairt seo i measc pobal teanga freisin go mb'fhéidir nárbh é coincheap úinéireachta institiúidí ar iontrálacha an bealach chun cinn ab fhearr san fhadtárma. Faoi láthair, is le hinstitiúidí sonracha ar leith na hiontrálacha ar fad in IATE agus déanann an córas iad a mharcáil go huathoibríoch mar seo nuair a chruthaítear iad, nó marcáladh iad nuair a tugadh isteach ó bhunachar sonraí oidhreachta na hinstitiúide sin iad. Nuair a cuireadh tús leis an tionscadal bhí an dearcadh ann, cé go raibh an bunachar sonraí idirinstiúideach, nach raibh aon dabht ach gur ghrúpálacha ar leith na hiontrálacha de réir institiúidí, agus bhí leochaileacht áirithe ann faoi cháineadh a d'fhéadfadh a theacht ó úsáideoirí eile an bhunachair sonraí in institiúidí eile (agallamh le Rummel 2012a). Tá an dearcadh seo tar éis athrú go mall thar na blianta de réir mar a chuaigh úsáideoirí i dtaithe ar an mbunachar sonraí, mhéadaigh ar an gcumarsáid idirinstiúideach agus tá breithniú pragmatach maidir le héifeachtúlacht tagtha chun cinn. Tugadh an 'fheidhm nuashonraithe idirinstiúideach' isteach sa bhunachar sonraí i Nollaig 2011, a cheadaigh d'úsáideoirí mionathrú a dhéanamh ar iontrálacha le hinstitiúid eile (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a). Sula ndearnadh an t-athrú seo d'fhéad úsáideoirí téarmaí a chur le hiontráil ach níor fhéad siad téarmaí a bhí ann cheana a mhionathrú (Johnson agus Caravina 2000, lch. 5).

Níl srianta anois ann ach nithe a bhaineann le bailíochtú agus le scriosadh. Spreagtar bailíochtú nuair a dhéantar mionathrú ar iontráil, agus ní féidir ach le cainteoir dúchais na teanga ábhartha san institiúid úinéireachta bailíochtú a dhéanamh de ghnáth ar aon mhionathrú, is cuma cé chomh beag. Ní féidir ach le húsáideoir san institiúid ar léi iontrálacha áirithe, na hiontrálacha sin a scriosadh.

Tá forbairtí an-sonrach ann i dtreo deireadh a chur le coincheap úinéireacht ag institiúidí ar iontrálacha. Tá na comhordaitheoirí téarmaíochta ar cuireadh agallamh orthu sna trí institiúid dearfach faoin athrú seo ach

luann roinnt forbairtí teicniúla a mbeidh gá leo, mar aon le roinnt ceisteanna dlí a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu go hiomlán sular féidir fáil réidh le coincheap na húnéireachta ar fad (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a; agallamh le Leal 2012a; agallamh le Maslías, Pongrácz agus Stamtcheva 2012). Tá ceann de na forbairtí teicniúla, réimse na staire, ar fáil in IATE ó Eanáir 2010. Ceadáíonn sé seo don úsáideoir na hathruithe go léir a rinneadh ar iontráil a bhreithniú. Tá an bosca athchúrsála á fhorbairt. Ceadóidh sé seo don úsáideoir 'discríosadh' a dhéanamh gan rannpháirtíocht na foirne teicniúla san Ionad Aistriúcháin (agallamh le Rummel 2012b).

Is ionann an cóineasú seo agus dul chun cinn suntasach sna hocht mbliana ó seoladh an bunachar sonraí, go háirithe nuair a bhreathnaítear air i bhfianaise nádúr ilroinnte obair théarmeolaíochta an AE sular forbraíodh IATE.

3.2.3 Obair chomhdhlúthaithe

Is gné thábhachtach den chomhoibriú idirinstiúideach í an obair chomhdhlúthaithe a d'éascófaí go mór ach deireadh a chur le srianta úinéireachta. Nuair a tugadh na sonraí oidhreachta go léir isteach in IATE idir 2000 agus 2004, cruthaíodh cuid mhór dúblach ann agus tá cuid acu ann fós. I roinnt cásanna, cruthaíodh tuilleadh mar go roghnaíonn úsáideoirí uaireanta iontrálacha nua a chruthú in áit iontrálacha atá ann cheana a bhaineann le hinstitiúidí eile, a nuashonrú (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b). Tugann Viola Pongrácz ar aird go raibh an nós imeachta comhdhlúthaithe 'fada agus anásta' sular tugadh isteach an 'nuashonrú idirinstiúideach' agus go bhféadfadh gurbh é seo ba chúis le cruthú dúblach. Cruthaítear dúblaigh freisin ar uairibh trí thimpiste, mar gur deacair a chinneadh cibé an bhfuil coincheapa áirithe ann cheana in IATE nó nach bhfuil (agallamh le Pongrácz 2012). In 2011 measadh gur dúblaigh a bhí in 15 faoin gcéad de bhunachar sonraí IATE, idir fhíordhúblaigh agus dúblaigh ionchasacha, agus luaitear 5 faoin gcéad san fhoinsé chéanna mar chéatadán inghlactha dúblach (Cooper 2011). Níl ach dhá nó trí theanga sna hiontrálacha seo, rud a sháraíonn prionsabal ginearálta an ilteangachais in *Best Practice for Terminologists*. De ghnáth is aonaid chomhordaithe téarmaíochta a chuireann tús le tionscadail chomhdhlúthaithe agus bíonn cumasc iontrálacha dúblacha in aon iontráil iontaofa amháin i gceist, nó marc a chur ar iontráil dhúblach amháin mar iontráil 'phríomhúil' nó mholta (European Union 2008a, lch. 15). Ní mór do chomhordaitheoirí téarmaíochta comhoibriú ar chumasc nó ar scriosadh iontrálacha toisc go bhfágann na srianta úinéireachta reatha go bhfuil sé dodhéanta ag úsáideoir in institiúid amháin iontráil de dhroch-

cháilíocht ar le hinstitiúid eile í, a scríosadh.

Bíonn seirbhísí teanga na dtrí institiúid go léir páirteach i dtionscadail chomhdhlúthaithe. Is é an cuspóir na hiontrálacha is ábhartha agus is iontaofa de chuid IATE d'ábhar ar leith a roghnú, iad a nuashonrú in 23 teanga nuair is féidir, agus sonraí dúblacha a chumasc nó a scríosadh i gcomhar le hinstitiúidí eile. Cuirtear tús le tionscadal comhdhlúthaithe in institiúid áirithe ar chúinsí difriúla, agus déantar na tionscadail seo a bhainistiú ar bhealaí atá beagán difriúil sna hinstitiúidí éagsúla. Tionsaítear liosta d'iontrálacha IATE, bainteach le réimse ar leith b'fhéidir, agus beidh iontrálacha dúblacha ann. Marcáiltear iontráil amháin in aghaidh an choincheapa mar 'príomhúil', a chiallaíonn gurb í an iontráil is fearr cáilíocht í agus go bhfuil sí le nuashonrú. Meabhraíonn *Best Practice for Terminologists* na critéir d'iontráil chun go mbeadh sí ina hiontráil phríomhúil – an comhleanúnachas foriomlán sa chiall go léiríonn gach téarma san iontráil an coincheap ceannann céanna, méid na faisnéise atá san iontráil mar léirmhíniú agus nótaí úsáide, agus líon na dteangacha atá ann (European Union 2008a, lch. 15). Marcáiltear na dúblaigh eile le cumasc leis na hiontrálacha príomhúla, nó lena scríosadh. Déantar cumasc agus scríosadh, más féidir, san institiúid a chuir tús leis an tionscadal ach sa chás go mbíonn ceist úinéireachta (féach 'Úinéireacht iontrálacha IATE') cuirtear an fhaisnéis ar aghaidh chuig an institiúid úinéireachta ar féidir léi na céimeanna riachtanacha a chur i gcrích. Déanann foireann an aonaid teanga san institiúid a chuir tús leis an tionscadal comhdhlúthaithe nuashonrú ar iontrálacha le téarmaí ina dteangacha féin de réir mar is gá.

3.2.4 Gnéithe d'IATE

Is córas Gréasánbhunaithe é IATE ina bhfuil bunachar sonraí Oracle agus comhéadan úsáideora. Tá 1.47 milliún iontráil sa bhunachar sonraí ina bhfuil c. 8.6 milliún téarma sna 23 teanga oifigiúil mar aon le c. 100,000 téarma i dteangacha eile (Translation Centre for the Bodies of the European Union 2012). Tá an córas an-solúbtha. Ceadáíonn sé do gach institiúid a sreabhadh oibre agus a socruithe bainistithe úsáideoirí a chur in oiriúint dá riachtanais, faoi réir ag an gcleachtas idirinstiúideach is fearr.

Iontrálacha

Is féidir faisnéis a chur le hiontráil nó le coincheap ag trí leibhéal dhifriúla ag brath ar a chineál. Is féidir an réimse, an teanga fhoinseach agus faisnéis eile – mar shampla cé acu an bhfuil an coincheap tírshonrach, ar chóir nó nár chóir go mbeadh an iontráil faoi rún agus le feiceáil ag an institiúid ar leis í amháin, agus ar chóir nó nár chóir an iontráil a scríosadh nó a chumasc le hiontráil eile –

a roghnú ag an 'leibhéal neamhspleách teanga' nó ag leibhéal an choincheapa (European Union 2008a, lgh. 6–8). Sonraítear an teanga ag 'leibhéal teanga', agus is féidir sainmhíniú sa teanga a chur leis mar aon le faisnéis eile, mar an cineál doiciméid ina bhfuil an téarma le fáil (European Union 2008a, lgh. 9–10). Is féidir an cineál téarma, measúnú ar an téarma sin (lochtach, roghnaithe, etc.) agus an téarma féin (nó níos mó ná téarma amháin) a chur leis ag 'leibhéal téarma'. Sanntar cód iontaofachta don téarma bunaithe ar chritéir a shainmhínítear in *Best Practice for Terminologists*. Caithear tagairt thaifeadta foinse an téarma a chur leis i gcónaí. Is féidir tuilleadh faisnéise mar chomhthéacs, teanga nó úsáid réigiúnach, agus faisnéis ghramadaí a chur leis ag an leibhéal téarma. Is féidir malairtí féideartha litrithe a chur leis an bhfoirm chuardaigh chun a chinntiú go n-aimseoidh úsáideoirí an leagan ceart den téarma fiú má lorgaíonn siad malairt leagain de (European Union 2008b, lgh. 11–19). Cumasaíonn gné nua ar a dtugtar 'fréamhú' aisghabháil leaganacha malairte (foirmeacha míchearta agus bailí araon) mar aon le foirmeacha difriúla den téarma.

Teangacha

Is féidir na 23 teanga oifigiúil a roinnt in dhá ghrúpa – seanteangacha agus teangacha nua – agus tá difríocht idir ábhar IATE agus obair théarmeolaíochta i dteangacha an dá ghrúpa seo. Tar éis a sheolta in 2004 bhí 8.1 milliún téarma sna seanteangacha agus gan ach 161,740 téarma sna teangacha nua in IATE (Translation Centre for the Bodies of the European Union 2012). D'aithin agallaithe roinnt bundifríochtaí idir an dá ghrúpa maidir le IATE agus obair théarmeolaíochta.

Baineann an obair théarmeolaíochta a dhéantar sna teangacha nua le líon na dtéarmaí a mhéadú, fad a bhíonn an obair a dhéantar sna seanteangacha bainteach go minic le sonraí oidhreachta a ghlanadh. Luann Leal freisin nach mbíonn an méid céanna acmhainní théarmeolaíochta náisiúnta ag cuid de na teangacha nua, a bhuíochas don stair is déanaí acu, agus a bhíonn mar shampla ag an mBéarla nó ag an nGearmáinis (agallamh le Leal 2012b).

Tá idirdhealú eile idir an dá theanga atá in uachtar in obair an AE – an Béarla agus an Fhraincis – agus gach teanga eile in IATE. Déanann Marta Fischer idirdhealú idir dhá chineál gníomhaíochta théarmeolaíochta san AE. Baineann an chéad cheann le hainmniú coincheap nua sna teangacha ceannasacha ag leibhéal dhréachtú théacsanna an AE. Baineann an dara ceann le téarmaí a aithint sna sprioctheangacha, bunaithe ar an gcoincheap ach faoi thionchar an téarma príomhúil nó na dtéarmaí príomhúla reatha mar a

dhéanann aistritheoirí agus téarmeolaithe (Fischer 2010, Ich. 28). Baineann cuid mhór den ghníomhaíocht téarmeolaíochta sna teangacha nua mar sin, atá gafa go príomha le téarmaí a chur isteach sa bhunachar sonraí sna teangacha sin, le coibhéisí beachta a aimsiú do théarmaí sa teanga fhoinseach, atá i mBéarla agus i bhFraincis de ghnáth. Tá cáilíocht agus soiléireacht na dtéarmaí Béarla agus Fraincise in IATE an-tábhachtach toisc go bhfuil formhór na foirne teanga in institiúidí an AE ag obair ón mBéarla mar theanga fhoinseach, agus níos lú de bhun na Fraincise, go dtí a dteangacha dúchais.

Tá an Béarla níos ceannasáí fós ó mhéaduithe 2004 agus 2007. Dar le Leal baineann sin leis an bhfíric go bhfuil cuid mhaith de na baill foirne ó Bhallstáit nua nach bhfuil inniúlacht sa Fhraincis acu, agus luann sé go ndéantar breis agus 80 faoin gcéad de théacsanna na Comhairle a dhréachtú i mBéarla anois (agallamh le Leal 2012b). Bíonn téacsanna na Parlaiminte go príomha i mBéarla freisin. Cé gurb iad Béarla, Fraincis agus Gearmáinis teangacha nós imeachta an Choimisiúin, dréachtaítear formhór na dtéacsanna seo i mBéarla ar dtús freisin (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a). Léirítear sin tuilleadh sa mhéid is gur shonraigh beagnach 70 faoin gcéad d'iarraitais IATE ó fhoireann an AE an Béarla mar theanga fhoinseach agus gan ach 11 faoin gcéad a shonraigh an Fhraincis (Cooper 2011). Bíonn an t-ualach oibre is troime, mar sin, ar théarmeolaithe Béarla maidir le cruthú, mionathrú agus bailíochtú téarmaí i ngach ceann de na trí institiúid (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a; agallamh le Leal 2012a; agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012). Tá cearta bailíochtaithe Béarla tugtha do théarmeolaithe áirithe sa Choimisiún agus sa Pharlaimint nach cainteoirí dúchais Béarla iad ach a bhfuil an chéim inniúlachta is gá acu sa Bhéarla, leis an ualach oibre a éascú (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a; agallamh le Pongrácz 2012).

Breathnaíodh ar mhéaduithe 2004 agus 2007 mar mhórdhúshlán sna trí institiúid, go háirithe méadú 2004 a raibh comhtháthú naoi dteanga nua i gceist ag an aon uair amháin. Foghlaimíodh ceachtanna ó gach méadú nua (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b; agallamh le Leal 2012b). Tháinig atheagrú bunúsach ar DGT sa Choimisiún roimh mhéadú 2004 ó struchtúr téamach go ceann teangabhunaithe, a bhí riachtanach, go pointe, de bharr an mhéadaithe a bhí ag teacht (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b). I gcomhthéacs na Comhairle, thug Leal ar aird gur thug an méadú roimhe sin (an tSualainn agus an Fhionlainn) dúshlán mhóra ó thaobh na téarmaíochta, agus gur chruthaigh sé seo tuiscint ar an ngá le hullmhúchán níos fearr in 2004 agus in 2007. Tá na ceachtanna a

foghlaimíodh á gcur i bhfeidhm sa Chomhairle chun go gcuirfeadh an Chróitis san áireamh freisin gan dua (agallamh le Leal 2012b). Maidir leis na deiseanna a braitheadh ón dá mhéadú, luann Herwig gur 'thug an t-ionchur ó chomhghleacaithe nua lena dtaithí agus a smaointe, deis iontach cuir chuige agus nósanna imeachta a bhí ann cheana a choigeartú' (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b).

Réimsí

Tá gach comhpháirtí de chuid IATE freagrach as réimsí agus/nó bailiúcháin áirithe in IATE agus glacann ról comhordaitheoir na n-iontrálacha sa réimse sin chuige. Ach féadfaidh aon úsáideoir, áfach, leis na cearta rochtana iomchuí, sonraí nua a chur in aon réimse. Tá na réimsí sannta gaolmhar, ar bhealach, le príomhghníomhaíochtaí na n-institiúidí lena mbaineann (agallamh le Leal 2012b). I gcás an Choimisiúin áirítear ar na réimsí seo cláir Chomhphobail, tionscnaimh agus gníomhartha, páipéir bhána agus ghlasa, buiséad, téarmaíocht an AE, dúile ceimiceacha, ainmhithe agus plandaí uisceacha, agus breiseáin bhia. Tá an Chomhairle freagrach as logainmníocht, cosaint, ceartas agus cúrsaí baile, coinbhinsiúin agus comhaontuithe idirnáisiúnta, agus rialacháin foirne an AE. Déanann an tIonad Aistriúcháin cúram d'ainmneacha gníomhaireachtaí, OHIM,³ buntéarmaíocht EMEA⁴, buntéarmaíocht EMCDDA⁵ agus eochairfhocail sábháilteachta bia. Déileálann an Banc Eorpach Infheistíochta le téarmaíocht shonrach don BEI agus teidil tairiscintí. Tá Parlaimint na hEorpa freagrach as téarmaíocht cheart daonna agus tá freagracht ar Chúirt Iniúcháir na hEorpa as lámhleabhair iniúchta CIE (agallamh le Leal 2012b).

IATE agus an pobal téarmeolaíochta idirnáisiúnta

Creideann Leal nár tharraing IATE, an bunachar sonraí téarmaíochta is mó ar domhan, an aird atá dlíte dó, agus ag an am céanna go bhféadfadh sé tairbhe mhór a bhaint as léirstean téarmeolaithe acadúla maidir le fadhbanna praiticiúla iarbhír a réiteach. Aithníonn sé freisin go mb'fhéidir go bhféadfaidís siúd atá bainteach le IATE iarracht níos mó a dhéanamh suim in IATE a mhealladh ón bpobal téarmeolaíochta idirnáisiúnta (agallamh le Leal 2012b).


Obair théarmeolaíochta a sheachfhoinsiú

Tionscadal uathúil is ea tionscadal GA IATE de bharr go mbíonn comhoibriú leanúnach idir seirbhísí teanga an AE agus an comhpháirtí seachtrach, Fiontar, i dtaca le seachfhoinsiú a dhéanamh ar obair

3 An Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach.

4 An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach.

5 An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDruaí.



agus ar thionscadail téarmaolaíochta chun téarmaí i dteangacha áirithe a chur ar fáil in IATE. (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b).


Rinne an láraonad téarmaolaíochta in DGT sa Choimisiún (a bhí ann roimh an *Terminology Coordination Sector* agus ar cuireadh deireadh leis in 2002) seachfhoinisí áirithe ar obair théarmaolaíochta do Eurodicautom. Ba é an t-aon tionscadal ar thug DGT faoi i rith na tréimhse sin a bhí cineál cosúil le tionscadal GA IATE, ceann ar chuir an t-aonad sin tús leis i lár na 1990idí nuair a tháinig Sualainnis agus Fionlainnis chun a bheith ina dteangacha oifigiúla san AE. Asbhaineadh idir 130,000 agus 140,000 iontráil ó Eurodicautom agus cuireadh iad go dtí Ionad Téarmaolaíochta na Fionlainne, TSK, agus Ionad na Sualainne don Téarmaíocht, TNC, agus d'oibrigh an dá eagraíocht seo i gcomhar chun téarmaí Sualainnise agus Fionlainnise a chur ar fáil do Eurodicautom (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a, 2012b). Cé gur próiseáladh líon mór téarmaí, deir Herwig go mb'fhéidir, ag breathnú siar, gurbh fhearr dá mbeifí tar éis díriú ar roghnú cúramach iontrálacha dea-cháilíochta in áit méideanna móra iontrálacha randamacha (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b).

Cáilíocht, ní cainníocht a chinntiú

Ní léiriú é ann féin an líon mór iontrálacha in IATE, ar cháilíocht nó ar úsáideacht an bhunachair sonraí (Rummel 2005). Aithníodh é seo sa staidéar féidearthachta a rinneadh in 1999 (Ball agus Rummel

Fíor 1: Líon na dtéarmaí in IATE 2005–2012 (teangacha nua). Baineann staitisticí 2012 le deireadh mhí an Mheithimh

2001, Ich. 10). Tá cuid mhór dúblach in IATE, agus tá obair chomhdhlúthaithe leanúnach ar siúl leis an staid seo a fheabhsú (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a; agallamh le Leal 2012a; agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012). Tugadh cuid mhaith dúblach isteach leis na sonraí oidhreachta agus bailíochtaíodh iad go huathoibríoch ar a dtabhairt isteach. Sa chás nár forbraíodh na hiontrálacha seo, mar sin, mar chuid de thionscadal aistriúcháin sonracha (féach Mír 4), d'fhéadfadh nach mbeadh aon obair déanta orthu ó iompórtáladh iad (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a). Mar sin, féadtar breathnú ar laghdú ar líon na n-iontrálacha sa bhunachar sonraí mar fhorbairt dhearfach nuair is comhdhlúthú dúblach nó scriosadh iontrálacha droch-cháilíochta is cúis leis an laghdú seo. Meabhraíonn *Best Practice for Terminologists* tábhacht na hoibre comhdhlúthaithe seo (European Union 2008a, Ich. 4). Cás a bhaineann le hábhar, mar sin, is ea an obair a rinneadh sa chéad bhliain de thionscadal GA IATE. In áit téarmaí Gaeilge a chur le hiontrálacha IATE, scrúdaigh tionscadal Fiontar iontrálacha IATE a raibh 'téarmaí' Gaeilge iontu cheana chun a chinntiú gur téarmaí úsáideacha a bhí iontu i ndáiríre a léirigh coincheap go beacht. I gcásanna áirithe, ní mar sin a bhí agus marcáladh an téarma Gaeilge chun a scriosta, á léiriú do chomhordaitheoirí an tionscadail sna hinstiúidí go bhféadfadh go gcaithfí




Fíor 2: Líon na dtéarmaí in IATE 2005–2012 (seanteangacha). Foinse: Welwert 2012 (DGT)

athbhreithniú a dhéanamh ar an iontráil iomlán. Is féidir é sin a fheiceáil i bhFíor 1 áit ar tháinig laghdú ar líon na dtéarmaí Gaeilge i gcaitheamh 2008, an chéad bhliain den tionscadal.

Leagtar amach roinnt critéar maidir le hionchur faisnéise in IATE in *Best Practice for Terminologists* (European Union 2008a, lgh. 5–6). Critéar amháin is ea go gcaithfidh breisluach a bheith ag an bhfaisnéis a chuirtear leis an mbunachar sonraí i gcomparáid le sonraí i bhfoinsí eile. Liostaíonn an doiciméad faisnéis téarmagrafaíochta mar shainiú, tagairt, agus ainmniú téarma roghnaithe mar chuid de na cineálacha faisnéise ar bhreisluach iad (European Union 2008a, lch. 5). Liostaíonn sé freisin an fhaisnéis is lú is gá don úsáideoir chun an coincheap a aithint go soiléir, agus molann sé go gcuirfí sainmhíniú agus/nó comhthéacs leis mar aon leis an tagairt (foinsí an téarma) (European Union 2008a, lch. 6). Ach is é an t-aon fhaisnéis a éilíonn an córas mar fhaisnéis éigeantach nuair a chruthaítear iontráil, ná réimse ag leibhéal atá neamhspleách ar theanga, go luafaí teanga ag leibhéal na teanga mar aon le téarma amháin (agallamh le Rummel 2012b). Cé go seiceálann an fhoireann chomhordaithe téarmeolaíochta sa Chomhairle na hiontrálacha nua go léir a chruthaigh siad (agallamh le Leal 2012a), ní dhéantar seiceáil de ghnáth ar théarmaí

nua agus mionathruithe eile ar iontrálacha atá ann cheana in aon cheann de na hinstiúidí lasmuigh den ghnáthphróiseas bailíochtaithe (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a; agallamh le Leal 2012a; agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012). Ní bheadh sé praiticiúil go ndéanfaí gach téarma nua agus mionathruithe eile ar iontrálacha, mar aon leis na sonraí oidhreachta go léir, a sheiceáil go córasach chun a chinntiú go bhfuil go leor faisnéise téarmagrafaíochta ag dul leo.

Is é cuspóir an bhunachair sonraí ná dréachtú ilteangach dhoiciméid an AE a éascú trí rochtain shaoráideach a chinntiú ar shonraí atá iontaofa agus ábhartha, agus mar sin ní hiad na téarmaí amháin sa chiall traidisiúnta atá san áireamh ach teidil áirithe, mar ainmneacha conarthaí nó eagraíochtaí (European Union 2008a). Mar a luadh cheana, cuireann *Best Practice for Terminologists* béim ar an tábhacht a bhaineann leis an oiread teangacha agus is féidir a chur le hiontrálacha nua chun ilteangachas a spreagadh (European Union 2008a, lch. 4). Déantar na hiontrálacha seo a chomhdhlúthú, agus/nó cuirtear téarmaí i dteangacha eile leo, trí thionscadail a eagraíonn aonaid comhordaithe téarmeolaíochta sna hinstiúidí nó obair théarmeolaíochta *ad hoc* a rinne téarmeolaithe agus aistritheoirí sna haonaid teanga (féach Mír 5 thíos). Tá cuid mhór iontrálacha in IATE, áfach, nach bhfuil iontu ach teanga amháin, péire nó trí cinn (féach Fíor 3). Theastódh anailís cheart ar ábhar na n-iontrálacha seo chun fáil amach cén fáth



Fíor 3: Líon na dteangacha in aghaidh na hiontrála in IATE. Foinse: Translation Centre for the Bodies of the European Union 2012

a bhfuil a laghad sin teangacha iontu ach is cinnte go bhfuil sonraí oidhreacht a i gcuid mhaith acu atá fós le cumasc, le scríosadh nó le nuashonrú ar bhealach eile.

Bainistiú úsáideoirí agus bailíochtú

Cé go bhfuil rochtain chun léite ar bhunachar sonraí inmheánach IATE ag institiúidí agus ag comhlachtaí uile an AE, bronnar rochtain chun scríofa ar ghrúpaí níos lú úsáideoirí ag brath ar an institiúid chomhpháirtí de chuid IATE. Is iad an Coimisiún, an Chomhairle, an Pharlaimint agus an tIonad Aistriúcháin, san ord sin, na comhpháirtithe is gníomhaí in ionchódú sonraí (agallamh le Rummel 2012a). Tá córas bainistithe úsáideoirí ag IATE a cheadaíonn do na hinstitiúidí ról agus cearta rochtana uile a n-úsáideoirí a shainmhíniú. Féadfaidh gach institiúid cúig ról a shannadh, a bhfuil na cearta rochtana céanna acu faoi réir srianta áirithe a d'fhéadfadh a bheith ann (bunaithe mar shampla ar mháthairtheanga nó ar inniúlachtaí eile teanga). Is iad na cúig ról, Aistritheoir, Aistritheoir Saineolach, Téarmeolaí, Riarthóir agus Duine faoi Oilíúint (agallamh le Rummel 2012b). Is é an t-aon choinníoll go ndéanfadh gach institiúid monatóireacht ar iontrálacha a cruthaíodh inti laistigh de thréimhse réasúnta ama. Spreagtar bailíochtú go huathoibríoch nuair a chruthaítear nó nuair a dhéantar mionathrú ar iontráil, ach tá de shaoirse ag gach institiúid a shocrú cén chaoi a ndéanann a húsáideoirí é seo (European Union 2008a, Ich. 14).

Staitisticí

Is féidir staitisticí de chineálacha éagsúla a chur ar fáil in IATE, lena n-áirítear líon agus cineál na n-iarratas a sheol úsáideoirí, miondealaithe de réir institiúide, líon na n-iontrálacha nó na dtéarmaí a cruthaíodh nó a mionathraíodh thar thréimhse ar leith, agus líon na dtéarmaí a bhailíochtaigh institiúid ar leith i dtréimhse áirithe (agallamh le Rummel 2012b).

3.3 Fís agus dúshláin iar-2012

Dar le Leal, is réamhriachtanas é rochtain téarmeolaíochta chun ardleibhéal cáilíochta agus táirgiúlachta i seirbhís aistriúcháin a bhaint amach, agus tá an bhainistíocht níos mó ar an eolas faoi seo anois ná mar a bhí (agallamh le Leal 2012b). Chun an rochtain seo ar théarmaíocht a chinntiú is í fíís IATE sa todhchaí ná uirlis bhainistithe téarmaíochta, le sárbhainistiú ábhair agus córas cairdiúil (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b; agallamh le Leal 2012b; agallamh le Rummel 2012b). Tá an t-ábhar féin chomh tábhachtach céanna agus cuireann Herwig síos ar thodhchaí IATE mar 'stór do théarmaíocht iontaofa chaighdeánaithe amháin a bhfuil bunús maith léi agus breisluach aici i gcomparáid le foinsí téarmaíochta eile' (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b).

Tá an tascfhórsa iontrála sonraí tar éis tús a chur le plé ar na slite éagsúla inar féidir an fhís sin a bhaint amach.

Forbairtí teicniúla

Tá an phleanáil do IATE 2.0 faoi lánseol d'fhonn IATE a nuachóiriú agus é a dhéanamh níos fusa le húsáid. Dar le Rummel, ní theastóidh mórán athstruchtúraithe ón mbunachar sonraí féin, ach tá an tascfhórsa ag moladh go ndéanfaí athfheidhmiú ar chodanna móra den chomhéadan úsáideora le forbairtí bogearraí ó 1999 a chur san áireamh (agallamh le Rummel 2012b). Meastar go bhfuil an comhéadan mar atá sé anois seanfhaiseanta, agus tá iontráil sonraí casta agus fadálach (agallamh le Leal 2012b; agallamh le Rummel 2012b). Dar le Viola Pongrácz freisin, tá nuachóiriú ag teastáil, (agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012). Ar na réimsí ina mbeadh nuashonrú úsáideach tá iontráil sonraí, na meicníochtaí cuardaigh, mar aon le sórtáil agus cur i láthair torthaí cuardaigh. Forbairt ionchasach eile atá á plé do IATE 2.0 is ea go roinneadh na bunachair sonraí phoiblí agus phríobháideacha comhéadan, nó go bhféadfadh gur fo-thacar den bhunachar sonraí príobháideach a bheadh sa bhunachar sonraí poiblí, rud a dhéanfadh an chothabháil theicniúil níos simplí (agallamh le Rummel 2012b).

Is i réimse na cumarsáide idirinstiúidí agus an fhéidearthacht tairseach téarmeolaíochta a chruthú atá an dara mórfhorbairt theicniúil maidir le IATE. D'fheidhmeodh an tairseach seo mar ardán ar a bhféadfaí faisnéis a mhalartú. Mar shampla, tá uirlisí ag na seirbhísí teanga go léir a cheadaíonn dóibh gluaiseanna ar líne agus bailiúcháin téarmaí a chuardach. D'fhéadfaí na hacmhainní seo a roinnt ar an tairseach. D'fhéadfaí tionscadail chomhdhlúthaithe a éascú go mór ar thairseach dá leithéid áit a bhféadfaí tús a chur le plé maidir le hiontrálacha áirithe de chuid IATE (agallamh le Rummel 2012b).

Mhol ceathrar de na hagallaithe comhtháthú IATE le huirlisí CAT (aistriúchán ríomhchuidithe) (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b, agallamh le Leal 2012b; agallamh le Rummel 2012b). Cé go gcreideann Rummel gur léiriú é an líon beag téarmaí sna teangacha nua i gcomparáid leis na seanteangacha in IATE ar an am gearr atá caite acu mar theangacha oifigiúla san AE, creideann sé freisin go bhfuil baint ag infhaighteacht cuimhní aistriúcháin leis. Go dtí anois chuidigh dearadh IATE leis an úsáideoir daonna aonair i mbun cuardaigh agus breithnithe torthaí. Creideann Rummel go mbainfí tairbhe freisin as comhtháthú IATE le huirlisí aistriúcháin uathoibríocha (agallamh le Rummel 2012b).

Forbairt ábhair

Maidir le hábhar, molann Herwig glanadh agus comhdhlúthú iomlán sonraí IATE san fhadtéarma chun a chinntiú nach bhfuil ann ach faisnéis téarmaíochta atá iontaofa agus a bhfuil bunús maith léi (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b). Pléitear cion tairbhe an tionscadail Ghaeilge do ghlánadh sonraí IATE i Mír 6.6.4.

Is bealach eile é seachfhoinsiú chun líon na sonraí téarmaíochta iontaofa sa bhunachar sonraí a mhéadú. Tá súil ag Rummel go gcuirfear fáilte níos mó roimh chomhtháthú bailiúcháin agus gluaiseanna seachtracha in IATE sa todhchaí (agallamh le Rummel 2012b). Luann Pongrácz freisin cion téarmaíochta ó dhaoine seachtracha as a leanfadh go mbainfí úsáid níos leithne agus níos idirghníomhaí as IATE (agallamh le

Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012). Go dtí seo bhí drogall éigin ann de bharr na hoibre a bheadh bainteach le saincheisteanna dlí agus cóipchirt, struchtúir sonraí nach mbeadh ag teacht le chéile, etc. (agallamh le Rummel 2012b; agallamh le Herwig agus Welwert 2012a). Réiteach amháin ar chuid de na saincheisteanna struchtúir sonraí is ea go n-oibreodh rannpháirtithe seachtracha díreach sa bhunachar sonraí, rud a sheachnódh an gá le sonraí i bhformáidí oiriúnacha a impórtáil agus a easpórtáil (agallamh le Rummel 2012b). Pléitear na dúshláin a bhaineann le hiompórtáil agus le heaspórtáil sonraí i gcás na Gaeilge i Mír 6.3.1.

Comhoibriú

I gcomhthéacs comhoibriú idir instiúidí, táthar go léir i bhfabhar deireadh a chur le srianta instiúideacha ar chomhroinnt iomlán ábhair agus le húinéireacht idirinstiúideach na sonraí (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b; agallamh le Leal 2012b; agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva i, 2012; agallamh le Rummel 2012b). Cé go bhfuil dul chun cinn as cuimse déanta maidir le comhar agus comhoibriú idir comhpháirtithe IATE ó seoladh IATE, measann Leal nach bhfuil sa chomhoibriú idirinstiúideach go dtí seo 'ach obair cheannródaíoch' agus creideann go bhfuil bealach fada le dul go fóill (agallamh le Leal 2012b). Molann sé pobal IATE a thabhairt le chéile ar bhealach fíorúil trí úsáid réitigh bhogearraí, ar aon dul le gréasán sóisialta gnó.

Tá na forbairtí teicniúla agus bainistithe ábhar seo go léir ag an gcéim pleanála nó plé, agus tá cuid acu, mar chomhdhlúthú agus glanadh, ag dul ar aghaidh ó seoladh an tionscadal. Aithníonn Rummel tábhacht forbairtí teicniúla ach creideann go mbaineann ceann de na príomhdhúshláin a bheidh roimh IATE amach sa todhchaí le hinfheistíocht i bhfoireann téarmeolaíochta chomh maith le hinfheistíocht sa téarmeolaíocht féin (agallamh le Rummel 2012b). Braitheann infheistíocht i bhfoireann ar acmhainní díreach mar a tharlaíonn i gcás forbairtí eile ar nós bogearraí inmheánacha agus seachtracha.

4 Forléargas ar obair théarmeolaíochta sna hinstitiúidí

Tá struchtúr ordlathach soiléir ann do chomhordú obair théarmeolaíochta an AE. Bunaíodh an ICTI in 1995⁶ mar fhóram comhoibríoch do sheirbhísí teanga an AE; tá sé tar éis forbairt ó shin ina ghrúpa bainistíochta do thionscnamh agus d'fhorfheidhmiú tionscadal idirinstitiúideach, IATE ina measc (Translation Centre for the Bodies of the European Union 2007, Ich. 30). Is é sainordú an ICTI barainneachtaí scála maidir le hacmhainní agus nósanna imeachta a bhaint amach agus taighde a dhéanamh ar mhodhanna oibre agus teicnící nua (Translation Centre for the Bodies of the European Union 2007, Ich. 30). Bunaíodh an *Coordinating Committee for Translation (CCT)* in 2009, a bhí ag tuairisciú don *Executive Committee for Translation (ECT)*, fochoiste den ICTI. Tuairiscíonn an *IATE Management Group*, a chuimsíonn foireann comhordúcháin téarmaíochta ó na seirbhísí teanga éagsúla, don CCT.

Cuireann an mhír seo síos ar bhainistiú téarmaíochta ar leibhéal institiúideach san AE. Cuireann Mír 4.1 síos go mion ar ghnéithe d'obair théarmeolaíochta atá i gcoiteann ag na hinstitiúidí go léir. Tugann Míreanna 4.2, 4.3 agus 4.4 forléargas ar an gcaoi a ndéantar bainistiú ar obair théarmeolaíochta sna trí institiúid is mó san AE agus díríonn cuid mhór ar chomhordú lárnach téarmaíochta sna seirbhísí teanga éagsúla. Ós rud é go ndéantar cuid mhór a chinneadh ag leibhéal aonaid teanga sna hinstitiúidí, bhí sé lasmuigh de raon an tionscadail taighde seo agallamh a chur ar chinn aonaid teangacha nua i ngach ceann de na trí institiúid, 33 duine aonair éagsúil ionchasach. Cheadaigh ceistneoir agus teagmháil leantach leis na téarmeolaithe sna haonaid teanga éagsúla forléargas, áfach, ar na gnéithe agus ar na dúshláin éagsúla coiteanna agus suntasacha d'obair théarmeolaíochta an AE sna teangacha nua, agus déantar cur síos orthu i Mír 5.

4.1 Gnéithe coiteanna

4.1.1 Gníomhaíocht téarmeolaíochta

Tá na trí institiúid atá i gceist go príomha sa staidéar seo ar na trí institiúid de chuid an AE is mó agus is gníomhaí ó thaobh téarmeolaíochta agus aistriúcháin de. Tá seirbhís teanga an Choimisiúin ar na cinn is mó ar domhan (European Commission 2012b). Molann agus dréachtaíonn an Coimisiún reachtaíocht nua a mbíonn téarmaíocht nua i réimsí leathana éagsúla bainteach léi (féach Mír 4.2.2). Is é an Coimisiún is gníomhaí i gcruthú agus i mionathrú a dhéanamh

ar iontrálacha IATE, mar a léirítear i dTábla 4. Tá an Chomhairle ar an dara institiúid is gníomhaí sa réimse seo agus in obair aistriúcháin. Is í an Pharlaimint is lú gníomhaíocht ó thaobh cruthaithe agus mionathruithe. Léiríonn na figiúirí seo gníomhaíocht na n-institiúidí maidir le haistriúcháin agus le téarmaíocht, agus ní léiríonn méid a rannpháirtíochta i mbainistiú agus i bhforbairt IATE.

4.1.2 Téarmeolaithe a earcú

Níl téarmeolaithe á n-earcú trí chomórtas oscailte faoi láthair. Déantar iad a earcú de ghnáth mar aistritheoirí agus ansin trí oiliúint in-tí agus taithí, tagann siad chun a bheith ina dtéarmeolaithe (agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012).

4.1.3 Uirlisí

Chun críche bainistithe téarmaíochta, is é bunachar sonraí IATE amháin a úsáideann gach institiúid atá páirteach i dtionscadal IATE.

Úsáidtear áiseanna eile aistriúcháin agus téarmeolaíochta maille le huirlisí téarmeolaíochta. Áirítear orthu seo cuimhní aistriúcháin (Euramis, SDL Trados Translators' Workbench), uirlisí le haghaidh stórála agus malartaithe faisnéise teanga (ELISE), innill mheiteachuardaigh (Quest), próiseálaithe focal (Microsoft Word), feidhmchláir scarbhileog (Microsoft Excel) agus uirlisí asbhainte téarmaí. Maidir le huirlisí asbhainte téarmaí meabhraíonn PL Cou1 go bhfuil an Chomhairle tar éis úsáid a bhaint as uirlis asbhainte téarmaí a forbraíodh go hinmheánach a chumasaíonn téarmeolaithe nó aistritheoirí atá ag obair ar théacs chun téarmaí ionchasacha a asbhaint agus a chur le gluais. Tugann SL Com1 ar aird go n-úsáidtear Xbench⁷ agus macra áitiúil ar uairibh d'asbhaint téarmaí.

Is iad seo a leanas na príomhuirlisí idirinstitiúideacha a úsáideann an fhoireann teanga san AE maidir le hobair théarmeolaíochta agus aistriúcháin:

ELISE (*European Institutions Linguistic Information Storage and Exchange*): Is bunachar sonraí é ina bhfuil faisnéis teanga ar mholtaí reachtúla atá sa timpeall idir an Coimisiún, an Pharlaimint agus an Chomhairle. Tá sé mar chuspóir aige éagsúlachtaí téarmaíochta agus dúbailt iarrachtaí a sheachaint (agallamh le Rummel 2012b).

Euramis (*European advanced multilingual information system*): Is córas cuimhní aistriúcháin é a gcuireann na hinstitiúidí leis, ina bhfuil téacsanna reachtúla sna 23 teanga oifigiúil (Maslias 2009, slide 44; European Parliament 2010, Ich. 1).

⁶ Tugadh CIT (Interinstitutional Committee for Translation) ar an gcoiste ar dtús agus ní raibh san áireamh ann ach cinn seirbhísí aistriúcháin an AE. Chuaigh na seirbhísí ateangaireachta i bpáirt leis an ngrúpa in 2001 agus athainmníodh ansin é.

⁷ ApSIC Xbench: is uirlis tagartha chomhtháite é chun radharc soiléir struchtúrtha de théarmaíocht aon tionscadail aistriúcháin a chur ar fáil. (http://www.apsic.com/en/products_xbench.html).

Tábla 4: Líon iontrálacha IATE a cruthaíodh agus a mionathraíodh, agus líon na leathanach a aistríodh, de réir instiúide

Instiúid	Iontrálacha IATE a mionathraíodh (Ean–Meith 2012)*	Iontrálacha IATE a cruthaíodh (Ean–Meith 2012)**	An líon leathanach aistriúcháin in 2011
An Coimisiún	44,125	2,979	2.11 milliún†
An Chomhairle	14,196	224	1.09 milliún**
An Pharlaimint	5,106	150	Níl ar fáil

* Foins: Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh 2012.

** Foins: Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh 2012.

† Foins: An Coimisiún Eorpach 2011.

** Foins: Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh 2012.

Eur-Lex: Is suíomh é a chuireann rochtain ar an Dlí Eorpach agus ar dhoiciméid eile ar fáil (European Union 2012). Tá na doiciméid ar fáil i dteangacha uile an AE agus i roinnt formáidí. Ceadáíonn an suíomh taispeáint dhátheangach na dtéacsanna seo. Féadann aistritheoir nó téarmeolaí Eur-Lex a chuardach do réitigh aistriúcháin agus téarmaíochta údarásacha (Bardarska 2009).

Quest: Is inneall meiteachuardaigh é a éascaíonn cuardach le haghaidh téarmaí i mbailiúchán gluaiseanna, bunachair shonraí ar líne lena n-áirítear IATE, cuimhní aistriúcháin agus ábhar eile (Maslias 2009).

Treoirleabhair idirinstiúideacha: Leagann *IATE Input Manual* agus *Best Practice for Terminologists* amach prionsabail agus dea-chleachtas d'úsáid IATE agus d'obair théarmeolaíochta. Tá grúpa idirinstiúideach ag obair faoi láthair ar lámhleabhar nua do IATE, ina mbeidh gnéithe den dá threoir. Tá treoracha stíle teangashonracha, idirinstiúideacha ar fáil freisin d'obair théarmeolaíochta (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a; agallamh le Leal 2012a; agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012).

4.1.4 Pre-IATE

Is éard atá i Pre-IATE ná bailiúchán fíorúil iontrálacha atá laistigh de bhunachar sonraí IATE. Tá sé deartha chun bailiúcháin sheachtracha a óstáil mar aon le hiontrálacha sealadacha a chruthaigh aistritheoirí. Tá iontrálacha atá marcáilte mar Pre-IATE inrochtana ag úsáideoirí inmheánacha IATE amháin agus níl siad le feiceáil in IATE Poiblí. Is féidir iad a cheadú ach bíonn a fhios ag úsáideoirí nach bhfuil an cháilíocht deimhnithe, agus mar sin nach féidir brath ar a n-iontaofacht.

Féadtar an lipéad Pre-IATE a úsáid chun aird a tharraingt ar iontrálacha/thearmaí áirithe. Is é an Coimisiún amháin a chruthaíonn iontrálacha nua Pre-IATE, rud is féidir a dhéanamh agus baisceanna sonraí de cháilíocht neamhfhíoraithe á n-iompórtáil (agallamh le Leal 2012b). Deimhníonn PL Com1 é seo, a mheabhraíonn go ndéantar téarmaí leis an lipéad

Pre-IATE a nuashonrú go comhleanúnach agus a aistriú ar ais go IATE. Ní chruthaíonn aon aonad de chuid na Comhairle iontrálacha nó téarmaí Pre-IATE in IATE (agallamh le Leal 2012b).

Déanann an Pharlaimint nuashonrú ar théarmaí neamhiontaofa leis an lipéad Pre-IATE ó am go chéile. Mar shampla, tá lipéad Pre-IATE ar 11,000 téarma a chuir cainteoirí nach cainteoirí Eastóinise iad isteach go huathoibríoch in 2004 len iad a chosc ó bheith ar taispeáint in IATE Poiblí (ET Com1).


4.2 An Coimisiún Eorpach

4.2.1 Róil, feidhmeanna agus struchtúr

Is é an Coimisiún, a bunaíodh in 1967 faoi Chonradh na Róimhe, comhlacht feidhmeach an AE. Tá oifigí aige sa Bhruiséil agus i Lucsamburg mar aon le hoifigí ionadaíochta sna 27 Ballstát (Soriano 2011). Molann an Coimisiún reachtaíocht, tá sé freagrach as cur i bhfeidhm chinntí na Parlaiminte agus na Comhairle, déanann ionadaíocht thar ceann leasa an AE lasmuigh den Eoraip, agus bainistíonn agus feidhmíonn beartais agus buiséad an AE (European Commission 2012c). Tá an Coimisiún struchtúrtha ina Ard-Stiúrtóireachtaí (DGanna), bunaithe ar na réimsí beartais a ndéileáiltear leo, ó thalmhaíocht go trádáil, lena n-áirítear AS aistriúcháin chuig agus ó gach ceann de 23 teanga oifigiúil an AE, Ard-Stiúrtóireacht an Aistriúcháin (DGT).

4.2.2 Bainistiú téarmeolaíochta sa Choimisiún

Tá an DGT freagrach as obair aistriúcháin agus théarmeolaíochta sa Choimisiún agus tá foireann thart ar 2,500 aige, bunaithe i Lucsamburg agus sa Bhruiséil. Ní aistrítear gach doiciméad de chuid an Choimisiúin isteach i ngach teanga oifigiúil, ach baineann beagnach aon trian d'obair aistriúcháin an DGT leis na 23 teanga oifigiúil agus le téacsanna reachtúla agus doiciméid thábhachtacha maidir le beartais (European Commission 2012e).



* RT= Rionn Teanga

Fíor 4: Struchtúr reatha DGT sa Choimisiún. Foinse: C. Herwig (DGT)

Is ceann de phríomhróil an Choimisiúin reachtaíocht a mholadh don Pharlaimint agus don Chomhairle. Dréachtaíonn ceann de na hArd-Stiúrthóireachtaí na moltaí reachtúla seo i gceann de theangacha nós imeachta an Choimisiúin⁸ ag brath ar an réimse beartais dá dtagraíonn siad. Tá an DGT freagrach as dréacht a chur ar fáil sna teangacha oifigiúla atá fanta. Déantar formhór na moltaí reachtúla a dhréachtú i mBéarla.

Deir Christine Herwig, ceann na hEarnála Comhordaithe Téarmaíochta in DGT, go bhfuil na riachtanais téarmaíochta sa Choimisiún éagsúil le riachtanais na Comhairle agus na Parlaiminte. Ó dhréachtaítear reachtaíocht nua, a mbíonn réimsí ábhair nua i gceist inti go minic, sa Choimisiún, is é foireann an DGT is túisce a dtagann na coincheapa nua, ardteicniúla go minic, sa bhealach orthu, nach bhfuil doiciméadaithe go fóill i mbunachar sonraí IATE, agus bíonn orthu téarmaí coibhéiseacha a fháil ina dhiaidh sin do na coincheapa nua seo sna teangacha éagsúla. Mar sin caithfidh DGT déileáil le líon mór téarmaí a chlúdaíonn raon leathan réimsí teicniúla. Tógann na seirbhísí teanga sa Chomhairle agus sa Pharlaimint ar na réitigh a mholann aistriitheoirí an Choimisiúin agus cuireann mionathrú orthu ar uairibh (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a).

Tá struchtúr AS an Aistriúcháin, an DGT, leagtha amach i bhFíor 4 agus tá sé ard-stiúrthóireacht ann. Tá na 23 roinn teanga roinnte ar thrí ard-stiúrthóireacht. Tá 22 de na ranna teanga seo roinnte idir trí agus sé aonad teanga, gach ceann acu freagrach as obair aistriúcháin do roinnt Ard-Stiúrthóireachtaí. Níl ach aonad amháin ann don aistriúchán Gaeilge agus déileálann sé le gach réimse beartais a thagann faoin ngnáthnós imeachta reachtaíochta mar gheall ar an maolú d’aistriúchán Gaeilge (a bhfuil cur síos air i Mír 6.1.2) a chiallaíonn nach bhfuil an méid céanna oibre aistriúcháin le déanamh sa roinn seo. Tá an *Terminology Coordination Sector* in ard-stiúrthóireacht eile, an ceathrú ceann. Tá atheagar á dhéanamh ar DGT faoi láthair, agus beidh an struchtúr nua in áit faoi 1 Eanáir 2013 (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a).

Go dtí 2002 bhí láraonad téarmeolaíochta ag an gCoimisiún le 100 éigin foirne, a chlúdaigh teangacha oifigiúla uile an AE. Bhí an t-aonad seo freagrach go príomha as fothú agus cothabháil Eurodicautom, ullmhú gluaiseanna speisialaithe, forbairt uirlisí chun téarmaíocht agus réimsí eile aistriúcháin a éascú, agus foinsí téarmeolaíochta ó sholáthraithe seachtracha. In 2002 socraíodh gurbh fhearr obair théarmeolaíochta a lonnú sna ranna teanga, agus cuireadh deireadh leis an aonad. Rinneadh leasú áirithe ar an gcinneadh obair

8 Béarla, Fraincis agus Gearmáinis.

théarmeolaíochta an DGT a dhílárú in 2004. Tháinig bunú na hEanála Comhordaithe Téarmeolaíochta i Márta 2005 i gcomhthráth le hionadú Eurodicautom, bunachar sonraí téarmeolaíochta DGT roimhe sin, le bunachar sonraí idirinstiúideach IATE. Ba é sainchúram na hearnála nuachruthaithe fothú agus cothabháil IATE in DGT a chomhordú, cur chuige comhchuibhithe i leith obair théarmeolaíochta a chinntiú, oiliúint IATE a chur ar fáil agus ionadaíocht a dhéanamh thar ceann DGT sna grúpaí idirinstiúideacha de chuid IATE (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b).

Tá dhá shraith d'obair théarmeolaíochta in DGT – obair théarmeolaíochta ilteangach eagraithe ag an *Terminology Coordination Sector* agus obair théarmeolaíochta theangashonrach á tionscnamh agus á cur i gcrích ag na ranna teanga. Tagann ionadaithe téarmeolaíochta ó na ranna teanga agus comhordaitheoirí téarmaíochta le chéile go rialta i gcomhlacht ar a dtugtar 'Bord Téarmeolaíochta DGT' chun teacht ar aontú faoi mhodheolaíocht, clár oibre ilteangach bunúsach do gach bliain agus moltaí faoi fhorbairt theicniúil an bhunachair téarmaí idirinstiúidigh (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b).

Creat Téarmeolaíochta DGT

Déanann Creat nua Téarmeolaíochta DGT, ar glacadh leis ag tús 2012, roinnt athruithe ar an obair théarmeolaíochta in DGT agus cuireann socruithe a bhí ann roimhe ar bhonn foirmiúil daingean (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a; an Coimisiún Eorpach 2011). Is iad aitheantas oifigiúil na téarmeolaíochta mar chuid de bhunghnó DGT agus dáileadh acmhainní iomchuí don téarmaíocht an dá ghné is tábhachtaí den Chreat (Herwig agus Welwert 2012b). Is é an socrú a bhí ann roimhe seo go mbeadh, i bprionsabal, dhá choibhéis lánaimseartha tiomnaithe don téarmaíocht i ngach roinn teanga. Ach, nuair a cuireadh an t-ualach aistriúcháin trom síoraí san áireamh, bhí sé deacair go minic é seo a bhaint amach. Cinntíonn an Creat Téarmeolaíochta anois go gcuireann gach roinn teanga coibhéis bheirt bhall foirne lánaimseartha ar fáil d'obair théarmeolaíochta (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a; European Commission 2011, Ich. 5).

Clár oibre téarmeolaíochta bliantúil

Tá an clár oibre téarmeolaíochta bliantúil do DGT bunaithe ar chlár oibre an Choimisiúin – a thugann léiriú ar na réimsí ábhair a ndéanfar dianchlúdach orthu sa bhliain atá ag teacht aníos – agus ar an bhfaisnéis a chuireann aonad bainistithe éilimh an DGT ar fáil a thugann réamhthuairim ar shainchomhaid mhóra aistriúcháin le teacht. Bíonn riachtanais téarmaíochta áirithe a aithníonn aistritheoirí i gceist freisin sa chlár oibre, iad réimse-bhunaithe de ghnáth agus bainteach

le sainchomhaid aistriúcháin. Tá an Creat nua tar éis coigeartú a dhéanamh freisin ar struchtúr agus ar ghlacadh an chláir oibre bliantúil. Bíonn coiste ríomhchlárúcháin, atá comhdhéanta de bhainisteoirí agus téarmeolaithe na ranna teanga agus baill den *Terminology Coordination Sector*, bainteach le glacadh deiridh an chláir oibre bliantúil don téarmaíocht. Tá dhá chuid sa chlár oibre bliantúil: pleanáiltear ceann acu de réir na sainchomhad aistriúcháin ionchasacha agus tá an ceann eile solúbtha, rud a thugann scóip do thosaíochtaí atá ag athrú agus riachtanais gan choinne (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b).

Obair théarmeolaíochta sna ranna teanga

Cinntíonn an Creat nua go mbíonn téarmeolaí amháin lánaimseartha ag gach roinn teanga, seachas don Ghaeilge, a oibríonn ar thionscadail atá eagraithe go lárnach agus coibhéis bhall foirne lánaimseartha amháin a chlúdaíonn na riachtanais go léir atá teangashonrach agus roinnsonrach (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b).

Is é IATE an phríomhuirlis a úsáidtear in DGT chun inneachar téarmaíochta a bhainistiú (European Commission 2011, Ich. 5). Go hoifigiúil tá rochtain chun scríofa ag gach aistritheoir DGT ar IATE, ach go praiticiúil is téarmeolaithe den chuid is mó a chuireann nó a nuashonraíonn sonraí sa bhunachar. I gcás fhormhór na dteangacha ní minic a chruthaíonn aistritheoirí iontrálacha nó a dhéanann siad nuashonrú orthu sa bhunachar sonraí. Tá modhanna difriúla ag na ranna teanga chun faisnéis téarmeolaíochta a chur ar aghaidh ó aistritheoirí go téarmeolaithe. Is é an modh is minicí a úsáidtear ná táblaí Excel ar thiomántán coiteann a chomhrionnt (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a). Is í Quest an phríomhuirlis chuardaigh théarmaíochta, a cheadaíonn d'aistritheoirí iarratas comhuaineach a sheoladh i roinnt bunachar sonraí – ar ceann acu IATE – agus é seo san áireamh ina bpróifíl phearsanta (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a).

Tá ceithre phríomhchineál gníomhaíochtaí téarmeolaíochta sna ranna teanga:

1. Glacann téarmeolaithe cineál feidhm 'deisce cabhrach' chucu féin agus cuidíonn le haistritheoirí ina gcuardach don téarmaíocht is oiriúnaí.
2. Bíonn tionscadail téarmeolaíochta teangashonrach bainteach de ghnáth le réimse ar leith nó le tionscadal aistriúcháin ar leith. Eagraíonn téarmeolaithe sna ranna teanga na tionscadail seo de ghnáth ach i gcásanna áirithe d'fhéadfadh go dtabharfaí an t-am d'aistritheoir a léiríonn suim nó a bhfuil eolas speisialta aige nó aici ar réimse áirithe, le dul ag obair ar thionscadal dá leithéid.

3. Déanann an *Terminology Coordination Sector* tionscadail ilteangacha a chomhordú. Déanann téarmeolaithe lánaimseartha cúram den chuid theangashonrach de na tionscadail ilteangacha sin leis an aidhm go gcinnteofaí go ndéanfaí gach iontráil a bhain le tionscadal áirithe a nuashonrú nó a chríochnú i ngach ceann de na 23 teanga.
4. Déanann téarmeolaithe bailíochtú ar iontrálacha IATE a cruthaíodh nó a nuashonraíodh ina dteangacha. Déantar ábhar bailíochtaithe a uaslódáil go tréimhsiúil ar bhunachar sonraí poiblí IATE (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b).

Obair théarmeolaíochta sa *Terminology Coordination Sector*

Tá an *Terminology Coordination Sector* freagrach as comhordú na hoibre téarmeolaíochta ilteangaí uile agus as cur chuige caighdeánaithe agus comhchuibhithe a chinntiú d'obair théarmeolaíochta, go háirithe maidir le fothú IATE (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a). Is iad seo cuid de na tascanna bainteach leis an tionscadal a dhéanann foireann na hEanála Comhordaithe Téarmeolaíochta:

1. Eagrúchán agus comhordú na dtionscadal téarmeolaíochta ilteangach a bhfuil breac-chuntas orthu sa chlár oibre bliantúil, de réir sainchomhad aistriúcháin atá ag teacht aníos agus cláir oibre an Choimisiúin (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a).
2. Pleanáil agus comhordú tionscadal téarmeolaíochta réamhghníomhach atá ceaptha an téarmaíocht a theastaíonn d'aistriú téacsanna ar leith a ullmhú sula sroicheann siad DGT.
3. Reáchtálann an *Terminology Coordination Sector* tionscadail go comhuaineach leis na tionscadail a bhaineann le téacsanna nó leis an réimse ábhair thuasluaite, atá dírithe ar chomhdhlúthú ábhar IATE atá ann cheana agus comhordaíonn an fhreagairt ar iarratais chomhordaithe a fhaightear ó chomhpháirtithe eile IATE (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a).
4. Feabhsú *ad hoc* ar ábhar IATE – ceartú earráidí, cur le sainmhínthe, etc. – ar bhonn seasta mar fhreagairt ar aiseolas a thugann téarmeolaithe nó úsáideoirí eile IATE (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a).
5. Is féidir tionscadail asbhainte a reáchtáil do théarmaíocht chaighdeánaithe nó athfhillteach, i.e. aisghabhtar téarmaíocht ó reachtaíocht ar glacadh leis le cur ar fáil don úsáid sa todhchaí. Déantar an asbhaint de láimh agus bíonn sé bunaithe ar an téacs Béarla. (Go dtí seo chruthaigh asbhaint

láimhe gurb í is éifeachtaí. Toisc go bhfuil obair théarmeolaíochta DGT bainteach leis an oiread réimsí difriúla, dhéanfaí an-chuid ama a ídiú le huirlis asbhainte a 'thraenáil' chun téarmaíocht atá ábhartha i ndáiríre a aithint do na réimsí go léir (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a.)

6. Comhordú agus bainistiú praiticiúil thionscadal GA IATE. Áirítear anseo obair phraiticiúil mar asbhaint téarmaíochta le cur go Fiontar, láimhseáil liostaí téarmaí le hiompórtáil in IATE, cumarsáid leis na comhpháirtithe tionscadail go léir, ullmhúchán agus cathaoirleacht chruinnithe tionscadail agus obair leantach ar gach gné phraiticiúil den tionscadal.

Oiliúint

Cuireann an *Terminology Coordination Sector* réamheolas ginearálta maidir le IATE ar fáil d'fhoireann uile DGT agus cúrsaí praiticiúla IATE do théarmeolaithe, lena n-áirítear ceardlanna ar ghnéithe ar leith d'obair théarmeolaíochta mar bhailíochtú, úsáid marcanna, gné Ardeaspórtála IATE, an fheidhm cumaisc agus bailiúcháin téarmaí bunaidh. Cuirtear oiliúint le linn oibre ar fáil do théarmeolaithe nua agus do dhaoine nua faoi oiliúint nó aistritheoirí ó thíortha aontachais atá ag obair sa *Terminology Coordination Sector*.

Tugann an earnáil cuireadh freisin d'ollúna ollscoile agus saineolaithe téarmeolaíochta seachtracha chun gnéithe an-sonracha d'obair na téarmeolaíochta a chur i láthair le hoiliúint téarmeolaíochta níos acadúla a chur ar fáil. Ina dhiaidh sin, braitheann DGT ar chomhlachtaí seachtracha. Mar shampla, rinne roinnt de na haistritheoirí cúrsa sé mhí cianfhoghlama in ollscoil Shualannach (a d'eagraigh an *Swedish Centre for Terminology*, TNC), agus gach bliain freastalaíonn cúpla téarmeolaí ar an Scoil Samhraidh Téarmeolaíochta Idirnáisiúnta (a eagraíonn TermNet⁹). Tá sé d'aidhm ag an earnáil freisin réamhchúrsa córasach do théarmeolaithe a eagrú le seachadadh ag oiliúnóirí seachtracha (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b).

Tacaíocht theicniúil

Cuireann an *Terminology Coordination Sector* tacaíocht theicniúil ar fáil do tionscadail téarmeolaíochta, e.g. staitisticí, asbhaint iontrálacha IATE, iompórtáil ábhair, ionramháil baisce eile sa bhunachar téarmaí agus bainistiú úsáideoirí IATE (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b).

4.3 Comhairle an Aontais Eorpaigh

4.3.1 Róil, feidhmeanna agus struchtúr

Bunaíodh Comhairle an AE in 1958 faoi Chonradh na Róimhe. Tá an Chomhairle comhdhéanta d'airí náisiúnta ó na Ballstáit. Glacann an Chomhairle, in éineacht leis an bParlaimint, le reachtaíocht a mholann an Choimisiún. Tá an Chomhairle bainteach freisin le comhordú bheartas na mBallstát, leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála, agus le glacadh bhuiséad an AE (Council of the European Union 2012a).

4.3.2 Bainistiú téarmeolaíochta sa Chomhairle


Déantar obair aistriúcháin agus théarmeolaíochta sa Chomhairle sa tSeirbhís Teanga, ar cuid den Ard-Rúnaíocht é. Tá thart ar 620 aistritheoir sa Chomhairle (agallamh le Leal). Mar a tharlaíonn in

DGT sa Choimisiún agus sa Pharlaimint, déantar obair théarmeolaíochta ilteangach i Seirbhís Teanga na Comhairle a chomhordú go lárnach ag an bhfoireann Doiciméadaithe agus Téarmeolaíochta (T&D), agus déantar agus bainistítear obair théarmeolaíochta theangashonrach sna 23 aonad teanga. Léirítear struchtúr na Seirbhíse Teanga i bhFíor 5.

Cuireadh an *New Framework for Terminology Work* i bhfeidhm sa Chomhairle in 2010 rud a chuir beartas agus socruithe téarmeolaíochta sa Chomhairle ar bhonn foirmiúil daingean (Council of the European Union 2009). Bunaíodh leis sin an Grúpa Pleanála Téarmeolaíochta (TPG) leis an aidhm gníomhú mar chomhéadan idir T&D agus cinn na n-aonad teanga chun tosaíochtaí téarmeolaíochta a mholadh agus pleanáil agus monatóireacht ar obair théarmeolaíochta a chinntiú. Is comhpháirtí an-ghníomhach í an Chomhairle i mbainistiú agus i bhforbairt bhunachar sonraí IATE ar leibhéal idirinstiúideach. Tá an

Fíor 5: Struchtúr na Seirbhíse Teanga.

Foinse: General Secretariat of the Council of the European Union 2012



fhoireann T&D freagrach as bainistiú IATE laistigh den Chomhairle; tá cur síos air sin, mar aon le gníomhaíochtaí T&D eile, anseo thíos (agallamh le Leal 2012a).

An Roinn Téarmeolaíochta agus Doiciméadaithe

Tá comhordú lárnach oibre téarmeolaíochta seanbhunaithe sa Chomhairle (agallamh le Leal 2012a). Tá T&D, ar a bhfuil beirt chomhordaitheoirí téarmeolaíochta a bhainistíonn foireann de chúigear téarmeolaí, freagrach as. Bíonn duine de na téarmeolaithe seo lonnaithe go buan in T&D; is téarmeolaithe róta an ceathrar eile agus bíonn siad ar iasacht óna n-aonaid teanga do thréimhsí trí nó cúig mhí. Feidhmíonn T&D mar ionad idirchaidrimh le seirbhísí eile de chuid na Comhairle, le foireann téarmeolaíochta in instiúidí eile agus le tríú páirtithe maidir le hobair théarmeolaíochta (agallamh le Leal 2012b).

Molann an Creat go ndéanfaí an obair théarmeolaíochta go réamhghníomhach agus ní mar obair leasúcháin agus an obair théarmeolaíochta a phleanáil bunaithe ar na táscairí atá ar fáil (Council of the European Union 2009, lch. 5). Ullmhaítear téarmaíocht i réimsí ina bhfeictear dianobair agus deacrachtaí téarmeolaíochta ag teacht chun cinn go luath, leithéidí chlár uachtaránachtaí na Comhairle agus chlár oibre an Choimisiúin (mar shampla, cuireadh tús le hobair ar na rialacháin chomharbais agus airgeadais ar bhonn mholtaí an Choimisiúin i bhfad sular glacadh leo) (agallamh le Leal 2012b). Tá T&D freagrach as comhordú na hoibre téarmeolaíochta a dhéantar sna haonaid teanga maidir le tosaíocht a thabhairt d'ábhair, pleanáil agus nósanna imeachta oibre (Swinnen 2010).

Baineann tionscadail chomhdhlúthaithe le formhór na hoibre téarmeolaíochta a chomhordaítear in T&D (agallamh le Leal 2012a). Freastalaíonn na tionscadail chomhdhlúthaithe seo ar riachtanais téarmeolaíochta ar leith agus, ag an am céanna, méadaíonn nádúr ilteangach an bhunachair sonraí agus glanann amach dúblaigh. Cuirtear tús leo ar shlite éagsúla agus ar fáthanna éagsúla. Sampla amháin is ea tionscadal bunaithe ar théarmaíocht bhuiséid. Rinneadh obair mhór ar ghluais bhuiséid sa Chomhairle thart ar fiche bliain ó shin, agus mar sin bhí téarmaíocht bhuiséid clúdaithe go cuimsitheach sna seanteangacha. Ar iarratas ó aonad teanga na Polainnise, cuireadh tús le tionscadal chomhdhlúthaithe chun na hiontrálacha IATE seo a nuashonrú sna teangacha nua chun aistriúcháin doiciméad bainteach leis an mbuiséad a éascú. Tagraítear do thionscadal dá leithéid, ina líontar an bhearna idir na teangacha nua agus na seanteangacha maidir le IATE, mar *projet de rattrapage* sa Chomhairle

(agallamh le Leal 2012a). Tá grúpaí idirtheangacha nó feidhmghrúpaí sa tSeirbhís Teanga freisin a dhéanann speisialú i réimse áirithe agus a mholann tionscadail téarmeolaíochta bunaithe ar a gcuid oibre. Bíonn buíonta aistritheoirí sna grúpaí seo a bhfuil suim ar leith acu in ábhar áirithe. Tá ceithre cinn de na feidhmghrúpaí seo ann faoi láthair – beartas eachtrach agus cosanta, eacnamaíocht agus airgeadas, comhshaol agus ceartas agus gnóthaí baile. Baineann an chuid is mó den obair théarmeolaíochta agus aistriúcháin a dhéantar sa Chomhairle le réimsí a chlúdaíonn na feidhmghrúpaí seo (agallamh le Leal 2012b).

Tá an sreabhadh oibre maidir leis na tionscadail chomhdhlúthaithe seo soiléir agus seanbhunaithe (Council of the European Union 2012b). Moltar tionscadal téarmeolaíochta, agus pléann T&D é leis an TPG. Nuair a cheadaítear é déantar an tionscadal a dhréachtú agus déanann téarmeolaithe Béarla agus Francise agus aistritheoirí speisialaithe athbheithniú ar an dréacht seo. Ar bhonn an aiseolais seo déanann T&D athdhréachtú ar an tionscadal, agus comhlánaíonn doiciméad teimpléid a chuimsíonn na hiontrálacha ábhartha go léir don tionscadal agus díríonn ar na bearnaí sna teangacha agus aon fhadhbanna nó saincheisteanna. Is iad na haonaid teanga Béarla agus Francise is túsce a oibríonn ar na tionscadail seo, agus leanann na haonaid teanga eile uile iad. Nuair a bhíonn a gcuid oibre ar an tionscadal críochnaithe ag foireann na Comhairle cuirtear chuig na hinstiúidí eile é le moltaí faoi na hiontrálacha a scríosadh, a chumasc nó a nuashonrú ar bhealach éigin eile.

Aonaid teanga

Déantar obair théarmeolaíochta ag leibhéal teangashonrach sna 23 aonad teanga, agus fad a chomhordaíonn T&D obair théarmeolaíochta, agus a phleanálann siad tosaíochtaí agus tugann comhairle ar dhea-chleachtas, bíonn gach Ceann Aonaid freagrach as obair théarmeolaíochta ó lá go lá sna haonaid teanga (agallamh le Leal 2012a). Go dtí gur cuireadh an Creat i bhfeidhm in 2010, níor dáileadh acmhainní téarmeolaíochta de réir treoirínte soiléire, agus bhí éagsúlacht mhór ann ó aonad go haonad. Rinne an Creat coinníoll de (i) gur cheart go mbeadh téarmeolaí amháin ar fáil i gcónaí i ngach aonad chun feidhmiú mar thacaíocht deisce cabhrach, (ii) gur cheart íosmhéid 5 faoin gcéad d'am foirne aon aonaid teanga a dháileadh ar obair théarmeolaíochta ar bhonn róta agus gur cheart leas a bhaint as eolas speisialaithe aistritheoirí aonaid trí chearta eagarthóireachta a thabhairt dóibh, agus (iii) gur chóir oiliúint IATE a chur ar fáil d'aistritheoirí trí mheantóireacht nó le cúnaimh oiliúiní seachtracha (Council of the European Union

2009, lgh. 3–4). In 2011 bhí an meán-am a caitheadh ar obair théarmeolaíochta beagán níos lú ná an 5 faoin gcéad a bhí mar choinníoll. Tá an-difríocht idir aonaid sa líon foirne atá oile le hobair théarmeolaíochta a dhéanamh agus a ghlacann páirt ghníomhach inti (agallamh le Leal 2012b).

Aithníonn an Creat freisin tábhacht na hoibre téarmeolaíochta a dhéantar sna teangacha dréachtaithe, Béarla agus Fraincis, agus an chaoi ar féidir leis an obair seo obair théarmeolaíochta sna teangacha eile uile a éascú, nuair a ullmhaítear go maith í. Is iad na téarmeolaithe sna haonaid teanga seo is tuisce a oibríonn ar thionscadail ilteangacha a ullmhaíonn T&D chun a chinntiú go bhfuil na téarmaí agus na sainmhínithe Béarla agus Fraincise cothrom le dáta agus cruinn, rud a éascaíonn an obair théarmeolaíochta a bheidh le déanamh sna teangacha eile ina dhiaidh sin (agallamh le Leal 2012a). Molann an Creat go méadófaí na hacmhainní do na teangacha seo sna haonaid teanga agus go mbeadh téarmeolaí ó na haonaid teanga seo ar fáil chun oibriú i gcomhar le T&D i gcónaí (Council of the European Union 2009, lgh. 5–6).

Comhoibriú agus cumarsáid idirinstiúideach

Is comhpháirtí an-ghníomhach de chuid IATE í an Chomhairle, trína hionadaithe óna foireann T&D (agus na hinstiúidí eile freisin) agus bíonn sí bainteach le gach leibhéal de bhainistiú idirinstiúideach an bhunachair sonraí, ó chruinnithe IMG go pleanáil, in éineacht le baill eile de na tascfhórsaí éagsúla. Tá ról ceannais ag an gComhairle freisin i mbunú nósanna imeachta oibre iomchuí agus dea-chleachtas maidir le IATE agus obair théarmeolaíochta. Eascraíonn an ról seo roinnt ó thaithí uathúil na Comhairle i gcomhordú oibre téarmeolaíochta ag leibhéal lárnach fiú sular cruthaíodh IATE (agallamh le Leal 2012a).

Oiliúint

Déanann T&D comhordú ar théarmaíocht agus ar oiliúint IATE d'fhoireann na Comhairle. Áirítear ann bhunoiliúint d'fhoireann téarmeolaíochta a sheachadann comhghleacaithe níos cleachtaí sa tSeirbhís Teanga, cúrsa oiliúna foirmiúil dhá lá á sheachadadh ag cuideachta sheachtrach, agus seimineáir agus léachtaí ar ghnéithe éagsúla d'obair théarmeolaíochta a thugann foireann na Comhairle nó páirtithe seachtracha (agallamh le Leal 2012a).

Bainistiú teicniúil

Feidhmíonn T&D mar dheasc chabhrach do cheisteanna teicniúla maidir le IATE sa Chomhairle agus is rannpháirtí suntasach aiseolais theicniúil don Aonad Aistriúcháin é freisin (agallamh le Leal 2012a; agallamh le Rummel

2012a). Tá T&D freagrach freisin as bainistiú úsáideoirí sa bhunachar sonraí (Swinnen 2010).

4.4 Parlaimint na hEorpa

4.4.1 Róil, feidhmeanna agus struchtúr

Bunaíodh Parlaimint na hEorpa mar Thionól Parlaiminteach na hEorpa in 1958, agus athainmníodh é mar Pharlaimint na hEorpa in 1962. Toghtar a feisirí, MEPanna, go díreach sna Ballstáit gach cúig bliana ó 1979. Mar a tharlaíonn i seirbhísí teanga an dá instiúidí eile, tá obair aistriúcháin agus théarmeolaíochta sa Pharlaimint ceangailte go díreach lena cumhachtaí agus lena feidhmeanna. Baineann feidhmeanna na Parlaiminte le dlí an AE a rith, le maoirseacht a dhéanamh ar bhuiséad an AE agus é a ghlacadh, le maoirseacht a dhéanamh ar instiúidí eile agus caidreamh a dhéanamh le parlaimintí náisiúnta (European Parliament 2012). I ndáiríre, is tuarascálacha reachtúla agus neamhreachtúla, tuairimí agus leasuithe, tairiscintí i gcomhair rún agus aon leasuithe orthu, moltaí, cláir, ceisteanna parlaiminte, dearbhuithe i scríbhinn, litreacha, nótaí, rialacháin inmheánacha, doiciméid dhlíthiúla, doiciméid oibre, achoimrí feidhmeacha, doiciméid tairisceana, achainíocha, fógraí d'fheisirí, óráidí agus doiciméid don phobal níos leithne, a bhíonn sna téacsanna a bhíonn le haistriú sna 23 teanga oifigiúil agus san obair théarmeolaíochta a ghintear de thoradh ghníomhaíochtaí na Parlaiminte (agallamh le Pongrácz 2012).¹⁰

Tá rúnaíocht na Parlaiminte roinnte i ndeich Ard-Stiúrthóireacht, ar ceann díobh DGT. Tá an AS seo roinnte i dtrí stiúrthóireacht, an Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Sheirbhísí Teicneolaíochta don Aistriúcháin, an Stiúrthóireacht Aistriúcháin agus an Stiúrthóireacht um Acmhainní.

4.4.2 Obair théarmeolaíochta sa Pharlaimint

Mar a tharlaíonn sa dá instiúidí eile, comhordaítear obair théarmeolaíochta ilteangach ag leibhéal lárnach, ach cinntear ar obair théarmeolaíochta dhátheangach nó ar obair théarmeolaíochta ag leibhéal aonaid teanga sna haonaid teanga aonair: 'Socraíonn gach aonad cén chaoi a ndéileáil sé le téarmaíocht agus déanaimid comhordú ar an téarmaíocht a dhéanann gach aonad' (agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012). Míníonn Rodolfo Maslias freisin nach ndéantar 22 aonad teanga na Parlaiminte go léir a bhainistiú ar an mbealach céanna. Tá tuairimí difriúla ann maidir leis an téarmaíocht, agus ní mheastar go bhfuil obair théarmeolaíochta chomh tábhachtach i

¹⁰ Tugtar liosta mionsonraithe ag <http://www.europarl.europa.eu/aboutparliament/en/007e69770f/Multilingualism.html>.

roinnt aonad agus a mheastar i gcinn eile (agallamh le Maslias, Pongr acz agus Stamtcheva 2012). C e go bhfuil baili uch ain t earma i inmhe anacha, beaga, i ndoicim eid shimpl i *Word* n  *Excel* in  s aid i roinnt de na haonaid teanga, is  e bunachar sonra i IATE an t-aon bhunachar t earma ochta a fhorbra itear agus a chotha itear sa Pharlaimint.

T a t earmeola i amh ain n  n os m o ag gach aonad teanga a thiomna onn sciar ama d'obair th earmeola ochta. Ceapann an Ceann Aonaid na t earmeolaithe seo agus is aistritheoir i iad de ghn ath a l eirigh suim in obair th earmeola ochta (agallamh le Maslias, Pongr acz agus Stamtcheva 2012). Braitheann an m eid ama a chaitear ar th earma ocht ar an aonad teanga.

T a dh a chine al t earmeolaithe ag obair sa Pharlaimint – aistritheoir i sna haonaid teanga a bhfuil suim acu sa t earma ocht agus at a freagrach as t earma ocht ina n-aonad, agus t earmeolaithe a earca itear tr i chom rtas inmhe anach i measc na n-aistritheoir i sna haonaid teanga chun dul ag obair in TermCoord (agallamh le Maslias, Pongr acz agus Stamtcheva 2012).

TermCoord

Buna odh TermCoord, Aonad Comhordaithe T earmeola ochta Pharlaimint na hEorpa in 2008 chun comhord a a dh eanamh ar th earma ocht a ghintear san aonad aistri uch ain agus t a deich mball foirne bhuna ag obair ann inniu le c unamh  o dhaoine faoi oili int (agallamh le Maslias, Pongr acz agus Stamtcheva 2012; European Parliament 2011, Ich. 7). T a TermCoord roinnte i rann og IATE, rann og TF agus rann og Teanga; comhoibr onn s e leis na haonaid teanga tr i ghr eas an t earmeolaithe at a freagrach as an t earma ocht ina n-aonaid, tr i ghr upa i oibre deonacha ag obair ar thionscadail, agus tr i aistritheoir i at a ar iasacht chuig TermCoord ar feadh tr eimhs i tr i mh i  na n-aonaid teanga (European Parliament 2011, Ich. 6).

Is  e ceann de phr iomhchusp oir i TermCoord cion tairbhe idirinstiti ideach na Parlaiminte do bhunachar sonra i IATE a mh e ad u (European Parliament 2011, Ich. 6). T a foireann comhordaithe t earma ochta  on rann og seo freagrach as gach n i a bhaineann le comhord u IATE sa Pharlaimint. D eanann TermCoord ionada ocht thar ceann na Parlaiminte in IMG agus i dtascfh orsa i  ags ula IATE (agallamh le Maslias, Pongr acz agus Stamtcheva 2012). B onn na comhordaitheoir i t earma ochta bainteach go gn iomhach le tasc lean nach chothabh ail an bhunachair sonra i tr i thionscadail a fhoth u agus a ghlanadh (f each th ios) (agallamh le Maslias, Pongr acz agus Stamtcheva 2012).

T a s e d'aidhm ag TermCoord dea-chleachtas a chaighde n u oiread agus is f eidir, agus mar sin

d eanann foireann TermCoord teagmh ail agus cruinni u le foirne teanga sna haonaid ar bheala i difri ula. Is  e an Cruinni u Gr eas ain T earmeola ochta an ceann is t abhachta i d obh agus tion oltar  e dh a uair in aghaidh na bliana de ghn ath le t earmeolaithe na n-aonad teanga go l eir chun saincheistearna reatha a phl e. Coinn onn TermCoord i dteagmh ail go rialta le t earmeolaithe tr i r omhphost a chuirtear chuig na bosca i r omhphoist feidhme a crutha odh go speisialta chun na cr iche sin. Bealach eile is ea an *'terminocafe'*,  ait a mbuaileann foireann TermCoord agus t earmeolaithe  o cheann de na haonaid teanga le ch eile chun pl e neamhfhoirmi uil cairdi uil a bheith acu chun riachtanais ar leith a aithint agus aon fhadhbanna a r eiteach (agallamh le Maslias, Pongr acz agus Stamtcheva 2012). Foils onn TermCoord t earma ocht agus faisn eis bainteach le IATE go rialta ar shu iomh gr eas ain inmhe anach de chuid an aonaid agus DGTRAD agus a d'fh e adfadh a bheith  s aideach d'aistritheoir i (European Parliament 2011, Ich. 13).

B onn a l an teagmh ala ag foireann TermCoord lena macasamhla in institi id i comhph airtithe IATE eile. Eagra onn siad f iscomhdh ail dh a uair sa bhliain le comhordaitheoir i t earma ochta sna haonaid eile (agallamh le Maslias, Pongr acz agus Stamtcheva 2012). Pl eann na f iscomhdh alacha seo le saincheistearna at a  abhartha do na comhorduithe t earma ochta a bhaineann le cumars aid, roinnt faisn eise agus acmhainn i agus comhoibri u ginear alta' (agallamh le Maslias, Pongr acz agus Stamtcheva 2012).

Obair th earmeola ochta

Is  e IATE an phr iomhacmhainn t earma ochta a  s aidtear sa Pharlaimint.  s aidtear Eur-Lex, Euramis agus gluaiseanna freisin i gcuardaigh th earma ochta (agallamh le Maslias, Pongr acz agus Stamtcheva 2012).

T a de ch uram ar fhoireann TermCoord IATE a fhoth u agus a ghlanadh, lena mbaineann teagmh ail a dh eanamh le t earmeolaithe sna haonaid teanga maidir le hiontr alacha IATE ar leith chun a iarraidh go gcuirf i t earma i leo, go nd eanaf i iad a nuashonr u, a scr osadh n o a bhail ocht u, agus teagmh ail a dh eanamh le comhghleacaithe in institi id i eile maidir le hiontr alacha ar leo iad n o chun iarrais n o molta i a dh eanamh maidir le cumasc n o scr osadh. Tionscna itear na tionscadail chomhdhl uthaithe ilteangacha seo ar bheala i  ags ula (agallamh le Maslias, Pongr acz agus Stamtcheva 2012). F e adtar tionscadail chomhdhl uthaithe a thionscnamh agus tionscadal eile idir l amha m a thagann s e chun solais go bhfuil roinnt d ublach sa tsraith t earma i bainteach leis an tionscadal sin. Ullmha itear t abla comhdhl uthaithe ina n- air itear iarrais ar chumasc agus scr osadh, d irthe

ar na hinstiúidí lena mbaineann (agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012).

Is tosaíocht í obair théarmeolaíochta réamhghníomhach d'fhoireann TermCoord agus is amhlaidh d'fhoirne comhordaithe téarmaíochta sna hinstiúidí eile. Sampla amháin d'obair réamhghníomhach is ea bailiúchán leanúnach gluaiseanna iontaoifa i réimsí ábhar a bhaineann le haistriú téacsanna PE, ar féidir iad a cheadú trí uirlis chuardaigh shimplí. Ullmhaítear 'Fillteáin Téarmaí' chun obair aistriúcháin ionchais bainteach le moltaí tábhachacha nó reachtúla a éascú, ina bhfuil téarmaíocht dheacair agus ar dóigh go nginfidh siad a lán téacsanna le haistriú i bParlaimint na hEorpa. Tá acmhainní sna fillteáin téarmaí leictreonacha seo d'aistritheoirí, lena n-áirítear gluaiseanna, reachtaíocht náisiúnta ar na hábhair chéanna ó na Ballstáit agus téacsanna ábhartha eile (European Parliament 2011, lgh. 9–10). Rianaíonn TermCoord na nósanna imeachta reachtúla tábhachtacha seo le cúnamh Sheirbhís DGTRAD um an Idirchaidreamh le Cliaint, an 'struchtúr rabhaidh' a ullmhaíonn réamhaisnéisí aistriúcháin agus a dhéanann obair leantach ar chláir ama na nósanna imeachta (athbhreithniú Pongrácz).

Rinneadh mionathrú ar an tacaíocht téarmeolaíochta réamhghníomhach seo le déanaí i gcreat tionscadail phíolótaigh, an príomhfhócas á chur ar na nósanna imeachta ardtosaíochta sin ina mbíonn an PE freagrach as aistriúchán agus as fíorú dlí agus teanga an téacs chomhaontaithe deiridh a bheidh le foilsiú san Iris Oifigiúil. Is í an phríomhaidhm cúnamh a thabhairt maidir le téarmaí deacra nach bhfuil in IATE go fóill, trí mhíniúcháin/sainmhínte, comhthéacsanna do téarmaí dá leithéid i mBéarla a chur ar fáil chun é a dhéanamh níos éasca coibhéisí a aimsiú ina dteangacha féin. Mar obair leantach, cuirtear rogha de na téarmaí nua seo isteach in IATE le comhlíonadh i dteangacha eile agus tá tuilleadh nuashonruithe IATE beartaithe freisin bunaithe ar na táblaí seo (agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012; athbhreithniú Pongrácz).

De bharr teorainneacha ama agus acmhainní, mar aon le castacht na hoibre, is dúshlán é tacaíocht téarmeolaíochta réamhghníomhach dá leithéid a chur ar fáil ar bhealach úsáideach agus éifeachtach. Mar sin tá feabhais a d'fhéadfaí a chur ar an nós imeachta á bplé faoi láthair le seirbhísí ábhartha eile.

Déanann TermCoord dearadh agus comhordú ar thionscadail téarmeolaíochta chun críche oiliúna. Bíonn éagsúlacht sna tionscadail seo ó thaobh nádúir agus ábhair de réir riachtanas. Ar chuid de na tionscadail a seoladh go dtí seo áirítear téarmaí cearta daonna,

rialacha nósanna imeachta, agus cánachas (agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012; European Parliament 2011, lgh. 11). Áirítear sna tionscadail seo 'roghnú téarmaí molta ag aistritheoirí ag úsáid an mhacra; nuashonruithe bainteach le hiontrálacha de Rialacháin Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa; aistriúchán ainmneacha aonaid agus sheirbhísí nua/ athainmnithe PE' (agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012). Cuirtear iontrálacha IATE chuig téarmeolaithe an aonaid leis an aidhm a chinntiú go ndéantar nuashonrú ar na hiontrálacha go léir bainteach le tionscadal ar leith nó go dtugtar chun críche iad i ngach ceann de na 23 teanga. Oibríonn daoine faoi oiliúint san aonad teanga ar thionscadail téarmeolaíochta á gcomhordú ag TermCoord mar chuid dá n-oiliúint. Déanann téarmeolaithe na n-aonad maoirseacht ar dhaoine faoi oiliúint agus cuidíonn leo. Féadann na tionscadail seo a bheith téamach, á n-ullmhú ag TermCoord, nó teangashonrach, á n-ullmhú ag téarmeolaithe na n-aonad (agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012). Déanann téarmeolaithe sna haonaid teanga téarmaí nua nó nuashonruithe ina dteanga dhúchais féin a bhailíochtú i mbunachar sonraí IATE. Uaslódáiltear ábhar bailíochtaithe go tréimhsiúil go dtí suíomh poiblí IATE.

Cuireann aistritheoirí sna haonaid teanga liostaí téarmaí go rialta chuig TermCoord ar féidir leo, le linn dóibh bheith ag obair ar thionscadail aistriúcháin áirithe, téarma foinse agus spriocthéarma iarrthóra a mharcáil le cúnamh macra téarmaíochta comhtháite in Microsoft Word. Déanann foireann TermCoord a chomhordaíonn cruthú iontrálacha nua do na coincheapa sin agus a dtabhairt chun críche sna teangacha eile, na liostaí seo a phróiseáil. Nuair nach féidir le haistritheoir téarma a aimsiú in IATE, féadfaidh sé nó sí é a fhoinsiú áit éigin eile agus an buntéarma agus an spriocthéarma molta a chur isteach sa mhacra téarmaíochta (uirlis ar ríomhaire deisce gach aistritheora). Déantar na táblaí macra seo a stóráil ar fhreastalaí TermCoord agus déantar an t-inneachar a chumasú cúpla uair i rith na bliana. Déanann an fhoireann nó téarmeolaithe na n-aonad an t-ábhar cumasctha a sheiceáil ansin, agus roghnaítear téarmaí a meastar gur fiú iad a chur isteach nó a nuashonrú in IATE. Déantar tuilleadh taighde ansin ar an mbuntéarma (i mBéarla de ghnáth). Aithnítear foinsí iontaoifa, sainmhíniú agus comhthéacs, agus cuirtear na téarmaí seo – agus an taighde breise – ansin chuig na téarmeolaithe, a oibríonn ar choibhéis ina dteangacha féin a aimsiú (agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012). Nó féadfaidh an t-aistritheoir dul i gcomhairle le téarmeolaí an aonaid a chuirfidh an fhaisnéis isteach in IATE.

Oiliúint

Cuireann TermCoord oiliúint IATE ar fáil d'fhoireann teanga na Parlaiminte, lena n-áirítear oiliúint ghrúpa agus aonair d'aistritheoirí agus ceardlanna speisialaithe do théarmeolaithe (agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012; European Parliament 2011, Ich. 11). Ó Iúil 2010, cuireann TermCoord oiliúint IATE ar fáil do dhaoine faoi oiliúint san aistriúchán freisin. Caitheann na daoine seo faoi oiliúint go tipiciúil thart ar thrí go sé mhí ag déanamh obair aistriúcháin sna haonaid teanga agus caithfidh siad freisin cuid dá gcuid ama a thiomnú d'obair thaighde téarmeolaíochta a dhéanamh ar thionscadail na n-aistritheoirí faoi oiliúint a luaitear thuas.

Thosaigh cúigear ball foirne ar oiliúint 'Bainisteoir Téarmeolaíochta Deimhniú – Bunúsach'¹¹ le déanaí leis an gCumann Eorpach um Dheimhniú agus Cáilíocht (agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012; athbhreithniú Pongrácz). Tá TermCoord tar éis tosú ag tairiscint bunoiliúint IATE agus téarmeolaíochta aon lae d'aistritheoirí nua, agus ardoiliúint IATE agus téarmeolaíochta aon lae do théarmeolaithe nuacheaptha (athbhreithniú Pongrácz).

Eagraíonn TermCoord roinnt seimineár in aghaidh na bliana faoin teideal '*Terminology in the Changing World of Translation*'. Tá fáilte roimh aistritheoirí ó gach instiúid feastal orthu mar aon le roinnt cuairteoirí seachtracha, lena n-áirítear lucht acadúil nó saineolaithe téarmeolaíochta seachtracha (European

Parliament 2011, Ich. 10). Tá gréasán teagmhálacha seachtracha ag TermCoord in ollscoileanna agus in eagraíochtaí eile bainteach le téarmaíocht, lena ndéantar faisnéis, téarmaíocht agus saineolas a mhalartú (European Parliament 2011, Ich. 12).

Tacaíocht theicniúil

Tá TermCoord bainteach le forbairt agus le cothabháil uirlisí chun obair théarmeolaíochta a éascú i gcomhar leis an tseirbhís theicniúil aistriúcháin. Tá uirlis, mar shampla, ar ríomhaire deisce gach aistritheora (macra téarmaíochta, a bhfuil cur síos air thuas) a cheadaíonn dóibh foinse agus téarma iarrthóra a chur le liosta oibre simplí; cuirtear é sin ar aghaidh ansin chuig foireann TermCoord. Tá forbairt déanta ar uirlis chuardaigh ghluaise le déanaí a cheadaíonn don fhoireann teanga breis agus míle gluais atá ar fáil go poiblí a chuardach.

4.5 Achoimre

Tá struchtúir dhifriúla don aistriúchán agus do chomhordú téarmaíochta ag na trí instiúid a bhfuil cur síos orthu sa mhír seo, agus tá ról dhifriúla acu maidir le cruthú téarmaí – agus cruthú téarmaí in IATE dá thoradh seo – mar go gcaithfidh an Coimisiún déileáil le líon níos mó téarmaí, a chlúdaíonn raon leathan réimsí teicniúla, ná an dá instiúid eile. D'ainneoin na ndifríochtaí seo, léiríodh i Mír 3 go gcomhoibríonn siad an-mhaith le chéile maidir le IATE.

11 <http://www.ecqa.org/index.php?id=52>

5 Forléargas ar obair théarmeolaíochta sna teangacha nua

Sa mhír seo a leanas tugtar forléargas ar an mbealach a ndéantar obair théarmeolaíochta do IATE i ngach ceann de na teangacha nua, seachas an Ghaeilge, a phléitear go leithleach i Mír 6.

Tá cur síos ar mhodheolaíocht an staidéir seo le fáil i Mír 2. Bhí éagsúlacht sa leibhéal freagraí agus sa mhéid sonraí a cuireadh ar fáil iontu agus léirítear sin sa chur síos a dhéantar anseo ar gach teanga. Tá liosta freagairtí maidir le gach teanga le fáil in Aguisín A.

5.1 Gnéithe de tháirgeadh téarmaí maidir leis na teangacha nua

Ó tharla go ndearnadh teangacha oifigiúla de chuid an AE as na teangacha nua thar an tréimhse ama chéanna, is féidir comparáid a dhéanamh eatarthu gan ródhú. Tá nóta sochtheangeolaíoch ag gabháil le gach teanga in Aguisín B agus tá sé soiléir go bhfuil seasamh láidir ag gach teanga ina tír féin ós rud é go mbíonn an teanga sin á labhairt ag formhór an daonra mar aon le cosaint dlí shoiléir a bheith acu i mbeagnach gach cás. Tá éagsúlacht mhór idir an daonra i ngach cás áfach, – agus dá bhrí sin idir líon na gcainteoirí freisin – (mar shampla, déan comparáid idir an Pholainn agus Málta).

Chuaigh gach Ballstát nua (seachas Málta,¹² agus Éire, a ndéileáiltear go leithleach léi i Mír 6) i mbun aistriúcháin ina gcuid teangacha ar an acquis communautaire, rud a d'fheidhmigh ina dhiaidh mar bhonn taca don obair théarmeolaíochta roimh aontachas. Rinne tíortha an obair sin ar bhealaí éagsúla.

5.1.1 Acmhainní teanga agus téarmeolaíochta

Bhraith gach teanga nua ar na hacmhainní téarmeolaíochta a bhí ann cheana féin i rith an phróisis aontachais, ach bhí na hacmhainní seo éagsúil i ngach tír.

Tá acmhainní teanga agus téarmeolaíochta gach teanga, mar a thuiriscigh freagróirí ceistneoirí, liostaithe in Aguisín B. In go leor cásanna, tá institiúid teanga fhadbhunaithe ann atá freagrach as litriú, gramadach, foclóireacht agus – uaireanta – téarmaíocht. Tá údarás téarmeolaíochta ag cuid acu agus níl ag an gcuid eile. Bíonn acmhainní téarmeolaíochta ar líne ar fáil de ghnáth, ach tá an scóip agus an caighdeán a bhaineann leo measctha.

Bunaíodh bunachair shonraí téarmaí i rith an phróisis aontachais; tá cuid díobh sin fós ann agus tugtar cothrom le dáta iad ach i gcásanna eile níl iontu ach sonraí oidhreachta.

I roinnt cásanna, luaitear go bhfuil téarmaí eolaíochta nó saintéarmaí eile gann ós rud é go bhfoilsíonn saineolaithe a gcuid ábhair i mBéarla. Ach fiú nuair a fhoilsíonn saineolaithe ábhar sa teanga náisiúnta, d'fhéadfadh nach ndéanfaí na téarmaí a fhorbairt, mar a tharla sa tSeicis; 'nuair [a fhoilsíonn eolaithe sa tSeicis] baineann siad úsáid go fóill as an téarma Béarla nó cuireann siad deireadh Seicise leis an téarma nó athraíonn siad an litriú beagán' (CS Com1). Luann MT Com1 trí réimse ach go háirithe: TF, ó tharla go mbíonn moill ar údarás teanga freagairt don domhan ICT; airgeadas ó tharla gur Béarla SAM a úsáidtear sna margaí airgeadais go príomha; agus innealtóireacht ó tharla 'gur forbairt a rinneadh sna tréimhsí coilíneachta a bhí mar spreagadh le tionscail áitiúla nua-aimseartha san earnáil seo' agus dá bhrí sin 'leanamar ar aghaidh ag úsáid an Bhéarla ina dhiaidh sin'. Go hiondúil bíonn na téarmaí a bhaineann le réimsí nach bhfuil comhthéacs náisiúnta acu gann amhail: iasc domhainmhara sa tSeicis agus sa tSlóvaicis, fíonóireacht sa Pholainnis nó iarnróid sa Mháltais.

5.1.2 Líon na dtéarmeolaithe teangacha nua i ngach institiúid

Tá éagsúlacht mhór idir líon na n-aistritheoirí agus líon na dtéarmeolaithe i ngach institiúid agus i roinnt cásanna caitheann na haistritheoirí sciar ama aontaithe ar obair théarmeolaíochta. Tá achoimre déanta ar na freagraí a tugadh ar an gceist seo i dTábla 5.

5.1.3 Comhoibriú idir institiúideach sna teangacha nua

I bhformhór na dteangacha nua, bíonn cumarsáid agus comhoibriú rialta agus bríomhar idir na haistritheoirí agus na téarmeolaithe in institiúidí éagsúla an AE. Bíonn an chumarsáid foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon.

Bíonn teagmháil rialta idir téarmeolaithe Slóivéinise an Choimisiúin agus bíonn cruinnithe téarmeolaíochta idir institiúideacha bliantúla ann chun 'an dul chun cinn a phlé agus chun téarmaíocht a chomhréiteach' (SL Com1). Bíonn teagmháil fhoirmiúil ag téarmeolaithe an Choimisiúin le gach comhalta foirne téarmeolaíochta trí chruinnithe rialta a eagraíonn an *Terminology Coordination Sector*. Tugann téarmeolaí de chuid an Choimisiúin ar aird freisin go mbíonn teagmháil neamhfhoirmiúil acu le comhghleacaithe a bhíonn ag obair le grúpa teangacha nua. Baineann téarmeolaí

Thall: Tábla 5: Líon na dtéarmeolaithe de réir institiúide (LA: Lánaimseartha; PA: Páirtaimseartha; FTE: Coibhéis lánaimseartha)

¹² D'aistrigh Málta an acquis roimh aontachas ach bhí maolú i gceist. Níor ghéa an acquis ar fad a aistriú go Máltais agus bhí feidhm leis an maolú seo fiú nuair a chuaigh Málta isteach san AE, go dtí 2007.

Teanga	Parlaimint	Coimisi�n	Comhairle
Bulg�airis	5 aistritheoir i mbun na t�earmeola�ochta	<i>freagra ar bith</i>	<i>freagra ar bith</i>
Seicis	3 th�earmeola�	1 t�earmeola� LA 2 th�earmeola� PA =2 th�earmeola� (coibh�eis l�anaimseartha)	<i>freagra ar bith</i>
East�oinis	D�eanann 4 as na 29 aistritheoir obair th�earmeola�ochta ‘nuair is g�’	2 th�earmeola�* (coibh�eis l�anaimseartha)	26 aistritheoir (an t�earmeola� san �ireamh), as a nd�eanann 9 d�obh 1.8 coibh�eis l�anaimseartha den obair th�earmeola�ochta
Ung�airis	D�eanann 2 aistritheoir obair th�earmeola�ochta uaireanta, is ionann sin agus thart ar 0.25 coibh�eis l�anaimseartha	<i>freagra ar bith</i>	1 t�earmeola� (coibh�eis l�anaimseartha) agus 9 dt�earmeola� PA
Liotu�ainis	D�eanann 6–8 aistritheoir obair th�earmeola�ochta ar bhonn r�ta s� mh� (athra�onn an choibh�eis l�anaimseartha gach seachtain idir 0 agus 0.5)	<i>freagra ar bith</i>	1 t�earmeola� (coibh�eis l�anaimseartha)
Laitvis	1 t�earmeola� LA amh�in agus 2 th�earmeola� PA =2 th�earmeola� coibh�eis l�anaimseartha	55 aistritheoir � 29.11.12 i leith ar th�earmeola� l�anaimseartha duine d�obh sin agus is t�earmeolaithe p�irtaimseartha beirt d�obh (d�eanann gach duine d�obh 0.5 coibh�eis l�anaimseartha d’obair th�earmeola�ochta)	D�eanann 5 den 26 aistritheoir obair th�earmeola�ochta ar bhonn rialta**
M�ltais	6 th�earmeola�	2 th�earmeola� (coibh�eis l�anaimseartha)	D�eanann 7 de na 20 aistritheoir obair th�earmeola�ochta ar bhonn m�rialta ag brath ar an ualach oibre aistri�ch�in
Polainnis	3 th�earmeola�	1 t�earmeola� l�anaimseartha (in aghaidh na roinne) 3 th�earmeola� p�irtaimseartha (1 in aghaidh an aonaid)	1 t�earmeola� coibh�eis l�anaimseartha agus 12 ‘t�earmeola� ar r�ta gn�omhach ar bhonn seachtaini�il’ ***
R�m�inis	10 dt�earmeola� ar bhonn �c�aideach arb ionann iad agus 1 coibh�eis l�anaimseartha n� n�os l� n� sin go forioml�n	1 t�earmeola� LA 6 aistritheoir a dh�eanann obair th�earmeola�ochta 1 coibh�eis l�anaimseartha	26 aistritheoir: d�eanann 6 d�obh obair th�earmeola�ochta 1 coibh�eis l�anaimseartha ar bhonn r�ta
Sl�vaicis	25 aistritheoir, a dh�eanann obair th�earmeola�ochta ar bhonn m�rialta	2 th�earmeola� (coibh�eis l�anaimseartha). Tugtar cuireadh d’aistritheoir� cur leis an obair th�earmeola�ochta tr�na gcuid comhfhreagrais r�omhphoist le saineolaithe a sheoladh ar aghaidh chuig na t�earmeolaithe (SK Com2).	27 aistritheoir, is t�earmeolaithe iad 4 d�obh sin
Sl�iv�inis	7 dt�earmeola�	1 t�earmeola� LA 2 th�earmeola� leathama	8 dt�earmeola� (aistritheoir� de ghn�th) ag obair ar th�earma�ocht ar bhonn r�ta. In 2011 bh� 1.45 coibh�eis l�anaimseartha i mbun obair th�earmeola�ochta. 1 t�earmeola� chun obair th�earmeola�ochta a chomhord�.

* T  t earmeola  amh in l anaimseartha ann agus d eanann beirt eile obair ar comhionann   agus coibh eis l anaimseartha amh in.

** T  na c igear aistritheoir  seo i ngr pa t earmeola ochta. T  duine d obh sin sannta go l anaimseartha d’obair th earmeola ochta ar feadh s  mh  agus caitheann an ceathrar eile 3-5 l  ar obair th earmeola ochta gach m . D eanann na haistritheoir  eile nach bhfuil sa ghr pa seo roinnt laethanta oibre ar th earma ocht i rith na bliana.

*** I rith Uachtar nacht na Polainne bh  0.9 coibh eis l anaimseartha, ach de ghn th b onn 1.5 coibh eis l anaimseartha ann.

na Parlaiminte leas as teagmháil neamhfhoirmiúil le comhghleacaithe a bhíonn ag déileáil le teangacha eile trí ríomhphost nó imeachtaí téarmeolaíochta. Is comhdhálacha nó ceardlanna inmheánacha a bhíonn sna himeachtaí seo a eagraítear laistigh den Pharlaimint.

Ar an mbealach céanna, bíonn teagmháil ag an gCoimisiún agus ag an bParlaimint le comhghleacaithe Slóvacacha in institiúidí eile trí ríomhphost.

Is léir ó fhreagraí an tsuirbhé go mbíonn teagmháil mhaith agus rialta idir aistritheoirí agus téarmeolaithe na Rómáine sna hinstiúidí éagsúla. Bíonn cruinniú idirinstiúideach bliantúil ann a eagraíonn institiúid dhifriúil gach bliain. Bíonn teagmháil neamhfhoirmiúil idir téarmeolaithe maidir le téarmaí a mbíonn deacrachtaí leo san institiúid ina n-oibríonn siad agus le comhghleacaithe in institiúidí eile.

Bíonn teagmháil rialta ag téarmeolaithe Polainnise lena chéile agus le hionadaithe teanga eile sna hinstiúidí ina n-oibríonn siad. Luann an bheirt téarmeolaithe go mbíonn ríomhphost rialta eatarthu mar aon le cruinnithe boird téarmeolaíochta.

I gcás na Máltaise, bíonn cruinnithe foirmiúla acu trí nó ceithre huair in aghaidh na bliana le comhaltaí foirne téarmeolaíochta/aistriúcháin sa Choimisiún agus in institiúidí eile chun 'na tosaíochtaí coitianta don bhliain a phlé' (MT Com1). Déantar téarmaí a mbíonn deacrachtaí ag baint leo a phlé go rialta trí ríomhphost, laistigh den institiúid agus le hinstiúidí eile araon.

Luann téarmeolaithe Laitvise an Choimisiún agus na Comhairle go mbíonn teagmháil idir na téarmeolaithe san institiúid ina n-oibríonn siad agus le téarmeolaithe in institiúidí eile. Baintear úsáid as bosca ríomhphoist chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a mbíonn leas coitianta ag baint leo agus téann an 'Láraonad Téarmeolaíochta i gcomhchomhairle le téarmeolaithe maidir le ceisteanna a bhaineann le téarmaíocht nó le IATE' (LV Cou1). Luann LV Com1 cruinnithe rialta sa Choimisiún arna n-eagrú ag an *Terminology Coordination Sector* sa DGT agus a bhfreastalaíonn comhghleacaithe na ranna teanga eile orthu. Sa Pharlaimint bíonn 'teagmháil rialta trí ríomhphost le comhghleacaithe in institiúidí eile maidir le téarmaí práinneacha nó téarmaí tráthúla' (Athbhreithneoir LV Parl).

Téann téarmeolaithe Liotuáinise na Comhairle i dteagmháil lena gcomhghleacaithe in institiúidí eile trí na boscaí ríomhphoist feidhmeacha (LT Cou1). Déantar an malartú faisnéise go praiticiúil ar bhonn laethúil. Tugann LT Cou1 le fios go mbíonn teagmháil leis na hinstiúidí ar fad nach mór agus déanann LT Parl1 cur síos ar an teagmháil mar theagmháil an-

rialta idir phearsanta agus fhoirmiúil araon, duine le duine nó trí ríomhphost nó ar an teileafón. Déantar cruinnithe bliantúla idir na téarmeolaithe Liotuáinise as gach institiúid de chuid an AE a thionól go rialta sa Bhruiséil nó i Lucsamburg. Tugtar cuireadh freisin do shaineolaithe ón *Permanent Representation of Lithuania* agus d'ionadaithe ón *Lithuanian Language Commission* chuig na cruinnithe bliantúla. Le blianta beaga anuas, tá feabhas mór tagtha ar an gcomhoibriú idir an *Lithuanian Language Institute* agus an *Lithuanian Language Commission*.

Luann HU Parl1 go bhfuil liosta seoltaí ann do na téarmeolaithe Ungáirise ar fad in institiúidí uile an AE agus go mbíonn cruinnithe foirmiúla ann uaireanta idir téarmeolaithe. Cuireann Athbhreithneoir HU Cou síos ar an easpa cruinnithe a bhíonn idir na téarmeolaithe Ungáirise mar dhúshlán. Luann sé/sí go mbíonn 'teagmháil rialta sa Chomhairle trí chruinnithe téarmeolaíochta, teagmhálaithe pearsanta agus ríomhphost. D'oibrigh roinnt téarmeolaithe mar théarmeolaithe róta i roinn comhordaithe téarmaíochta na Comhairle (Téarmaíocht agus Cáipéisíocht) agus cuireann sé go mór leis an teagmháil fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil'. Bíonn cumarsáid rialta freisin ann idir téarmeolaithe na n-aonad Ungáirise in institiúidí eile trí ríomhphost.

Is léir ó na suirbhéanna go mbíonn teagmháil rialta ag na téarmeolaithe Eastóinise leis na comhaltaí foirne aistriúcháin/téarmeolaíochta san institiúid ina n-oibríonn siad agus le comhaltaí foirne aistriúcháin/téarmeolaíochta in institiúidí eile. Luann an ET Cou1 go mbíonn teagmháil rialta trí ríomhphost le hionadaithe in institiúidí eile agus go mbíonn orthu bualadh le chéile faoi dhó sa bhliain. Luann ET Parl1 go mbíonn 'comhoibriú maith agus rialta idir na téarmeolaithe ar fad a oibríonn in aonaid na hEastóinise in institiúidí agus i gcomhlachtaí éagsúla an AE trí ríomhphost agus cruinnithe rialta'.

Bíonn teagmháil neamhfhoirmiúil le comhaltaí foirne téarmeolaíochta/aistriúcháin i ranna teanga eile sa Pharlaimint chun faisnéis maidir le modhanna oibre a roinnt. Bíonn teagmháil fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil ann idir comhaltaí foirne aistriúcháin/téarmeolaíochta in institiúid eile an AE trí chomhdhálacha, cruinnithe agus ríomhphost. Mar shampla bíonn teagmháil rialta, neamhfhoirmiúil agus fhoirmiúil araon, ag téarmeolaí na Seicise, CS Com1, le comhghleacaithe san institiúid ina n-oibríonn sé/sí agus le comhghleacaithe in institiúidí eile de chuid an AE. Eagraítear cruinnithe de chuid Bhord Téarmeolaíochta DGT gach cúpla mí. Bíonn '*Terminology Together Day*' ann arna eagrú ag an *Terminology Coordination Sector* ar a bhfreastalaíonn comhordaitheoirí, téarmeolaithe Roinne agus uaireanta

ionadaithe as institiúidí eile de chuid an AE (mar shampla an t-aonad aistriúcháin atá freagrach as forbairt IATE).

5.1.4 Teagmháil le saineolaithe

I bhformhór na gcásanna, baineann téarmeolaithe leas mór as teagmháil a dhéanamh le saineolaithe náisiúnta. Luann SL Com1 mar shampla go mbíonn an tacaíocht téarmeolaíochta a chuireann saineolaithe a bhíonn ag obair sna haireachtaí ar fáil ina ghné thábhachtach ina gcuid oibre.

I roinnt cásanna tugtar le fios nach féidir brath i gcónaí ar shaineolaithe ós rud é go dtugann siad ‘freagra déanach, freagra neamhshoiléir nó gan freagra ar bith’ (PL Cou1). Míbhuntáiste eile a thugann SL Com1 le fios ná an t-achar fisiciúil a bhíonn idir iad féin agus saineolaithe náisiúnta agus comhghleacaithe as institiúidí eile, rud a mbíonn bacainní cumarsáide mar thoradh air. Luann MT Cou1 an easpa acmhainní cothrom le dáta atá ar fáil agus an easpa tacaíochta ó Mháilta rud a chiallaíonn go gcaitear cinneadh a dhéanamh in achar gairid ama.

I roinnt cásanna bíonn struchtúr foirmiúil ann maidir le plé. Sampla amháin ná an *Slovak Terminology Network*. Is líonra neamhpholaitiúil, deonach agus neamhbhrabúsach é a bunaíodh ar chomhoibriú oscailte idir rannpháirtithe. Is iad seo a leanas cuspóirí ginearálta an líonra:

- caighdeán, comhleanúnachas agus rochtain na téarmeolaíochta a bhíonn in úsáid ag institiúidí an AE agus ag Poblacht na Slóvaice a ardú;
- teagmháil tapa agus iontaofa idir daoine aonair agus institiúidí a bheidh ag plé le cruthú agus le húsáid téarmeolaíochta a éascú;
- aistriú faisnéise i réimse na téarmaíochta agus na teanga a bhrostú;
- ardán a chruthú chun tabhairt faoi thionscadail teanga atá comhaontaithe ag comhaltaí (Athbhreithneoir SK Parl).

Tá saineolaithe náisiúnta sna hoifigí ionadaíochta nó sna haireachtaí ábhartha freagrach as téarmaí a chruthú agus a dhaingniú (SK Parl1).

Tá líonra ann don Rómáinis freisin ar líonra neamhpholaitiúil agus neamhbhrabúsach é ina bhfeidhmíonn saineolaithe *à titre individuel*, ar a dtugtar an *Linguistic Network of Excellence for Institutional Romanian*. Déanann an líonra iarracht an méid réimsí saineolais agus is féidir a chlúdach. Is é leasuachtarán an *Romanian Academy* uachtarán an ghrúpa agus tá go leor ollúna sa ghrúpa, rud a chiallaíonn go bhfuil cúlra láidir acadúil ag baint leis.

Buaileann na comhaltaí le chéile go bliantúil agus tá fóram ar líne acu (Athbhreithneoir RO Com).

Ar an lámh eile, síleann RO Com1 gurb é easpa aon chomhlachta náisiúnta le freagracht as caighdeánú téarmaí as príomhdhúshlán a bhaineann le hobair na téarmeolaíochta Rómáinise sa chaoi go dtarlaíonn uaireanta breis is téarma amháin ar choincheap amháin.

I gcás na Liotuáinise, tá dul chun cinn mór déanta maidir le teagmháil idir théarmeolaithe, dlítheangeolaithe, saineolaithe agus teangeolaithe sna hinstitiúidí teanga sa Liotuáin. In 2011, mar thionscnamh de chuid an Choimisiúin, bunaíodh an *Lithuanian Terminology Network*, rud a chuireann le líonrú agus comhoibriú i réimse na téarmeolaíochta. Rinneadh comhiarrachtaí chun caighdeán agus leanúnachas théarmaíochta na Liotuáinise a bhaineann le reachtaíocht an AE a fheabhsú. Ó 2011, tá córas ionad ilfhreastail (Athbhreithneoir LT Cou) i bhfeidhm i Vilnias chun déileáil le ceisteanna téarmeolaíochta a bhaineann le hachtanna reachtaíochta an AE.

Tá *Polish Terminology Network* ann freisin d’aistritheoirí an Choimisiúin. Is ‘ionad ilfhreastail é sa chóras riaracháin phoiblí arna chomhordú ag an Aireacht do Ghnóthaí Eachtracha; faoin gcóras seo cheap gach 23 aireacht agus institiúid phoiblí a bhí rannpháirteach comhordaitheoir a bhí freagrach as ceisteanna ó DGT PL a fhreagairt agus déantar gach éileamh ar chomhchomhairlí a chur tríd an Aireacht Gnóthaí Eachtracha’ (agallamh le Czernecki 2012). Meastar go bhfuil an córas úsáideach agus déantar thart ar 100-150 cáipéis (1,500-3,000 téarma) a phlé gach bliain i réimsí éagsúla.

Sa chás go bhfuil institiúid teanga nó téarmeolaíochta ann, déantar teagmháil leis an institiúid sin. Luann SL Com1 comhchomhairlí le saineolaithe san *Institute for Slovenian Language* agus téann téarmeolaithe Polainnise i dteagmháil leis an *Polish Language Council* mar aon le hionadaithe in ollscoileanna ina ndéantar staidéar ar an bPolainnis. Níl aon chomhlacht caighdeánaithe téarmeolaíochta náisiúnta Polainnise ann, áfach, a d’fhéadfadh moltaí téarmaí a ghlacadh/ a fhaomhadh nó a dheimhniú chun níos mó creidiúnachta a thabhairt do na téarmaí (PL Cou1). Luann LV Cou1 an *State Language Centre*, comhlacht a bunaíodh in 1992 chun an *State Language Law* a chur i bhfeidhm (Valsts Valodas Centrs 2012). Luann an téarmeolaí freisin go ‘mbíonn saineolaithe éagsúla ann a bhfuil saineolas acu rannpháirteach in obair théarmeolaíochta ó Aireachtaí ábhartha agus ó chomhlachtaí poiblí.

Tugtar cuireadh do shaineolaithe ó *Permanent Representation of Lithuania* agus d'ionadaithe ón *Lithuanian Language Commission* chuig cruinnithe bliantúla na dtéarmeolaithe Liotuáinise as gach institiúid de chuid an AE agus tá feabhas mór tagtha ar an gcomhoibriú leis an *Lithuanian Language Institute* agus leis an *Lithuanian Language Commission*.

Luann MT Com1 nach bhfuil aon chomhlacht náisiúnta sonrach ann ar mhaithe le cruthú téarmaí ach go dtéann na dtéarmeolaithe i gcomhchomhairle le húdaráis náisiúnta do roinnt tacar téarmaí ar nós sonraí spáis, cuntasáíocht agus iascach.

5.1.5 Dúshlán a bhaineann le hobair théarmeolaíochta

Luann téarmeolaithe roinnt dúshlán difriúil maidir lena gcuid oibre, lena n-áirítear deacrachtaí ó thaobh foinsí iontaoifa a fháil, fadhbanna le neamhréireachtaí, an réimse leathan ábhar a chlúdaítear, an chéim dhéanach ina gcuirtear tús le hobair théarmeolaíochta uaireanta, mar aon le comhordú na saineolaithe.

Luann roinnt freagróirí na deacrachtaí a bhaineann le foinsí iontaoifa a fháil. Ó tharla go mbaintear úsáid fhorleathan as an mBéarla agus toisc an easpa acmhainní teanga i roinnt earnálacha teicniúla, is é an dúshlán is mó atá ann don Mháltais ná téarmaí ar choincheapa teicniúla a chruthú (MT Com1). Luann RO Cou1 gurb é an príomhdhúshlán foinsí iontaoifa a fháil (go háirithe ar líne i réimsí teicniúla) sa Rómáinis chun na téarmaí a chruthú. Luann SL Com1 freisin gur deacracht eile atá ann foinsí iontaoifa a fháil, ós rud é nach teanga í an tSlóivéinis atá forbartha go cuimsitheach agus go bhfuil 'litríocht fhíorasach gann'; luann SL Cou1 an rud céanna. Dúshlán coitianta don tSlóvaicis, mar atá luaite ag téarmeolaí na Parlaiminte agus ag beirt téarmeolaithe an Choimisiúin, ná an deacracht a bhaineann le téarmaí a chur ar fáil sa tSlóvaicis de bharr easpa acmhainní téarmeolaíochta iontaoifa. Luann CS Com1 go mbíonn sé deacair teacht ar an téarma ceart Seicise nuair is 'beag foinsí atá ar fáil, nó gan foinse ar bith nó nuair atá contráthacht idir na foinsí.'

I roinnt cásanna, níl ach beagán foinsí ar fáil agus d'fhéadfadh nach mbeadh siad an-iontaoifa (do choincheapa nua go minic). Uaireanta, ní bhíonn foinsí ar bith ann, go háirithe do chúrsaí nach ann dóibh i bPoblacht na Seice (e.g. téarmaí mhuirí) nó do théarmaí nach bhfuil aon bhuncháipéis Seicise ag gabháil leo (coincheapa nó réimsí nua nach bhfuil téarmaíocht Seicise ann dóibh fós e.g. táirgí airgeadais nó roinnt téarmaí i dteicneolaíocht na faisnéise). Nó d'fhéadfadh go mbeadh foinsí contrártha ann (e.g. úsáideann údair éagsúla ar ailt eolaíochta téarmaí éagsúla). (Athbhreithneoir CS Com)

Cruthaíonn neamhréireachtaí fadhbanna do théarmeolaithe: ní mór téarmaí míchearta a úsáideadh i mbun-achtanna dlí Polainnise a úsáid arís in achtanna a thagraíonn do na bun-achtanna dlí sin agus ní mór sin a léiriú in IATE (PL Com1). I gcás na Slóivéinise, d'fhéadfadh go mbeadh sé deacair neamhréireachtaí i dtéacsanna éagsúla reachtaíochta agus neamhréireachtaí de chuid an AE a réiteach (SL Cou1). Dúirt MT Cou1 go mbíonn sé deacair uaireanta sraith téarmaí Máltaise a chruthú agus go gcruthaíonn aistritheoirí leaganacha eile uaireanta ó tharla go ndéantar téarmaí a chinneadh go himmheánach in institiúidí uaireanta. Breithníonn RO Com1 gur dúshlán iad na neamhréireachtaí téarmeolaíochta sa Rómáinis, fiú i bhfoinsí fíor-iontaoifa (ar nós téacsanna reachtaíochta); agus an tionchar a bhíonn ar chruthú téarmaí nuair a thagann coincheapa nua chun solais go tapa i roinnt réimsí (airgeadas mar shampla), rud a mbíonn go leor iasachtaí díreacha nó neamhdhíreacha ón mBéarla mar thoradh air. Bíonn sé deacair na hiasachtaí sin a oiriúnú do shaincheisteanna teanga sa Rómáinis.

Is fadhb eile í éagsúlacht na réimsí ábhar. Luann SL Com1 an deacracht a bhaineann le bheith ag obair le raon leathan réimsí agus saineolas a fháil ar an réimse sin. Mar thoradh air sin, ní mór dul i gcomhairle le saineolaithe nó le haistritheoirí a bhfuil eolas acu ar an réimse agus d'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair na hiarrachtaí sin a chomhordú. Luann SL Cou1 freisin go bhféadfadh go mbeadh téarmaí i dtionscadail a chuireann an láraonad téarmeolaíochta ar bun nach mbaineann leis an tSlóivéinis. Luaitear freisin i gcás na Slóvaicise go mbíonn sé deacair a bheith ag obair ar raon leathan téarmaí agus ábhar a bhíonn ag athrú gach lá ón mbaincéireacht go dtí an dlí go dtí an cheimic. Luann LT Parl1 easpa sainoilíúna sa Liotuáinis agus i dtéarmaíocht na Liotuáinise agus easpa eolais maidir le roinnt réimsí sonracha, mar shampla airgeadas.

Tá imní ar théarmeolaí Ungáirise amháin faoin bhfíric go ndéantar taighde téarmeolaíochta 'ag céim dheireanach go minic seachas tráth a chruthaítear an coincheap nó an cháipéis ina bhfuil an téarma' ach deir an téarmeolaí sin freisin go bhfuil cúrsaí ag feabhsú (Athbhreithneoir HU Cou).

Deir LT Cou1 gur dúshlán mór a bhíonn i gcomhordú na n-iarrachtaí a dhéantar chun na réitigh is fearr a fháil ar na téarmaí a chaithear a chruthú go práinneach, dúshlán lena ndéileáilann téarmeolaithe Liotuáinise gach lá. Bíonn an fhadhb chéanna ag saineolaithe Polainnise:

Bímid ag fanacht ar feadh tamaill fhada le freagraí a fháil ó shaineolaithe [ar théarmaí airgeadais agus

TF] ó tharla go mbíonn orthu teacht ar réiteach eatarthu féin ar fhoclaíocht téarma/frása. Tugann siad tuairim dúinn gan geallúint go mbainfidh saineolaithe eile > na meáin > úsáideoirí deiridh úsáid as an bhfoclaíocht seo (Athbhreithneoir PL Cou).

5.2 Acquis communautaire

Is iad na rialtais náisiúnta atá freagrach as an *acquis communautaire* a chur ar fáil sna teangacha aontachais. Ós rud é gurb é bailiúchán iomlán dhlíthe an AE atá san *acquis*, tá na téarmaí agus na sainmhínte uile a leagadh síos cuimsithe san *acquis* freisin. Dá bhrí sin, is foras tábhachtach don obair théarmeolaíochta é *acquis* dea-aistrithe.

Déanann na Seirbhísí Dlí sa Choimisiún, sa Chomhairle agus i bParlaimint na hEorpa athbhreithniú ar na leaganacha den *acquis* sna teangacha nua agus tugann siad chun críche iad. Déantar na téacsanna a phrofáil in Oifig na bhFoilseachán sula bhfoilsítear iad sna heagráin speisialta den Iris Oifigiúil. Déanann daoine faoi oiliúint nó aistritheoirí sa *Terminology Coordination Sector* de chuid DGT an Choimisiúin téarmaíocht a asbhaint ón *acquis*. Déantar gach téarma a sheiceáil agus uaireanta moltar leagan eile. Sa chás sin, léiríonn IATE an téarma ‘molta’ agus an téarma ar chóir a úsáid nuair a luaitear téacs reachtaíochta.

Tugtar cur síos gairid thíos ar sholáthar an *acquis* sna teangacha nua uile de réir mar a freagraíodh sna ceistneoirí.

Bulgáiris

Rinne an *Centre for Translation agus Revision* i gComhairle Airí na Bulgáire na chéad aistriúcháin agus lean na haistritheoirí Bulgáirise a d’fhostaigh an AE tar éis aontachas na tíre ar aghaidh leis an obair.

Seicis

Ba é an *Koordináční a revizní centrum* (an tAonad Comhordaithe agus Athbhreithnithe) de chuid Rialtas Phoblacht na Seice an comhlacht a bhí freagrach as aistriúcháin an *acquis*. Rinneadh na haistriúcháin seo a sheachfhoinsiú chuig conraitheoirí seachtracha agus rinne an tAonad iad a athbhreithniú ina dhiaidh sin. Tugadh deis d’aireachtaí Seicise agus do chomhlachtaí Stáit eile moltaí a thabhairt maidir leis an téarmaíocht a úsáideadh. Bunaíodh bunachar sonraí ansin ina raibh téarmaí Seicise faofa ó reachtaíocht an AE.¹³

Eastóinis

Bunaíodh an *Estonian Legal Translation Centre* in 1995 agus ba é an phríomhaidhm a bhí leis ná an

13 <http://isap.vlada.cz/dul/zavaznet.nsf/ca?OpenView>

acquis a aistriú go hEastóinis. Bhí an tlonad freagrach as reachtaíocht na hEastóinise a aistriú go Béarla freisin. Athraíodh ainm an aonaid in 2003 go dtí an *Legal Language Centre*¹⁴ tráth a thosaigh an tlonad ag forbairt téarmaíochta dlí agus teanga dlí na hEastóinise. Bhí aistritheoirí, téarmeolaithe, athbhreithneoirí teanga agus athbhreithneoirí dlí ag obair san Ionad. Rinneadh an tlonad a lánscor in 2006 tráth a ndeachaigh an Eastóin in aontachas leis an AE agus chuaigh líon mór fostaithe ar aghaidh ag obair in institiúidí an AE. Déanann ET Cou¹ cur síos ar dhá chur chuige a glacadh i leith na hoibre téarmaíochta ar an *acquis*: obair théarmaíochta réamhghníomhach – ina bhfuair na haistritheoirí an téacs i dteannta liosta téarmaí agus an téarma Eastóinise a ghabhann leo – agus comhchomhairle le téarmeolaithe i rith an phróisis aistriúcháin.

Ungáiris

Rinneadh an *acquis* a sheachfhoinsiú d’aistritheoirí neamhspleácha le haistriú go hUngáiris. Rinne saineolaithe neamhspleácha athbhreithniú ar na haistriúcháin seo agus rinne ‘dlítheangeolaithe in Aireacht Dlí agus Cirt na hUngáire le cabhair ó théarmeolaithe a chomhoibrigh freisin le saineolaithe as aireachtaí eile athbhreithniú breise’ ar na haistriúcháin (HU Parl1). D’fhostaigh an Aireacht grúpa téarmeolaithe le bunachar sonraí a chruthú.¹⁵ Tá thart ar 23,000 téarma a bhaineann leis an tréimhse roimh aontachas na tíre sa bhunachar sonraí a cruthaíodh agus an *acquis* á aistriú. Baintear úsáid as an mbunachar sonraí uaireanta go fóill sa Pharlaimint (Athbhreithneoir HU Parl) ach ní bhaintear úsáid as sa Chomhairle (‘is annamh a bhaineann téarmeolaithe na Comhairle úsáid as mar ní dhearnadh nuashonrú air ó aontachas na hUngáire leis an AE’: Athbhreithneoir Hu Cou). Tá na téarmaí seo le fáil ar fhoclóir ar líne ón *Publishing House of the Hungarian Academy of Sciences*.¹⁶

Laitvis

An *Translation agus Terminology Centre*, a cruthaíodh roinnt blianta roimh aontachas na Laitvia chun na críche sin, a chuir an *acquis* ar fáil i Laitvis. Bhí an tlonad freagrach as aistriúcháin an *acquis* agus as an obair théarmeolaíochta a chuaigh leis. Luann LV Cou¹ go raibh cuid de na teangeolaithe ab fhearr sa Laitvia fostaithe ag an Ionad agus go ndearnadh an obair ‘ar bhealach lárnaithe agus maorsithe’. Tugann an téarmeolaí le fios freisin gur chruthaigh an tlonad ardán tábhachtach don obair théarmeolaíochta ar fad a dhéanfaí as sin amach.

14 <http://www.legaltext.ee>

15 <http://external.kim.gov.hu/eu-terminologia/>

16 http://www.szotar.net/szotarak/product_en.php?product=70057

Liotuáinis

Is é an *Translation, Documentation agus Information Centre* faoi Rialtas Phoblacht na Liotuáine a bunaíodh in 1998 i Vilnius chun na críche sin (LT Parl1) a rinne obair aistriúcháin Liotuáinise ar an acquis. Bhí an tlonad freagrach as an acquis a aistriú agus athbhreithniú a dhéanamh air. Ó thaobh théarmaíocht an acquis, faoi láthair déantar ‘téarmaí a mbíonn deacrachtaí ag baint leo a phlé idir institiúidí agus le saineolaithe Liotuáinise agus leis an *State Language Commission*’ (LT Cou1).

Máltais

Níor freagraíodh an cheist seo ó thaobh na Máltais.

Polainnis

Rinneadh obair ar an acquis a sheachfhoinisú chuig gníomhaireachtaí aistriúcháin sa Pholainn agus rinne aonad aistriúcháin acquis ag Coiste na Polainne do Lánpháirtíú leis an AE (ar ar tugadh an Oifig Lánpháirtíochta-AE ina dhiaidh sin) athbhreithniú ar an obair sin. Luann PL Cou1 go raibh na hathbhreithneoirí an-ghnóthach agus nárbh i gcónaí a d’fhéad siad caighdeán na n-aistriúchán a chinntiú. Mar thoradh air sin, ní bhreithnítear go bhfuil an téarmaíocht san acquis iontaofa agus bíonn sí ar neamhréir go minic. Luann PL Com1 freisin neamhiontaofacht na téarmeolaíochta san acquis agus luann sí freisin go dtugtar ‘Pre-IATE’ ar na téarmaí seo agus go bhfuiltear á dtabhairt cothrom le dáta faoi láthair.

Rómáinis

Bunaíodh an *Department for the Coordination of the Translation of the acquis sa European Institute of Romania* in 2000. Rinneadh obair théarmeolaíochta a sheachfhoinisú chuig go leor cuideachtaí príobháideacha aistriúcháin ar dtús ach níor baineadh leas ach as dhá cheann acu sin ar deireadh: Diomondo.srl agus Poliglot. Déanann RO Com1 cur síos ar an obair théarmeolaíochta a rinneadh ar an acquis mar ‘tháblaí comhchordachta do na téarmaí a úsáideadh sna buntéacsanna (dá bhrí sin ba é an toradh ná gluaiseanna FR-RO agus EN-RO, DE-RO go hannamh)’. Nuair a rinneadh na haistriúcháin a athbhreithniú, thosaigh an Roinn ar ‘idirphlé’ a dhéanamh ar bhunachar sonraí an *European Institute of Romania*. Tugann RO Com1 cur chuige ‘an-neamhréamhghníomhach’ ar an gcur chuige seo.

Slóvaicis

Rinneadh an acquis a aistriú den chuid is mó ag leibhéal náisiúnta. Tugann SK Com1 agus SK Com2 le fios go bhfuil go leor neamhréireachtaí sa téarmaíocht de bharr aistriúcháin an acquis: ‘Is léir gur aistríodh an acquis communautaire faoi dheifir. I roinnt cásanna, níl aon leanúnachas téarmaíochta i measc na n-achtanna gaolmhara. Tá botúin i gcuid de na hachtanna.’ (SK

Com1); ‘tá go leor cásanna ina bhfuil neamhréireacht téarmaíochta agus botúin (ciall, soiléireacht)’ (SK Com2). Tugann beirt téarmeolaithe an Choimisiúin le fios gur féidir athruithe a chur i bhfeidhm láithreach i gcásanna áirithe ach i gcásanna eile nach mór fanacht go dtí go ndéantar an t-acht a aisghairm. Ciallaíonn na fadhbanna caighdeán go bhfuil an-chuid obair ghlantacháin agus chomhchuibhithe riachtanach:

Déanaimid iarracht an téarmaíocht lárnach a aimsiú i réimsí difriúla agus í a chomhréiteach ar bhealach ionas nach mbeidh ach téarma amháin Slóvaicise ann do choincheap amháin. I roinnt réimsí is féidir an t-athrú a chur i bhfeidhm láithreach, i gcásanna eile (e.g. téarmaí a shainmhínítear i mbunachanna), ní mór dúinn fanacht go ndéanfar an t-acht a aisghairm. Ní bhaintear úsáid as *corrigenda* go minic, ach amháin sa chás go mbíonn tionchar ag an mbotún ar bhrí an téacs. (SK Com1).

Slóivéinis

Bhí an *Department for Translation, Revision agus Terminology*, aonad de chuid Oifig an Rialtais do Ghnóthaí Eorpacha, freagrach as an acquis a aistriú. Luann SL Com1 gur oibrigh an Roinn freisin le roinnt aistritheoirí neamhspleácha, dlíodóirí agus le saineolaithe as aireachtaí. D’oibrigh aistritheoirí, athbhreithneoirí teanga agus téarmeolaithe le chéile ar an téarmaíocht agus rinne saineolaithe agus dlíodóirí athbhreithniú air ansin. Nuair a faomhadh an obair, cuireadh an téarmaíocht isteach in Multiterm agus foilsíodh é ar an suíomh gréasáin faoin ainm Evroterm, bunachar sonraí téarmaí a bailíodh le linn aistriúcháin an acquis. Tá an bunachar sonraí le fáil ar líne ó 2000¹⁷ i leith agus déantar nuashonrú agus eagarthóireacht air go rialta agus is é an príomhbhunachar sonraí téarmaíochta é do riarachán an Stáit.

5.2.1 Caighdeán téarmeolaíochta an acquis

Is léir go raibh go leor éagsúlachta ag baint le caighdeán na téarmaíochta a cuireadh ar fáil le linn phróiseas táirgthe an acquis. I gcás na Laitvise, mar shampla, tugadh le fios go ndearnadh é ar ‘bhealach lárnaithe agus maoirsihte’ i gcomparáid leis an Máltais, faoina dtugtar le fios go seachnaíonn téarmeolaithe na Comhairle ó théarmaíocht an acquis i gcás téarmaí míchearta (Athbhreithneoir Cou MT).

Ní bhreithnítear go bhfuil téarmaíocht na Polainnise san acquis iontaofa agus is minic neamhréireachtaí ann. Tá caighdeán na téarmaíochta san aistriúchán Slóvaicise lag in áiteanna chomh maith agus earráidí agus neamhréireachtaí ann de bharr go ndearnadh faoi dheifir é. (SK Com1).

17 <http://evroterm.gov.si/index.php?jezik=angl>

Mar atá luaite thuas, is é an *acquis* an bonn ar ar tógadh formhór théarmaí an AE agus dá bhrí sin bhí tionchar díreach ag an bpróiseas lenar cuireadh an *acquis* le chéile agus lenar forbraíodh an téarmaíocht dó ar gach teanga nua.

5.2.2 Téarmaíocht an *acquis* a chur isteach in IATE

Ó cuireadh tús le IATE, díródh an obair ar chur le chéile an *acquis* *communautaire* sna teangacha nua ar an stór téarmaíochta i dtéangacha nua a mhéadú agus bhí torthaí éagsúla ann dá bharr.

Bhain daoine a bhí faoi oiliúint in DGT sa Choimisiún agus soláthróirí seirbhísí seachtracha, roimh agus tar éis aontachas 2004, úsáid as téarmaí a bhí sna leaganacha deiridh den *acquis* *communautaire*, tríd an leagan Béarla a úsáid mar threoir. Eagraíodh an obair seo go lárnach in DGT; stóráladh na torthaí i mbunachar sonraí simplí ar a dtugtar EC Termpad agus as sin rinneadh iad a iompórtáil in IATE. Mar a luadh thuas, níor measadh go raibh an t-ábhar seo an-úsáideach nó iontaofa i roinnt ranna teanga agus dá bhrí sin rinneadh a fhorhóir a íosghrádú ó thaobh na hiontaofachta nó rangaíodh é mar ábhar Pre-IATE (mar shampla, rinneadh 11,000 téarma a cuireadh ar aghaidh i mbaisc in 2004 a lipéadú mar ábhar Pre-IATE ionas nach mbeadh siad le feiceáil in IATE Poiblí: ET Com1).

Bhí éagsúlacht mhór sa líon sonraí in aghaidh na teanga nua ag brath ar na hacmhainní a bhí ar fáil don asbhaint, ar dhul chun cinn aistriúcháin an *acquis* sa tír aontachais ábhartha agus ar thabhairt chun críche an aistriúcháin sin ag Seirbhísí Dlí Institiúidí an AE. Níorbh fhéidir ach sonraí as na leaganacha deiridh a chur san áireamh.

Níor tugadh faoin tionscnamh seo an athuir in 2007 le linn aontachas na Bulgáire agus na Rómáine. Ina áit sin, sannadh ceathrar aistritheoirí in aghaidh na teanga agus roinnt oiliúnaithe Bulgáracha agus Rómánacha chuig an bhfoireann Chomhordaithe Téarmaíochta a rinne a gcuid oibre téarmeolaíochta a eagrú agus a mhaoirsiú. Ar an mbealach sin, cinntíodh go ndearnadh buntéarmaí, a baineadh amach de lámh as na leaganacha deiridh den *acquis* sa Bhulgáiris agus sa Rómáinis agus ar cuireadh faisnéis téarmagrafaíochta leo a chur isteach in IATE go córásach. Mar gheall ar an leibhéal maoirseoireachta agus ar an gcur chuige córásach, ina raibh seiceáil chuimsitheach agus taifeadadh foinsí, breithníodh go raibh an téarmaíocht seo ar chaighdeán i bhfad níos fearr (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b). Ba léir go raibh an cineál seo oibre dírithe ar iontrálacha ardchaighdeáin seachas ar líon mór iontrálacha.

Cé go ndéantar bailiúcháin nó bunachair shonraí téarmaíochta a chruthú de ghnáth i dtíortha aontachais i rith chur le chéile an *acquis* *communautaire*, níor cuireadh ceann ar bith de na bailiúcháin seo isteach in IATE ar chúiseanna éagsúla.

- Maidir le hábhar bailiúcháin/bunachar sonraí a iompórtáil, is gá na hiontrálacha in IATE lena gcuirfeadh an teanga nua a aithint de lámh. Glacann sé seo go leor ama.
- I roinnt cásanna tá na téarmaí a úsáideadh in aistriúcháin an *acquis* athraithe ag comhaltaí foirne teanga in Institiúidí an AE.
- Baineann saincheisteanna eile atá le réiteach maidir le hionpórtáil na mbailiúcháin seachtrach seo le difríochtaí i struchtúr sonraí agus leis na hacmhainní a bheadh ag teastáil chun na sonraí sin a iompórtáil agus a fhaomhadh i mbunachar sonraí IATE.
- Ar deireadh, is féidir bunachair shonraí a lánpháirtíú san uirlis meiteachuardaigh Quest (féach Mír 4.1.3) agus dá bhrí sin beidh foireann teanga in institiúidí an AE in ann rochtain a fháil orthu. Leis an réiteach seo, is féidir am a shábháil ar an ullmhú a bhaineann le hábhar a iontráil agus cinnteoidh sé freisin go mbeidh na sonraí téarmeolaíochta a fhaightear cothrom le dáta i gcónaí (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b).

5.3 Téarmaíocht teangacha nua in IATE

Léirítear le Tábla 6 an líon téarmaí atá in IATE do gach teanga. Is léir go bhfuil difríocht mhór i líon na dtéarmaí – tá 46,045 ag an Liotuáinis agus níl ag an mBulgáiris ach 26,470 – ach, mar a áitíodh i Mír 3, ní hé líon na dtéarmaí amháin an tslat tomhais is fearr ar fheidhmíocht na teanga in IATE. (Mar shampla, níor fágadh ach beagán de na 20,572 téarma in IATE a iompórtáladh in 2005 tar éis scrúdú a dhéanamh orthu le linn thionscadal GA IATE; fiú faoi dheireadh 2005, tar éis dúblaigh a scríosadh, ní raibh ach 13,476 fágtha in IATE).

Tábla 6: Téarmaí de réir teanga i mbunachar IATE in 2005 agus in 2012. Foinse: agallamh le Rummel 2012a agus 2012b

Teanga	Líon téarmaí (2005)	Líon téarmaí (2012)
Béarla	1,502,831	1,419,682
Fraincis	1,426,551	1,357,793
Gearmáinis	1,097,640	1,038,726
Iodáilis	717,654	705,551
Ollainnis	710,726	695,460
Spáinnis	632,397	617,528
Danmhairgis	615,402	604,560
Portaingéilis	543,348	532,829
Gréigis	524,641	524,660
Sualainnis	317,031	315,409
Laidin	83,348	64,560
Fionlainnis	322,948	328,521
Liotuáinis	29,169	46,045
Ungáiris	22,202	41,869
Polainnis	21,166	50,004
Gaeilge	13,476*	45,823
Seicis	16,152	33,752
Slóvaicis	15,327	31,366
Eastóinis	14,596	33,219
Slóivéinis	13,268	33,495
Laitvis	8,553	28,411
Máltais	550	25,558
Rómáinis	185	26,051
Bulgáiris	101	26,470
Eile	20,412	28,531
IOMLÁN	8,669,674	8,655,873

* Ba é 20,572 an figiúr seo nuair a rinneadh an iompórtáil ach i Meán Fómhair 2007 scriosadh níos mó á 7,100 téarma mar chuid de phróiseas glantacháin (scriosadh dúblach).

5.3.1 Na treoirlínte a úsáidtear d'obair IATE

Baintear úsáid as an *IATE Input Manual* agus as an *Best Practice for Terminologists* do na teangacha nua uile. Luann LV Com1 agus na téarmeolaithe Polainnise agus Rómáinise an treoir stíle idirinstiúideach¹⁸ mar thagairt litríthe agus gramadaí agus baineann roinnt ranna teanga úsáid as a gcuid treoirleabhar inmheánach féin, ar nós threoirleabhar na Slóivéinis ar 'phrionsabail chaighdeánacha na téarmeolaíochta, ar na príomhbhunachair shonraí a úsáidtear agus

ar an sreabhadh oibre a chuirtear i bhfeidhm chun fadhbanna téarmeolaíochta a réiteach' (SL Com1). Luann MT Com1 agus RO Com1 caighdeán ISO 704. Luaigh an RO Cou1 an *New Framework for Terminology* de chuid Chomhairle an AE.

Tá cáipéisí ann freisin a bhaineann le teangacha ar leith: rialacha luaite foinsí a forbraíodh i Roinn na Seicise, bunaithe ar chaighdeán luanna sa tSeicis (CS Com1); treoir a forbraíodh go speisialta don Eastóinis a úsáidtear i ngach aonad aistriúcháin Eastóinise sna hinstiúidí; 'rialacha tagartha teangabhunaithe don Ungáiris' (HU Parl1); 'treoir IATE don Liotuáinis' agus na 'teoracha téarmeolaíochta Liotuáinise' (LT Parl1); agus treoir shimplithe sa Pholainnis a forbraíodh ar mhaithe le 'húsáideoirí éighníomhacha (seiceáil) agus gníomhacha (eagarthóireacht)' (PL Cou1).

Liostaíonn an LV Com1 an méid seo a leanas freisin: '*Validation of EN entries by non-native speakers guide*' (forbartha ag téarmeolaithe Roinn an Bhéarla), sliocht ón *Guide to Terminology* (Suonuuti 2001) a foilsíodh in 1997 agus arís in 2001 ag an Finnish Centre for Technical Terminology /Nordterm; agus COTSOES (*Conference of Translation Services of European States*) *Recommendations for Terminology Work* (Conference of Translation Services of European States 2002).

5.3.2 Cé chomh minic is a dhéantar obair ar téarmaí IATE

Oibríonn formhór na dtéarmeolaithe in IATE gach lá nó go seachtainiúil. Mar sin féin, déantar níos lú oibre i roinnt ranna teanga in instiúidí áirithe i gcomparáid le hinstiúidí eile. Sa Pharlaimint, mar shampla, ní chuirtear téarmaí Slóvaicise agus Laitvise isteach in IATE chomh minic le teangacha eile.

5.3.3 Dúshláin a bhaineann le bheith ag obair le IATE

Luann roinnt de na téarmeolaithe a oibríonn le teangacha nua dúshláin shonracha a bhaineann le bheith ag obair le IATE, cé gur léir go mbaineann siad úsáid as an mbunachar gach lá. Seachas roinnt bunfhadhbanna, is príomhábhar imní é caighdeán chuid den ábhar, i roinnt de na teangacha nua agus sna príomhtheangacha (Béarla nó Fraincis go ginearálta). Áirítear leis sin, caighdeán na dtéarmaí féin, mar aon le sainmhínte, tagairtí agus réimsí. Saincheist eile ná an baol atá ann go ndéanfar téarmaí a dhúbláil agus tá plé déanta air seo i Mír 3.2.2 agus is léir gur gá aird a thabhairt ar an tsaincheist seo. Bíonn aistritheoirí agus téarmeolaithe ag obair faoi bhrú ama rud a chiallaíonn nach ndéantar na saincheisteanna seo a réiteach láithreach; cruthaítear moill bhreise le saincheisteanna a

bhaineann le húinéireacht téarmaí. Léirítear leis an bplé i Mír 3.2.2 go bhfuil IMG ar an eolas faoi na dúshláin seo agus go bhfuil siad ag dul i ngleic leo, trí, mar shampla, obair a dhéanamh ar roghnú ‘príomhúlach’.

Réimsí ar thearcionadaíocht in IATE

I bhformhór na dteangacha, tá réimsí in IATE le líon íseal téarmaí nó gan téarmaí ar bith, ach níor measadh gur fhadhb thromchúiseach í seo. Is féidir teacht ar théarmaí ach acmhainní eile a úsáid, ar nós Quest nó acmhainní imheánacha. Mar shampla, baineann an Coimisiún úsáid as gluais inmheánach bunaithe ar Excel don Pholainnis ina bhfuil thart ar 15,000 focal. Is téarmaí iad seo a raibh saineolaithe náisiúnta Polainnise ag plé leo ach nach gá iad a chur isteach in IATE, ar nós ainmneacha substaintí casta ceimiceacha. I gcás na Seicise, tugann CS Com1 ar aird go bhfuil ‘go leor réimsí ann nach bhfuil clúdaithe go fóill’ ach ardaíonn an cheist maidir leis an tairbhe a bhainfí as líon mór téarmaí a chur isteach a bhaineann le réimse ar leith. Luann sé/sí freisin nach mbeadh sin ag teastáil ós rud é go mbíonn ‘dlúthbhaint ag an obair théarmeolaíochta le téacsanna an Choimisiúin atá á n-aistriú’. Dá bhrí sin, ionas go mbeadh leas ann do na haistritheoirí, b’annamh a bheadh tairbhe ar bith ag baint le téarmaí a chuirfí isteach nach mbeadh baint acu le téacsanna sonracha. Luann SL Com1 go bhfuil ‘go leor téarmaíochta fós ar lár ó IATE’ ach is féidir le haistritheoirí rochtain a fháil orthu i réimsí eile, trí Eur-Lex nó trí bhunachair shonraí aistriúcháin choitianta.

Luann LV Cou1 nach bhfuil aon bhearnaí sa téarmaíocht ós rud é ‘go leanann ábhar IATE forbairt an *acquis communautaire*’. Ní luaitear bearnaí áirithe i gcás na hEadóine ach an oiread. Freagraíonn MT Cou1 nach bhfuil aon réimse eolais áirithe ann ina bhfuil ganntanas téarmaí Máltaise.

Luaitear bearnaí sonracha i gcásanna eile. Tugann BG Parl1 le fios go bhfuil ganntanas téarmaí airgeadais ann, ‘de bharr leibhéal difriúil forbartha a bheith ann i margaí airgeadais na Bulgáire agus an Iarthair faoi seach’, agus i dtéarmaí cearta LGBT, ó tharla gur réimse sách nua é seo don Bhulgáir i réimse na gcearta daonna. Luann LT Cou1 na réimsí fuinnimh agus airgeadais idirnáisiúnta. Luann LT Parl1 an timpeallacht, orgánaigh farraige, socheolaíocht agus síceolaíocht. Dúirt LV Com1 go bhfuil ganntanas téarmaí ann sna réimsí ina bhfuil saineolas de dhíth, mar shampla bainistiú dramhaíola, leigheas agus éiceathocsaineolaíocht. Tugann MT Com1 le fios go bhfuil easpa téarmaíochta iarnróid ann ós rud é nach bhfuil aon traenacha i Málta. Dúirt SK Com2 go bhfuil ganntanas téarmaí ann do MARE agus do INFISO, do DGanna maidir le gnóthaí muirí agus iascaigh agus sochaí na faisnéise agus na meáin. Luann SK Com2 ‘réimse ar bith

nach bhfuil aon obair déanta ina leith go fóill’, ó tharla nach raibh bunachar sonraí ar bith ann do théarmaí na Slóvaicise roimh aontachas na tíre, seachas in aistriúchán an *acquis*. Luann SL Com1 ‘go bhfuil téarmaí ar theicneolaíochtaí nua, ar nós GMonna, gann’. Maidir le cásanna ina bhfuil ganntanas eolais in acmhainní neamh-IATE (amhail airgeadas, go háirithe maidir le huirlisí nua; margaí airgeadais agus seirbhísí i gcomhthéacs na géarchéime le déanaí; fuinneamh agus téarmaí TF), deir Athbhreithneoir PL Cou go mbíonn ar na téarmeolaithe Polainnise, fanacht tréimhsí fada uaireanta chun freagraí a fháil ó shaineolaithe maidir le téarma/frása. Má tá ganntanas in acmhainn neamh-IATE, léirítear é seo freisin in IATE féin. Tá ganntanas téarmaí ann freisin maidir le taighde agus i réimsí nach bhfuil go leor forbartha déanta orthu sa Pholainn amhail fíonóireacht. (PL Com1).

Iontrálacha dúblacha

Tá míchaoithiúlacht mhór ag baint le hiontrálacha dúblacha (i seanteangacha agus i dteangacha nua araon); tá sé seo luaite go sonrach ag roinnt freagróirí (PL Com1; RO Com1; SK Com1; SK Com2; SL Cou1), agus tá ‘noise’ luaite ag HU Parl1 agus LV Com1 araon. Dar le roinnt freagróirí (Athbhreithneoir CS Com; HU Parl1) tá an fhadhb seo amhlaidh toisc gur cruthaíodh IATE trí bhunachair shonraí roinnt institiúidí de chuid an AE a chumasc. Cruthaíonn sé sin deacrachtaí: mar shampla, nuair atáthar ag ionchur téarmaí Seicise, ní bhíonn an téarmeolaí cinnte cén iontráil inar chóir é a chur.

Dúshláin theicniúla

Luann roinnt de fhreagróirí an cheistneora saincheistanna teicniúla i ndáil le IATE:

- Luann ET Parl1 gur ‘bunachar sonraí liopasta’ é IATE a bhfuil ‘go leor srianta teicniúla’ air (ar an lámh eile chinn ET Cou1 ar dtús go raibh an bunachar sonraí róchasta ach go bhfuil cleachtadh faighte aige/aici air anois).
- Deir Athbhreithneoir HU Cou go bhfuil IATE as dáta: ‘tá sé mall agus neamhiontaofa, tá iontráil na sonraí casta, níl cur i láthair na sonraí éasca le húsáid, ní chuireann an fheidhm chuardaigh ábharthacht an téarma san áireamh, etc.’
- Deir HU Parl1 go bhfuil an bunachar sonraí ‘róchasta le húsáid (go háirithe chun téarmaí a chruthú), [agus] go bhfuil an iomarca réimsí le líonadh isteach maidir le gach téarma’.
- Deir MT Com1 gur comhéadan ‘ársa’ é comhéadan IATE ach is é a t(h)uairim go gcomhlíonann sé go maith ceanglais an ‘ISO ábhartha maidir le téarmaíocht a thairfeadh’.

- Dar le PL Cou1, tá an nós imeachta chun téarmaí a iontráil róchasta, agus go ritear as am le linn seisiún, agus go gcailltear sonraí mar thoradh air sin. Chomh maith leis sin ní féidir úsáid iomlán a bhaint as an bhfeidhm easpórtála, agus tá bearna rómhór idir na nuashonruithe a dhéantar i mbanc sonraí téarmaíochta inmheánach IATE agus a dtaispeáint in IATE Poiblí. Luann PL Cou1 chomh maith go bhfuil comhéadan IATE críon agus nach bhfuil sé éasca le húsáid.
- Cuireann téarmeolaithe ón Rómáin in iúl go dteastaíonn uathu go mbeadh níos mó feidhmeanna in IATE a cheadódh cumarsáid idir téarmeolaithe ón Rómáin in institiúidí éagsúla.
- Deir SL Cou1 nach bhfuil sé praiticiúil nach féidir le réimsí éagsúla a bheith ar oscailt lena nuashonrú ag an am céanna, agus nach féidir ach le dhá theanga a bheith ar oscailt ag aon am amháin.

Úinéireacht téarmaí

Tugann ET Com1 ar aire go gcruthaítear deacrachtaí sa bhunachar sonaí de dheasca úinéireacht na dtéarmaí. Má bhíonn an téarma faoi úinéireacht institiúide amháin is féidir le hinstiúid eile é a mhodhnú, ach ní mór don institiúid a bhfuil úinéireacht aici ar an téarma an modhnú sin a bhailíochtú. Mura dtarlaíonn an bailíochtú ní bheidh an modhnú le feiceáil in IATE Poiblí. Deir ET Com1 go bhfuil caidreamh chomh maith sin idir ionadaithe ón Eastóin, nach fadhb mhór í sin i gcás na hEastóinise, ach más téarma Béarla a bhíonn ann, nach mbíonn a fhios ag an téarmeolaí cé leis ba chóir dó teagmháil a dhéanamh i ndáil le bailíochtú agus dá bhrí sin tréigean sé an próiseas ar fad. Tugann MT Cou1 ar aire gurb é easpa comhréitigh idir institiúidí an dúshlán is mó.

Déantar an tsaincheist seo, agus na réitigh a mholtar maidir leis, a phlé i Mír 3.2.2.

Caighdeán téarmaí

Baineann an tsaincheist maidir le caighdeán téarmaí (a pléadh roimhe seo i Mír 5.2.1), den chuid is mó, le haistriúchán an *acquis communautaire* agus ionchur téarmaí isteach in IATE ina dhiaidh sin. Luann ET Com1 go raibh drogall ar aistritheoirí ar dtús an bunachar sonraí a úsáid 'ós rud é go raibh an t-ábhar in Eastóinis sách lag', ach ní hé sin an cás a thuilleadh agus is é IATE an phríomhfhoinsé ó thaobh théarmaíochta an AE san Eastóinis. Deir BG Parl1 gur gá cuid mhaith de na téarmaí a iontráladh roimh aontachas na Bulgáire a nuashonrú, rud a bhfuil dúshlán ag baint leis. Deir SK Com1 agus SK Com2 go mbíonn caighdeán ina fhadhb uaireanta, toisc nach mbíonn an téarmaíocht a thagann as aistriú an *acquis iontaofa* i gcónaí. Caitheann LV Cou1 amhras ar chaighdeán na dtéarmaí sin a tháinig ó aistriú an *acquis*

(toisc go ndearnadh gach téacs a aistriú go Laitvis, bíonn téarmaí ar fáil i gcónaí. Is scéal eile é a gcaighdeán').

Deir RO Cou1 go bhfuil riaráiste ann i gcónaí maidir leis na téarmaí a cruthaíodh roimh aontachas na Rómáine, rud a chiallaíonn go bhfuil roinnt téarmaí ar iarraidh ó IATE. Tugann SK Com1 ar aire nach bhfreagraíonn na réimsí i gcónaí do na téarmaí san iontráil, agus go bhfuil coincheapa measctha le fáil i roinnt iontrálacha. Deir téarmeolaí na Parlaiminte go bhfuil fadhb ag baint leis an ábhar, agus deir sé go bhfuil 'an iomarca téarmaí gan mhaitheas ann nach mbaineann le caint an AE' (SK Parl1).

Téarmaí, tagairtí agus sainmhínithe maithe a aimsiú

Tá droch-shainmhínithe, sa teanga fhoinseach agus sa sprioctheanga araon, ar cheann de na laigí a ndearna aistritheoirí na dteangacha nua tuairisc orthu. Tugann RO Com1 ar aire go tiocfadh feabhas ar chaighdeán iontrálacha IATE dá mbeadh sainmhínithe níos fearr sa teanga fhoinseach. Cinneann Athbhreithneoir CS Com nach mbíonn coincheapa arna ndoiciméadú in iontrálacha IATE sainmhínithe go maith i gcónaí (san am atá caite, mar gheall ar shrianta teicniúla, bhí an méid faisnéise a d'fhadfaí a iontráil teoranta), agus dá bhrí sin ní bhíonn an téarmeolaí cinnte i gcónaí maidir leis an iontráil ar chóir téarma Seicise a shannadh di. Dúshlán amháin a luann LV Cou1 is ea cinneadh a dhéanamh faoi cé acu de na hábhair thagartha a úsáidtear atá údarásach agus cé acu nach bhfuil. Cruthaíonn sé sin fadhbanna nuair a dhéanann téarmeolaí cinneadh gan réiteach críochnaitheach a bheith aimsithe aige/aici.

Bíonn dúshlán ag baint le téarmaí agus sainmhínithe maithe sna teangacha nua a aimsiú. Deir LV Cou1 gurb é an príomhdhúshlán foinsí iontaofa a aimsiú do shainmhínithe i Laitvis, toisc go gcaithfeadh sainmhínithe a ionchur le téarmaí. Dar le PL Cou1 gurb iad na príomhdhúshláin a bhaineann le hábhar ná téarmaí cúí sa Pholainnis chomh maith le sainmhínithe maithe a aimsiú i gcomhair coincheap nua. Tugann LT Cou1 ar aire gurb iad na príomhdhúshláin a bhaineann le bheith ag obair le IATE ná sainmhínithe iontaofa a aimsiú do théarmaí nua agus téarmaí Liotuáinise atá ceart agus inghlactha a chruthú. Deir SL Com1 go mbíonn sé deacair sainmhínithe iontaofa a aimsiú sa tSlóivéinis nó go mbíonn neamhréireachtaí sna hacmhainní. Ina theannta sin, 'is minic nach mbíonn an tuairim chéanna ag saineolaithe'. Cinneann SL Com1 gurb é an príomhdhúshlán ná a bheith ag obair le 'téarmaíocht an-teicniúil ar a mbíonn gá le domhaintaighde' agus go mbíonn sé deacair saineolas inmheánach a fhorbairt toisc go bhfuil raon na réimsí a chlúdaítear i reachtaíocht an AE róleathan le go bhféadfaí sin a dhéanamh.

Brú ama

Sa Pharlaimint, áit nach bhfuil aon téarmeolaí Liotuáinise lánaimseartha, is dúshlán é an easpa ama atá ar fáil don obair théarmeolaíochta; luann LT Cou1 é seo chomh maith. Deir BG Parl1 chomh maith go bhfuil saincheist ag baint le hinfhaighteacht maidir le hobair aistriúcháin. Deir HU Parl1 gurb é an dúshlán is mó am a fháil chun obair théarmeolaíochta a dhéanamh mar gheall ar an ualach oibre aistriúcháin. Deir Athbhreithneoir HU Cou dá mbeadh níos mó acmhainní ar fáil do na téarmeolaithe chun cabhrú leo a bheith ina saineolaithe i réimsí téarmeolaíochta, bheadh sé i bhfad níos éasca na téarmaí cearta a aimsiú agus a chruthú. Deir MT Cou1 chomh maith go mbíonn easpa ama ann chun oibriú ar obair théarmeolaíochta ar feitheamh. Formhíonann PL Cou1 mar seo a leanas:

Tá mé ar dhuine d'fhíorbheagán daoine ar téarmeolaithe lán-aimseartha iad. Braitheann sé sin ar ualach oibre agus ar am, áfach: má bhíonn gá leis éilítear orm aistriúchán/athbhreithniú a dhéanamh chomh maith. Uaireanta bíonn sé deacair sceideal róta seachtainiúil a chomhlíonadh toisc go bhforéilítear téarmeolaithe róta ar ais chun aistriúchán a dhéanamh chomh maith. Cuireann sé sin isteach ar m'eagrú oibre agus bíonn gá le go leor solúbthachta.

Luann téarmeolaithe Choimisiún na Slóvaice gur gnéithe dúshlánacha dá bpost chomh maith iad 'bainistiú ama, tascanna a chur in ord tosaíochta agus eagrú'. Deir SK Com1 gurb é an réimse is mó freagracht ag téarmeolaithe ná a bheith ag obair do na haistritheoirí, agus gur chóir dóibh dá bhrí sin díriú ar 'thascanna agus tionscadail a bhfuil nasc díreach acu' le riachtanais na n-aistritheoirí.

Úsáid IATE

Deir RO Com1 an méid seo a leanas

Uaireanta, agus iad faoi bhrú ama, ní rachaidh comhghleacaithe, agus iad ag baint úsáide as inneall cuardaigh Quest, thar an toradh a thaispeánann spriocliosta IATE, cé go bhféadfaí eolas tábhachtach agus réitigh aistriúcháin fiú a aimsiú i sainmhíniú nó i gcomhthéacs Rómáinise. Dá bhrí sin, tá an fhoireann téarmeolaíochta ag obair chun feasacht a ardú sa treo sin.

Dar le PL Cou1 go mbíonn sé 'deacair comhghleacaithe a spreagadh chun cur le téarmaíocht'. Tugann PL Cou1 ar aire chomh maith go bhfuil dúshlán ag baint le hinfheictheacht lag IATE sa saol lasmuigh.

5.4 Achoimre

Chruthaigh aontachas an dá theanga dhéag nua le struchtúr ilteangachais agus aistriúcháin na hEorpa (atá casta cheana féin) dúshlán ollmhóra, go háirithe ó thaobh soláthar acmhainní téarmaíochta cuí chun freastal ar riachtanais aistriúcháin. I bhformhór na gcásanna, cé go raibh frustrachas i gceist, baineadh amach é sin, agus i ngach cás, is acmhainn thar a bheith úsáideach é IATE. Foghlaimíodh ceachtanna ag céim luath, go háirithe ó fhorbairt agus asbhaint/iompórtáil théarmaíocht an acquis, agus chuir na ceachtanna sin eolas ar fáil don dara próiseas aontachais, in 2007, agus do thionscadal GA IATE a phléifear sa chéad mhír eile.

6 Cás-staidéar: Tionscadal GA IATE

Is é aidhm thionscadal GA IATE cur le líon na dtéarmaí i mbunachar sonraí IATE, d'fhonn aistriúchán tráthúil téacsanna an AE go Gaeilge a éascú. Is iad Fiontar (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath), Rialtas na hÉireann (an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta) agus institiúidí an AE na comhpháirtithe tionscadail. Cuireadh pleanáil tosaigh an tionscadail i bhfeidhm sa bhliain 2007, agus cuireadh tús leis i mí Eanáir 2008. Déanann an mhír seo a leanas cur síos ar thionscadal GA IATE i ndáil leis an gcomhthéacs inar cuireadh tús leis, ullmhúchán eagarthóireachta agus teicniúil, sreabhadh oibre agus torthaí, riarachán agus bainistíocht agus comhoibriú agus comhpháirtíocht; soláthraíonn sé chomh maith measúnú imlíneach ar na príomhláidreachtaí agus dúshláin.

6.1 Stair agus comhthéacs

6.1.1 Stádas na Gaeilge

Sainmhíneáir le hAirteagal 8 de Bhunreacht na hÉireann (1937) stádas oifigiúil na Gaeilge in Éirinn. Luaitear san airteagal sin gurb í an Ghaeilge teanga oifigiúil an Stáit ach go n-aithnítear an Béarla mar an dara teanga oifigiúil. Nuair a chuaigh Éire isteach sna Comhphobail Eorpacha in 1973, áfach, glacadh leis an mBéarla mar an teanga oifigiúil chun críocha an AE. Lorg rialtas na hÉireann, agus é ag lua deacrachtaí praiticiúla a dúirt sé a d'eascródh i ndáil le haistriúchán agus téarmaíocht dá mbeadh stádas oifigiúil ag an nGaeilge, 'stádas conartha' speisialta don Ghaeilge. Chiallaigh sin nach ndéanfaí ach na Conarthaí a aistriú go Gaeilge (Ó Laighin 2008, Ich. 258). Bhí roinnt de na Ballstáit eile in aghaidh an stádais sin don Ghaeilge in 1973, ar eagla go gcruthódh sé sin an dara sraith bhuan de theangacha, ach lean rialtas na hÉireann leis, agus cinneadh go ndéanfaí reachtaíocht phríomhúil nó conarthaí an AE a aistriú go Gaeilge ach nach mbainfí úsáid aisti mar theanga oibre san AE (agallamh le Ó Briain 2012; Ó Laighin 2008, Ich. 258). Ba é sin an cás go dtí 2007.

Rinneadh forbairtí suntasacha i gcás na Gaeilge le deich mbliana anuas. Sa bhliain 2003 rith an tOireachtas (Parlaimint na hÉireann) Acht na dTeangacha Oifigiúla (OLA), a ceapadh chun seirbhís níos fearr trí Ghaeilge a chinntiú. Leis an OLA leagadh roinnt oibleagáidí ar chomhlachtaí poiblí lena chinntiú go gcuirfí foilseacháin ar fáil i nGaeilge, lena n-áirítear Alt 7, a chuimsigh cinneadh ón gCúirt Uachtarach ó 2001 (Ó Beoláin v. Fahy 2001) isteach san Acht agus a d'fhochuir oibleagáid ar an Stát lena chinntiú go gcuirfí Achtanna an Oireachtais (reachtaíocht phríomha) ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla chomh luath agus is féidir i ndiaidh a n-achtaithe. Sa bhliain 2004, le linn Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais

Eorpaigh, cuireadh tús le feachtas cuimsitheach in Éirinn le go mbeadh an Ghaeilge ina teanga oifigiúil den AE, agus i samhradh na bliana céanna, d'fhógair rialtas na hÉireann go raibh sé ar intinn aige stádas oifigiúil an AE a éileamh don Ghaeilge. Baineadh é sin amach sa bhliain 2005, agus glacadh le Rialachán 920/2005 ón gComhairle. Tháinig an stádas i bhfeidhm an 1 Eanáir 2007.

Déanann Deaglán Ó Briain, iar-Phríomhoifigeach, Rannóg na Gaeilge, sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, a raibh páirt lárnach aige maidir le tús a chur le tionscadal GA IATE, cur síos ar bheartas Rialtas na hÉireann ag an am sin i ndáil le haistriúchán agus le téarmaíocht i gcomhthéacs Acht na dTeangacha Oifigiúla agus stádas don Ghaeilge san AE. Deir sé gurbh é beartas rialtas na hÉireann le linn na mblianta sin stádas oifigiúil a bhaint amach don Ghaeilge, freastal ar bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí a ionchorpraíodh in Alt 7 den OLA agus dul níos sia fós ná an breithiúnas sin. Ritheadh feachtas stocaireachta poiblí chun stádas oifigiúil a bhaint amach don Ghaeilge, an chéad fheachtas dá leithéid le hachar fada, agus ba é an toradh a bhí air sin ná tiomantas polaitiúil agus pearsanta don stádas sin ó na polaiteoirí sinsearacha ag an am. Dar le Ó Briain, tá tionchar ag an mbealach ina bhfeictear an teanga go hidirnáisiúnta, agus bonn eacnamaíoch a bheith fúithi i ndáil le deiseanna fostaíochta, ar an gcaoi a mbraitear í go náisiúnta. Braitheann na hargóintí teangeolaíoch a dtéarmaí thodhchaí na teanga, mar thoradh air sin, go pointe áirithe ar a stádas idirnáisiúnta. Aithníonn Caoilfhionn Nic Pháidín, Stiúrthóir Tionscadal le Fiontar, an tábhacht phraiticiúil agus shiombalach a bhaineann le stádas idirnáisiúnta na Gaeilge (agallamh le Nic Pháidín 2012). Meastar go bhfuil sé tábhachtach, dá bhrí sin, go ndéantar an stádas oifigiúil a tugadh don Ghaeilge a chosaint agus a chothabháil.

6.1.2 An gá le tógáil acmhainneachta i gcás na Gaeilge

Bonn ar aon leis na forbairtí sin i stádas na teanga bhí gá le líon leordhóthanach foirne teanga cáilithe in Éirinn, lena chinntiú go bhféadfaí forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh, agus in institiúidí an Aontais Eorpaigh chomh maith lena chinntiú go ndéanfaí reachtaíocht an AE a chur ar fáil i nGaeilge mar a éilítear de réir stádas oifigiúil nua an AE. Cé go raibh rialtas na hÉireann ar an eolas go mbeadh dúshláin ag baint le stádas oifigiúil na Gaeilge i ndáil le hacmhainneacht, bhí an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta¹⁹ dóchasach go bhféadfaí freastal ar na dúshláin sin le himeacht ama.

¹⁹ Athchumraíodh an roinn rialtais sin mar an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta in 2011.

Maolú i ndáil le haistriúchán Gaeilge

Mar gheall ar an easpa foirne teanga, measadh go raibh gá le maolú i ndáil le haistriúchán Gaeilge in institiúidí an AE chun freastal ar theacht i bhfeidhm an stádais oifigiúil (agallamh le Ó Briain 2012). Bunaíodh le Rialachán 920/2005 ón gComhairle²⁰ maolú sealadach i ndáil leis an nGaeilge ón 1 Eanáir 2007 ar feadh tréimhse chúig bliana. B'éigean do Bhallstáit eile an cinneadh chun an stádas sin a cheadú don Ghaeilge a phlé ag gach leibhéal, ó COREPER, an coiste ambasadóirí atá freagrach as obair Chomhairle an AE a ullmhú, go hairí gnóthaí eachtracha, agus de réir a chéile ó cheannairí rialtais náisiúnta, sular glacadh leis ar deireadh (agallamh le Ó Briain 2012). De réir an mhaolaithe, níl gá ach reachtaíocht arna glacadh leis an ngnáthnós imeachta reachtach a aistriú go Gaeilge.

Bhí maolú cosúil leis sin i bhfeidhm freisin de réir Rialachán (AE) 930/2004 ón gComhairle²¹ i ndáil leis an Máltais ar feadh tréimhse trí bliana nuair a tháinig Málta ina Ballstát sa bhliain 2004. Níorbh fhéidir ach rialacháin arna nglacadh trí chomhchinnteoireacht a aistriú go Máltais. Bhí sé sin le hathbhreithniú i ndiaidh 30 mí, nuair a bheadh deis ann an tréimhse mhaolaithe a shíneadh ar feadh bliana eile. Leagadh síos sa rialachán sin go gcaithfí ag deireadh na tréimhse maolaithe sin gach acht nach raibh foilsithe sa Mháltais roimhe sin a fhoilsiú sa teanga sin.

Sa bhliain 2010 rinneadh cinneadh maolú na Gaeilge a shíneadh ar feadh cúig bliana eile, don tréimhse ó Eanáir 2012 go dtí Nollaig 2016, de réir Rialachán (AE) Uimh. 1257/2010 ón gComhairle.²² Bhí oiliúint agus cáilíocht faighte ag aistritheoirí le linn tréimhse an chéad mhaolaithe (2007–12) ach bhí roinnt acu nach raibh ullmhaithe, i dtéarmaí oiliúna, nó nach raibh sásta glacadh le poist aistriúcháin san Eoraip (agallamh le Ó Briain 2012). Aithníonn Tomás Ó Ruairc, a bhí freagrach as tionscadal GA IATE sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, cé go bhfuil go leor bainte amach i ndáil le hoiliúint a chur ar aistritheoirí, tá go leor fós le déanamh sular féidir

20 Council Regulation (EC) No. 920/2005 of 13 June 2005 amending Regulation No 1 of 15 April 1958 determining the language to be used by the European Economic Community agus Regulation No 1 of 15 April 1958 determining the language to be used by the European Atomic Energy Community agus introducing temporary derogation measures from those Regulations OJ L156, 18.6.2005, lgh. 3–4.

21 Council Regulation (EC) No 930/2004 of 1 May 2004 on temporary derogation measures relating to the drafting in Maltese of the acts of the institutions of the European Union OJ L156, 18.6.2005, lgh. 3–4.

22 Council Regulation (EU) No 1257/2010 of 20 December 2010 extending the temporary derogation measures from Regulation No 1 of 15 April 1958 determining the languages to be used by the European Economic Community agus Regulation No 1 of 15 April 1958 determining the languages to be used by the European Atomic Energy Community introduced by Regulation (EC) No 920/2005 OJ L 156, 18.6.2005, lgh. 3.

deireadh a chur leis an maolú, go háirithe i bhfianaise Chonradh Liospóin, a raibh na réimsí beartais a thagann faoin ngnáthnós imeachta reachtach leathnaithe aige, agus a mhéadaigh líon na réimsí beartais nár chlúdaigh an maolú agus méid an ábhair a bhí le haistriú go Gaeilge (agallamh le Ó Ruairc, 2012).

Tionscnaimh chun acmhainneacht a neartú

Nuair a rinneadh an cinneadh stádas oifigiúil a thabhairt don Ghaeilge, bhí sé de fhreagracht ar institiúidí an AE foireann teanga chuí a earcú. Ach bhí sé de fhreagracht ar rialtas na hÉireann a chinntiú go raibh dóthain aistritheoirí agus ateangairí ann chun an earcaíocht sin a éascú (agallamh le Ó Briain 2012). Ina theannta sin, b'éigean do rialtas na hÉireann a chinntiú go raibh téarmaíocht leordhóthanach Ghaeilge a bhain le cúrsaí an AE á bhailiú d'fhonn obair na n-aistritheoirí agus na n-ateangairí thuasluaite a éascú. Mar atá luaite ag rialtas na hÉireann ina ráiteas i leith na Gaeilge, 'tabharfar gach cúnamh agus tacaíocht don Aontas Eorpach i bhfeidhmiú an chinnidh an Ghaeilge a bheith ina teanga oibre agus ina teanga oifigiúil san AE ón 1 Eanáir 2007' (Rialtas na hÉireann 2006, lch. 18). Ba dhúshlán a bhí ansin do rialtas na hÉireann:

Cé go múnimid Gaeilge i ngach scoil agus go léiríonn figiúirí gurb ionann líon na gcainteoirí dúchais agus 2 faoin gcéad nó mar sin den daonra, go labhraíonn 9 faoin gcéad eile nó mar sin Gaeilge ar chaighteán fíor-ard, is beag duine a bhfuil tuiscint iomlán acu ar théarmeolaíocht speisialaithe i dtéarmaí TF, ábhair eolaíochta i gcoitinne, nó an dlí (agallamh le Ó Briain 2012).

Tá gealltanas sa *Straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010–2030* (Rialtas na hÉireann 2010, lch. 29) go n-oibreoidh rialtas na hÉireann chun na himthosca a chruthú ina mbeidh go leor céimithe cáilithe ar fáil le freastal ar riachtanais earcaíochta an AE le go bhféadfar deireadh a chur leis an maolú sin le linn ré na Straitéise seo'. Tá roinnt beart déanta ag rialtas na hÉireann (an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta) chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb acmhainneachta seo:

- I ndáil le hateangaireacht agus aistriúchán, déantar cúrsaí ollscoile a mhaoiniú in Éirinn agus thar lear lena chinntiú go bhfuil céimithe oile le cáilíochtaí gairmiúla acu i réimsí an aistriúcháin, na heagarthóireachta agus na hateangaireachta.
- Tá an rialtas ag obair chomh maith le Cumann Onórach Óstaí an Rí (an institiúid a dhéanann rialáil ar iontráil abhcóidí isteach i ngairm an dlí) lena chinntiú go bhfuil dóthain abhcóidí ann ar féidir leo cleachtadh

i nGaeilge, chomh maith le haistritheoirí dlí a bhfuil sé de chumas acu cáipéisí dlí a aistriú go Gaeilge.

- Thug Foras na Gaeilge isteach rialáil ar earnáil an aistriúcháin trí shéala creidiúnaithe, a bhronntar ar aistritheoirí a bhaineann amach caighdeán áirithe i scrúduithe aistriúcháin.
- Tugann clár intéirneachta ina gcaitheann líon céimithe tréimhsí rothlacha ag obair le Fiontar, DCU agus leis an gCoiste Téarmaíochta in Foras na Gaeilge agus leis an mBrainse Logainmneacha sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta deis do chéimithe a bhíonn cáilithe go cuí taithí phraiticiúil a fháil i ngnéithe éagsúla amhail eagarthóireacht, téarmaíocht agus obair logainmneacha.
- Cuireadh tús le tionscadal téarmaí dlí ag an am céanna le tionscadal GA IATE agus sa chás sin déantar téarmaí dlí a asbhaint agus a fhoilsiú ón reachtaíocht thánaisteach; d'fhéadfadh go mbainfeadh aistritheoirí an AE leas as seo maidir le fasaigh sa téarmaíocht (agallamh le Ó Ruairc 2012).
- Ba é tionscadal GA IATE an príomhréiteach a moladh chun freastal ar an dúshlán acmhainneachta maidir le téarmaíocht Ghaeilge.

An gá atá le hacmhainní téarmaíochta

Tá taithí láidir aistriúcháin dlí in Éirinn, agus dá bhrí sin ar obair théarmaíochta dlí ó tharla go bhfuil reachtaíocht phríomha as Gaeilge á foilsiú ó bunaíodh an Stát in 1922. Is ar Rannóg Aistriúcháin Thithe an Oireachtais a bhí an fhreagracht seo. Thosaigh obair théarmaíochta i nGaeilge i réimsí eile (neamhdhlíthiúil) nuair a chuir an Stát tús le hobair théarmaíochta don earnáil oideachais in 1927. Is ar Fhoras na Gaeilge trína Choiste Téarmaíochta náisiúnta atá an fhreagracht reachtúil sa lá atá inniu ann téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt.

Mar gheall ar an maolú a chuir an AE i bhfeidhm maidir leis an nGaeilge bhí teorainn leis an méid réimsí ina raibh téacs as Gaeilge ag teastáil, ach fós bhí roinnt réimsí ag teacht chun cinn nach raibh a ndóthain téarmaíochta Gaeilge ann dóibh chun riachtanais aistritheoirí an AE a shásamh. Sampla amháin ná treoir maidir leis an iascaireacht, a chruthaigh dúshlán mór don Ghaeilge agus do theangacha eile ós rud é nach raibh ainmneacha na n-iasc ann i ngach teanga (agallamh le Ó Briain 2012). Ní raibh ach 14,701 téarma i nGaeilge in IATE in 2007, an ceathrú ceann ba lú as an dá theanga dhéag nua, cé go raibh obair áirithe á déanamh sa Ghaeilge ó 1973 (Ionad Aistriúcháin do Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh 2012).

Le stádas oifigiúil an AE don Ghaeilge ba ghá reachtaíocht Ghaeilge a chur ar fáil ag an am céanna

le reachtaíocht i dteangacha eile an AE, agus ba é cuspóir an Rialtais a chinntiú nach mbeadh aon mhoill ar chúrsaí mar gheall ar théarmaíocht gan a bheith ar fáil i nGaeilge.

6.1.3 I dtreo tionscadal téarmaíochta Gaeilge

Cuireadh tús le tionscadal GA IATE in 2007, ag cruinniú idir ionadaithe Rialtas na hÉireann (An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha) agus ionadaithe ag an leibhéal bainistíochta san aistriúcháin sa Chomhairle agus sa Choimisiún. Theastaigh ó ionadaithe Rialtas na hÉireann plé a dhéanamh ar an mbealach a bhféadfadh an rialtas náisiúnta cúnaimh a thabhairt ó thaobh riachtanais an AE maidir leis an nGaeilge. Aontaíodh go maoineodh Rialtas na hÉireann tionscadal téarmaíochta in Éirinn agus go mbunófaí grúpa le rannpháirtithe Éireannacha agus rannpháirtithe an AE a d'aithneodh na riachtanais téarmaíochta agus a bhunódh córas chun na riachtanais sin a sholáthar (agallamh le Ó Briain 2012).

B'ionann príomhaidhm pháirtithe an AE agus príomhaidhm Rialtas na hÉireann – thabharfadh an tionscadal téarmaíochta tacaíocht don stádas nua a bhí bainte amach agus thabharfadh sé cúnaimh straitéiseach agus praiticiúil d'aistritheoirí an AE chun a chinntiú nach mbeadh aon mhoill mhíchuí ar reachtaíocht i nGaeilge a chur ar fáil (agallamh le Nic Pháidín 2012; agallamh le Ó Briain 2012; agallamh le Ó Ruairc 2012). D'aithin Nic Pháidín aidhmeanna níos ginearálta, mar shampla, go gcinnteofaí go gcaithfí go cothrom le gach teanga le stádas oifigiúil ba chuma cé na difríochtaí sochtéarmaíochta ná sochtéangeolaíochta eatarthu agus a chinntiú go raibh bunachar IATE úsáideach agus ábhartha don phobal go ginearálta (agallamh le Nic Pháidín 2012).

Cé nach aon cheist mhór a bhí i maoiniú an tionscadail seo in 2007, bhí sé níos casta cinneadh a dhéanamh faoin gcomhlacht nó faoin institiúid ab fhearr in Éirinn chun tabhairt faoi. Ba ar Rannóg Aistriúcháin i dTithe an Oireachtais a bhí an fhreagracht reachtaíocht phríomha a aistriú agus chuige sin bhí taithí acu i dtéarmaíocht dlí; ba é Foras na Gaeilge an comhlacht reachtúil a bhí freagrach as téarmaíocht i nGaeilge agus foclóirí a fhorbairt. Deir Ó Briain (2012) nach raibh sé oiriúnach tionscnamh comhphárteach idir an dá dhream a rith. Ní raibh dóthain acmhainní foirne ag Foras na Gaeilge chuige sin agus mar gheall ar gur comhlacht Thuaidh/Theas é bheadh idirbheartaíocht i gcomhaontuithe idir dhá rialtas ag teastáil. Bheadh deacracht ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta chomh maith cead a fháil chun foireann a fhostú (agallamh

le Ó Briain 2012). Bhí caidreamh oibre ag Fiontar, DCU, cheana féin leis an Roinn tar éis dóibh Bunachar Logainmneacha na hÉireann (www.logainm.ie) a fhorbairt, agus bhí cúlra acu in obair théarmeolaíochta agus caidreamh maith oibre acu le Foras na Gaeilge trí Bhunachar Náisiúnta Téarmeolaíochta don Ghaeilge (www.focal.ie) a fhorbairt, tionscadal i gcomhar le Fiontar agus Foras na Gaeilge (agallamh le Nic Pháidín 2012). Míniúnn Ó Briain go raibh sé cruthaithe ag Fiontar go raibh siad ábalta tionscadail chomhoibríochta a bhainistiú a raibh gnéithe teicniúla agus teanga bainteach leo, agus bhí muintín ag an Roinn as inniúlacht agus as cumas DCU chun freagracht an tionscadail seo a thógáil. Chuir an Roinn Fiontar ar an eolas maidir le tionscadal GA IATE i samhradh na bliana 2007, agus bhí a gcéad chruinniú ag páirtithe an tionscadail i Samhain na bliana sin i Lucsamburg.

I ndáiríre, is iomaí duine agus comhlacht atá páirteach i mbainistiú an phróisis seo, a chomhoibríonn i ngrúpaí difriúla chun sreabhadh oibre casta a ritheann go réidh a chinntiú. Déanann an chuid eile den mhír seo cur síos ar na comhpháirtithe seo agus mar a idirghníomhaíonn siad chomh maith le béim a leagan ar na héachtaí, na dúshláin agus na réitigh mar aon le fíis do thodhchaí an tionscadail.

6.2 Ullmhúchán teicniúil agus eagarthóireachta

Tá forbairt déanta ar an sreabhadh oibre le roinnt blianta anuas agus go leor daoine aonair agus céimeanna ag baint leis anois a ndéantar cur síos orthu go sonrach i Mír 6.3.1. B'éigean ar ndóigh sa chéad bhliain den tionscadal go leor córas a bhunú, lena n-áirítear infreastruchtúr teicniúil, sreabhadh oibre eagarthóireachta, córas tuairiscithe agus oiliúint foirne.

6.2.1 Aschur agus sreabhadh oibre réamh-mheasta

Nuair a tosaíodh ag pleanáil an tionscadail seo in 2007/2008, bhí tuairim is 1.5 milliún *iontráil* i mbunachar IATE, agus iontu seo bhí timpeall 8.45 milliún *téarma* i dteangacha oifigiúla an AE (agallamh le Rummel 2012a). Is féidir le níos mó ná téarma amháin in aghaidh gach teanga a bheith in iontrálacha IATE agus ní bhíonn téarmaí i ngach teanga ann i gcónaí. Má thógaimid an leibhéal dúblála (féideartha) a ndéantar cur síos air i Mír 3.2.2 ní gá gach iontráil IATE a chomhlánú i dteangacha oifigiúla uile an AE. Ní raibh sé soiléir le linn na pleanála in Éirinn, áfach, an dteastódh 8.45 milliún *téarma* i ngach teanga sa deireadh. Fiú nuair a cinntíodh an cás, ag taispeáint go raibh líon iomlán de thuairim is 8.45 milliún téarma sa bhunachar, ó thuairim is 1.5 milliún téarma i mBéarla go tuairim is

13,000 i nGaeilge, níorbh fhéidir an leibhéal aschur a theastódh sa bhliain chun freastal ar riachtanais aistritheoirí an AE a thomhas, ná go deimhin, an bhféadfaí an leibhéal aschuir seo a bhaint amach le leithdháileadh réasúnta ama agus acmhainní (agallamh le Rummel 2012a).

Tugadh faoi chéim ullmhúcháin thástála agus phleanála in Fiontar bunaithe ar liostaí samplacha d'iontrálacha IATE, agus forbraíodh sreabhadh oibre simplí idir mhí Lúnasa agus mí na Nollag 2007. Is éard a bhí i gceist leis an sreabhadh oibre simplí seo ná na téarmaí Béarla ó na hiontrálacha samplacha a chuardach, ina n-iomláine nó i gcodanna, i mbunachar Focal.ie (Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge) agus téarmaí Gaeilge a mholadh don iontráil bunaithe ar thorthaí an chuardaigh. Moladh go mbeadh aschur measta de 280,000 téarma Gaeilge sa chéad trí bliana den tionscadal bunaithe ar an tástáil tosaigh seo (miontuairiscí cruinnithe IATE, 2007), agus ceapadh go mbeadh téarmaí nuachumtha i gceist le tuairim is 10 faoin gcéad den aschur measta seo. Mhothaigh foireann bhainistíochta Fiontar, áfach, nach bhféadfadh a bheith anseo ach meastachán imlíneach ag céim chomh luath sa phróiseas. Mar phointe tosaigh d'iarr siad maoiniú le haghaidh tréimhse bliana seachas trí bliana mar a moladh ar dtús, ionas go mbeidís in ann sreabhadh oibre réidh, córais theicniúla agus spriocanna réadúla a bhunú don tionscadal (agallamh le Nic Pháidín 2012).

Ba stuama an cinneadh a bhí ansin. Chreid Christine Herwig in DGT freisin go gcaithfí na figiúirí réamh-mheasta a leasú go suntasach (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b). Le linn na chéad bhliana den tionscadal, 2008, bhí sé soiléir nach bhféadfaí an t-aschur measta 280,000 téarma Gaeilge thar trí bliana a bhaint amach agus go gcaithfí an t-aschur a mhaolú. Na príomhchúiseanna leis seo ná, sa chéad áit, nach raibh na hiontrálacha samplacha IATE a seoladh in 2007 ionadaíoch ar chastacht na liostaí iontrálacha cearta IATE a fuarthas nuair a cuireadh tús leis an tionscadal in 2008; sa dara háit, cuireadh roinnt céimeanna riachtanacha nua leis an sreabhadh oibre; agus sa tríú háit, tháinig roinnt ceisteanna nua chun solais a chaithfí a réiteach agus a chur san áireamh sa sreabhadh oibre (agallamh le Nic Pháidín 2012; agallamh le uí Bhraonáin 2012; Fiontar 2008).

Coincheapa talmhaíochta agus eacnamaíochta a bhí sna hiontrálacha samplacha in 2007, agus ní raibh i gceist leis an sreabhadh oibre a úsáideadh chun an t-aschur a mheas ach cuardach simplí le haghaidh na dtéarmaí Béarla ar Focal.ie. Bhí na coincheapa soiléir sa chuid is mó de na cásanna agus tháinig cuardach Focal.ie aníos le torthaí iomlána nó codanna

díobh, a léirigh cé na téarmaí Gaeilge a d'fhéadfaí a mholadh. Bhí sé seo fíor ach go háirithe i gcás na gcoincheap talmhaíochta, réimse dea-fhorbartha sa Ghaeilge (agallamh le Nic Pháidín 2012; agallamh le uí Bhraonáin 2012). Bhí na liostaí a fuarthas in 2008 níos casta. Mar shampla, bhí iontrálacha airgeadais níos casta ann, a raibh fíorbheagán eolais chúnta leo maidir le sainmhíniú nó nótaí faoin gcomhthéacs agus bhí ar na heagarthóirí taighde a dhéanamh orthu sula bhféadfaí teorainneacha an choincheapa a shocrú.

Socraíodh go gcuardófaí reachtaíocht Ghaeilge an AE chomh maith le Focal.ie le haghaidh téarmaí Gaeilge, agus thóg an chéim nua seo sa sreabhadh oibre an-chuid ama. Bhí sé soiléir chomh maith thar am go raibh difríochtaí idir roinnt de na téarmaí ar Focal.ie, i reachtaíocht phríomha na hÉireann agus i reachtaíocht an AE. Dúshláin eile arbh éigean déileáil leo trí phlé agus chomhréiteach ná, an easpa cinnteachta a bhain le roinnt rialacha gramadaí a chuirtear i bhfeidhm sa chaighdeán scríofa oifigiúil, go háirithe iad sin a bhain le téarmaí ilfhoclacha; níos mó rannpháirtithe sa phróiseas ná mar a ceapadh a bheadh, ba iad sin na haistritheoirí Gaeilge a chuireann aiseolas luachmhar ar fáil ar théarmaí Gaeilge; agus an t-am a theastaíonn chun sreabhadh oibre loighciúil is féidir a bhainistiú in Fiontar a oibriú amach.

Bhí na céimeanna uile riachtanach, áfach, chun téarmaí Gaeilge ar ardchaighdeán a chinntiú a bheadh úsáideach do na haistritheoirí Gaeilge ach a bheadh i gcomhréir le moltaí téarmeolaíochta agus gramadaí an Choiste Téarmaíochta. Tá forbairt leanúnach tagtha ar an sreabhadh oibre thar na blianta agus déantar cur síos sonracha ar an méid seo i Mír 6.3.1. Bhí an t-aschur measta leasaithe go 14,000 téarma don bhliain reatha 2008 san iarratas ar mhaoiniú do 2009–2010, a seoladh chuig an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i mí Iúil, agus an t-am a bhí le caitheamh ar oiliúint agus ar chórais a fhorbairt á chur san áireamh agus 16,500 téarma eile in aghaidh na bliana in 2009 agus in 2010 (Fiontar 2008). Pléitear na torthaí go dtí seo go sonracha i Mír 6.4 agus léirítear iad i dTábla 8.

6.2.2 Earcaíocht agus oiliúint

Bhí foireann tionscadail a raibh taithí acu ann cheana féin in Fiontar nuair a cuireadh tús leis an tionscadal seo, agus bhí an chuid is mó den fhoireann seo ag obair ar fhorbairt Focal.ie. Bhí stiúirthóir tionscadail, bainisteoir eagarthóireachta, bainisteoir teicniúil agus téarmeolaí ar an bhfoireann seo chomh maith le foireann eagarthóireachta a d'oibrigh ar bhonn conartha. Is foireann an an-ngnách é an cineál seo foirne idirdhisciplíní comhdhéanta de shaineolaithe teicniúla agus teanga, go háirithe i gcomhthéacs

ollscoile (agallamh le Nic Pháidín 2012). Bhí caidreamh maith bunaithe ag an bhfoireann leis an Roinn agus leis na daoine ábhartha in Foras na Gaeilge (lena n-áirítear an Coiste Téarmaíochta) agus bhí sé cruthaithe acu go raibh siad in ann córais théarmeolaíochta a fhorbairt agus a bhainistiú (agallamh le Nic Pháidín 2012; agallamh le Ó Briain 2012; agallamh le Ó Ruairc 2012). Cuireadh tús leis an earcaíocht riachtanach d'fhoireann ar conradh go déanach in 2007, a thosódh ag obair in 2008, agus eagraíodh sraith cheardlann ar chruthú téarmaí don fhoireann eagarthóireachta; is í Fidelma Ní Ghallchobhair, a bhí ina Rúnaí ar an gCoiste Téarmaíochta ag an am a bhí ina mbun seo. Eagraíodh seisiúin oiliúna inmheánacha aonair agus ghrúpa chomh maith maidir leis na córais theicniúla agus an sreabhadh oibre (agallamh le Ó Cleircín 2012).

6.2.3 Treoirleabhair

Rinne Téarmeolaí Fiontar treoirleabhar stíle a fhorbairt, a bhí comhdhéanta as an gcaighdeán gramadaí agus litrithe údarásach don Ghaeilge, *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil* (Rannóg an Aistriúcháin 1958), chomh maith le gnéithe sa bhreis agus mionathruithe a mhol an Coiste Téarmaíochta ar an gcaighdeán seo ó foilsíodh é ar dtús mar threoir chun soiléiriú agus míniú a thabhairt ar fheidhmiú chuid de na rialacha atá sa chaighdeán i gcás obair téarmaíochta. Tá moltaí ar ghnéithe eile de chruthú téarmaí lena n-áirítear acrainmneacha, an fhoirm uatha agus iolra d'ainmfhocail agus úsáid an ailt san áireamh sa treoirleabhar stíle chomh maith. Aontaíodh an treoirleabhar stíle seo leis an gCoiste Téarmaíochta (agallamh le Ó Cleircín 2012).

Rinneadh forbairt ar threoirleabhar sreabhadh oibre cuimsitheach don fhoireann eagarthóireachta. Ní doiciméad seasta é an treoirleabhar seo, agus cuirtear leis thar na blianta chun ceisteanna nua a thagann aníos a léiriú, amhail an cheist maidir le hiontrálacha dúbailte IATE nó iontrálacha atá débhríoch nó nach bhfuil soiléir (féach Mír 6.3).

6.2.4 Ullmhú teicniúil

An dá phríomhghné a bhain leis an ullmhúchán teicniúil don tionscadal seo ná an t-infreastruchtúr teicniúil in Fiontar agus an córas lena gcuirfí liostaí iontrálacha chuig Fiontar agus lena seolfá ar ais iad le haghaidh ionchur i mbunachar IATE. Forbraíodh dhá ghné theicniúla eile, cé gur measadh go raibh siad sa bhreis ar an bpríomhchóras, cruthaíodh go bhfuil siad luachmhar agus suimiúil i gcomhthéacs níos leithne: an tEislíon, meicníocht aiseolais d'aistritheoirí Gaeilge an AE, agus corpas dlí dátheangach de théacs reachtaíochta ailínithe.

Fiat

Bhí gá le hinfreastruchtúr teicniúil a bhunú don tionscadal in Fiontar a d'éascódh sonraí ó IATE a iompórtáil i mbunachar inmheánach, go bpróiseálfadh Fiontar iad agus go n-easpórtálfá ar ais chuig bunachar IATE arís iad. Is ar an mbainisteoir teicniúil a bhí an fhreagracht na huirlisí a fhorbairt chun an próiseas seo a chruthú agus tacú leis. Forbraíodh córas leis an ainm inmheánach Fiat (Fiontar + IATE). Bunachar a bhí anseo agus comhéadan eagarthóireachta. Ba chóip mhionathraithe den bhunachar a forbraíodh do Focal.ie a bhí sa bhunachar go bunúsach, agus is suíomh gréasáin cosanta ag pasfhocal atá sa chomhéadan eagarthóireachta ina bhfuil Fiontar in ann teacht ar iontrálacha IATE a chuirtear isteach sa bhunachar agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu (agallamh le Měchura 2012). Tá an bunachar á stóráil ar fhreastaláir faoi chúram *Information Systems and Services* (ISS) in DCU. Gach uair a fhaightear baisc shonraí, i bhformáid Excel ó DGT, léann gnás atá stóráilte sa bhunachar na comhaid Excel agus cuirtear na sonraí isteach sa bhunachar. Ritear gnás eile chun na sonraí a chur ar ais chuig DGT le cur isteach i mbunachar IATE. Leis an gcomhéadan eagarthóireachta is féidir gach iontráil a phróiseáil ar bhealach ordlathach agus tá seacht leibhéal san ordlathas seo. De réir Michal Boleslav Měchura, a rinne forbairt ar an infreastruchtúr seo, agus is comhairleach teicniúil anois é ar an tionscadal, an ghné ba dheacra agus ba chasta den ullmhúchán teicniúil agus eagarthóireachta (a thóg beagnach bliain plé le tabhairt chun críche) ná oibriú amach cá mhéad leibhéal ba chóir a bheith ann, cén chaoi ar cheart iad a lipéadú, cén uair ba cheart cead a thabhairt d'iontráil leibhéal a scipeáil agus ag cén staid agus ar féidir iontráil a mharcáil go bhfuil sé réidh le dul ar ais chuig bunachar IATE (agallamh le Měchura 2012).

Go luath in 2011, chun freastal ar an mbaillúchán stoc léacsach a bhí ag méadú, agus chun na córais a nuachóiriú agus a fheabhsú, thug Fiontar faoi chlár nua a fhorbairt chun córais scríofa foclóra agus córais bainistithe téarmaíochta a thógáil. Seoladh an clár nua seo ar a dtugtar Léaclann ('stóras léacsach') go luath in 2012. Tar éis athfhorbairt fheidhmchlár téarmaíochta Focal.ie ar chlár Léaclann, atógadh córas Fiat mar fheidhmchlár Léaclann. Aistríodh sonraí agus obair thionscadal GA IATE chuig an bhfeidhmchlár Fiat i Léaclann i Meitheamh 2012. Chomh maith le struchtúir sholúbtha sonraí a éascú, cuireann Léaclann córas úsáideora níos cumhachtaí ar fáil, chomh maith le córas rialaithe leasaithe agus córas eisín níos áisiúla agus níos solúbtha don úsáideoir. Tá comhéadan eagarthóireachta i nGaeilge atá sofaisticiúil ach níos áisiúla don úsáideoir i bhfeidhmchlár nua Fiat

i Léaclann, chomh maith le cuardach cumhachtach eagarthóireachta agus uirlisí bainistíochta le hinnealtóireacht nua. Tá Léaclann agus feidhmchlár nua Fiat breá ábalta dul in iomaíocht le haon chórais eile inchomparáide atá ar fáil ar an margadh agus tá smacht ag Fiontar ar dhearadh, ar fhorbairt agus ar oiriúnú leanúnach.

Córais le haghaidh sonraí a mhalartú


An dara córas a theastaigh ná modh chun sonraí a mhalartú idir Fiontar agus DGT. Bhí an bainisteoir teicniúil in Fiontar, ball den fhoireann teicniúil san Ionad Aistriúcháin agus foireann DGT páirteach sa phleanáil seo. Rinneadh plé cuimsitheach maidir le leagan amach agus formáid na liostaí seo chun a chinntiú go raibh sé chomh éasca agus ab fhéidir na liostaí a ghiniúint ar an dá thaobh toisc go raibh dhá bhunachar sonraí dhifriúla i gceist. Bhí éagsúlacht i bhformáid agus i leagan amach sna liostaí iontrálacha a fuair Fiontar ar dtús; thóg sé roinnt míonna ar an dá thaobh a thabhairt faoi deara go dteastódh formáid chaighdeánach (Excel) agus leagan amach comhsheasmhach le catagóirí sonraí aontaithe don dá liosta a bhí le seoladh chuig Fiontar agus na liostaí a bhí le tabhairt ar ais le hionchur in IATE, agus teacht ar chomhaontú maidir leis an bhformáid chruinn le haghaidh é seo a dhéanamh (agallamh le Měchura 2012).

Eislíon

Aithníodh ón tús an tábhacht a bhí le haiseolas ó aistritheoirí an AE maidir leis na téarmaí Gaeilge a sholáthair Fiontar. Sheoladh an téarmeolaí in Fiontar liostaí téarmaí i bhformáid Excel chuig gach aistritheoir ag tús an tionscadail, agus chuirtear ar ais iad seo le nótaí tráchta agus moltaí. B'éigean na nótaí tráchta uile a chur isteach i gcáipéis amháin sula bhféadfaí na moltaí a chur i bhfeidhm i mbunachar Fiat. Bhí go leor oibre agus go leor ama ag baint leis seo. Pléadh fóram a fhorbairt a mbeadh teacht air ar mhaithe le plé agus nótaí tráchta. Ní ghlacfaid institiúidí an AE le Google Docs ar chúiseanna slándála, agus sa deireadh mhol Fiontar 'Eislíon', nó suíomh gréasáin cosanta ag pasfhocal a chruthú, a mbeadh aistritheoirí an AE in ann téarmaí a d'fhéadfaí a úsáid in Fiat a fheiceáil trí chomhéadan ar leith agus aiseolas a chur isteach sa chóras féin (agallamh le Ó Raghallaigh 2012). Rinneadh é seo a fhorbairt agus cuireadh isteach sa sreabhadh oibre é i Márta 2009. Tá an tEislíon, mar áis aiseolais le haghaidh saineolaithe seachtracha, curtha i bhfeidhm ar thionscadail eile Fiontar ó shin.

Corpas téacsanna ailínithe


Corpas de reachtaíocht ailínithe an dara forbairt teicniúil bhreise (agallamh le Měchura 2012). Tugadh



Fíor 6: Sreabhadh oibre d’iontrálacha IATE

comhaid TMX ailínithe de reachtaíocht an AE i mBéarla agus i nGaeilge, lena n-áirítear reachtaíocht phríomha agus reachtaíocht thánaisteach foilsithe ó 2007, do Fiontar go speisialta le haghaidh an tionscadail seo. Toisc gurbh í an reachtaíocht phríomha an fhoinsé ab údarásaí ag téarmaíocht na Gaeilge, an chéad chéim sa sreabhadh oibre ná an reachtaíocht a chuardach le haghaidh an choincheapa/téarma ábhartha. Chuige sin bhí sé riachtanach córas a fhorbairt ina bhféadfaí an reachtaíocht seo a chuardach go héasca. Rinneadh corpas simplí dátheangach a fhorbairt chun na comhaid TMX seo a stóráil ann, a bhféadfaí teacht air go díreach ó chomhéadan eagarthóireachta Fiat. Tá forbairt agus leathnú déanta ar an gcorpas seo thar am chun reachtaíocht thánaisteach na hÉireann agus roinnt reachtaíochta príomha a chur san áireamh agus is féidir leis an bpobal anois (ó 2011) teacht air ar Focal.ie/ParaDocs.aspx. Tá 4,786,375 focal Béarla agus 5,112,734 focal Gaeilge ann.

Is acmhainn luachmhar é an corpas comhthreomhar do phobal na Gaeilge, go háirithe d’aistritheoirí. Níl ach corpas comhthreomhar (Gaeilge) amháin eile ar fáil ar líne gur féidir a chuardach²³ agus tá difríocht mhór san ábhar agus sna feidhmeanna cuardaigh. Tugadh 12,836 cuairt ar an suíomh gréasáin ó seoladh é i mí Mheán Fómhair 2011; sin 855 chuairt ar an meán in aghaidh na míosa.



Fíor 7: Sreabhchairt a léiríonn céimeanna eagarthóireachta Fiat

23 <http://borel.slu.edu/corpas/>

6.3 Sreabhadh oibre 2008–2012

Cur síos simplí ar an tionscadal is ea go gcuirtear liostaí iontrálacha IATE nach bhfuil téarmaí Gaeilge iontu le chéile sna seirbhísí teanga éagsúla in institiúidí an AE agus cuirtear chuig Fiontar iad. Scrúdaíonn eagarthóirí Fiontar na hiontrálacha seo i gcomhar le saineolaithe seachtracha agus aimsítear agus moltar téarmaí Gaeilge. Cuirtear na téarmaí sin a dteastaíonn bailíocht uathu chuig an gCoiste Téarmaíochta náisiúnta. Cuireann Fiontar liostaí iontrálacha le téarmaí Gaeilge iontu ar ais gach mí chuig DGT le cur isteach i mbunachar IATE.

Tá an sreabhadh oibre seo léirithe i bhFíor 6.

Tá na céimeanna a leantar chun iontráil a scagadh i mbunachar Fiat léirithe i bhFíor 7.

Éiríonn go maith leis an sreabhadh oibre, cé go bhfuil sé i bhfad níos casta i gcleachtas, agus bíonn ról sainithe ag gach duine sa phróiseas. Déantar cur síos mion ar an sreabhadh oibre thíos; tá béim curtha ar na gnéithe gur fiú aird a thabhairt orthu i Mír 6.3.2.

6.3.1 Sreabhadh oibre sonraithe

Cnuasach liostaí iontrálacha²⁴

Ó thús an tionscadail, is í comhordaitheoir téarmaíochta DGT don Ghaeilge sa Choimisiún, Monica Welwert, an duine atá freagrach as liostaí iontrálacha IATE a thiomsú le seoladh chuig Fiontar le tabhairt chun críche.

Rinneadh tástáil ar roinnt straitéisí éagsúla chun iontrálacha a asbhaint a mbeadh tairbhe ag baint leo. I rith na chéad bhliana den tionscadal, tráth a raibh an fócas ar líon seachas caighdeán, iarradh ar chomhpháirtithe an AE líon ard iontrálacha a sholáthar (i.e. cuireadh liosta de níos mó ná 8,000 téarma do réimse IATE ‘*Preparation for market*’ ar fáil, chun críocha staitistiúil den chuid is mó). Rinneadh iarrachtaí liostaí iontrálacha a asbhaint ar bhonn réimsí IATE (e.g. fostaíocht, talmhaíocht, timpeallacht), ach ní raibh na torthaí an-sásúil ós rud é go raibh go leor glantacháin de dhíth orthu, sular seoladh na liostaí chuig Fiontar agus sular cuireadh an t-ábhar ar ais isteach in IATE.

Go luath sa tionscadal cinneadh gur chóir aird a dhíriú ar iontrálacha ardchaighdeán a fháil seachas líon mór iontrálacha a sholáthar. Ó shin i leith, is í an straitéis is mó a úsáidtear chun ábhar feiliúnach a roghnú ná obair a dhéanamh ar bhonn tionscadal ilteangach, a críochnaíodh i ngach teanga eile de chuid an AE, mar aon le tionscadail bunaithe ar ábhair eile a d’ullmhaigh ranna teanga aonair. Is tionscadail níos lú ina mbíonn

iontrálacha ar chaighdeán maith a bhíonn sna tionscadail seo de ghnáth.

Baintear úsáid as gné amháin in IATE freisin ina ndéantar iontrálacha príomhúla a aithint agus a mharcáil le réalta, mar chritéar chun liostaí nua a asbhaint. Mar thoradh air seo bíonn líon níos mó iontrálacha ar chaighdeán maith i gcomparáid le cineálacha eile tionscadal (e.g. na tionscadail ilteangacha thuasluaite).

Go dtí seo is é an Coimisiún a chuir 51 faoin gcéad de na hiontrálacha ar fáil agus chuir an Chomhairle agus an Pharlaimint 3 faoin gcéad den ábhar ar fáil faoi seach. Is fiú a lua go bhfuil comhaltaí foirne teanga na Gaeilge sa Pharlaimint freagrach as liostaí iontrálacha a chur le chéile agus is iad na comhghleacaithe comhordaithe téarmaíochta sa Chomhairle a chuireann na liostaí le chéile. Tá an chuid eile den ábhar comhdhéanta de théarmaí a asbhaintear go rialta, is iad sin iontrálacha príomhúla ‘a bhfuil réalta curtha orthu’ (22 faoin gcéad) agus sonraí oidhreachta GA (21 faoin gcéad). Déantar gach ábhar a sheoladh chuig comhordaitheoir téarmaíochta DGT don Ghaeilge, a dhéanann gach liosta a sheiceáil agus iontrálacha a seoladh amach cheana a fhágáil ar lár. Déanann foireann tacaíochta bhunachar sonraí DGT IATE gach liosta a asbhaint ansin san fhormáid speisialta do thionscadal GA IATE agus seolann siad ar aghaidh iad chuig Fiontar le nóta míniúcháin ar gach tionscadal.

Bíonn comhordaitheoir téarmaíochta DGT don Ghaeilge, a oibríonn go fadtéarmach ar an tionscadal rannpháirteach sa mhéid seo a leanas:

- Ábhar cuí a aimsiú do thionscadal GA IATE;
- Iarrachtaí idir institiúidí agus Fiontar a chomhordú;
- Cruinnithe tionscadail a ullmhú;
- Obair leantach tar éis na gcruinnithe a dhéanamh;
- Fadhbanna a réiteach;
- Na hathsheoltaí ó Fiontar ina bhfuil na téarmaí Gaeilge a phróiseáil de lámh;
- Iompórtáil in IATE a sheiceáil mar aon le hobair a dhéanfar ina dhiaidh sin lena chinntiú go ndéanfar an t-ábhar ar fad a iompórtáil go cruinn agus go tráthúil.

Tugann foireann tacaíochta teicniúla bhunachar sonraí IATE sa *Terminology Coordination Sector*, a thugann cuid dá gcuid ama do ghnéithe teicniúla an tionscadail, cúnaimh do chomhordaitheoir DGT (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b).


Cinntíonn an bainisteoir eagarthóireachta agus an téarmeolaí in Fiontar go mbíonn dóthain iontrálacha i

²⁴ Tá an chuid seo a leanas bunaithe go príomha ar athbhreithniú an Choimisiúin ar an dréachtdoiciméad a scaipeadh ar agallaithe.

gcomhair próiseála in Fiontar i gcónaí chun spriocanna míosúla a bhaint amach agus iarrann siad ábhar nua go rialta ag cruinnithe thionscadal GA IATE nó trí ríomhphost. Tá níos mó sonraí maidir le liosta na n-iontrálacha mar aon leis na hábhair agus na réimsí lena mbaianeann siad in Aguisín C.

Scagadh de chuid Fiontar

Cuireann an bainisteoir teicniúil in Fiontar uimhreacha ar na liostaí agus iompórtáilann in Fiat iad áit a bhfeictear iad mar iontrálacha téarmaíochta ina bhfuil an t-eolas ar fad a bhí ar na scarbhileoga Excel a chuir DGT ar aghaidh. Scaipeann an téarmaolaí nó an t-eagarthóir taighde na hiontrálacha ar an bhfoireann



Fíor 8: Seat scáileáin de chomhéadan Fiat a léiríonn scáileán cuardaigh

eagarthóireachta agus déantar gach iontráil a phróiseáil ar an mbealach seo a leanas:

An Bunscahadh:

1. Cuardaíonn an t-eagarthóir na hiontrálacha ar fad nár scahadh go fóill.
2. Faigheann an t-eagarthóir tuiscint ar an gcoincheap tríd an sainmhíniú, nótaí maidir le húsáid, an comhthéacs agus nótaí faoin gcomhthéacs, eolas

maidir leis an réimse agus téarmaí i dteangacha éagsúla (Béarla, Francis agus Gearmáinis) a iompórtáiltear leis na hiontrálacha. Féachann na heagarthóirí ar na téarmaí i dteangacha eile de chuid an AE atá le fáil leis an iontráil sin i mbunachar sonraí IATE sa chás go mbíonn an téarma Béarla míshoiléir. Más gá, déanann eagarthóirí taighde ar an gcoincheap ar líne sa chás nach mbíonn dóthain eolais in IATE chun an coincheap a mhíniú go soiléir.

The screenshot shows the IATE interface with search filters and results. The search filters include 'Tebhair dcm gach coincheap sa dháilíúchán seo:' (is cuma), 'atá faoi úinéireacht: ag an duine seo:' (is cuma), and 'a gus a bhfuil an stádas seo aige:' (nua). The search results are displayed in a table with columns for language and term. The term 'fonctionnalisation de surface' is highlighted in red.


spléachadh	TRM	WÓT	EIS
✓	nua		
✗	bunscahadh déanta (déan)		
✗	meánscahadh déanta		
✗	réid: le himeacht		
✗	á scrúdú ar an eisiún		
✗	á scrúdú ag an Choiste Téarmaíochta		
✗	ar tí imeacht		
✗	imithe		
T182 - New Primaries 17-10-2012 (new)			
FR	fonctionnalisation de surface	TERM	NUA
EN	surface functionalization	TERM	
DE	Oberflächenfunktionalisierung	TERM	

action qui consiste à attacher des <I>groupes chimiques fonctionnels</I> de façon covalente sur une surface pour obtenir un matériau ayant des propriétés de surface assignées sur mesure tout en conservant ses propriétés de volume REF: Université Laval, Centre de Modèles et de Simulations Electroniques, Chapitre 1: principes fondamentaux, 1.2.6. Fonctionnalisation de surface de polymère par plasma. <http://archimede.bibl.ulaval.ca/archimede/fchiers/24189/ch02.html#d0e726> [2.10.2012]
introduction of chemical <i>functional groups</i> to a surface REF: COM-EN, based on:
Wikipedia, Surface modification. http://en.wikipedia.org/wiki/Surface_modification [1.10.2012]

Fíor 9: Seat scáileáin de radharc ilteangach in Fiat

3. Déantar an téarma Béarla a chuardach in Fíat le seiceáil an bhfuil sé próiseáilte ag Fiontar ar liosta eile. Más iontráil dhúblach é an iontráil, ní chuirtear isteach téarma Gaeilge de ghnáth; fágtar nóta

eagarthóireachta leis an iontráil ag léiriú gur téarma dhúblach é agus bíonn an iontráil marcáilte mar iontráil atá réidh le seoladh chuig IATE.



Fíor 10: Seat scáileáin de chomhéadan Fíat a léiríonn nóta maidir le ‘Duplicate?’

4. Mura féidir an coincheap a aithint go soiléir (toisc nach bhfuil aon sainmhíniú ann mar shampla nó toisc go bhfuil na téarmaí i dteangacha éagsúla ag teacht salach ar a chéile), déantar an iontráil a mharcáil mar iontráil ‘*ambiguous or unclear*’ agus déantar é a mharcáil mar iontráil atá réidh le seoladh ar ais chuig IATE.
5. Déantar an téarma Béarla a chuardach i reachtaíocht an AE agus ar Focal.ie. Más rud é go bhfuil an téarma Gaeilge i gceann amháin nó in dhá cheann de na foinsí seo agus más rud é go mbaineann an téarma sin leis an gcoincheap céanna, cuirtear an téarma agus an fhoinse leis an iontráil. Má bhíonn téarma Gaeilge éagsúil sa dá fhoinse seo, cuirtear an dá théarma leis an iontráil mar aon le heolas faoin bhfoinse (féach ‘foinsí agus stádas téarmaí’ thíos).

The screenshot shows the Fíat (Gaeilge) web application interface. The main content area displays a list of entries under the heading 'Téacs' with the value 'secondary residence'. The entry is marked as 'IMITHE' (ambiguous or unclear). The detailed view of the entry shows the following information:


- T001 - téarmaí Gaeilge a bhí in IATE cheana ***NÁ PRÓISEÁIL*****
- EN: secondary residence
- EN: second home
- GA: áit chónaithe thánaisteach *Reachtaíocht an AE*
- GA: athbhaile *Focal (téarma iomlán)*
- x Athsheiceáilte ag Eibhlín (eibhlín, 2008-12-22 14:51:23)

The entry is circled in red, indicating it is the focus of the discussion.

Fíor 11: Seat scáileáin de chomhéadan Fíat a léiríonn iontráil le téarmaí Gaeilge éagsúla ó reachtaíocht an AE agus Focal.ie

6. Mura bhfuil téarma Gaeilge ar bith ann i gceachtar den dá fhoinsé seo, déantar an coincheap, más téarma ilfhoclach é sa Bhéarla, a bhriseadh síos i gcodanna níos lú agus déantar iad sin a chuardach ar bhunachar sonraí Focal.ie. Má thugann na


codanna a fuarthas sa bhunachar sonraí léiriú cruinn ar an gcoincheap ó thaobh míniú agus réimsí de nuair a chuirtear le chéile iad, déantar an toradh seo a chur isteach mar théarma ilfhoclach Gaeilge leis an iontráil.




Fíor 12: Seat scáileáin de chomhéadan Fiat a léiríonn an lipéad ‘Focal (codanna)’

7. Mura féidir an téarma iomlán, nó codanna níos lú de, a fháil ar bhunachar sonraí Focal.ie nó i reachtaíocht an AE déantar é a chuardach sa dá fhoclóir údarásacha Gaeilge (Foclóir Béarla–Gaeilge, 1959; Foclóir Gaeilge–Béarla, 1977) agus

i mbailiúchán na míreanna ailínithe as reachtaíocht phríomha na hÉireann a aistríodh agus atá ar fáil ar bhailiúchán leithleach ar shuíomh gréasáin Focal.ie (féach ‘foinsí agus stádas téarmaí’ thíos).




Fíor 13: Seat scáileáin de Focal.ie a léiríonn glaiseanna breise



Fíor 14: Seat scáileáin de chomhéadan Fíat a léiríonn iontráil leis an lipéad 'Foinsí Éagsúla'

8. Mura féidir aon téarma Gaeilge a fháil a thugann léiriú cruinn ar choincheap, molann an t-eagarthóir téarma agus déantar an téarma sin a mharcáil ‘cumtha’. Is féidir an moladh a bheith bunaithe ar thraslitríú i gcás téarmaí Béarla a bhfuil fréamh

acu sa Ghréigis nó sa Laidin (téarmaíocht leighis, ceimiceáin), nó le focal nó focail Ghaeilge a bhí ann cheana féin (tacsanomaíocht). Baineann traslitríú le formhór na dtéarmaí nua-chumtha.



Fíor 15: Seat scáileáin de chomhéadan Fíat a léiríonn iontráil leis an lipéad ‘Cumtha’

9. I gcás 5–8 thuas, cuirtear téarma (nó téarmaí) Gaeilge leis an iontráil, mar aon le heolas nó ceisteanna ar bith eile i bhfoirm nótaí eagarthóireachta agus déantar an iontráil a mharcáil mar iontráil a cuireadh tríd an mbunscagadh.


The screenshot shows the IATE web interface. At the top, there's a search bar with 'IATE: 3508935 4191711 4287640'. Below it, a table lists search results with columns 'spéachadh', 'TRM', 'NÓT', and 'EIS'. The first result is 'nua' (new) and the second is 'bunscagadh déanta (aighearm)' (pre-translated (term)), which is circled in red. Below the table, there are two detailed entries for 'vacuum buffer volume'. The first entry is in French (FR) and German (DE), and the second is in German (DE) and English (EN). Both entries have a 'BUNSCAGADH DÉANTA' (pre-translated) label circled in red. The interface also shows navigation options like 'Leathanach 33 as 35' and 'athrigh'.

Fíor 16: Seat scáileáin de chomhéadan Fiat a léiríonn iontráil le 'bunscagadh déanta' uirthi

Meánscagadh:

1. Cuardaíonn an dara heagarthóir na hiontrálacha ar fad a cuireadh tríd an mbunscagadh.
2. Déanann an t-eagarthóir seiceáil an athuair ar an réimse, ar an gcomhthéacs agus ar an sainmhíniú lena chinntiú gurb é an coincheap a aithníodh i rith an bhunscagtha an coincheap atá léirithe agus go dtugann an téarma Gaeilge a cuireadh leis an iontráil léiriú cruinn ar an gcoincheap seo.

3. Déanann sé/sí an litriú agus an ghramadach sna téarmaí Gaeilge a cuireadh leis an iontráil seo a sheiceáil. Is féidir leis/léi cuid de na téarmaí a scríosadh.
4. Déanann an t-eagarthóir an iontráil a mharcáil mar iontráil a bhfuil meánscagadh déanta uirthi.



Fíor 17: Seat scáileáin de chomhéadan Fiat a léiríonn iontráil le 'meánscagadh déanta' uirthi

5. Tá trí rogha ag an eagarthóir ag an tráth seo:

- (a) Is féidir leis/léi an iontráil a mharcáil mar iontráil atá réidh le seoladh ar ais chuig bunachar sonraí IATE. Ní dhéantar aon eagarthóireacht ná seiceáil eile ar an iontráil seo.

(b) Is féidir leis/léi nóta a fhágáil leis an iontráil ag léiriú go bhfuil an tríú scagadh de dhíth agus míniú a thabhairt i ndáil leis sin.

(c) I gcás na dtearmaí nuachumtha, fágtar nóta a léiríonn gur chóir an iontráil a chur ar aghaidh chuig an gCoiste Téarmaíochta lena bailíochtú.

The screenshot shows the IATE interface with search filters on the left and search results on the right. The search filters include 'Tabhair dom gach coincheap sa bhailiúchán seo:' (is cuma), 'atá faoi úinéireacht ag an duine seo:' (is cuma), and 'agus a bhfuil an stádas seo aige:' (réidh le himeacht). The search results on the right show a list of terms with checkboxes. The term 'réidh le himeacht (aisghairm)' is checked and circled in red. Below it, the term 'conducting range' is also checked and circled in red. The interface includes a navigation bar at the top with 'Fiat (Gaeilge)' and 'sonraí / meiteashonraí / bainistíocht'.

Fíor 18: Seat scáileáin de chomhéadan Fiat a léiríonn iontráil le 'réidh le himeacht' uirthi

An tríú scagadh:

1. Cuardaíonn téarmeolaí Fiontar nó an téarmeolaí comhairleach seachtrach (féach struchtúr foirne Fiontar in Aguisín C) do gach iontráil ina bhfuil an nóta eagarthóireachta ‘tríú seiceáil ag teastáil’.
2. Déanann an téarmeolaí an iontráil a sheiceáil agus déantar an cheist nó na moltaí ón mbunscagadh agus ón meánscagadh a bhreithniú. Is iad seo a leanas na torthaí a bhíonn leis an tríú próiseas scagtha:
 - (a) Aontaíonn an téarmeolaí leis an téarma a moladh, déanann sé/sí an ghramadach agus an litriú a sheiceáil i gcomhair cruinnis agus déanann sé/sí an iontráil a mharcáil mar iontráil atá réidh le seoladh ar ais chuig bunachar sonraí IATE.
 - (b) Déantar an téarma Gaeilge a athrú ionas go dtabharfaidh sé léiriú níos fearr ar an gcoincheap i nGaeilge (gramadach, litriú, ord focal, etc.).
 - (c) Moltar téarma Gaeilge eile atá níos cuí bunaithe ar shaineolas teanga agus téarmeolaíochta an téarmeolaí.
 - (d) Déantar an iontráil a mharcáil mar ‘*ambiguous or unclear*’, scriostar an téarma Gaeilge a moladh agus déantar an iontráil a mharcáil mar réidh le seoladh ar ais chuig bunachar sonraí IATE.
3. Sna cásanna uile thuas, fágann an téarmeolaí nóta ag léiriú go ndearnadh an téarma a sheiceáil den tríú huair.

Nótaí eagarthóireachta

Cuireann an bunachar sonraí ar chumas úsáideoirí nótaí a fhágáil le coincheapa agus tá córas dea-struchtúrtha ach solúbtha i bhfeidhm inar féidir catagóirí nua nótaí a chruthú go héasca nuair is gá. De ghnáth bíonn na nótaí inmheánacha i nGaeilge le húsáid ag Fiontar amháin agus le cur san áireamh go roghnach ar na liostaí don Choiste Téarmaíochta (féach ‘Aiseolas ón gCoiste Téarmaíochta’ thíos), nó is nótaí i mBéarla iad na nótaí seachtracha atá dírithe ar fhoireann institiúidí an AE. Is féidir iontrálacha a chuardach de réir na nótaí seo.

Aiseolas ó aistritheoirí AE

Déantar gach iontráil atá marcáilte ‘réidh le seoladh chuig IATE’ a chur ar an Eislíon, áit a bhfanann siad ar feadh coicíse agus le linn na tréimhse seo is féidir le comhaltaí fhoireann teanga na Gaeilge athbhreithniú a dhéanamh orthu agus moltaí a dhéanamh ina leith de réir mar is gá (féach ‘Meicníocht Aiseolais’ thíos). Ag deireadh na tréimhse seo, cuirtear tuairimí na gcomhaltaí foirne teanga Gaeilge leis na hiontrálacha

ábhartha sa bhunachar sonraí inmheánach. Déanann comhalta de chuid na foirne eagarthóireachta an t-aiseolas ar fad a scrúdú agus déantar téarmaí a leasú dá réir i roinnt cásanna.

Aiseolas ón gCoiste Téarmaíochta (Foras na Gaeilge)

Déantar na hiontrálacha ar fad a bhfuil nóta orthu ag léiriú gur chóir don Choiste Téarmaíochta an téarma a bhreithniú a dheighilt in dhá liosta agus déantar an dá liosta sin a mharcáil mar liostaí ‘simplí’ agus ‘casta’. Baineann na ceisteanna simplí le téarmaí nuachumtha a leanann pátrúin agus prionsabail bhunaithe agus de ghnáth déanann comhaltaí an choiste an liosta a fhaomhadh ar líne roimh an gcruinniú. Déantar téarmaí níos casta a phlé go mion ag an gcruinniú. Dar le Príomhthéarmeolaí an Choiste Téarmaíochta, Máire Nic Mheanman, cuireann aistritheoirí Gaeilge de chuid an AE go mór leis na cruinnithe seo nuair a fheastalaíonn siad orthu. Tá tábhacht ag baint lena gcuid saineolais ó thaobh úsáid agus comhthéacs téarmaí (agallamh le Nic Mheanman 2012).

Déantar iontrálacha cuí a leasú de réir aiseolais ón gCoiste Téarmaíochta agus déantar na hiontrálacha sin a mharcáil mar iontrálacha faofa ag an gCoiste Téarmaíochta.

Athsheoladh

Déanann an bainisteoir teicniúil iontrálacha a ghabh trí gach céim sa sreabhadh oibre a asbhaint ón mbunachar sonraí agus cuirtear i scarbhileog Excel iad. Seoltar an cháipéis seo ansin chuig an DGT sa Choimisiún mar ‘athsheoladh’ go míosúil.

Ionchur chuig bunachar sonraí IATE²⁵

Mar atá léirithe sa seat den scáileáin (Fíor 19), is scarbhileog Excel ina bhfuil uimhreacha iontrála IATE le téarmaí Gaeilge, agus i roinnt cásanna, nótaí ar leibhéal téarma san áireamh atá san athsheoladh ó Fiontar. Ní mór na téarmaí a ionchur, a scríosadh nó a nuashonrú. Tá an tagairt ‘An bunachar náisiúnta téarmaíochta don Ghaeilge, <http://www.focal.ie> (tionscadal LEX)’ (‘The national terminology database for Irish, <http://www.focal.ie> (LEX project)’) luaite le téarmaí nua a chuirtear isteach agus bíonn gnáthchód iontaofachta 3 (iontaofa) sannta dóibh freisin.²⁶

Ní bhíonn ach mionathrú i gceist leis an téarma ‘*update*’ (ar nós an túsleitir a athrú ó chás uachtair go cás íochtair). Ní mór an seantéarma a scríosadh ar fad agus téarma

²⁵ Tá an chuid seo a leanas bunaithe den chuid is mó ar athbhreithniú an Choimisiúin.

²⁶ Tugtar stádas iontaofachta ó 0-4 do gach téarma in IATE; léiríonn ‘0’ gur chóir an téarma a scríosadh agus léiríonn ‘4’ go bhfuil an téarma ‘an-iontaofa’ (European Union 2008b, lch. 14).

1	Action	LIUD	OrigText	NewText	TermType	TL Note	Collections
2	delete		780881 an Lárchoiste um Loingseoireacht na Réine				T159
3	delete		790734 fungaicid				T159
4	delete		760308 rialó buiséid				T160
5	delete		895359 Líonra Iompair Tras-Eorpach				T001, T026, T042
6	delete		895359 LTE-I				T001, T026, T042
7	delete		787996 algéad píorafosfáite de shóidiam				T001
8	delete		791164 An Conradh Comhoibriúcháin i dtaobh Paitinní				T001, T057, T108, T147
9	delete		791164 Conradh Comhoibriúcháin i dtaobh Paitinní				T001, T057, T108, T147
10	delete		791164 CCP				T001, T057, T108, T147
11	delete		791164 CCP				T001, T057, T108, T147
12	delete		791164 Conradh Comhoibriúcháin i dtaobh Paitinní				T001, T057, T108, T147
13	delete		1558768 díbhéirsigh				T139
14	delete		795173 an Banc Eorpach um Athfhoirgníocht agus Forbairt				T147, T159
15	insert	3519033		an Creat um Inbhuanaitheacht Fiachais			T154
16	insert	3529065		Ard-Stiúthóireacht na Cumarsáide			T154
17	insert	3539585		Fóram an Mhargaidh Aonair			T154
18	insert	210111		catalítear féitheach lámach			T155
19	insert	383336		fiabhras fuilreatha víreasach			T155
20	insert	1430594		géarchúram			T155
21	insert	1530220		diosca idirveirteabhrach			T155
22	insert	1539389		bréagscannán			T155
23	insert	1544146		seile			T155
24	insert	1547188		aistarraingt an scannáin thiománaigh			T155
25	insert	1666979		fiabhrasacht			T155
26	insert	1684485		cársán			T155
27	insert	1685201		fiabhras			T155
28	insert	3540895		sáinú cáis			T155
29	insert	3544812		grios fuilreatha			T155
30	insert	3544935		conaire			T155
31	insert	3544944		fuaim anála bhroinceach			T155
32	insert	754814		clanbhraiteacht			T156
33	insert	876275		córas faisnéise geografai			T156
34	insert	1367142		speictream leictreamaighnéadach			T156
35	insert	1367701		speictriméadar			T156
36	insert	1401502		lána tráchta			T156
37	insert	1553257		radaíocht leictreamaighnéadach			T156
38	insert	338934		luathphósadh			T157

Fíor 19: Sampla d'athsheoladh

nua a chur isteach i gcás aon athraithe eile.

Cuid eile den athsheoladh ná *'terms to maintain'*. Is téarmaí Gaeilge iad seo atá in IATE cheana féin, a d'ionchuir úsáideoir in institiúid an AE agus atá seiceáilte agus faofa ag Fiontar. Cuirtear an tagairt Focal (féach thuas) leo mar dara tagairt chun cur leis na téarmaí agus bronntar cód iontaofachta 3 orthu más rud é go raibh an luach iontaofachta níos ísle roimhe sin.

Sula ndéantar an iompórtáil, ní mór roinnt den athsheoladh a sheiceáil de lámh. B'fhéidir gur iontrálacha a chuir aistritheoirí an AE isteach le déanaí iad iontrálacha atá marcáilte le baint amach agus ó tharla go bhféadfadh eolas tairbheach a bheith iontu ní mór iad a sheoladh chuig an institiúid chúil lena seiceáil agus a láimhseáil de lámh. D'fhéadfadh an institiúid cinneadh a dhéanamh an téarma a choinneáil ach nóta míniúcháin a chur leis.

Uaireanta d'fhéadfadh go mbeadh iontrálacha a seoladh chuig Fiontar le próiseáil curtha le hiontráil eile idir an dá linn, agus dhéanfaí an téarmaí Gaeilge a dhiúltú mar thoradh ar iompórtáil uathoibríoch. Ionas

nach gcaillfí ionchur Gaeilge tairbheach, aimsítear an tseaniontráil tríd an 'T' uimhir (a léiríonn cén liosta asbhainte lena mbaineann an iontráil) ionas go bhféadfaí an téarma Gaeilge a chur le hiontráil IATE eile. Is é an comhordaitheoir téarmaíochta Gaeilge in DGT a dhéanann an 'obair imscrúdaithe' seo le cabhair ó dhuine de na téarmeolaithe Gaeilge.

Cuirtear iontrálacha atá marcáilte mar iontrálacha atá débhríoch, míshoiléir nó dúblach ar ais chuig an gcomhordaitheoir Gaeilge in DGT ar liosta faoi leith mar aon le tuairimí. Déantar na hiontrálacha a dheighilt de réir na hinstiúide ar léi iad agus scaiptear iad ansin chuig na haonaid chomhordaithe téarmaíochta chun aiseolas a fháil. Seoltar iontrálacha a nuashonraítear tar éis aiseolas a fháil chuig Fiontar mar théarmaí nua.

Iniontrálacha dúbailte, débhríocha nó míshoiléire

Sa chás nach mbíonn dóthain eolais ann chun an coincheap a léiriú go cuí, ní mholann eagarthóirí Fiontar téarma Gaeilge nua agus seoltar an téarma ar ais mar chuid de liosta míosúil nótaí Béarla a mharcáiltear *'ambiguous or unclear'*.

Mar gheall ar an gcastacht a bhaineann le bunachar sonraí IATE agus an deacracht a bhaineann le sonraí cuí a asbhaint le seoladh chuig Fiontar, faigheann eagarthóirí Fiontar téarmaí dúblacha uaireanta de dhá chineál éagsúla.

Sa chás go mbíonn dhá iontráil IATE éagsúla ag baint leis an téarma dúblach (le huimhreacha tagartha IATE éagsúla acu) ag léiriú an coincheapa chéanna, roghnaíonn Fiontar téarma amháin lena gcuirtear an téarma Gaeilge a moladh. Bíonn an rogha bunaithe ar an gcritéar atá beagnach mar a chéile leis an gcritéar a úsáidtear agus tosaíochtaí nua á roghnú (féach Mír 3.2.3) ag comhaltaí foirne teanga an AE atá ag obair in IATE. Déantar an iontráil eile a mharcáil le nóta Béarla seachtrach *'Duplicate'*; agus uimhir IATE uathúil na hiontrála cuí i dtéacs an nóta.

Uaireanta, seoltar an iontráil chéanna IATE ar dhá liosta éagsúla faoi dhó. Sa chás seo, déanann foireann theicniúil Fiontar na hiontrálacha a seoladh faoi dhó a chomhdhlúthú agus cuirtear nótaí eagarthóireachta isteach leis an iontráil nua. Má dhéantar aon athrú ar iontráil IATE mar thoradh air sin, seoltar na hathruithe sin chuig foireann DGT mar chuid den athsheoladh/liosta míosúil.

Breithnítear roinnt iontrálacha mar iontrálacha a d'fhéadfadh a bheith le scriosadh más rud é go gcreideann Fiontar nach bhfuil téarmaí bailí iontu nó nach léiríonn siad coincheap faoi leith. D'fhéadfadh go mbeadh aistriúcháin ar chodanna d'abairt in áit téarma mar chuid d'iontráil den sórt sin.

6.3.2 Gnéithe den sreabhadh oibre

Roghnú téarmaí in institiúidí an AE

De ghnáth is iad an fhoireann chomhordaithe sa Choimisiún a chuireann liostaí iontrálacha do thionscadal GA IATE le chéile ach uaireanta tugann aistritheoirí Gaeilge sa Choimisiún agus i bParlaimint na hEorpa lámh chúnta freisin (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b).

Roghnaítear iontrálacha do thionscadal GA IATE bunaithe ar na tosca seo a leanas: (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b; agallamh le Leal 2012b):

- Tionscadail ilteangacha leanúnacha
- Tionscadail a fhaightear ón gComhairle agus ón bParlaimint
- Tionscadail a gcuireann ranna teanga tús leo tar éis caighdeán na n-iontrálacha a sheiceáil
- Bailiúcháin IATE a d'fhéadfadh a bheith úsáideach
- Iontrálacha ina ndearnadh nuashonrú ar an mBéarla le déanaí

- Iontrálacha a dhéantar a nuashonrú tar éis aiseolas a fháil ó Fiontar
- Liostaí a thionsaíonn téarmeolaithe/aistritheoirí Gaeilge sa Choimisiún agus sa Pharlaimint
- Téarmaí a ndéanann aistritheoirí Gaeilge iarratas orthu ar mhaithe le haistriúchán sonrath (uaireanta)
- Príomhúlaigh nua a asbhaint
- Obair théarmeolaíochta réamhghníomhach

Roghnaítear na téarmaí go minic as tionscadail agus as iarratais teanga leanúnacha ó théarmeolaithe agus ó aistritheoirí sa Choimisiún nó sa Pharlaimint agus léiríonn siad seo riachtanais na ranna teanga éagsúla.

Is gné thábhachtach é téarmaí ar ardchaighdeán a sholáthar do Fiontar agus bíonn ar na daoine a roghnaíonn na téarmaí aird a thabhairt ar an méid seo (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b; agallamh le Leal 2012b). Oibríonn an comhordaitheoir téarmaíochta don Ghaeilge sa Choimisiún lena chinntiú go mbaineann iontrálacha a sheoltar go Fiontar íoschritéir áirithe amach. In iontráil mhaith ba chóir go mbeadh coincheap amháin mar aon le faisnéis leordhóthanach ionas go mbeadh Fiontar in ann an coincheap a aithint go héasca. Ba chóir go mbeadh téarmaí i mBéarla agus i dteangacha eile cuimsithe san iontráil freisin (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b). Déanann comhordaitheoirí téarmaíochta i Seirbhís Teanga na Comhairle iarracht téarmaí a roghnú a aithníodh roimhe sin mar phríomhúlaigh nua (iontrálacha a iarrtar ar na teangacha eile go léir a dhéanamh freisin) (agallamh le Leal 2012b). Is samplaí d'iontrálacha ardchaighdeáin in IATE iad na príomhúlaigh. Ní bhíonn ach coincheap amháin sna hiontrálacha seo mar aon le faisnéis ábhartha ar chaighdeán maith (sainmhínte, tagairtí, comhthéacsanna) agus téarmaí i roinnt teangacha (European Union 2008a, Ich. 16).

Roghnaíonn an fhoireann chomhordaithe téarmaíochta sa Chomhairle iontrálacha do thionscadal agus ní bhíonn aon bhaint ag aistritheoirí Gaeilge leis an roghnú sin ós rud é go meastar go bhfuil na riachtanais téarmaíochta chéanna ag aistritheoirí Gaeilge is atá ag aonaid teangacha eile. Mar sin féin, is féidir le comhghleacaithe Gaeilge sa Chomhairle cinneadh a dhéanamh maidir leis na hiontrálacha nár chóir a sheoladh chuig Fiontar mar go bhfuil siad féin ag iarraidh déileáil leo. Is iontrálacha a bhaineann leis an gComhairle féin a bhíonn i gceist anseo de ghnáth. (agallamh le Leal 2012b).

De ghnáth is éard a bhíonn sna hiontrálacha a roghnaíonn an Chomhairle le cur ar liostaí do thionscadal GA IATE ná téarmaí a asbhaineadh as tionscadail na Comhairle. Braitheann ábhar na dtionscadal seo ar thosaíochtaí

polaitíochta a thagann chun cinn as saincheisteanna ábhartha reatha amhail an ghéarchéim airgeadais.

Cuireann an Chomhairle tús le hobair théarmaíochta réamhghníomhach. Sainmhínear obair théarmaíochta réamhghníomhach mar théarmaíocht a ullmhú i réimsí ina bhfuiltear ag súil le dianobair agus deacrachtaí téarmaíochta amach anseo. Bíonn obair den sórt seo bunaithe ar chlár Uachtaránachta na Comhairle, conclúidí chruinnithe na Comhairle agus clár oibre an Choimisiúin, mar atá i gceist le tionscadail réamhghníomhacha na Comhairle le déanaí (Tábla 7). Is í an deacracht is mó a bhaineann le hobair théarmaíochta réamhghníomhach ná an riachtanas atá ann coinneáil suas le forbairtí. I gcás rialachán comharbais, mar shampla, bíonn na téacsanna ag athrú i gcónaí agus dá bhrí sin ní tasc éasca a bhíonn i gceist.

Tábla 7: Samplaí de thionscadail téarmeolaíochta réamhghníomhacha de chuid na Comhairle le gairid.
Foinse: Agallamh le Leal 2012b

Clár 'Na Trí Uachtaránacht'
Conclúidí (cruinnithe) na Comhairle Eorpaí, Márta agus Meitheamh
Rialachán comharbais, bunaithe ar mholadh ón gCoimisiún (rialachán nua nár glacadh leis go fóill)
Rialachán airgeadais, bunaithe ar mholadh ón gCoimisiún (rialachán nua nár glacadh leis go fóill)

* Ciallaíonn athrú tábhachtach eile a tugadh isteach in 2007 go bhfuil trí Bhallstát ag roinnt an chláir Uachtaránachta ar feadh tréimhse 18 mí. Ceadáíonn sé seo trí Uachtaránacht as a chéile, nó Trio, a oibríonn le chéile thar thréimhse sínte ar chlár oibre comónta. Foinse: http://ec.europa.eu/irelagus/about_the_eu/presidency/index_en.htm

Tá obair théarmeolaíochta na Comhairle comhdhéanta den chuid is mó de shraitheanna príomhúlach nua, dá bhrí sin is féidir le Monica Welwert (comhordaitheoir téarmaíochta sa Choimisiún) na hiontrálacha nua ar fad a cruthaíodh idir sraith dhátaí áirithe a roghnú. Ní sheoltar príomhúlaigh nua ar bhonn *ad hoc* chuici. I gcás tionscadal sonracha, seoltar iontrálacha chuig Welwert i bhformáid scarbhileoige (Microsoft Excel). Sa scarbhileog tá uimhreacha iontrála IATE agus bunsonraí faoin tionscadal (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b; agallamh le Leal 2012b). Déantar gach eolas is gá maidir leis na hiontrálacha a asbhaint ó IATE ansin trí fhormáid chomhaontaithe is féidir a chur isteach i mbunachar sonraí Fiontar (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b; agallamh le Leal 2012b).

Ó tharla go mbíonn an-tionchar ag tionscadail téarmeolaíochta a eagraítear go lárnach sa Chomhairle agus sa Choimisiún ar obair na n-aonad teanga, bíonn na hiontrálacha a roghnaítear ar an mbunús

sin ábhartha agus úsáideach d'fhoireann teanga na Gaeilge. Bíonn seiftiúlacht mar chuid den phróiseas roghnúcháin iontrálacha freisin – má bhíonn ábhar nua de dhíth ar Fiontar go práinneach is féidir liosta iontrálacha a asbhaint de réir an chaighdeáin atá iontu mar aon le héascaíocht asbhainte seachas de réir na hoiibre aistriúcháin a bheadh le teacht.

Údarás téarmaí a chuireann Fiontar ar fáil

Is é an Coiste Téarmaíochta náisiúnta (Foras na Gaeilge) in Éirinn atá freagrach as téarmaíocht chaighdeánaithe údarásach Ghaeilge a fhaomhadh, a fhorbairt agus a chur ar fáil. Is é úinéir na téarmaíochta é a fhoilsítear ar Focal.ie. Tagann coiste stiúrtha deonach le chéile gach mí chun na téarmaí a cuireadh faoina bhráid a phlé agus a fhaomhadh.

Mar gheall ar an líon téarmaí a próiseáladh le tionscadal IATE, comhaontaíodh ag an tús nach gcuirfí gach aon téarma ar aghaidh chuig an gCoiste. Meastar go bhfuil téarmaí iomlána nó codanna téarmaí atá ar Focal.ie cheana féin, a léiríonn an coincheap céanna in IATE, ceadaithe cé nach bhfuil siad feicthe ag an gCoiste. Mar atá luaite thuas, seoltar liostaí 'casta' agus 'simplí' ar aghaidh chuig an gCoiste gach mí.

Déantar gach téarma a chuirtear ar ais chuig IATE a fhoilsiú ar Focal.ie. Mar gheall ar an mórbair bhreise eagarthóireachta a bhíonn mar thoradh ar théarmaí a chur leis an bpríomhbhunachar sonraí (nótaí gramadaí agus foirmeacha infhillte; téarmaí agus coincheapa a thugtar le chéile) déantar a bhformhór a uaslódáil chuig Gluais Bhreise Focal.ie. Cuireann an Coiste Téarmaíochta na téarmaí IATE ar fad, a d'fhaomh an coiste, leis an bpríomhbhunachar sonraí.

Foinsí agus stádas téarmaí

Fuarthas foinse gach téarma Gaeilge, seachas na téarmaí nuachumtha, a chuir Fiontar le IATE, i gceann amháin nó breis de na foinsí ceadaithe. Leanann téarmaí nuachumtha na rialacha arna sonraí ag an gCoiste Téarmaíochta.

Is é an foinse is údarásaí de na foinsí seo ná na haistriúcháin Ghaeilge de reachtaíocht an AE. Déantar comhaid ina bhfuil míreanna de reachtaíocht uile an AE Béarla-Gaeilge ailínithe a sheoladh chuig Fiontar go rialta agus cuirtear le corpas comhthreomhar iad. San áireamh sa bhailiúchán seo tá na Conarthaí agus an reachtaíocht uile a cuireadh i bhfeidhm ó 2007. Ní mór na téarmaí Gaeilge atá in úsáid i reachtaíocht an AE cheana féin a roghnú thar aon téarma Gaeilge eile. I gcleachtas, bíonn éagsúlacht uaireanta sna téarmaí Gaeilge a úsáidtear mar choibhéis ar théarmaí Béarla i reachtaíocht an AE agus sa chás sin de ghnáth seoltar an iontráil chuig an gCoiste Téarmaíochta le hiarratas

ar shoiléiriú maidir leis an téarma is fearr. Spreagtar aistritheoirí chun a gcuid tuairimí a chur ar fáil freisin i gcásanna den sórt seo.

Is é Fiontar a d'fhorbair bunachar sonraí Focal.ie, a tionscnaíodh in 2004, i gcomhar le Coiste Téarmaíochta Fhoras na Gaeilge. Sa bhunachar tá na bailiúcháin téarmaíochta ar fad a chuir an Coiste Téarmaíochta le chéile agus clúdaítear raon leathan réimsí ann. Tá 163,355 téarma Gaeilge, 160,630 téarma Béarla agus 6,572 téarma as teangacha eile sa bhunachar sonraí. Is é an bunachar sonraí seo an fhoinsé údaráisach téarmaíochta eile chun críocha an tionscadail seo agus déantar é a chuardach cibé an bhfuarthas téarma Gaeilge i reachtaíocht an AE nó nach bhfuarthas. Más rud é go bhfaightear téarma éagsúil leis an téarma a fuarthas i reachtaíocht an AE, cuirtear an dá théarma leis an iontráil IATE (ach b'fhéidir go ndéanfaí ceann díobh sin a scriosadh níos déanaí ar chomhairle ón gCoiste Téarmaíochta nó ó aistritheoirí an AE).

Is iad an dá phríomhfhoclóir Ghaeilge na foinsí eile atá ann agus a nglactar leo do théarmaíocht na Gaeilge. *An English–Irish Dictionary* (1959) agus an *Foclóir Gaeilge–Béarla* (1977). Baintear úsáid freisin as an ngluais míreanna ailínithe de reachtaíocht phríomha atá le fáil ar Focal.ie. Is í Rannóg an Aistriúcháin i dTithe an Oireachtais a chuir na míreanna ailínithe de reachtaíocht phríomha ar fáil in 2006–07 nuair a seoladh Focal.ie. Ní mheastar go bhfuil na foclóirí ná na gluaiseanna chomh hiontaofa le reachtaíocht an AE nó le bunachar sonraí Focal.ie ó tharla gur gnáthachmhainní teanga iad foclóirí agus maidir leis an ngluais reachtaíochta, ní dhearnadh é a nuashonrú le roinnt blianta agus tá míreanna ann lena mbaineann stádas eagarthóireachta neamhchinnte.

Nuair a bhíonn téarma éagsúil ar Focal.ie leis an téarma atá in úsáid don choincheap céanna i reachtaíocht an AE, déantar an dá théarma a chur isteach in IATE. Cé gur léirigh aistritheoir Gaeilge amháin míshástacht le níos mó ná téarma amháin a bheith in úsáid, ábhar crá don úsáideoir IATE freisin, d'aithin an t-aistritheoir sin freisin nach bhfuil aon neart air uaireanta. Ar bhonn suimiúil, dúirt sé freisin gur láidreacht é uaireanta nuair a thugtar téarmaíocht le chéile as foinsí éagsúla (agallamh le duine anaithnid 2012).

Cinneadh eile a rinneadh i dtús ré an tionscadail ná gan iontrálacha a phróiseáil ina raibh liosta sonrathach coincheap lena raibh téarmaí Gaeilge éagsúla in úsáid dóibh ar Focal.ie agus sa reachtaíocht faoi seach go dtí go mbeadh cinneadh déanta maidir leo. Rinneadh an cinneadh sin in 2010. Chomhaontaigh Rannóg an Aistriúcháin i dTithe an Oireachtais atá freagrach as

téarmaí sa reachtaíocht, agus an Coiste Téarmaíochta atá freagrach as ábhar ar Focal.ie, ar théarma amháin do gach coincheap. Rinneadh an riaráiste a ghlanadh ina dhiaidh sin agus rinneadh iontrálacha ar Focal.ie a leasú chun na cinní sin a léiriú. Úsáideann Fiontar an liosta nuair a bhíonn cinneadh le déanamh idir téarmaí éagsúla as foinsí bailí éagsúla. Tá an liosta méadaithe chun téarmaí a comhaontaíodh trí phlé inmheánach nó tríd an aiseolas a fuarthas ó aistritheoirí an AE agus ón gCoiste Téarmaíochta a chuimsiú. Ar ndóigh ní réiteoidh na céimeanna seo an tsaincheist áirithe seo go hiomlán agus caitheann eagarthóirí Fiontar go leor ama ag iarraidh an téarma Gaeilge is fearr le húsáid a chinntiú nuair a bhíonn rogha le déanamh idir dhá fhoinsé nó níos mó ná dhá fhoinsé a bhfuil an t-údarás céanna acu.

Cuireann an comhéadan eagarthóireachta ar chumas an úsáideoir stádas inghlacthachta a chur leis na téarmaí Gaeilge ar mhaithe le tagairt inmheánach. Tá cúig leibhéal inghlacthachta a meastar a bheith *ard*:

1. Seolta chuig IATE: seoladh an téarma Gaeilge chuig IATE cheana féin don choincheap céanna.
2. Conarthaí agus Focal: an téarma Gaeilge céanna agus léiriú an choincheapa chéanna agus mar théarma comhionann leis an téarma Béarla céanna.
3. Conarthaí: an téarma Gaeilge úsáidte i reachtaíocht an AE.
4. Focal (téarma iomlán): an téarma ceadaithe ag an gCoiste Téarmaíochta agus foilsithe ar bhunachar sonraí Focal.ie.
5. Focal (codanna): tá an téarma ilfhoclach Gaeilge bunaithe ar théarmaí a bhaineann leis an réimse céanna a cheadaigh an Coiste Téarmaíochta agus a foilsíodh ar bhunachar sonraí Focal.ie.

Tá dhá leibhéal inghlacthachta ann a bhreithnítear a bheith *íseal*:

6. Cumtha: ní raibh an téarma ann i nGaeilge roimhe seo i bhfoinsé ar bith agus rinneadh é a chumadh nó a thrasliú.
7. Foinsí éagsúla: ní raibh an téarma le fáil i reachtaíocht an AE ná ar bhunachar sonraí Focal.ie ach fuarthas é i gceann de na foclóirí teanga ginearálta, sa ngluais reachtaíochta ailínithe nó i bhfoinsé eile. I gcásanna den sórt seo, cuirtear nóta leis a léiríonn foinsé an téarma.

Ní sheoltar na leibhéil inghlacthachta seo ar ais leis na hiontrálacha atá le cur isteach in IATE. Baintear úsáid astu chun foinsé an téarma a thairfeadh agus chun a chur in iúl don eagarthóir cibé ar féidir glacadh le téarma gan aon scrúdú breise a bheith déanta nó má

theastaíonn breis scrúdaithe ina leith ó théarmeolaí Fiontar nó ón gCoiste Téarmaíochta.

Ní chuirtear iontrálacha ar ais chuig bunachar sonraí IATE go dtí go dtugtar an próiseas scagtha iomlán chun críche, agus go bhfreagraítear gach ceist, go mbreithnítear an t-aiseolas ar fad ó fhoireann aistriúcháin an AE agus go mbíonn Fiontar muiníneach go dtugann an téarma Gaeilge léiriú cruinn ar an gcoincheap agus go bhfuil sé cruinn ó thaobh litrithe agus gramadaí de. Ag an bpointe seo, seoltar an iontráil ar ais le cur isteach in IATE agus cé go bhfanann an stádas inghlacthachta i mbunachar sonraí Fiontar mar a bhí, d'fhonn taifead cruinn a choinneáil ar an obair a rinneadh ar an iontráil, sanntar stádas iontaofachta 3 do na téarmaí Gaeilge i mbunachar sonraí IATE.

Acmhainní gramadaí

Is í an phríomhacmhainn maidir le cruinneas litrithe agus gramadaí i scríobh na Gaeilge ná *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil*, a foilsíodh ar dtús sa bhliain 1958 (Rannóg an Aistriúcháin). Glacadh leis go forleathan in úsáid ghinearálta agus cloíodh leis go dlúth sna cáipéisí oifigiúla ar fad. Mar sin féin, in imeacht ama agus de réir mar a tháinig forbairt téarmaíochta nua-aimseartha chun cinn, cruthaíodh níos mó aonad ilfhoclach de réir a chéile. Dá bhrí sin bhí sé ag éirí níos deacra rialacha gramadaí a chur i bhfeidhm sna cásanna sin. Go simplí, ní raibh an Caighdeán Oifigiúil mionsonraithe go leor chun treoir shoiléir a thabhairt i ngach cás. Ní dhearnadh athbhreithniú uair ar bith ar an gCaighdeán Oifigiúil ach cuireadh mioncheartúcháin leis de réir mar a rinneadh é a athchló. Ba chóir a thabhairt ar aird freisin go bhfuil roinnt miondífriochtaí idir an Caighdeán Oifigiúil agus an foclóir dátheangach údarásach a d'fhoilsigh an Stát in 1979, an *Foclóir Gaeilge-Béarla*, ach níor tugadh aitheantas do na hathruithe seo sa Chaighdeán nuair a rinneadh é a athchló.

Níor chuir na srianta sa Chaighdeán Oifigiúil isteach beag ná mór ar scríobh na Gaeilge go ginearálta. Mar sin féin, chruthaigh siad fadhbanna ó thaobh téarmaí a fhorbairt agus go háirithe nuair a bhí téarmaí le húsáid sa reachtaíocht. Deacracht bhreise a bhí ann go raibh freagracht as an gCaighdeán Oifigiúil agus as téarmaíocht na Gaeilge ag teacht faoi dhá údarás éagsúla. D'fhoilsigh an Coiste Téarmaíochta náisiúnta a chuid treoirlínte féin maidir le rialacha gramadaí a chur i bhfeidhm ar théarmaí (an Coiste Téarmaíochta 2003) ina raibh soiléiriú maidir le cur i bhfeidhm an Chaighdeáin Oifigiúil agus téarmaí á n-úsáid agus á gcruthú. Mar sin féin, níor lean aistritheoirí reachtaíochta in Éirinn ná in institiúidí an AE na rialacha breise seo.

Is léir gur fhadhb a bhí ansin ó thús thionscadal GA IATE agus cuireadh Rialtas na hÉireann ar an eolas go raibh sé riachtanach teacht ar réiteach ar an bhfadhb. Ó tharla go mbeadh go leor ama i gceist le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gCaighdeán Oifigiúil, comhaontaíodh idir an dá linn leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta go gcuimseodh Fiontar na rialacha a leag Coiste Téarmaíochta náisiúnta Fhoras na Gaeilge amach (an comhlacht reachtúil atá freagrach as téarmaí a chruthú). Ag feitheamh ar thoradh an athbhreithnithe ar an gCaighdeán Oifigiúil, a measadh a dhéanadh na saincheisteanna a shoiléiriú go hiomlán, comhaontaíodh i measc comhpháirtithe in Éirinn agus in institiúidí an AE go ndéanfaí iontrálacha lenar bhain rogha idir dhá shraith rialacha a choinneáil siar nó 'a pháirceáil' go sealadach go dtí go mbeadh réiteach ann. Rinneadh 577 iontráil 'a pháirceáil' ar an tslí seo sa chéad chúig bliana den tionscadal.

Fógraíodh freisin go ndéanfaí athbhreithniú iomlán ar an gCaighdeán Oifigiúil go gairid, arna chomhordú ag an rannóg aistriúcháin nuabhunaithe, an Lár-Aonad Aistriúcháin, sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Fógraíodh coiste athbhreithnithe i Márta 2010, a raibh Tomás Ó Ruairc ina chathaoirleach air agus lena bhain próiseas comhairliúcháin cuimsitheach ar bhonn náisiúnta, agus thug an coiste an obair chun críche laistigh den am a bhí leagtha amach dó i Meitheamh 2011. Tharla athrú rialtais in Éirinn mar thoradh ar an olltoghchán i bhFeabhra 2011. Sular cuireadh torthaí an choiste athbhreithnithe os comhair an rialtais nuacheaptha, rinneadh cinneadh an rannóg aistriúcháin nua a dhíscaoileadh agus reachtaíocht nua a thabhairt isteach maidir leis an gCaighdeán Oifigiúil. Tá Bille Thithe an Oireachtais (Leasú) 2012 os comhair an Oireachtais faoi láthair. Sa bhreis air sin, d'fhoilsigh Tithe an Oireachtais (Rannóg an Aistriúcháin 2012) caighdeán oifigiúil leasaithe eile in 2012 dar teideal *Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil. Caighdeán Athbhreithnithe*.

Chomh luath agus a rithfear an reachtaíocht is é a bheidh sa cháipéis seo ná treoir le haghaidh scríbhneoireacht sa Ghaeilge agus éileofar ar gach comhlacht oifigiúil cloí leis na forálacha atá ann. Is léir ag an tráth seo nach bhfuil treoir leordhóthanach sa chaighdeán athbhreithnithe maidir le rialacha gramadaí i ndáil le téarmaí ilfhoclacha.

Is ceist chasta í an easpa soiléireachta maidir leis an tsaincheist seo agus caitheadh a lán ama uirthi ó thús thionscadal GA IATE. Rinneadh an cheist a phlé go rialta ag cruinnithe tionscadail a reáchtáladh sa Bhruiséil. Cé nach bhfuil tionchar aige seo ach ar líon beag téarmaí a 'pháirceáil', is léir go bhfuil go leor

oibre fós le déanamh chun an liosta seo a ghlanadh in ainneoin na móriarrachtaí a rinneadh chun an tsaincheist seo a bhrú chun cinn.

An mheicníocht aiseolais

Tá tábhacht mhór ag baint leis an aiseolas a fhaightear ón bhfoireann teanga Gaeilge in institiúidí an AE maidir leis an sreabhadh oibre, ó tharla go bhfuil saineolas acu ar aistriúchán agus ar théarmaíocht dlí i gcomhthéacs an AE agus is iad príomhúsáideoirí na dtéarmaí a chuireann Fiontar ar fáil.


Lorgáíodh rannpháirtíocht na foirne teanga ó thús an tionscadail. Foilsítear liosta iontrálacha ar an Eislíon i lár gach míosa agus bíonn coicís ag an bhfoireann teanga in institiúidí an AE leis na hiontrálacha a athbhreithniú agus le haiseolas a fhágáil. Déantar an t-aiseolas seo a

iompórtáil go huathoibríoch ón Eislíon chuig an iontráil chuí in Fíat agus déanann Fiontar iad a athbhreithniú.

Is é príomhghné an Eislín an deis a bhíonn ann na hiontrálacha ar fad i bhformáid liosta (nó i gcló) a fheiceáil, agus nótaí tráchta a chur leo a bhíonn le feiceáil ag comhghleacaithe.

Tá rochtain ag 39 comhalta foirne teanga Gaeilge ón gCoimisiún, ón gComhairle, ón bParlaimint, ón Ionad Aistriúcháin agus ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an Eislíon mar chomhpháirtithe thionscadal GA IATE. I gcleachtas, níor fhág ach an fhoireann teanga Gaeilge sa Pharlaimint, sa Chomhairle agus sa Choimisiún aiseolas go dtí seo. Tháinig formhór an aiseolais ón bParlaimint (2,392 iontráil) agus ón gCoimisiún (1,299 iontráil). Cuireadh aiseolas ar fáil ar 9.5 faoin gcéad de na hiontrálacha a cuireadh ar ais.

Fíor 20: Eislíon le gnéithe aibhsithe agus uimhreacha orthu. 1. ‘Scríobh nóta’ 2. ‘Leathanach randamach’ 3. ‘Mo chuid nótaí. 4. ‘Nótaí daoine eile’



Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird nach gciallaíonn sé seo nach bhfaca comhaltaí foirne in institiúidí eile na hiontrálacha ar an Eislíon ach is é nár fhág siad aon aiseolas ná nótaí agus dá bhrí sin ní féidir an pháirt a bhí acu ann a rianú. Ní mór a lua freisin gur tasc breise é a bheith ag seiceáil téarmaí ar an Eislíon ar an ualach oibre trom atá ar na haistritheoirí Gaeilge cheana féin.

I bhformhór na gcásanna déantar téarmaí a leasú de réir na moltaí a fhágtar ar an Eislíon (agallamh le Ó Cleircín 2012). Is fíorannamh nach gcuirtear moltaí i bhfeidhm, amhail a leithéid de chás ina moltar téarma Gaeilge atá éagsúil ón téarma atá in úsáid cheana féin i reachtaíocht an AE. Fágtar an t-aiseolas ón Eislíon sa bhunachar sonraí mar nótaí eagarthóireachta agus baineann an fhoireann eagarthóireachta úsáid as go minic mar údarás do roghanna téarmaíochta agus iad ag próiseáil iontrálacha nua.

Baintear úsáid as an Eislíon freisin chun oiliúint a chur ar théarmeolaithe nua agus chun príomh-shaincheisteanna na téarmeolaíochta a léiriú dóibh. De ghnáth ní ghlacann Fiontar páirt sa phlé ar an Eislíon ach nuair a dhéantar moladh tábhachtach ann pléitear é ag cruinniú inmheánach Fiontar ar son leas na foirne (agallamh le Ó Cleircín 2012).

6.4 Torthaí 2008–2012

6.4.1 Líon na n-iontrálacha a cuireadh ar ais

Cuireadh 180 liosta chuig Fiontar idir Eanáir 2008 agus Samhain 2012, ina raibh 66,156 iontráil ar an iomlán (féach Aguisín C). Léirítear le Tábla 8 an líon iontrálacha a seoladh ar ais gach bliain.

Tábla 8: Líon na n-iontrálacha a chuir Fiontar ar ais chuig IATE, 2008–2012

Bliain	Líon na n-iontrálacha a cuireadh ar ais chuig IATE
2008	12,180
2009	18,616
2010	10,653
2011	9,838
2012 (Eanáir–Samhain)	6,059

Tá an líon téarmaí a seoladh ar ais íseal nuair a dhéantar comparáid leis an meastachán a bhí ann ar dtús. An chastacht mhéadaíthe a bhaineann leis an tionscadal seo an míniú atá air sin, go háirithe nuair a thagtar ar réimsí nua a raibh tearcfhorbairt déanta

orthu roimhe sin sa Ghaeilge. Tá laghdú tagtha freisin ar an leithroinnt airgeadais agus foirne ach ní laghdú suntasach a bhí i gceist (féach Tábla 9 agus Tábla 10).

6.4.2 Caighdeán téarmaí

As na 57,346 téarma a seoladh ar ais chuig IATE idir 2008 agus Samhain 2012, ba théarmaí nuachumtha 3,551 (6.5 faoin gcéad) díobh (nár cuireadh in IATE ná in Focal.ie roimhe sin) nó téarmaí a raibh deacrachtaí ag baint leo agus a ndearna an Coiste Téarmaíochta athbhreithniú orthu; bhí 27.8 faoin gcéad ar fáil cheana féin, mar théarma iomlán, in Focal.ie; agus bhí 6.1 faoin gcéad ar fáil cheana féin, mar théarma iomlán, i reachtaíocht an AE. Fuarthas an 59.6 faoin gcéad eile as codanna de théarmaí a bhí le fáil cheana féin ar Focal.ie agus i bhfoinsí eile.

Mar atá léirithe in Aguisín C, clúdaíonn na liostaí a seoladh chuig Fiontar raon leathan réimsí. Clúdaíonn roinnt díobh sin – ar nós T036 *Waste management*, T085 *Financial terminology* agus T167 *Data Protection* – réimsí nár forbraíodh ach ar éigean i nGaeilge cheana.

Níl aon iniúchadh seachtrach déanta ar chaighdeán na dtéarmaí, ach cinntíonn an próiseas scagtha faoi thrí – ag Fiontar, aistritheoirí an AE agus an Coiste Téarmaíochta – ardchaighdeán oibre agus raon leathan saineolais maidir le téarmeolaithe agus ábhair.

6.5 Bainistíocht agus riarachán

Cuireann go leor daoine aonair leis an tionscadal seo ar roinnt bealaí éagsúla, ach tá an bhainistíocht tríd is tríd agus leithroinnt na freagrachta soiléir. Is í an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta a thugann maoiniú don tionscadal agus cinntear beartas agus straitéis maidir leis an tionscadal ar bhonn comhphlé le Fiontar. Is í an Roinn atá freagrach ar an iomlán as an tionscadal ó tharla go gcuimsíonn sé beartas rialtais, mar atá luaite in *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030* (Rialtas na hÉireann 2010, Ich.29). Is iad Fiontar agus DGT sa Choimisiún atá freagrach as cur i bhfeidhm an tionscadail (agallamh le Nic Pháidín 2012). Tá liosta comhlachtaí agus daoine aonair a bhfuil baint dhíreach acu le bainistíocht, comhordú agus comhoibriú an tionscadail mar aon le cur síos níos mionsonraithe ar a rólanna, le fáil in Aguisín C.

6.5.1 Maoiniú

Is é rialtas na hÉireann a thugann maoiniú don tionscadal seo (an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta). Bliain amháin a bhí sa chéad chéim maoinithe, 2008, ar iarratas ó Fiontar, ionas go bhféadfaí spriocanna réadúla a aithint. Ó shin

	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014
Deontas i leith thionscadal GA IATE	€47,859	€266,261	€245,806	€256,437	€228,007	€218,089	€213,993	€213,928

Tábla 9: Costais thionscadal GA IATE, 2007–2014

i leith, cuirtear isteach iarratais ar mhaoiniú, ina bhfuil spriocanna sonraithe, chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta gach dara bliain. Cuirfear tús leis an gcéim mhaoinithe is déanaí in Eanáir 2013 agus leanfaidh sí ar aghaidh go dtí Nollaig 2014. Léirítear an maoiniú in aghaidh na bliana i dTábla 9. Caitear formhór an mhaoinithe ar thuarastail foirne agus ar chostais ghaolmhara.

Tábla 10: Foireann an tionscadail, Fiontar, 2008–2012: Meándáileadh foirne ó 2008

Ról	FTE
Bainistiú Tionscadail/ Bainistiú Eagarthóireachta	.75
Eagarthóirí/téarmeolaí	2.3
Comhchomhairleoirí/téarmeolaithe seachtracha	1.1
Forbairt theicniúil agus bainistiú teicniúil leanúnach	.5
Iomlán	4.65

Déanann Fiontar leithroinnt idir ceathrar agus cúigear comhaltaí foirne (coibhéis lánaimseartha) maidir leis an tionscadal seo, lena n-áirítear eagarthóirí tiomnaithe taighde, agus bainisteoir teicniúil, bainisteoir eagarthóireachta agus bainisteoir tionscadail a leithroinneann a gcuid ama ina leith (Tábla 10). Cuireann intéirigh chéimithe agus mic léinn ar thaithí oibre leis an líon foirne seo go minic. Cuireann triúr comhairleoirí téarmeolaíochta sainoilte leis an tionscadal seo ar bhonn comhchomhairle agus cuireann siad oiliúint agus seisiúin aiseolais ar an láthair ar fáil go tréimhsiúil. Mar gheall ar nádúr cúrsaí maoinithe, earcaítear foireann ar bhonn conartha amháin, rud a chuireann roinnt srianta ar fhorbairt straitéiseach na hoibre téarmeolaíochta.

6.5.2 Tuairiscíú

Seolann Fiontar tuairisc choimrithe mhíosúil chuig na comhpháirtithe tionscadail go léir, ina sonraítear na liostaí téarmaí nó na téacsanna ailínithe a fuarthas, agus an t-aiseolas, más ann dó, a fuarthas ó chomhpháirtithe an AE nó ón gCoiste Téarmaíochta,

agus líon na n-iontrálacha a seoladh le cur isteach in IATE agus an líon iomlán go dtí sin don bhliain. Luaitear aon eolas nó cinneadh eile freisin.

Seoltar tuairisc dírithe ar bhainistíocht thionscadal LEX (an tionscadal faoina maoinítear obair IATE) chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ar bhonn ráithiúil. Leis sin déantar achoimre ar an obair a rinneadh agus luaitear aon tsaincheist atá le plé.

Sa tSeirbhís Teanga sa Chomhairle, déantar tionscadal GA IATE a thuairisciú go hachomair ag cruinnithe seachtainiúla nuair is cuí. Baineadh úsáid as bróisiúr ar thionscadal LEX, chun poiblíocht a thabhairt do thionscadal GA IATE i measc na gCeann Aonad sna haonaid teanga nua. Luann Leal nach bhfuil sé ar an eolas faoi aon tuairiscíú chuig grúpaí idirinstiúideacha maidir le dul chun cinn, caiteachas agus leithroinnt acmhainní (agallamh le Leal 2012b).

Sa Choimisiún, cuirtear tionscadal GA IATE san áireamh i dtuairiscí rialta an *Terminology Coordination Sector* agus déanann an earnáil tuairiscíú ansin chuig an mBord Téarmeolaíochta. Scaiptear miontuairiscí chruinnithe thionscadal GA IATE ar chomhaltaí an ordlathais sa Choimisiún. Ní dhéanann an Coimisiún tuairiscíú chuig grúpaí idirinstiúideacha maidir le dul chun cinn, caiteachas agus leithroinnt acmhainní (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b).

Sa Pharlaimint, cuirtear na tuairiscí coimrithe míosúla ó Fiontar ar aghaidh chuig na Cinn Aonad san Aonad Aistriúcháin Béarla agus Gaeilge agus sa *Terminology Coordination Unit*. Tugtar aitheantas san Aonad Aistriúcháin don am a chaitheann aistritheoirí ag obair ar an tionscadal.

6.5.3 Cruinnithe

Mórábhar plé is ea tionscadal GA IATE ag na cruinnithe rialta a reáchtáilann foireann bhainistíochta Fiontar gach trí seachtaine. Ag na cruinnithe seo, réitíonn an stiúthóir tionscadail, an bainisteoir eagarthóireachta, an téarmeolaí agus an bainisteoir teicniúil saincheisteanna agus déanann siad spriocanna agus dul chun cinn a phlé. (agallamh le Ó Cleircín 2012).

Buaileann an fhoireann eagarthóireachta atá páirteach sa tionscadal leis an téarmeolaí agus leis an

mbainisteoir eagarthóireachta gach coicís agus déantar spriocanna agus dul chun cinn a thuairisciú agus bíonn deis ann roinnt de na ceisteanna téarmeolaíochta níos casta a tháinig chun cinn sa choicís roimhe sin a phlé (agallamh le Ó Cleircín 2012).

Reáchtáiltear cruinniú teicniúil de réir mar is gá idir an bainisteoir teicniúil, an téarmeolaí agus an t-eagarthóir taighde chun ceist theicniúil ar bith a phlé (agallamh le Ó Cleircín 2012).

Freastalaíonn ionadaí de chuid Fiontar ar chruinniú míosúil den Choiste Téarmaíochta ina bpléitear téarmaí IATE.

Tagann gach comhpháirtí tionscadail le chéile ar bhonn leathbhliantúil sa Bhruiséil chun dul chun cinn an tionscadail a phlé (féach sceideal agus ballraíocht in Aguisín C). Ó 2010, tionóltar cruinniú teicniúil ar an lá céanna de ghnáth freisin.

6.5.4 Foireann agus oiliúint foirne

Baineann Fiontar úsáid as sraith lámhleabhar le hoiliúint a chur ar chomhaltaí foirne nua, ina ndéantar cur síos mionshonraithe ar conas ba chóir téarmaí a thaifeadh sa bhunachar sonraí agus conas mar a dhéantar an taighde. Baintear úsáid as seo mar aon le hoiliúint ‘ar an láthair’ agus meantóireacht chun tacú le comhaltaí foirne nua. Bíonn comhaltaí foirne nua ag obair ar na chéad chéimeanna eagarthóireachta go dtí go mbíonn na scileanna agus an mhuintir acu a theastaíonn chun obair níos casta a dhéanamh, amhail meánscagadh.

Eagraíonn Fiontar oiliúint scileanna teanga agus gramadaí do chomhaltaí foirne, de réir mar is gá. Eagraítear cruinnithe *ad hoc* idir comhaltaí foirne eagarthóireachta Fiontar agus comhairleoir téarmeolaíochta seachtrach chun aiseolas a thabhairt maidir le conas déileáil le hiontrálacha casta nó deacrachtaí coitianta.

6.5.5 Comhoibriú agus comhpháirtíocht

Tá scileanna agus ról éagsúla ag na comhpháirtithe i dtionscadal GA IATE agus oibríonn siad i dtrí instiúid éagsúla. Tá an aidhm chéanna ag na comhpháirtithe ar fad, is é sin a chinntiú go bhfuil dóthain téarmaíochta iontaofa Gaeilge ar fáil chun tacú le haistriúchán tráthúil reachtaíocht an AE i nGaeilge. Tá an comhoibriú sa tionscadal seo forbartha go mór, mar aon le tionscadal IATE féin agus tá ról gach comhpháirtí sainmhínithe go soiléir, ach is ról sholúbtha iad freisin agus d’oibrigh an comhoibriú tionscadail go han-mhaith ó cuireadh tús leis.

Aontaítear go forleathan go bhfuil dea-chumarsáid agus cumarsáid ghníomhach idir na comhpháirtithe ar

fad (sa Chomhairle, sa Choimisiún, in Fiontar agus sa Pharlaimint). Athraíonn an méid cumarsáide ginearálta a dhéantar ag brath ar ualach oibre na gcomhpháirtithe ach cuirtear aiseolas agus eolas riachtanach ar fáil go tapa de ghnáth. Molann Ó Ruairc freisin (agallamh 2012) ‘an múnla tuairiscithe fíorshoiléir atá ag Fiontar’. Cé go ndearna na daoine a chuaigh faoi agallamh roinnt moltaí maidir le forbairtí teicniúla a d’fhéadfaí a chur leis an gcomhpháirtíocht, meastar go bhfuil na córais chumarsáide agus na leibhéil chomhoibríthe an-éifeachtach agus is léir ón aiseolas a fuarthas go bhfuil daoine an-sásta leo.

6.6 Láidreachtaí an tionscadail

Pléitear thíos láidreachtaí thionscadal GA IATE, mar a thuairiscigh na daoine a chuaigh faoi agallamh.

6.6.1 Torthaí: líon agus caighdeán téarmaí

Is é an láidrecht is mó a bhaineann le tionscadal GA IATE ná go ndearnadh an obair a leagadh amach ó bhliain go bliain a chomhlíonadh ar an sprioc gan aon mhórfhadhb ná moill. A bhuíochas don tionscadal, tá líon na dtéarmaí Gaeilge in IATE ar comhchéim nó níos mó ná líon na dtéarmaí sna teangacha nua eile (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a; 2012b).

Is léir go bhfuil comhaltaí foirne teanga Gaeilge an AE sásta den chuid is mó leis na téarmaí a cuireadh ar fáil (agallamh le Leal 2012a; agallamh le Herwig agus Welwert 2012a; agallamh le duine anaithnid 2012, an grúpa fócais agus ábhar as suirbhé na dtéarmeolaithe Gaeilge). Mar a léiríodh i Mír 5, ní i gcónaí a mheasann aistritheoirí an AE go mbíonn na téarmaí a fhorbraítear ‘i mbulc’ nó go seachtrach sásúil go leor (agus d’fhéadfaí iad a scríosadh ó IATE) agus dá bhrí sin ní rud uathoibríoch é an glacadh seo.

6.6.2 Nuálaíocht teicneolaíochta agus breisluach

Cruthaíodh an t-ardán ar ar tógadh Fiat bunaithe ar thaithí Fiontar le tionscadail eile sna daonnachtaí digiteacha. Gné láidir den tionscadal í go n-eascaíonn an luach is fearr ar airgead as an gcumasc sin (agallamh le Ó Ruairc 2012). Tá tionscadal GA IATE ar cheann de cheithre thionscadal téarmeolaíochta, logainmneacha agus beathaisnéise a forbraíodh in Fiontar i gcomhar le comhpháirtithe éagsúla tionscadail. Thosaigh an obair ar na tionscadail le Focal.ie agus rinneadh an réiteach teicniúil a bhí ann a úsáid, a chóipeáil agus a fhorbairt ar bhealaí éagsúla do na tionscadail eile go dtí gur forbraíodh LéacsLann, struchtúr teicneolaíochta sofaisticiúil aonair a d’fhéadfaí a chóipeáil agus a úsáid ar go leor bealaí nach bhfuil

srianta don Ghaeilge nó do shonraí téarmaíochta.

Ar bhealach comhchosúil, baineadh úsáid arís as na huirlisí a forbraíodh do thionscadal GA IATE i gcomhthéacsanna eile. Tháinig múnla nua chun cinn as an Eislíon a forbraíodh in 2010 chun bailiú agus comhdhlúthú aiseolas na n-aistritheoirí a dhéanamh níos éasca agus is múnla nua teicniúil agus téarmaíochta é le sonraí a roinnt le saineolaithe réimsí agus le haiseolas na saineolaithe sin a bhailiú. I bhformhór na dtionscadal a bhainistíonn Fiontar déantar sonraí a bhailiú le chéile i gcomhar plé agus daingnithe ag saineolaithe seachtracha. Táthar i mbun forbartha faoi láthair ar fhoclóirí téarmaí ealaíon agus spóirt agus déanann painéal saineolaithe réimsí athbhreithniú rialta ar na téarmaí a mholtar. Laghdaítear leis an Eislíon an méid ama a chaitear ag cruthú agus ag bainistiú liostaí Excel agus Word do na grúpaí seo agus laghdaítear an méid ama a chaitear freisin i mbun plé lena chéile. Tá tóir ar an gcorpas ailínithe ábhar reachtaíochta i measc úsáideoirí cé go bhfuil sé sách beag mar chorpas 9.9 milliún focal ach tá an deis ann é a fhorbairt ina chorpas dlí dátheangach an-chuimsitheach amach anseo.

Dar le Ó Ruairc (2012), is féidir athúsáid na nuálaíochtaí teicneolaíochta a chur i láthair oifigeach sinsearach nó iad siúd a oibríonn i réimsí nach mbaineann leis an nGaeilge mar luach ar airgead ar shárthionscadail teicneolaíochta agus is féidir cás maith a dhéanamh chun acmhainní a infheistiú i dtionscadail den sórt sin a mbíonn sárthorthaí éagsúla orthu. (Ní bhaineann an argóint seo le ceisteanna maidir le hoidhreacht cultúir nó an tábhacht a bhaineann leis an teanga). Luann Ó Ruairc freisin an tábhacht a bhaineann le bheith in ann tallann na hÉireann a léiriú ar shlí chorparáideach le taispeáint gur tír í seo ar fiú infheistiú a dhéanamh inti de bharr bonn scileanna ardchaighdeáin. Deir sé gurb é seo ceann de na tosaíochtaí i gclár an rialtais agus creideann sé go gcuireann tionscadal GA IATE, mar chuid de ghrúpa tionscadal bunaithe ar an teicneolaíocht, go mór leis sin (agallamh le Ó Ruairc 2012).

6.6.3 Sochair chomhpháirtíochta

Láidreacht eile a luann rannpháirtithe go minic ná an comhoibriú atá ar bun idir institiúidí an AE, agus ní cur chuige coitianta é seo i leith na hoibre téarmaíochta. Cinntíonn seo bailiúchán soiléir téarmaí Gaeilge in IATE ach mar thoradh air freisin bíonn cruinnithe neamhfhoirmiúla agus plé ann i measc rannpháirtithe. Aithníonn comhpháirtithe an AE an deis atá ann comhoibriú lena chéile ar an tionscadal seo mar láidreacht (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a). Tá na cruinnithe tréimhsiúla sa Bhruiséil an-tábhachtach

freisin d'fhoireann an AE atá rannpháirteach sa tionscadal seo ó tharla go bhfuil siad lonnaithe ó lá go lá i láithreacha scaipthe in institiúidí agus i bhfoirgnimh éagsúla i Lucsamburg agus sa Bhruiséil. Ó tharla go bhfuil comhoibriú idirinstiúideach feabhsaithe beartaithe d'obair téarmaíochta IATE (féach Mír 3.3) beidh tábhacht ag baint leis seo.

Aithníonn an bheirt ionadaithe de chuid rialtas na hÉireann ar cuireadh agallamh orthu cumas agus tiomantas fhoireann Fiontar mar mhórláidreacht an tionscadail (agallamh le Ó Ruairc 2012; agallamh le Ó Briain 2012). Aithníonn Ó Ruairc an chothromaíocht agus an meascán sainscileanna atá ag an bhfoireann agus an comhoibriú éasca a bhíonn ann i measc fhoireann an tionscadail i ndáil leis sin.

Déantar téarmaí Gaeilge a chuirtear isteach i mbunachar sonraí IATE a chur isteach freisin i mbunachar sonraí Focal.ie, rud a chuireann le luach an bhunachair sonraí mar áis do phobal na Gaeilge. Tá an fháil a bhíonn ar théarmaí Gaeilge as IATE ar Focal.ie úsáideach go háirithe do na haistritheoirí a bhíonn ag obair ar reachtaíocht nó ar cháipéisí oifigiúla (agallamh le Ní Ghallchobhair 2012). Bheadh pleanáil chúramach de dhíth chun téarmaí GA IATE a lánpháirtíú sa bhunachar sonraí téarmaíochta náisiúnta ach ní mór é a chur san áireamh dar le Nic Pháidín (agallamh 2012). Cé nár chóir Focal.ie a 'líonadh' le téarmaí nach mbaineann fiú le riachtanais speisialaithe neamhrialta, chuirfeadh cuid d'ábhar GA IATE, arna roghnú trí shioncronú le téarmaí a iarrtar, mar shampla, ábhar a gcuirfí nótaí gramadaí agus úsáide leis, go mór le Focal.ie agus bhainfí leas iomlán as an dá tionscadal.

Tugann cruinnithe de chuid an Choiste Téarmaíochta, ag a bpléitear téarmaí IATE, deis luachmhar d'aistritheoirí Gaeilge san AE saincheisteanna teanga a phlé le saineolaithe Gaeilge atá líofa i dtéarmaíocht na Gaeilge agus a bhfuil taithí éagsúil ghairmiúil acu (agallamh le Nic Mheanman 2012).

6.6.4 IATE a ghlanadh

Is tionscadal glantacháin atá i dtionscadal GA IATE freisin do IATE ó pheirspictíocht Eorpach de (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a; agallamh le Ó Briain 2012), agus tugann sé léargas breise do rannpháirtithe ó thaobh chaighdeán na sonraí oidhreachta (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a). Tugann an tionscadal taithí do rannpháirtithe freisin ar na dúshláin a bhaineann le mórghaisceanna sonraí IATE a láimhseáil agus téarmaíocht a 'sheachtrú'.

Tagraíonn Ó Briain (agallamh 2012) agus Nic Pháidín (agallamh 2012) beirt do thionscadal GA IATE mar thionscadal píolótach a d'fhéadfadh a bheith ann do

thionscadal glantacháin bhunachar sonraí níos leithne. De réir mar a théann an tionscadal chun cinn, déanann foireann DGT an bunachar sonraí a ghlanadh agus iad ag cur liostaí le chéile do Fiontar ach nuair a chuirtear liostaí ar ais déanann Fiontar roinnt iontrálacha a mharcáil mar iontrálacha débhríocha, nó mar dhúbailigh nó mar iontrálacha a d'fhéadfaí a scriosadh, rud a chuireann leis an nglanadh ag deireadh an phróisis sreafa oibre. Mar a léiríodh i Mír 5.3.3, meastar i bhformhór na dteangacha gur gá IATE a ghlanadh, b'fhéidir sna teangacha ar fad, ós rud é gur mórábhar crá iad dúbailigh agus drochiontrálacha.

6.7 Dúshlán (agus réitigh áirithe)

In ainneoin measúnú dearfach a bheith déanta ar an tionscadal tríd is tríd, luaigh roinnt daoine a chuaigh faoi agallamh roinnt dúshlán.

6.7.1 Acmhainní teanga údarásacha nua-aimseartha sa Ghaeilge

Mórdhúshlán ó thaobh na téarmaolaíochta de ná na heasnaimh sa soláthar acmhainní téarmaolaíochta agus foclóirí Gaeilge údarásacha nua-aimseartha. Baineann an fhadhb seo le hacmhainní téarmaolaíochta agus leis an gcaighdeán oifigiúil do litriú agus do ghramadach na Gaeilge (agallamh le Ó Cléirín 2012).

Míníonn Ó Cleircín go mbraitheann eagarthóirí Fiontar go mór ar Focal.ie, arb acmhainn iontach é ar go leor bealaí. Mar sin féin, tá líon mór iontrálacha ann ina bhfuil roinnt téarmaí neamhrangaithe ann nach bhfuil idirdhealú ar bith déanta orthu agus nach bhfuil sainmhínte tugtha ina leith. Cuireann na téarmaí éagsúla a mholtar ar Focal.ie uaireanta agus i reachtaíocht an AE agus i reachtaíocht phríomha na hÉireann go mór leis an bhfadhb sin. Cuireann sé seo leis an neamhchinnteacht agus leis an gcrá a bhíonn ar eagarthóirí agus uaireanta cruthaíonn sin dúshlán maidir le táirgeacht. Tugann Ó Cleircín le fios go bhfuil na daoine atá rannpháirteach ag obair le hacmhainní srianta faoi bhrú ama agus nach féidir fadhb den sórt seo a réiteach go héasca gan go leor ama a chur isteach inti (agallamh le Ó Cleircín 2012). Ní bhaineann an easpa acmhainní i ndáil le hobair théarmaolaíochta le cás na hÉireann amháin ar ndóigh mar a léirítear sa chur síos atá tugtha ar theangacha nua i Mír 5.1.1.

Cé nach cleachtas an-sásúil iad iontrálacha áirithe a 'pháirceáil' de bharr rialacha gramadaí neamhchinnte agus easpa soiléire maidir le rialacha gramadaí i dtéarmaí ilfhoclacha ná níos mó ná téarma amháin Gaeilge a chur ar fáil do choincheap amháin, is cleachtas riachtanacha a bhí iontu lena chinntiú go

gcuirfí téarmaí Gaeilge ardchaighdeáin, úsáideacha ar fáil in ainneoin na neamhchinnteachta a bhaineann le rialacha gramadaí agus na neamhréachtaí a bhaineann le hacmhainní téarmaolaíochta Gaeilge.

Mar a mhínítear ar leathanach 79, tá reachtaíocht a rialaíonn an Caighdeán Oifigiúil 2012 á hachtú faoi láthair.

6.7.2 Srianta ar aiseolas

Luaigh na haistritheoirí Gaeilge ar fad a bhí páirteach sa ghrúpa fócais brú ama mar bhac ar an méid aiseolais is féidir leo a thabhairt ar an Eislíon (Grúpa Fócais 2012, lch. 2). Tá aistritheoir amháin in aghaidh na hinstitiúide freagrach, go pointe áirithe, as an méid oibre a dhéantar san aonad ar son an tionscadail, lena n-áirítear cruinnithe, liostaí a chur le chéile agus aiseolas a chur ar an Eislíon agus léirigh na daoine aonair seo tiomantas faoi leith don tionscadal, go háirithe maidir le haiseolas agus le rannpháirteachas i gcruinnithe. Mar sin féin, is léir i bhformhór na gcásanna gur faoin aistritheoir atá sé am a shannadh don tionscadal sa bhreis ar a dhualgais féin agus ar ndóigh, ní mór dóibh tosaíocht a thabhairt don aistriúchán. Murab ionann is na haonaid eile teanga (a bhíonn ag gearán faoi bhrú ama freisin, ar ndóigh, féach Mír 5.3.3), níl aon téarmaolaí ainmnithe sna haonaid Ghaeilge. Déanann aistritheoirí Gaeilge obair théarmaolaíochta freisin nuair a bhíonn an t-am acu sa sreabhadh oibre. Tá rochtain ag aistritheoirí eile sna haonaid ar an meicníocht aiseolais ach, mar atá luaite thuas (lch. 80), ní raibh siad gníomhach ar an meicníocht sin go fóill.

Srian eile ar an aiseolas ná an brú ama a bhíonn ar chomhaltáí foirne an Choiste Téarmaíochta agus ag cruinnithe freisin. Tá réamhobair ar líne tábhachtach i bpróiseas faofa na dtéarmaí 'simplí' Gaeilge do IATE, mar roimhe sin ní dhéantaí ach téarmaí a raibh nóta déanta fúthu ar líne a phlé ag cruinnithe an Choiste Téarmaíochta. Molann Ní Ghallchobair (agallamh 2012) gur dul amú mór a bheadh ann dá mbreithneofaí téarmaí a scaipeadh ar líne ach nár fágadh nóta ina leith, ina dtéarmaí 'faofa'. Mar sin féin, tá beartas ag an Rúnaí reatha ina ndéantar aon téarma nach bhfuil aon nóta ina leith ach a measann sí gur chóir ceist a chur fúthu a chur san áireamh sa phlé de réir na srianta ama atá ar fáil.

Luann an foireann chomhordaithe sa Choimisiún agus sa Chomhairle freisin go mbíonn go leor ama ag baint le liostaí iontrálacha a chur le chéile don tionscadal. Baineann sé seo go háirithe le DGT sa Choimisiún, ina n-ullmhaítear na liostaí ar fad le seoladh chuig Fiontar.

6.7.3 Roghnú na n-iontrálacha don tionscadal

Luann Christine Herwig, Ceann an *Terminology Coordination Sector*, gurb é iontrálacha IATE oiriúnacha a aimsiú le seoladh chuig Fiontar ceann de na mórdhúshláin ó thaobh DGT de (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a). Go ginearálta, aithníonn an Chomhairle agus an Coimisiún gur dúshlán atá ann ábhar nua a sholáthar chun liostaí a chur le chéile do thionscadal GA IATE (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b; agallamh le Leal 2012b). Nuair a tionscnaíodh an tionscadal seo, measadh go mbeadh ar na haistritheoirí Gaeilge a bheith páirteach i roghnú na n-iontrálacha – agus gurbh iad na haistritheoirí seo amháin ba chóir, mar úsáideoirí deiridh, iarratais a chur ar aghaidh do théarmaí Gaeilge. Níl sé chomh simplí sin i ndáiríre. Go dtí seo, roghnaíodh roinnt iontrálacha sna haonaid Ghaeilge ach ba iad comhaltaí foirne téarmeolaíochta na Comhairle agus an Choimisiúin a roghnaigh formhór na n-iontrálacha eile.

Mar gheall ar shrianta ama agus ar chastacht an bhunachair sonraí ní bhíonn gach iontráil a sheoltar chuig Fiontar le próiseáil ar ardchaighdeán. Is féidir sin a léiriú sa líon iontrálacha a sheoltar ar ais a bhíonn marcáilte mar iontrálacha a d'fhéadfaí a scriosadh, dúblaigh nó mar iontrálacha débhríocha nó míshoiléire – thart ar 1 faoin gcéad. Tá go leor iontrálacha den sórt sin i mbunachar sonraí IATE agus níl sé ar chumas fhoireann DGT athbhreithniú a dhéanamh ar gach iontráil. Mar sin féin, ní mór iontrálacha den sórt sin a athbhreithniú in Fiontar – rud a ghlacann am. Ar bhonn suimiúil, is féidir glacadh leis an dúshlán a bhaineann le hiontrálacha IATE atá oiriúnach agus ar ardchaighdeán a roghnú mar láidreacht de chuid an tionscadail. (féach Mír 6.6).

6.7.4 Cáilíocht versus cainníocht

Dúshlán leanúnach a luann Ó Cleircín ná an teannas a bhíonn idir aidhmeanna na cáilíochta agus na cainníochta. Is féidir leis a bheith deacair ar gach leibhéal na spriocanna éagsúla a bhaint amach agus a chinntiú ag an am céanna go bhfuil téarmaí ar ardchaighdeán ann in ainneoin an ghealltanais líon comhaontaithe iontrálacha a chur ar fáil gach bliain.

Le blianta beaga anuas thosaíomar ag éirí níos amhrasaí faoina raibh á seoladh chugainn agus rinne muid bealach a fhorbairt a dhéanfadh na coincheapa a scagadh, bealach nár thuigear go hiomlán nó bealach nach rabhamar go hiomlán soiléir ina leith.... Is dóigh nach raibh caighdeán roinnt de na hiontrálacha a d'aistríomar [ag tús an tionscadail] maith go leor agus ceapaim go cinnte nach ndéanfaí na cineálacha iontrálacha sin a aistriú anois. Ceapaim go bhfuil feabhas tagtha air sin ach

ceapaim arís go gcruthaítear roinnt iontrálacha, nó roinnt téarmaí Gaeilge, faoi dheifir nó nach bhfaigheann siad a ndóthain airde mar thoradh ar an mbéim a chuirtear ar líon agus ar tháirgiúlacht. Ní féidir súil a choinneáil ar gach aon ní. Beidh coimhlint ann i gcónaí idir cáilíocht agus cainníocht (agallamh le Ó Cleircín 2012).

Aithníonn Nic Mheanman freisin an deacracht a bhaineann le brú ama. Maidir le hobair an Choiste Téarmaíochta, ní mór a chinntiú go mbíonn na téarmaí a chuirtear ar fáil sásúil agus go mbíonn an obair críochnaithe in am freisin (agallamh Nic Mheanman 2012).

Molann Herwig gur chóir go mbeadh fócas ar iontrálacha Gaeilge in IATE atá ann cheana féin a fheabhsú (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b). Áirítear leis sin fáil réidh (nuair is féidir) le téarmaí comhchiallacha sa bhunachar sonraí. Le linn chéimeanna tosaigh thionscadal GA IATE is minic a moladh roinnt téarmaí Gaeilge ar choincheap, cé nár moladh ach téarma amháin nó dhá théarma i gcás teangacha eile, an cleachtas coitianta in IATE. Faoi láthair tá Fiontar ag féachaint arís ar na hiontrálacha ina bhfuil trí théarma Ghaeilge nó níos mó agus tá siad ag moladh téarmaí le fáil réidh leo chun caighdeán na n-iontrálacha Gaeilge in IATE a fheabhsú agus chun cur le soiléire agus le caighdeán bhunachar sonraí IATE ar an iomlán. Moladh freisin gur chóir tuilleadh eolais a chur le hiontrálacha Gaeilge in IATE (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b).

Beidh torthaí níos fearr ar níos mó iontrálacha ardchaighdeáin seachas baisceanna móra iontrálacha randamacha. Molann Manuel Leal laghdú ar an líon téarmaí mar aon le méadú ar mhionsonraí.

Ceapaim go mbeidh sé deacair d'institiúidí leanúint ar aghaidh de bheith ag cur baisceanna móra iontrálacha cuí ar fáil go rialta le tabhairt chun críche. Níl ár ndóthain acmhainní againn chun líon ard iontrálacha ardchaighdeáin a chur ar fáil ar bhonn rialta, agus ba thrua ábhar ar chaighdeán íseal a chur ar fáil. In imeacht ama dá bhrí sin, ceapaim gur réiteach níos fearr a bheadh ann an tionscadal a chur ar scála níos lú agus é a lánpháirtiú isteach níos mó sa sreabhadh oibre téarmeolaíochta laethúil. Bheadh ábhar á chur ar fáil go fóill chuig DCU ach i mbaisceanna níos lú agus ar bhonn níos rialta. Beadh an t-ábhar a chuireann DCU ar fáil níos iomláine agus níos mionsonraithe (níos mó sonraí do níos mó réimsí) (agallamh le Leal 2012b).

Dar le Nic Phóidín (agallamh 2012) gur chóir plé a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le líon agus leis an ualach oibre riaracháin a bhíonn i gceist gach mí maidir leis an athseoladh a bhogadh trí na céimeanna

éagsúla ó thaobh téarmaí a iompórtáil, a easpórtáil agus a thuairisciú, in Fiontar agus san AE araon. Molann sí go bhféadfaí an próiseas seo a thabhairt chun críche gach dhá mhí (seachas gach mí) rud a laghdódh an t-ualach oibre riaracháin b'fhéidir agus a d'fhágfadh níos mó ama do ghnéithe níos grinne nó níos straitéisí den tionscadal.

6.7.5 Comhoibriú agus cumarsáid

Dar le Ó Ruairc, ceann de na príomhdhúshláin a bhaineann leis an tionscadal ná a chinntiú go mbíonn cumarsáid shoiléir agus éifeachtach ann le linn tionscadail den sórt seo ina bhfuil go leor comhpháirtithe tionscadail i roinnt láithreacha éagsúla. Leagann sé béim ar an tábhacht a bhaineann le cruinnithe sa Bhruiséil arb iad na cruinnithe sin an *t-aon* seans a fhaigheann na comhpháirtithe tionscadail suí síos le chéile agus mura dtarlódh sin ní bheadh an chumarsáid chomh héifeachtach is atá sí anois (cé go n-admhaíonn sé freisin gur gá argóint láidir a dhéanamh ar son taistil den sórt sin sa gheilleagar reatha). Cé go luann sé gurb í an chumarsáid idir comhpháirtithe Gaeilge agus comhpháirtithe an AE an dúshlán is mó, creideann sé go bhfuil an chumarsáid go dtí seo á bainistiú go maith agus go bhfuil sí éifeachtach. Baineadh sin amach dar leis, nó cuid de, trí chaighdeán na cumarsáide agus tríd an ullmhú cuimsitheach a rinne Fiontar maidir le cruinnithe agus tuarascálacha. Aithníonn sé freisin caighdeán na rannpháirtíochta idir comhpháirtithe an AE, go háirithe maidir le foireann DGT, a dhéanann go leor oibre ar an tionscadal seachas obair riaracháin amháin (agallamh le Ó Ruairc 2012). Tugann Ó Cleircín (agallamh 2012) aitheantas freisin don rannpháirtíocht idir comhpháirtithe an AE, foireann aistriúcháin Ghaeilge agus foireann DGT ach go háirithe mar mhórláidreacha a chuireann go mór le comhoibriú an tionscadail.

Dúshlán eile a aithníodh ná an easpa teagmhála díri idir aistritheoirí Gaeilge agus Fiontar. Moladh líne chabhrach bhuan a bhunú d'aistritheoirí Gaeilge mar réiteach air sin (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b; agallamh le Leal 2012b). Mar chuid de sin bheadh deasc chabhrach in Fiontar ionas go mbeadh an fhoireann in ann déileáil le saincheisteanna téarmaíochta a bhíonn os comhair na n-aistritheoirí Gaeilge go tráthúil. Níor mhór córas a chur i bhfeidhm, áfach, lena chinntiú go mbeadh comhaltaí foirne cúí ar fáil chun déileáil leis na saincheisteanna seo. Sa Pholainn mar shampla, tá líonra bunaithe ann ar mhaithe le tacaíocht téarmaíochta ag leibhéal náisiúnta (agallamh le Leal 2012b); déantar sin a phlé i Mír 5.1.4. D'éascódh líne chabhrach den chineál seo cumarsáid idir aistritheoirí Gaeilge san AE agus Fiontar agus chuirfeadh aistritheoirí Gaeilge fáilte mhór roimh a

leithéid (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b; agallamh le Leal 2012b). D'fhéadfadh gur tionscnamh é seo a dhéanfaí amach anseo dá laghdófaí líon na dtéarmaí nua a éilítear gach bliain.

Is comhpháirtithe gníomhacha de chuid an AE iad an Coimisiún Eorpach, an Chomhairle Eorpach agus Parlaimint na hEorpa i dtionscadal GA IATE. Ní hé sin le rá nach gcuirfeadh tionscadal GA IATE fáilte roimh chomhpháirtithe eile. Tá an tionscadal ann do sheirbhís teanga ar bith atá gníomhach in IATE nó in aistriúchán na Gaeilge. Bhí an tIonad Aistriúcháin páirteach roimhe seo i ngnéithe teicniúla an tionscadail seo (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b). Is é an t-aon mhórdhúshlán a bhí ann go dtí seo maidir le comhoibriú agus cumarsáid ná easpa cinnidh shoiléir i measc na n-údarás teanga Gaeilge maidir leis an gCaighdeán Oifigiúil do théarmaíocht na Gaeilge a chur i bhfeidhm. Srian áirithe leis an tionscadal a bhí san am agus san iarracht a cuireadh isteach sa phróiseas seo mar a aithníodh agus a pléadh ag cruinnithe tionscadail sa Bhruiséil ó 2008.

6.7.6 Meicníocht aiseolais

Tá sé an-tábhachtach aiseolais a bhailiú ó aistritheoirí Gaeilge agus ceann de na dúshláin a aithníodh ar dtús maidir leis seo ná an fhormaid ina bhféadfaí é a dhéanamh. Forbraíodh an tEislíon mar réiteach sealadach ar fhadhb sách beag agus dá bhrí sin is córas an-simplí agus bunúsach é. Léirigh aistritheoirí roinnt míshástachta leis an Eislíon mar mheicníocht aiseolais ag rá go raibh sé deacair a leanúint. Léirigh eagarthóirí Fiontar roinnt míshástachta freisin ó am go chéile leis an deacracht a bhain le hábhar a scagadh nuair a bhí na hiontrálacha i dteannta an aiseolais á mbaint amach as an mbunachar sonraí. Tá réiteach faighte ó shin ar an dá shaincheist tríd an infreastruchtúr teicniúil nua a forbraíodh, Léacsllann.

6.7.7 Dúshlán don Choiste Téarmaíochta (Foras na Gaeilge)

Tá dúshlán roimh an gCoiste Téarmaíochta freisin ó thaobh téarmaí sásúla a chur ar fáil laistigh de sprioc ama réasúnta (agallamh le Nic Mheanman 2012); tugann Nic Mheanman le fios go mbeadh sé suimiúil a fháil amach conas a dhéantar saincheisteanna a láimhseáil i dteangacha eile. Tá fadhbanna ag baint freisin le hacmhainní a fháil chun an obair bhreise atá cruthaithe ag tionscadal IATE a láimhseáil (agallamh le Ní Ghallchobhair 2012).

Is deacracht freisin don Choiste iad cineál agus caighdeán roinnt de na téarmaí (agallamh le Ní Ghallchobhair 2012). Tá go leor de na téarmaí an-teicniúil agus ní bheidís ar eolas i mBéarla fiú ag

comhaltaí de chuid an Choiste. Dúshlán eile ná go mbíonn réimsí éagsúla sna liostaí a sheoltar chuig an gCoiste gach mí agus ní thagann na réimsí liostaithe leis na réimsí a úsáidtear san obair théarmaeolaíochta de ghnáth. Is í an bhunfhadhb atá ann dar le Ní Ghallchobhair ná nach bhfuil na córais maidir le coincheapa leagtha amach i mbunachar sonraí IATE agus go mbíonn téarmaí sna liostaí a thagann as obair aistriúcháin as foinsí éagsúla.

6.8 Achoimre

Sa mhír seo, rinneadh cur síos ar na fáthanna ar bunaíodh tionscadal GA IATE agus an fhorbairt a rinneadh air. Freagairt í an tionscadal ar an riachtanas sonrach atá ann do neartú acmhainneachta théarmaíochta na Gaeilge. Rinneadh cur síos ar an méid mhór ama agus acmhainní a chuir foireann na hEorpa agus na hÉireann isteach sa tionscadal araon. Tá an sreabhadh oibre, a thóg roinnt ama le bunú, cobhsaí go leor anois agus cé go bhfuil sé casta, oibríonn sé go maith.

7 Conclúidí

Thug Fiontar faoin obair seo ar mhaithe le doiciméadú a dhéanamh ar thionscadal GA IATE agus é a chur i gcomhthéacs obair théarmeolaíochta IATE sa dá theanga dhéag nua sna trí institiúid is mó san AE, An Chomhairle, An Coimisiún agus an Pharlaimint. Sa mhír dheiridh seo, tá roinnt conclúidí á mbaint ón bplé ar thionscadal GA IATE sa chomhthéacs seo.

Go ginearálta, tá léiriú déanta ar an tábhacht a bhaineann le hobair théarmeolaíochta mar chuid den dúshlán a bhí ag gabháil le IATE a bhunú agus a fhorbairt, a bhfuil plé déanta air i Mír 3, agus tá níos mó comhoibríthe ó thaobh téarmeolaíochta idir na seirbhísí teanga mar thoradh ar an mbunachar sonraí féin. Tá níos mó tábhachta agus suntais tugtha d'obair théarmeolaíochta mar gheall ar obair na bhfoirne lárnacha comhordaithe téarmaíochta ar nós na gcreataí atá curtha i bhfeidhm sa Chomhairle agus sa Choimisiún, mar atá pléite i Mír 4. Tá aonaid lárnacha maidir le comhordú téarmaíochta i ngach aon cheann de na trí institiúid a fhreastalaíonn, i measc a gcuid feidhmeanna eile, ar riachtanais téarmaíochta reatha agus ar riachtanais atá ag teacht chun cinn bunaithe ar chláir oibre agus ar an obair aistriúcháin a eascraíonn astu sin. Go praiticiúil, tá comhordú lárnach ar thionscadail téarmeolaíochta ilteangaí atá curtha i bhfeidhm in aonaid teanga i gceist leis sin. I gcás na Gaeilge, seoltar cuid mhaith den obair théarmeolaíochta theangashonrach seo chuig Fiontar.

7.1 Cainníocht agus cáilíocht in IATE

Tháinig sé chun cinn sa phlé ar chás na Gaeilge agus i gcás roinnt mhaith de na teangacha nua eile, go bhfuil cáilíocht iontrálacha IATE i bhfad níos tábhachtaí ná cainníocht na dtéarmaí. Rinneadh deifir mhór i roinnt cásanna leis an gcur chuige a bhí ann chun téarmaí ón acquis a ionchur le linn aontachas 2004, as ar eascair deacrachtaí i leith na téarmaíochta ina dhiaidh sin (féach Mír 5.1). Níor tugadh faoin gcur chuige céanna sin le linn aontachas 2007. Cé nár aistríodh an acquis go Gaeilge, thángthas ar shaincheist na cainníochta seachas na cáilíochta nuair a cuireadh tús le tionscadal GA IATE in 2007; ba é athbhreithniú agus glanadh suas na 13,357 iontráil a bhí ann cheana an chéad tasc a aithníodh, agus coinníodh líon níos lú mar thoradh air sin. Ba théarmaí oidhreachtá ó bhunachair shonraí eile a bhí sa chuid is mó de na téarmaí a scriosadh.

Is léir go bhfuil meas ag téarmeolaithe ar eolas téarmagrafaíochta iontaofa (sainmhínte, foinsí etc.); tá sé soiléir freisin má thugtar iltéarmaí in iontráil gan aon chomhthéacs ná treoir go gcruthaítear deacrachtaí agus saincheisteanna táirgiúlachta d'aistritheoirí ina dhiaidh sin.

Tá sé ríthábhachtach, áfach, go mbeadh téarmaí leordhóthanacha ann do riachtanais aistritheoirí. Is deacair beachtú a dhéanamh ar cá mhéad téarmaí Gaeilge a bheadh 'leordhóthanach', i gcomhthéacs an bhunachair sonraí ar an iomlán. Ní chiallaíonn sé, toisc go bhfuil 1.5 milliún iontráil in IATE gur chóir go mbeadh 1.5 milliún téarma Gaeilge ann, mar go bhfuil go leor dúblach agus go leor sonraí oidhreachtá sa bhunachar sonraí agus go bhféadfadh sé nár nuashonraíodh iad ó cuireadh isteach sa bhunachar sonraí iad. Bheadh próiseas an-fhada agus casta i gceist le glanadh suas cuimsitheach a dhéanamh ar bhunachar sonraí iomlán IATE, agus bíonn toradh níos fearr i gceist le hobair théarmeolaíochta atá comhordaithe. Díríonn an obair chomhordaithe seo ar riachtanais téarmaíochta agus aistriúcháin atá ag teacht chun cinn a aithint agus a chinntiú go bhfuil sonraí in IATE atá soiléir agus iontaofa le freastal ar na riachtanais sin. Tá marcáil na 'bpríomhúlach' nó na n-iontrálacha molta atá i measc na n-iontrálacha dúblacha nó ar cháilíocht íseal i gceist leis an bpróiseas seo. Tarlaíonn an glanadh suas agus laghdú na dtéarmaí ar téarmaí dúblacha iad ag an am céanna. Mar nach bhfuil na sonraí dúblacha agus oidhreachtá ina bhfadhb chomh mór sin sna teangacha nua is a bhí siad sna seanteangacha, d'fhéadfadh sé gurbh fhearr an méid 'leordhóthanach' don Ghaeilge a thomhas i ndáil leis an líon téarmaí sna teangacha nua eile agus i ndáil leis an tairde atá ag an bhfoireann aistriúcháin nuair a bhaineann siad úsáid as IATE ar mhaithe le haistriúcháin. Toisc go dtagann athrú ar riachtanais aistriúcháin, bíonn téarmaí nua riachtanach i gcónaí, ach d'fhéadfadh sé nach mbeidís riachtanach ag an ráta céanna is a bhí roimhe seo.

7.2 Tionscadal GA IATE: Athbhreithniú agus todhchaí

Ba dheich mbliana an tsaolré a samhlaíodh le tionscadal GA IATE nuair a tionscnaíodh den chéad uair é sa bhliain 2007. Tá an tionscadal seo ar siúl le cúig bliana anois, agus tá sé tábhachtach go ndéanfaí athbhreithniú agus machnamh ar an tionscadal agus ar na torthaí agus é leath bealaigh ionas go mbeidh comhpháirtithe an tionscadail in ann a fháil amach cad atá le foghlaim agus le cur i bhfeidhm le linn an dara céim.

Tá sé tábhachtach do na comhpháirtithe tionscadail agus do na comhlachtaí maoinithe aitheantas a thabhairt do na ról a glacadh sa tionscadal casta seo agus do na hacmhainní cuimsitheacha a infheistíodh ann. Taispeántar sreabhadh oibre an tionscadail i Mír 6.3 den staidéar seo, agus is léir, cé go bhfuil sé casta, go bhfeidhmíonn sé go maith agus go gcuireann sé

téarmaíocht ar fáil atá ar chainníocht agus ar cháilíocht shásúil go ginearálta. D'éirigh go maith le tionscadal GA IATE ó thaobh a bhunaidhme, is é sin téarmaíocht Gaeilge iontaofa agus tráthúil a sholáthar d'aistritheoirí agus cur le téarmaíocht fhoriomlán na Gaeilge sa bhunachar sonraí. Mar uirlis d'fhoireann aistriúcháin na Gaeilge, is léir go bhfuil stoc reatha téarmaí Gaeilge IATE ina uirlis atá feabhsaithe go mór seachas mar a bhí sular bunaíodh an próiseas seo.

Tá curtha go mór le líon na dtéarmaí Gaeilge, i gcomparáid le teangacha nua eile, mar thoradh ar thionscadal GA IATE agus tá an Ghaeilge curtha i dtreo bharr liosta na dteangacha nua aige (féach Tábla 6).

Maidir le taithí fhoireann teanga na Gaeilge, luann Herwig nár bhac aistritheoirí na Gaeilge le IATE ar mhaithe le haistriúchán nuair a cuireadh tús leis an tionscadal, ar an mbonn tuisceana nach mbeadh ar a gcumas a raibh uathu a aimsiú ann. Fuair sí aiseolas le gairid ó aistritheoir Gaeilge a dúirt go bhfuarthas in IATE gach a raibh á lorg aige maidir le tionscadal áirithe (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b). Tacaíonn taithí roinnt d'fhoireann teanga na Gaeilge a ghlac páirt sa ghrúpa fócais leis sin – bíonn ar a gcumas téarma Gaeilge a aimsiú de ghnáth in IATE a oireann dá gcuid riachtanas (Grúpa Fócais 2012).

Déantar cur síos ar láidreachtaí agus ar dhúshláin an tionscadail i Míreanna 6.6 agus 6.7. Tá saincheisteanna ann a bhaineann go ginearálta le IATE, mar shampla an fhadhb a bhaineann le hiontrálacha a roghnú do Fiontar le hoibriú orthu agus na dúshláin a bhaineann le dúblaigh agus cáilíocht iontrála agus saincheisteanna atá i gcoiteann ag aon tionscadal comhoibrithe ar scála mór den chineál seo, amhail cumarsáid idir na páirtithe ar fad agus freastal ar chomhriachtanais cainníochta agus cáilíochta a chinntiú san aschur. Tá dúshláin ann freisin a bhaineann go sonrach le cás na Gaeilge, ar nós na bearna sna foinsí teanga nua-aimseartha údarásach. Téann buntáistí an tionscadail chun leasa ó thaobh na Gaeilge de agus (foinsí téarmaíochta níos fearr d'aistritheoirí Eorpacha agus don úsáideoir teanga go ginearálta; níos mó soiléire ó thaobh saincheisteanna gramadaí) agus do thionscadal IATE tríd is tríd (glanadh suas ginearálta IATE; deiseanna nua maidir le malartú agus comhpháirtíocht). Tá an dóigh ann freisin le ceachtanna a fhoghlaimítear a roinnt, a bhfuil doiciméadú déanta orthu sa staidéar seo agus le réitigh eagraíochtúla agus theicniúla a bhfuil forbairt déanta orthu a roinnt.

7.2.1 Peirspictíochtaí ar thodhchaí an tionscadail

Rialtas na hÉireann

Chuir rialtas na hÉireann tús leis an tionscadal mar thionscnamh praiticiúil i gcomhpháirtíocht le hinstiúidí an AE le forbairt a dhéanamh ar acmhainneacht na Gaeilge mar theanga oifigiúil de chuid an AE. Níl aon laghdú tagtha ar thiomantas an rialtais i ndáil le leanúint leis an tionscadal ó thaobh acmhainn na Gaeilge in instiúidí an AE a neartú (agallamh le Ó Ruairc 2012). Go deimhin, athdhearbhaítear é sin in *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* ag an rialtas, a foilsíodh sa bhliain 2010,

Oibreoidh an Rialtas chun na himthosca a chruthú ina mbeidh go leor céimithe cáilithe ar fáil le freastal ar riachtanais earcaíochta an AE le go bhféadfar deireadh a chur leis an maolú sin le linn ré na Straitéise seo (Rialtas na hÉireann 2010, Ich. 29).

Maidir le téarmaíocht, cé gur laghdaíodh de bheagán an maoiniú do thionscadal GA IATE le blianta beaga anuas mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíochta, agus in ainneoin athruithe i bpearsanra an rialtais agus sa phearsanra riaracháin, níl aon athrú tagtha ar thacaíocht ná ar spéis an rialtais i leith an tionscadail le cúig bliana anuas (agallamh le Nic Pháidín 2012). Léirítear an tiomantas seo i gceadú na chéad chéime eile den tionscadal don tréimhse 1 Eanáir 2013 go 31 Nollaig 2014.

Aistritheoirí Gaeilge

Tá difríocht mhór ann i gcónaí idir líon na foirne aistriúcháin Gaeilge agus líon na foirne i dteangacha eile i ngach ceann de na trí instiúidí.

Tá ar an meán 55-60 aistritheoir i ngach roinn teanga sa Choimisiún, (seachas sa Ghearmáinis, Béarla agus Fraincis, atá ar na ranna is mó) agus tá an Ghaeilge ina heisceacht, le thart ar 10 (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b). Sa Ghaeilge, níl ach aon aonad amháin ag déileáil le gach réimse polasaí, cé go bhfuil aistritheoirí do na teangacha eile fo-roinnte i dtrí go sé aonad, agus gach aon cheann acu ag déileáil le sainréimse polasaí (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a). Luann Herwig go sainráite nach mbeadh ar chumas aonad na Gaeilge sa Choimisiún an obair théarmaíochta atá á déanamh ag Fiontar a thógáil ar láimh dá mba rud é go dtiocfadh deireadh le tionscadal GA IATE (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a).

Tá ar an meán foireann teanga de 26 i ngach aonad teanga sa Chomhairle seachas Aonad an Bhéarla, ina bhfuil 21 comhalta foirne, Aonad na Fraincise ina bhfuil thart ar 34 agus Aonad na Gaeilge, nach bhfuil ann ach 10 (agallamh le Leal 2012b). Luaitear i gcreat téarmaíochta na Comhairle gur chóir go

gcaithfí 5 faoin gcéad d'am an aonaid teanga ar obair théarmaíochta. Is ríshoiléir nach soláthródh 5 faoin gcéad d'am Aonad na Gaeilge acmhainn leordhóthanach le freastal ar riachtanais téarmaíochta na Gaeilge.

Níl aon Aonad Gaeilge sa Pharlaimint. Déantar bainistiú ar fhoireann teanga na Gaeilge agus ar aistriúchán na Gaeilge in Aonad an Bhéarla; tá ceathrar aistritheoirí Gaeilge ann.

Léiríonn na socruithe eisceachtúla seo don Ghaeilge (i) an tsaincheist maolaithe i ndáil le stádas agus (ii) an deacracht phraiticiúil fhírinneach maidir le líon leordhóthanach foirne Gaeilge a earcú. Ciallaíonn sé sin go mbíonn aistritheoirí Gaeilge freagrach go hiondúil as obair théarmaíochta agus as obair aistriúcháin araon i gcomparáid leis na haonaid teanga eile. Ba chóir a thabhairt ar aird, ar ndóigh, go bhfuil níos lú ábhair á aistriú go Gaeilge seachas go teangacha eile: Is ionann aistriúchán dlíthiúil agus thart ar 22 faoin gcéad d'obair an Choimisiúin, mar shampla, (Soriano 2011). Chuir aistritheoirí Gaeilge a ghlac páirt sa ghrúpa fócais in iúl, i mbealaí éagsúla, an brú ama a bhaineann lena gcuid oibre i gcomhthéacs acmhainní a bheith acu le haiseolas a thabhairt ar an Eislíon (Grúpa Fócais 2012). Beidh tosaíocht i gcónaí ar ndóigh ag obair aistriúcháin (agallamh le duine anaithnid 2012; agallamh le Herwig agus Welwert 2012a). Mar thoradh air sin, tá tionscadal GA IATE thar a bheith riachtanach mar sheirbhís tacaíochta téarmaíochta, agus tá sé ríthábhachtach gurb iad na hiontrálacha de chuid IATE a bhfuiltear ag obair orthu na hiontrálacha is iomchuí agus is oiriúnaí don obair aistriúcháin Gaeilge san AE.

Na hinstiúidí

Léirigh Manuel Leal sa Chomhairle agus Christine Herwig sa Choimisiún araon, nuair a cuireadh ceist orthu maidir le todhchaí thionscadal GA IATE, an tuairim gur chóir leanúint leis (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b; agallamh le Leal 2012b). Tríd is tríd, is ann do na téarmaí Gaeilge in IATE mar thoradh ar sheachfhoinisíú obair théarmaíochta lár-chomhordaithe. Téarmaí iad seo nach bhfuil ar chumas fhoireann teanga na Gaeilge thabhairt fúthu mar a dhéantar sna haonaid teanga eile.

Tarraingíonn an tionscadal seo, áfach, ar bhonn leanúnach ar acmhainní comhordaithe téarmaíochta in instiúidí an AE, lasmuigh d'aonaid na Gaeilge. Is léir go dtógann sé go leor ama líon leordhóthanach iontrálacha ar ardchaighdeán a chur le chéile ionas go mbeidh Fiontar in ann obair a dhéanamh orthu. Tá Fiontar ag feidhmiú go ginearálta, ó cuireadh tús leis an tionscadal, ag luas níos tapúla ná mar atá ar chumas na foirne comhordaithe téarmaíochta

na hiontrálacha a sholáthar. Ní bheadh sé stuama d'fhoireann Fiontar oibriú ar iontrálacha a roghnófaí, ní ar bhunús riachtanais théarmaíochta na dtionscadal lár-chomhordaithe, ach ar bhunús an sreabhadh oibre a choinneáil sa tsiúl. Creideann Leal gur chóir an tionscadal a ghearradh siar agus gur chóir é a lánpháirtíú níos mó le sreabhadh oibre téarmaíochta na n-aonad teanga, agus molann sé go sonrach forbairt a dhéanamh ar thuairim a phléigh comhpháirtithe an tionscadail roinnt uaireanta – is é sin deasc chabhrach d'aistritheoirí Gaeilge a riar in Fiontar (agallamh le Leal 2012b). (D'fhéadfadh sé sin a bheith cosúil le líonraí téarmaíochta na Slóvaicise, na Liotuáinise, na Rómáinise agus na Polainnise atá luaite i Mír 5.1.4, agus bheadh tuilleadh taighde orthu sin thar a bheith luachmhar.)

Creideann Christine Herwig freisin gur chóir leanúint leis an tionscadal toisc nach bhfuil foireann na Gaeilge in DGT ábalta tabhairt faoin obair théarmaíochta a dhéanann Fiontar. Molann sí gur chóir an fócas a athrú le hobair níos doimhne a thabhairt san áireamh ar cháilíocht na n-iontrálacha seachas cur le cainníocht na n-iontrálacha ar an luas céanna is a tharla go dtí seo – obair ina n-áireofaí scrúdú a dhéanamh ar iontrálacha ina bhfuil téarmaí comhchiallacha (agallamh le Herwig agus Welwert 2012b).

Fiontar

Go dtí go mbeidh na haonaid Ghaeilge ábalta tabhairt faoi obair théarmaíochta ag an leibhéal céanna le teangacha eile, tá Fiontar den tuairim gur chóir leanúint le tionscadal GA IATE. Tá leibhéil earcaíochta sna hinstiúidí ag brath ar pholasaithe earcaíochta an AE ar deireadh thiar thall agus ar sholáthar leordhóthanach iarrthóirí a bheith cáilithe go cúil in Éirinn agus a bheith ar fáil i gcomhair oibre.

D'fhéadfaí an tionscadal a fhorbairt ar go leor bealaí agus d'fhéadfadh sé go mbeadh níos lú tábhachta ag gabháil leis an mbéim ar líon na dtéarmaí. D'fhéadfadh comhpháirtithe an tionscadail ina ionad sin dul i mbun oibre i gcomhar le chéile agus bealaí a aithint le feabhas a chur ar cháilíocht iontrálacha ina bhfuil téarmaí Gaeilge (eolas gramadaí, sainmhínthe etc., a sholáthar de réir comhaontaithe). Bheadh i gceist leis sin:

1. Leanúint le liostaí iontrálacha IATE nach bhfuil téarmaí Gaeilge iontu a phróiseáil, agus eolas eile a chur leo, mar a chomhaontaítear, in éineacht le téarma. Bheadh sé sin cosúil, ach níos mionchúisí ná an obair atá á déanamh cheana.
2. Leanúint le téarmaí Gaeilge a rangú in iontrálacha le dhá théarma Gaeilge nó níos mó, nó soiléiriú a dhéanamh ar a n-úsáid.

3. Cur le cáilíocht na n-iontrálacha ina bhfuil téarma amháin Gaeilge ach nach bhfuil aon sonraí tacaíochta eile ann, trí shonraí gramadaí, sainmhínithe etc., a chur ar fáil mar a chomhaontaítear.
4. Feidhm dheasc chabhrach: d'fhéadfadh aistritheoirí Gaeilge liostaí oibre a sheoladh díreach chuig Fiontar, a thabharfadh faoi thascanna atá sonraithe go soiléir agus a bheadh le seoladh ar ais laistigh de chreat ama a bheadh sonraithe. Chaithfí feidhm den chineál sin a bhainistiú go cúramach agus bheadh gá lena chinntiú go mbeadh foireann atá cáilithe go cuí, go himmheánach nó go seachtrach, ar fáil le tabhairt faoin obair.

Ar ndóigh, bheadh gá le go leor plé agus pleanála ina leith sin maidir le raon an chineál sin tionscadail, lena n-áirítear athruithe ar shreabhadh oibre an tionscadail (ar nós bailseanna níos mó téarmaí a thabhairt ar ais ach ní chomh minic sin), leithroinnt acmhainní in Fiontar agus comhoibriú níos dlúithe agus ar bhonn níos rialta le foireann na Gaeilge i seirbhísí teanga an AE. Bheadh gá le spriocanna nua agus le bealaí nua le torthaí a thomhas. Ba chóir go léireodh scóip foráis an tionscadail fíor-riachtanais aistriúcháin i gcónaí agus neamhábaltacht líon teoranta na foirne Gaeilge i seirbhísí teanga an AE le freastal ar obair théarmeolaíochta. Leanfaidh an cás maidir le deireadh a chur leis an maolú amach anseo agus an méadú dá réir ar obair aistriúcháin ina scéal ábhartha don tionscadal seo.

7.3. An tionscadal Gaeilge agus teangacha nua eile

Is léir go bhfuil roinnt de na dúshláin atá i ndán do thionscadal GA IATE i ndán freisin do lucht téarmeolaíochta i dteangacha nua eile nuair atáthar ag déileáil le IATE. Sa chuid is mó de na teangacha tá easpa téarmaí IATE i roinnt réimsí (cé nach bhfuil fadhb leis sin, má tá acmhainní eile ar fáil). Tháinig saincheist maidir le cáilíocht na dtéarmaí chun cinn in go leor teangacha freisin, go príomha mar gheall ar an gcur chuige faoi dheifir maidir le go leor téarmaí ón *acquis communautaire* a chur leis an mbunachar sonraí. Tá droch-shainmhínithe sa sprioctheanga agus san fhoinsé araon (na teangacha óna bhfuil an t-aistriúchán á dhéanamh agus na teangacha a bhfuil an t-aistriúchán á dhéanamh chucu) ar cheann de na laigí a thuairiscigh aistritheoirí na dteangacha nua, agus luadh na fadhbanna a chruthaíonn siad d'eagarthóirí na Gaeilge freisin le i Mír 6.3.1. Tá dúshlán ag gabháil le téarmaí agus sainmhínithe maithe a aimsiú i dteangacha nua; tá buntáiste ag an

nGaeilge sa chás seo, mar go bhfuil struchtúr bunaithe ann le hathbhreithniú agus bailíochtú a dhéanamh ar théarmaíocht (an Coiste Téarmaíochta). Ní hionann an cás i ngach teanga.

Oibríonn lucht téarmeolaíochta faoi bhrú ama sa chuid is mó de theangacha, agus bhí sé le feiceáil nach mbíonn am i gcónaí ag aistritheoirí Gaeilge le hathbhreithniú a dhéanamh ar na moltaí a dhéanann Fiontar maidir le téarmaí.

Cé nach raibh sé mar aidhm leis an staidéar seo measúnú a dhéanamh ar cháilíocht theicniúil bhunachar sonraí IATE, rinneadh tagairt do go leor saincheisteanna teicniúla. Ciallaíonn teorainneacha teicniúla an bhunachair sonraí go dteastaíonn níos mó cuardaigh agus ionchuir láimhe. Tá iontráil sonraí casta, mar a dúirt go leor den lucht téarmeolaíochta. Tógann iontrálacha dúblacha go leor ama ar gach páirtí i dtionscadal GA IATE agus cruthaíonn siad anró mór i ngach teanga. Cruthaíonn saincheisteanna a bhaineann le húinéireacht téarmaí deacrachtaí breise.

Ag glacadh leis na cosúlachtaí atá idir cás gach teanga nua in IATE *vis-à-vis* seanteangacha (féach Tábla 6), d'fhéadfadh sé gur ábhar spéise a bheadh i gcur chuige na hÉireann i leith forbairt a dhéanamh ar acmhainní téarmaíochta, go háirithe i gcás aontachais amach anseo. Bhí an smaoineamh tionscadal GA IATE a úsáid – an réiteach teicniúil, an sreabhadh oibre, nó na ceachtanna a foghlaimíodh i ndáil le hacmhainní, scóip, costas, etc. – do theangacha nua eile molta ag go leor daoine a cuireadh faoi agallamh (agallamh le Herwig agus Welwert 2012a; agallamh le Leal 2012a; agallamh le Nic Phóidín 2012; agallamh le Ó Ruairc 2012).

Dá mbeadh ar chumas duine éigin...cuidiú linn an bhearna seo a líonadh [idir seanteangacha agus teangacha nua], mar gur ceann de na fadhbanna le teangacha nua ar ndóigh ná go dtéann siad chuig IATE agus nach n-éiríonn leo aon rud a aimsiú agus is dóigh liom go dteastaíonn tairseach chriticiúil uathu le tús a chur le tuiscint a fháil ar bhuntáistí an bhunachair sonraí (agallamh le Leal 2012a).

Is faoi úinéireacht Fiontar, DCU atá na réitigh theicniúla atá á n-úsáid i dtionscadal GA IATE, agus d'fhéadfaí iad a roinnt nó iad a chur ar fáil do theangacha eile nó do thionscadail mholta amach anseo. Go deimhin, chuirfí fáilte ó chroí roimh chomhoibriú agus/nó chomhpháirtíochtaí in aon ghné den obair agus ba mhór an spreagadh é.

Foinsí

- Aauksoriūtė, A., Gaivenytė, J. agus Umbrasas, A. 2003. *The State of Lithuanian Terminology [Terminologijas Jaunumi]*. [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://termini.lza.lv/article.php?id=151> [Léite 2 Lúnasa 2012].
- Academy of Sciences of the Czech Republic 2012. *The Institute of the Czech Language* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.ujc.cas.cz/index.html> [Léite 2 Lúnasa 2012].
- Ahmad, K., Bonthron, R., Engel, G., Fotopoulou, A., Fry, D., Galinski, C., Humbley, J., Kalfon, N., Rogers, M., Roulin, C., Schmalenbach, K. agus Tanke, E. 1996. *POINTER Final Report: Proposals for an Operational Infrastructure for Terminology in Europe* [Ar líne]. Surrey University. Ar fáil ag: <http://www.computing.surrey.ac.uk/ai/pointer/report/> [Léite 15 Samhain 2012].
- Ambrazas, V. (eag.) 2005. *Dabartinės lietuvių kalbos gramatika*. 4ú heagrán. Vilnius: Mokslo ir enciklopedijų leidybos institutas.
- An Coiste Téarmaíochta 2003. *An Caighdeán Leathan agus Caighdeán Cúng* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.acmhainn.ie/tearmai/seimhiu.htm> [Léite 19 Samhain 2012].
- Antosik, A. 2012. *Rolle der Terminologearbeit im Europäischen Parlament*. Tráchtas MA. Ollscoil Vín.
- Ball, S. 2003. Joined-Up Terminology – the IATE System Enters Production. In: *Translating and the Computer 25*. London: Aslib.
- Ball, S. agus Rummel, D. 2001. The IATE Project – towards a single terminology database for the European Union. In: *Translating and the Computer 23*. London: Aslib.
- Bardarska, R. 2009. The work of the translator at DGT. Curtha i láthair ag *Conference for Translators from Candidate Countries, March* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.slideserve.com/kimi/the-work-of-the-translator-at-dgt> [Léite 6 Nollaig 2012].
- Bucher, A. 2007. *Terminology Work the Swedish Way. Terminologija*, Vol. 14, lgh. 37–48.
- Caravina, M. 2009. The IATE Database. Curtha i láthair ag *NPLD Terminology Seminar, 8–9 Nollaig, Baile Átha Cliath* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.npld.eu/current-projects/terminology/> [Léite 1 Lúnasa 2012].
- Conference of Translation Services of European States (ed.) 2002. *COTSOES, Recommendations for Terminology Work*. Berne: MediaCenter of the Confederation.
- Cooper, T. 2011. Terminology. Curtha i láthair ag *Conference for Translators from Candidate Countries, March* [Ar líne]. Ar fáil ag: http://ec.europa.eu/dgs/translation/workwithus/candidatecountries/index_en.htm [Léite 2 Lúnasa 2012].
- Council for the Polish Language 2012. *Basic Information about the Council for the Polish Language* [Ar líne]. Ar fáil ag: http://www.rjp.pan.pl/index.php?option=com_content&view=article&id=118:basic-information-about-the-council-for-the-polish-language&catid=73:english&Itemid=61 [Léite 10 Lúnasa 2012].
- Council of Europe 2012. *Czech Republic – Language Issues agus Policies* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.culturalpolicies.net/web/czechia.php?aid=425&cid=1130&lid=en&curl=519> [Léite 2 Lúnasa 2012].
- Council of the European Union 2012a. *The Council of the European Union* [Ar líne]. Availabe from: <http://ue.eu.int/council?lang=en> [Léite 3 Lúnasa 2012].
- Czech National Corpus 2012. *What is a Corpus?* [Ar líne]. Ar fáil ag: http://ucnk.ff.cuni.cz/english/co_je_korpus.php [Léite 2 Lúnasa 2012].
- De Bhaldraithe, T. (ed.) 1992. *English–Irish Dictionary*. 11th ed. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Directorate-General for Communication, European Commission 2006. *Europeans and their Languages (Special Eurobarometer 243)* [Ar líne]. Ar fáil ag: http://ec.europa.eu/public_opinion/archives/ebs/ebs_243_en.pdf [Léite 15 Samhain 2012].
- Directorate-General for Communication, European Commission 2012. *Europeans and their Languages (Special Eurobarometer 386)* [Ar líne]. Ar fáil ag: http://ec.europa.eu/public_opinion/archives/ebs/ebs_243_en.pdf [Léite 3 Lúnasa 2012].
- European Commission 2012a. *Acquis* [Ar líne]. Ar fáil ag: http://ec.europa.eu/dgs/home-affairs/e-library/glossary/index_a_en.htm [Léite 8 Lúnasa 2012].
- European Commission 2012b. *The European Commission's In-House Translation Service* [Ar líne]. Ar fáil ag: http://ec.europa.eu/dgs/translation/whowear/index_
- European Commission 2012c. *About the European Commission* [Ar líne]. Ar fáil ag: http://ec.europa.eu/about/index_en.htm [Léite 3 Lúnasa 2012].
- European Commission 2012d. *Official EU Languages* [Ar líne]. Ar fáil ag: http://ec.europa.eu/languages/languages-of-europe/eu-languages_en.htm [Léite 17 Lúnasa 2012].
- European Commission 2012e. *Translation and the European Union* [Ar líne]. Ar fáil ag: http://ec.europa.eu/dgs/translation/translating/index_en.htm [Léite 3 Lúnasa 2012].

- European Commission Joint Research Centre, Institute for the Protection and Security of the Citizen 2012. *The JRC-Acquis Multilingual Parallel Corpus* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://langtech.jrc.it/JRC-Acquis.html> [Léite 28 Lúnasa 2012].
- European Economic and Social Committee 2012. *European Economic and Social Committee | A Bridge between Europe and Organised Civil Society* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.eesc.europa.eu/?i=portal.en.home> [Léite 17 Lúnasa 2012].
- European Federation of National Institutions for Language 2012. *Romania, Legal Framework* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.efnil.org/documents/language-legislation-version-2007/romania/romania> [Léite 9 Lúnasa 2012].
- European Institute of Romania 2012. *Mission Statement* [Ar líne]. Ar fáil ag: http://www.ier.ro/index.php/site/page/mission_statement [Léite 9 Lúnasa 2012].
- European Parliament 2010. *Implementation of Euramis in DG TRAD* [Ar líne]. Ar fáil ag: http://www.europarl.europa.eu/meetdocs/2009_2014/documents/budg/dv/2010_c4_implem_euramis_dgtrad_/2010_c4_implem_euramis_dgtrad_en.pdf [Léite 15 Samhain 2012].
- European Parliament 2011. *Terminology Coordination at the European Parliament* [Ar líne]. Terminology Coordination Unit of the Directorate-General for Translation of the European Parliament. Ar fáil ag: http://termcoord.files.wordpress.com/2011/10/external_booklet_webresolution.pdf [Léite 15 Samhain 2012].
- European Parliament 2012. *Powers and Functions* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.europarl.europa.eu/aboutparliament/en/0076b966cf/Powers-and-functions.html> [Léite 3 Lúnasa 2012].
- European Union 2012. *EUR-Lex* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://eurlex.europa.eu/en/index.htm> [Léite 6 Nollaig 2012].
- Fischer, M. 2010. Language (Policy), Translation and Terminology in the European Union. Thelen, M. agus Steurs, F. (eds) *Terminology in Everyday Life*. Amsterdam: John Benjamins, Publishing Company, lgh. 21–33.
- General Secretariat of the Council of the European Union 2012. *DGA 3 Activity Report 2011*. Brussels: General Secretariat of the Council of the European Union.
- IATE 2012. *About IATE* [Ar líne]. Ar fáil ag: http://iate.europa.eu/iatediff/about_IATE.html [Léite 8 Lúnasa 2012].
- Institute of the Bulgarian Language 2012. *History of the Institute* [Ar líne]. Ar fáil ag: http://www.ibl.bas.bg/en/brhis_en.htm [Léite 1 Lúnasa 2012].
- Institute of the Lithuanian Language 2012. *About the Institute* [Ar líne]. Ar fáil ag: http://www.lki.lt/LKI_EN/ [Léite 4 Lúnasa 2012].
- Johnson, I. agus Caravina, M. 2000. Validation and Quality Control Issues in a New Web-Based, Interactive Terminology Database for the Institutions and Agencies of the European Union. I: *Translating and the Computer* 22. London: Aslib.
- Johnson, I. agus MacPhail, A. 2000. *IATE – Inter-Agency Terminology Exchange: Development of a Single Central Terminology Database for the Institutions and Agencies of the European Union* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://mt-archive.info/LREC-2000-Johnson.pdf> [Léite 15 Samhain 2012].
- Ľ. Štúr Institute of Linguistics of the Slovak Academy of Sciences 2012. *Ľ. Štúr Institute of Linguistics of the Slovak Academy of Sciences* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.juls.savba.sk/english.html> [Léite 19 Iúil 2012].
- Lithuanian State Language Commission 2012. *Valstybinė lietuvių kalbos komisija* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.vlkk.lt/eng/2> [Léite 10 Nollaig 2012].
- Maslias, R. 2009. *Terminology at the European Parliament and the Other EU-Institutions* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.eleto.gr/en/booksandarticles.htm> [Léite 15 Samhain 2012]. (Cur i láthair).
- Měchura, M. 2012. Léacsclann: *A platform for building dictionary writing systems*. Proceedings of the 15th Euralex International Congress, 7-11 Lúnasa 2012, Ollscoil Osló [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.prettydata.eu/mbm/EuralexOslo2012.pdf> [Léite 29 Eanáir 2013].
- Ministry of Justice of the Republic of Latvia 2012. *Official Language Centre of the Republic of Latvia* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.tm.gov.lv/en/ministrija/iestades/vvc.html> [Léite 8 Lúnasa 2012].
- Minority Rights Group International 2008. World Directory of Minorities and Indigenous Peoples: *Bulgaria Overview* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.minorityrights.org/?lid=2426> [Léite 10 Nollaig 2012].
- National Statistical Institute, Republic of Bulgaria 2011. 2011 Population Census in the Republic of Bulgaria [Ar líne]. Ar fáil ag: http://www.nsi.bg/census2011/PDOCS2/Census2011final_en.pdf [Léite 10 Nollaig 2012].
- Ó Dónaill, N. (eag.) 2005. *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Leagan athbhreithnithe. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

- Ó Laighin, P. 2008. Irish agus the legislative perspective. In Nic Pháidín, C. agus Ó Cearnaigh, S. (eds) *A New View of the Irish Language*. Baile Átha Cliath: Cois Life, lgh. 249–262.
- Polish Committee for Standardization 2012. *Standardization System* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.pkn.pl/en/standardization-system> [Léite 10 Lúnasa 2012].
- Rannóg an Aistriúcháin 1958. *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil*. Baile Átha Cliath: Seirbhís Thithe an Oireachtais.
- Rannóg an Aistriúcháin 2012. *Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil. Caighdeán Athbhreithnithe*. Baile Átha Cliath: Seirbhís Thithe an Oireachtais.
- Research Centre of the Slovenian Academy of Sciences and Arts 2012. *Fran Ramovš Institute of the Slovenian Language* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://isjfr.zrc-sazu.si/en#v> [Léite 7 Lúnasa 2012].
- Rialtas na hÉireann 2006. *Ráiteas i leith na Gaeilge* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.coimisineir.ie/downloads/StatementontheIrishLanguage2006.pdf> [Léite 7 Lúnasa 2012].
- Rialtas na hÉireann 2010. *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.ahg.gov.ie/ie/Straiteis20BliaindonGhaeilge/Foilseachain/Strait%C3%A9is%2020%20Bliain%20-%20Leagan%20Gaeilge.pdf> [Léite 10 Nollaig 2012].
- Rirdance, S. agus Vasiljevs, A. (eds) 2006. *Towards Consolidation of European Terminology Resources: Experience and Recommendations from EuroTermBank Project*. Riga: Tilde.
- Rummel, D. 2005. An Apology for Terminology [Ar líne]. Nordterm. Ar fáil ag: <http://www.ismal.hi.is/Nordterm2005-eng.htm> [Léite 15 Samhain 2012].
- Soriano, M. 2011. *The Directorate-General for Translation at the European Commission* [Ar líne]. Ar fáil ag: http://ec.europa.eu/dgs/translation/workwithus/candidatecountries/documents/dg_translation_structure_strategy_en.pdf [Léite 15 Samhain 2012].
- Statistics Estonia 2012. *Population and Housing Census 2011* [Ar líne]. Ar fáil ag: http://www.stat.ee/63780?parent_id=39113 [Léite 10 Nollaig 2012].
- Suonuuti, H. 2001. *Guide to Terminology (Nordterm 8)*. Revised ed. Helsinki: Finnish Centre for Technical Terminology/Nordterm.
- Swinnen, I. 2010. *Terminology for Translation at the Council of the EU* [Ar líne]. Dutch Language Union. Ar fáil ag: <http://taalunieversum.org/archief/taal/terminologie/l.%20Swinnen%20Terminology%20symposium%202010.pdf> [Léite 15 Samhain 2012].
- Translation Centre for the Bodies of the European Union 2005. *Activity Report for 2004*. Luxembourg: Translation Centre for the Bodies of the European Union.
- Translation Centre for the Bodies of the European Union 2006. *Activity Report for 2005*. Luxembourg: Translation Centre for the Bodies of the European Union.
- Translation Centre for the Bodies of the European Union 2007. *Activity Report for 2006*. Luxembourg: Translation Centre for the Bodies of the European Union.
- Translation Centre for the Bodies of the European Union 2012. *Presentation* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://cdt.europa.eu/EN/whoweare/Pages/Presentation.aspx> [Léite 8 Lúnasa 2012].
- Valsts Valodas Centrs (State Language Centre) 2012. *About the State Language Centre* [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.vvc.gov.lv/advantagecms/LV/par/par.html> [Léite 8 Lúnasa 2012].

Achtanna/Cásanna cúirte

Ó Beoláin v. Fahy 2001. 2 IR 279.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Acht uimh. 32 de 2003 [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/2003/a3203.pdf> [Léite 2 Lúnasa 2012].

Ábhar neamhfhoilsithe

Council of the European Union 2009. *New Framework for Terminology Work*. (Cáipéis inmheánach oibre).

Council of the European Union 2012b. *Organisation Structure of the Council of the European Union*. (Cáipéis inmheánach oibre).

European Commission 2011. *DGT Terminology Framework*. (Cáipéis inmheánach oibre).

European Union 2008a. *Best Practice for Terminologists*. (Cáipéis inmheánach oibre).

European Union 2008b. *IATE Input Manual*. (Cáipéis inmheánach oibre).

Fiontar 2008. *Iarratas ar Dheontas Taighde ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta*. (Iarratas ar dheontas).

Aguisíní

A. Agallaimh, ceistneoirí agus cumarsáid phearsanta

A. Ceistneoirí maidir le hobair théarmeolaíochta sna teangacha nua

Tábla 11: Freagairtí do cheistneoir na dteangacha nua, agus giorrúcháin a úsáidtear do thagairtí

Teanga	An Pharlaimint	An Coimisiún	An Chomhairle
Bulgáiris	BG Parl1	—	—
Eastóinis	ET Parl1	ET Com1	ET Cou1
Laitvis	LV Parl1	LV Com1	LV Cou1
Liotuáinis	LT Parl1	—	LT Cou1
Máltais	—	MT Com1	MT Cou1
Polainnis	—	PL Com1	PL Cou1
Rómáinis	—	RO Com1	RO Cou1
Seicis	—	CS Com1	—
Slóivéinis	—	SL Com1	SL Cou1
Slóvaicis	SK Parl1	SK Com1 SK Com2	SK Cou1 (tá cuid den suirbhé críochnaithe)
Ungáiris	HU Parl1	—	—

Tábla 12: Freagairtí don dréacht de Mhír 5 agus giorrúcháin a úsáidtear mar thagairtí

Teanga	An Pharlaimint	An Coimisiún	An Chomhairle
Bulgáiris	—	—	—
Eastóinis	—	Athbhreithneoir ET Com	Athbhreithneoir ET Cou
Laitvis	Athbhreithneoir LV Parl	Athbhreithneoir LV Com	—
Liotuáinis	—	—	Athbhreithneoir LT Cou
Máltais	—	—	Athbhreithneoir MT Cou
Polainnis	—	Athbhreithneoir PL Com	Athbhreithneoir PL Cou
Rómáinis	—	Athbhreithneoir RO Com	—
Seicis	—	Athbhreithneoir CS Com	—
Slóivéinis	—	Athbhreithneoir SL Com	—
Slóvaicis	Athbhreithneoir SK Parl	Athbhreithneoir SK Com	—
Ungáiris	Athbhreithneoir HU Parl	—	Athbhreithneoir HU Cou

B. Agallaimh agus tagairtí ar baineadh úsáid astu sa téacs

Tábla 13: Agallaimh agus tagairtí: Institiúidí agus comhlachtaí an AE

Dáta	Suíomh	Rannpháirtí(Rannpháirtithe)	Tagairt
18.01.12	Físchomhdháil – dhá shuíomh: DCU agus Foirgneamh Jean Monnet, Lucsamburg	Fiontar: Fionnuala Cloke, Úna Bhreathnach, Caoilfhionn Nic Pháidín agus Julie O’Farrell Comhordaitheoir Téarmaíochta, An Coimisiún Eorpach: Christine Herwig agus Monica Welwert	
15.03.12	Foirgneamh LEX, Rue la Loi 175, An Bhruiséil	Manuel Leal le hionchur i scríbhinn ó Ingrid Swinnen (Comhordaitheoirí Téarmaíochta, Comhairle an Aontais Eorpaigh)	agallamh le Leal 2012a
15.03.12	Ar ríomhphost	Rasa Scekaturovaite (Téarmeolaí, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh a thug aiseolas ar an dréachtsuirbhé)	
16.03.12	Foirgneamh SCH (Schuman), Oifig SCH 06A010, Kirchberg, Lucsamburg	Rodolfo Maslias, Viola Pongrácz, Violina Stamtcheva (Comhordaitheoir Téarmaíochta, Parlaimint na hEorpa)	agallamh le Maslias, Pongrácz agus Stamtcheva 2012
16.03.12	Foirgneamh SCH (Schuman), Oifig SCH 06A010, Kirchberg, Lucsamburg	Aistritheoir Gaeilge (gan ainm) ón bParlaimint	agallamh le duine anaithnid 2012
16.03.12	Foirgneamh SCH (Schuman), Oifig SCH 06A010, Kirchberg, Lucsamburg	Gergely Urbán (téarmeolaí, ón bParlaimint a thug aiseolas ar an dréachtsuirbhé)	
28.03.12	CdT, Nouvel Hémicycle, 1, Rue du Fort Thüngen, L-1499 Lucsamburg	Dieter Rummel (Ceannasaí ar Thacaíocht Aistriúcháin in Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh)	agallamh le Rummel 2012a
29.03.12	Foirgneamh Jean Monnet A2/095, L-2920 Lucsamburg	Christine Herwig agus Monica Welwert (DGT, an Coimisiún Eorpach)	agallamh le Herwig agus Welwert 2012a
17.04.12	Ar ríomhphost	Viola Pongrácz (Comhordaitheoir Téarmaíochta, TermCoord, Parlaimint na hEorpa)	agallamh le Pongrácz 2012
11.07.12	Ar an teileafón (3.00 CET)	Dieter Rummel (Ceannasaí ar Thacaíocht Aistriúcháin san Ionad Aistriúcháin do Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh)	agallamh le Rummel 2012b
23.07.12	Ar an teileafón (3.00 CET)	Manuel Leal (Comhordaitheoir Téarmaíochta, Comhairle an Aontais Eorpaigh)	agallamh le Leal 2012b
24.07.12	Ar an teileafón (11.00 CET)	Christine Herwig (DGT, an Coimisiún Eorpach)	agallamh le Herwig agus Welwert 2012b
13.11.12	Ar ríomhphost	Pawl Czernecki (Comhordaitheoir Cáilíochta, DGT, an Coimisiún Eorpach)	agallamh le Czernecki 2012

Tábla 14: Agallaimh agus tagairtí: Foireann Fiontar

Dáta	Suíomh	Rannpháirtí(Rannpháirtithe)	Tagairt
08.03.12	Fiontar, DCU	An Dr Gearóid Ó Cleircín (Téarmeolaí in Fiontar, DCU)	agallamh le Ó Cleircín 2012
17.03.12	An Charraig Dhubh, Co. Baile Átha Cliath	Donla uí Bhraonáin (iar-théarmeolaí in Fiontar, DCU agus comhairleoir téarmeolaíochta reatha ar thionscadal GA IATE)	agallamh le Uí Bhraonáin 2012
18.03.12	Fiontar, DCU	An Dr Brian Ó Raghallaigh (Bainisteoir Teicniúil in Fiontar, DCU, ar GA IATE agus ar thionscadail eile)	agallamh le Ó Raghallaigh 2012
19.03.12	Lár Chathair Bhaile Átha Cliath	Michal Boleslav Měchura (Iar-Bhainisteoir teicniúil in Fiontar, DCU agus comhairleoir teicniúil ar thionscadal GA IATE)	agallamh le Měchura 2012
02.05.12	Lár Chathair Bhaile Átha Cliath	An Dr Caoilfhionn Nic Pháidín (Stiúrthóir Tionscadail Thaighde Fiontar, DCU)	agallamh le Nic Pháidín 2012

Tábla 15: Agallaimh agus tagairtí: An Coiste Téarmaíochta náisiúnta (Foras na Gaeilge)

Dáta	Suíomh	Rannpháirtí(Rannpháirtithe)	Tagairt
17.03.12	Ar ríomhphost	Máire Nic Mheanman (Príomhthéarmeolaí, Foras na Gaeilge agus Rúnaí reatha an Choiste Téarmaíochta)	agallamh le Nic Mheanman 2012
30.05.12	Ar ríomhphost	Fidelma Ní Ghallchobhair (Iar-Rúnaí an Choiste Téarmaíochta)	agallamh le Ní Ghallchobhair 2012

Tábla 16: Agallaimh agus tagairtí: Rialtas na hÉireann (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta)

Dáta	Suíomh	Rannpháirtí(Rannpháirtithe)	Tagairt
26.01.12	Lár Chathair Bhaile Átha Cliath	Deaglán Ó Briain (Iar-Phríomhoifigeach, Rannóg na Gaeilge, an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a thionscain tionscadal GA IATE agus a bhí freagrach as an tionscadal go dtí Eanáir 2011)	agallamh le Ó Briain 2012
08.02.12	Lár Chathair Bhaile Átha Cliath	Tomás Ó Ruairc (Stiúrthóir Seirbhísí Aistriúcháin sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, a bhí freagrach as tionscadal GA IATE ó Eanáir 2011 go Bealtaine 2012)	agallamh le Ó Ruairc 2012

Tábla 17: Agallaimh agus tagairtí: Grúpa fócais aistritheoirí Gaeilge

Dáta	Suíomh	Éascaitheoir(i)	Rannpháirtithe	Tagairt
08.05.12	Foirgneamh LEX, Rue la Loi 175, An Bhruiséil	Donla Uí Bhraonáin, le cuidiú ó Julie O'Farrell	Cathal Mac Gabhann, aistritheoir Gaeilge sa Chomhairle Eoin Mac Domhnaill, Dlítheangeolaí Gaeilge – i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh Peter Race, aistritheoir Gaeilge in CdT Aistritheoir Gaeilge (gan ainm) ón bParlaimint Beirt ionadaithe (gan ainm) ón gCoimisiún	Grúpa Fócais 2012

C. Ceistneoir do théarmeolaithe i dteangacha nua

Seoladh an ceistneoir seo a leanas chuig Christine Herwig, Viola Pongrácz agus Manuel Leal i bhfoirm dhoiciméad Word ar an 18 Aibreán 2012. Scaip Christine Herwig an doiciméad i measc téarmeolaithe atá ag obair sna teangacha nua sa Choimisiún. Fuair na téarmeolaithe ábhartha sa Chomhairle agus sa Pharlaimint nasc leis an gceistneoir ag www.surveymonkey.com. Tugadh an 16 Bealtaine mar spriocdháta le haghaidh freagraí.

Beidh na freagraí ar an suirbhé seo a leanas mar chuid den staidéar a bheidh á fhoilsiú ag Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) go luath in 2013. Is 'A four-part study: IATE agus the new EU languages with an emphasis on Irish' atá mar theideal sealadach ar an staidéar. Bainfear úsáid as freagraí an tsuirbhé le teacht ar fhorléargas maidir le conas a thugtar faoi obair théarmeolaíochta sa Pharlaimint, sa Chomhairle agus sa Choimisiún. Bainfear úsáid as eolas ón suirbhé seo sa staidéar a fhoilseofar agus déanfar tagairt do theangacha áirithe agus d'institiúidí áirithe de chuid an AE. Ní dhéanfar aon tagairt do théarmeolaithe aonair, áfach.

Táimid buíoch as do chuid ama chun an suirbhé seo a chomhlánú agus fáiltímid roimh an oiread mionsonraí is atá ar do chumas a sholáthar. Cuirfidh aon eolas a sholáthróidh tú go mór leis an taighde. Clóscríobh do chuid freagraí díreach faoi na ceisteanna ábhartha, agus bain úsáid as an méid spáis a theastaíonn uait. Má theastaíonn aon chabhair uait i gcomhlánú an tsuirbhé seo ná bíodh aon drogall ort ríomhphost a sheoladh chuig Fionnuala Cloke [sonraí teagmhála curtha ar fáil] agus déanfar teagmháil leat chomh luath agus is féidir.

Ginearálta

1. Cad í do theanga dhúchais?
2. Cén teanga ina gcruthaíonn tú, ina ndéanann tú mionathrú nó ina ndéanann tú bailíochtú ar théarmaí?
3. Cén institiúid ina bhfuil tú ag obair?
4. Cén teideal atá ar an rannóg/rannán/aonad ina bhfuil tú ag obair?
5. Cá mhéad téarmeolaithe agus aistritheoirí atá ag obair i do rannóg/rannán/aonad? I roinnt cásanna d'fhéadfadh aistritheoirí obair théarmeolaíochta a dhéanamh agus d'fhéadfadh téarmeolaithe obair aistriúcháin a dhéanamh. Tabhair coibhéis lánaimseartha (FTE) den obair théarmeolaíochta atá á déanamh agus briseadh síos (e.g. 'téarmeolaí amháin lánaimseartha agus 15 aistritheoir atá ag déanamh 1.5 FTE d'obair théarmeolaíochta')

Acmhainní teanga

6. An bhfuil aon chomhlachtaí nó eagraíochtaí, a bhfuil tú ar an eolas fúthu, sa Bhallstát ina labhraítear do theanga dhúchais a bhfuil freagrachtaí orthu i ndáil le cruthú nó daingniú téarma? Ainmnigh iad le do thoil. Mura bhfuil aon eolas agat maidir leis seo, bog ar aghaidh.
7. Cad iad na hacmhainní téarmeolaíochta a bhíonn in úsáid agat i do chuid obair théarmeolaíochta (seachas IATE)? Déan cur síos orthu, (gréasánbhunaithe, maoinithe ag an rialtas, etc.). Tabhair an URL le do thoil más ann dó.
8. An bhfuil aon réimse eolais áirithe sna hacmhainní sin (nó go ginearálta) ina bhfuil ganntanas téarmaí i do theanga chomh fada is atá ar eolas agat? Más é sin an cás, cé acu réimse agus cén fáth go gceapann tú é sin? Mar shampla, tá fíorbheagán téarmaíochta liachta sa Ghaeilge mar nár úsáideadh an teanga sa réimse seo ar feadh na gcéadta bliain, rud a chiallaíonn go mbíonn sé deacair doiciméid liachta a aistriú go Gaeilge. Bog ar aghaidh le do thoil mura bhfuil aon eolas nó tuairim agat maidir leis an gceist seo.
9. Cad iad na hábhair thagartha a bhíonn in úsáid agat i do chuid oibre ó thaobh litríthe agus gramadaí? Déan cur síos orthu, (teideal, údar, gréasánbhunaithe/páipéarbhunaithe, maoinithe ag an rialtas, iontaofacht, inúsáidteacht etc.).

Acquis communautaire*

10. Déan cur síos le do thoil ar conas a aistríodh an *acquis communautaire* i do theanga.
11. Déan cur síos ar an obair théarmeolaíochta atá déanta maidir leis an *acquis communautaire*.

IATE

12. An bhfuil aon réimse eolais áirithe in IATE ina bhfuil ganntanas téarmaí i do theanga chomh fada is atá ar eolas agat? Más é sin an cás, cé acu réimse agus cén fáth go gceapann tú é sin?
13. Cé chomh minic is a chruthaíonn tú téarmaí i do theanga in IATE (e.g. go laethúil, go seachtainiúil, go míosúil, etc.)?
14. Déan cur síos le do thoil ar na príomhdhúshláin a dtagann tú trasna orthu le linn duit a bheith ag obair i mbunachar sonraí IATE (ábhar, feidhmiúlacht, etc.).

* Mura bhfuil aon eolas agat maidir le conas a cuireadh an *acquis communautaire* ar fáil i do theanga, déan neamhaird den cheist seo agus bog ar aghaidh

Sreabhadh oibre

15. Déan cur síos le do thoil ar an gcineál doiciméad a aistrítear i do roinn teanga (reachtaíocht, bróisiúir, tuarascálacha inmheánacha, etc.)
16. Déan cur síos le do thoil ar an gcineál obair théarmeolaíochta a dhéantar i do roinn teanga agus an chúis lena déanamh (tionscadail aistriúcháin, tionscadail téarmeolaíochta, obair théarmeolaíochta ad hoc. etc.)?
17. Cé a thionscnaíonn an obair théarmeolaíochta (ceann an aonaid/na roinne, aonaid comhordaithe téarmaíochta, an t-aistritheoir nó an téarmeolaí féin)?
18. Déan cur síos ar an sreabhadh oibre téarmeolaíochta i do roinn teanga ó thaighde go bailíochtú téarmaí.
19. An mbaineann tú úsáid as aon chóras teicniúil eile d'obair théarmeolaíochta seachas IATE? Más é sin an cás, déan cur síos air sin le do thoil. (MultiTerm, Microsoft Access, eile).
20. An mbaineann tú úsáid as Pre-IATE? Déan cur síos air sin le do thoil.
21. Déan cur síos ar na treoracha a bhíonn á n-úsáid agat maidir le IATE agus le hobair théarmeolaíochta go ginearálta (rialacha scríofa, treoracha, sárchleachtas, etc.).
22. An bhfuil na treoracha a liostaigh tú i gCeist 21 thuas á n-úsáid i ranna teanga eile agus/nó in institiúidí nó comhlachtaí eile chomh fada is atá ar eolas agat?
23. An bhfuil aon teagmháil fhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil agat le foirne téarmeolaíochta/aistriúcháin i ranna teanga eile i d'institiúid maidir le téarmaíocht nó le IATE? Déan cur síos le do thoil.
24. An bhfuil aon teagmháil fhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil agat le foirne téarmeolaíochta/aistriúcháin in institiúidí eile an AE maidir le téarmaíocht nó le IATE? Déan cur síos le do thoil.
25. Déan cur síos le do thoil ar na príomhdhúshláin a dtagann tú trasna orthu i do chuid obair théarmeolaíochta (tá gach gné den obair théarmeolaíochta atá idir lámha agat ábhartha anseo lena n-áirítear saincheistanna a bhaineann go háirithe le do theanga dhúchais nó dúshláin a bhaineann le modhanna oibre, acmhainní teicniúla, etc.)

D. Ceistneoir d'aistritheoirí Gaeilge

Cruthaíodh an ceistneoir thíos d'aistritheoirí Gaeilge atá ag obair sa Choimisiún, sa Chomhairle agus sa Pharlaimint. Seoladh nasc i ndáil leis an gceistneoir chuig aistritheoirí ag www.surveymonkey.com ar an 17 Bealtaine agus tugadh an 8 Meitheamh mar spriocdháta.

Staidéar IATE (aistritheoirí Gaeilge)**Eolas agus treoir**

Is é aidhm an tsuirbhé seo ná tuairimí agus moltaí maidir leis na téarmaí Gaeilge a chuireann Fiontar, DCU ar fáil do bhunachar IATE a bhailiú ó aistritheoirí agus téarmeolaithe Gaeilge in Institiúidí an AE. Cuireadh tús leis an tionscadal soláthraithe téarmaí Gaeilge, ar a dtugtar tionscadal GA IATE, in 2008. Faightear aiseolas, comhairle agus moltaí ón gCoiste Téarmaíochta in Éirinn agus ó aistritheoirí Gaeilge an AE maidir leis na téarmaí seo sula seoltar na téarmaí ar aghaidh le hionchur i mbunachar IATE. Is é an tagairt a chuirtear leis na téarmaí seo in IATE ná 'An bunachar náisiúnta téarmaíochta don Ghaeilge, www.focal.ie'.

Tá Fiontar i mbun oibre ar Staidéar faoi láthair ina ndéanfar cur síos ar an tionscadal seo i gcomhthéacs obair théarmeolaíochta theangacha nua'an AE (na teangacha ar teangacha oifigiúla an AE iad ó 2004 agus ó 2007). Mar chuid den Staidéar seo ba mhian linn an tionscadal seo a mheas agus beidh tuairimí aistritheoirí Gaeilge an AE ríthábhachtach don ghné seo. Foilseofar an Staidéar ag deireadh 2012 nó go luath in 2013.

Bheimis an-bhuíoch díot as do thuairimí agus do mholtaí maidir leis an tionscadal a chur ar fáil mar fhreagraí ar na ceistanna suirbhé seo a leanas. Mura bhfuil tú in ann ceist éigin a fhreagairt toisc nach bhfuil aon eolas agat ar an ábhar sin, déan neamhaird di agus lean ar aghaidh. Má tá ceist agat nó más maith leat tuairim nó moladh a chur in iúl ar bhealach eile, déan teagmháil le Fionnuala Cloke [sonraí teagmhála curtha ar fáil].

Ginearálta

1. Cén Institiúid ina bhfuil tú ag obair?
2. Cad é teideal an aonaid ina bhfuil tú ag obair?
3. Déan cur síos ar d'aonad ó thaobh líon na n-aistritheoirí agus líon na dtéarmeolaithe atá ag obair ann, le do thoil. (mar shampla 'cúigear aistritheoirí, téarmeolaí amháin lánaimseartha agus FTE lánaimseartha amháin ag déanamh obair théarmeolaíochta').

4. Déan cur síos ar pé rannpháirtíocht a bhí nó atá agat sa tionscadal seo, le do thoil (mar shampla, cruinnithe eislíon, ullmhú liostaí iontrálacha).
5. Cé a shocraíonn méid na rannpháirtíochta seo (ceann an aonaid, tú féin, etc.)?
6. An mbíonn tú i dteagmháil le haistritheoirí nó téarmeolaithe Gaeilge sna hinstiúidí eile mar gheall ar an tionscadal seo? Déan cur síos ar an gcumarsáid seo, le do thoil (mar shampla, cruinnithe, glaonna gutháin, ríomhphost, 'marks').

Acmhainní

7. Céard iad na hacmhainní a mbaineann tú úsáid astu agus tú i mbun aistriúcháin (acmhainní foclóireachta, téarmaíochta nó gramadaí, cuimhní aistriúcháin, suíomhanna, etc.)? Tabhair liosta, le do thoil.
8. Céard iad na hacmhainní a dtugann tú tosaíocht dóibh agus tú ag roghnú téarmaí Gaeilge?
9. Céard iad na huirlisí aistriúcháin nó téarmeolaíochta a mbaineann tú úsáid astu agus tú i mbun aistriúcháin (Trados, Wordfast, uirlis saincheaptha, etc.)?

Ullmhú na liostaí

Cuireann aonad comhordaithe téarmaíochta in DGT sa Choimisiún liostaí iontrálacha ó IATE nach bhfuil téarmaí Gaeilge iontu chuig Fiontar go tráthrialta. Is iad na haistritheoirí agus na téarmeolaithe Gaeilge chomh maith le comhordaitheoirí téarmaíochta sna hinstiúidí éagsúla a thionsaíonn na liostaí sin. Tionsaítear siad na liostaí seo bunaithe ar thionscadail aistriúcháin nó ar thionscadail chomhdhlúthúcháin go hiondúil.

10. Conas a roghnaítear iontrálacha in IATE don tionscadal seo i d'instiúid?
11. Céard iad na réimsí in IATE a bhfuil ganntanas téarmaí Gaeilge ar leith iontu, dar leat?
12. An bhfuil aon mholtaí agat maidir le roghnú na n-iontrálacha don tionscadal seo?

Aiseolas ar an eislíon

Cuireann aistritheoirí Gaeilge an AE aiseolas ar na téarmaí Gaeilge, a mholann Fiontar, ar eislíon gach mí. Cuireann Fiontar na moltaí i bhfeidhm ar na téarmaí agus cuirtear ar aghaidh iad le hionchur i mbunachar IATE.

13. Conas a thugtar aiseolas ar na téarmaí Gaeilge ar an eislíon i d'aonad (ad hoc–féadann duine ar bith aiseolas a thabhairt nuair a bhíonn an t-am aige/aici; nó tá duine amháin ainmnithe don obair seo agus coinníonn sé/sí an fhoireann ar an eolas; nó modh eile)?
14. An mbíonn do dhóthain ama agat chun breathnú ar na téarmaí Gaeilge a chuireann Fiontar ar an eislíon? Cé mhéad ama a chaitheann tú air seo?
15. Ar mhaith leat níos mó ama nó níos lú ama a chaitheamh ar an eislíon? Cén fáth?
16. An dóigh leat go bhfuil an t-eislíon sásúil mar mheicníocht aiseolais?
17. An bhfuil aon mholtaí eile agat maidir le haiseolas a thabhairt do Fiontar ar na téarmaí Gaeilge?

Láidreachtaí, laigí agus réitigh

18. Cé chomh sásta is a bhíonn tú leis na téarmaí Gaeilge a chuireann Fiontar ar fáil ó thaobh cruinnis de (gramadach agus litriú)? Fíorshásta go hiondúil/Míshásta go hiondúil/ Sásta go hiondúil/Ní bhainim úsáid astu
19. Cé chomh sásta is a bhíonn tú leis na téarmaí Gaeilge céanna a chuireann Fiontar ar fáil ó thaobh caighdeáin de (leagan amach, roghnú an téarma, úsáid réamhfhocail, inúsáidteacht in abairtí)? Fíor-mhíshásta go hiondúil/Míshásta go hiondúil/ Sásta go hiondúil/Fíorshásta go hiondúil/Ní bhainim úsáid astu
20. Céard iad príomhéifeachtaí an tionscadail seo ar an ábhar Gaeilge in IATE?
21. Céard iad príomhéifeachtaí an tionscadail seo ar d'obair féin?
22. Céard iad láidreachtaí an tionscadail, dar leat?
23. Céard iad laigí an tionscadail?
24. An bhfuil aon mholtaí nó tuairimí eile agat? An bhfeiceann tú deiseanna eile don tionscadal seo agus, má fheiceann, céard iad?

B. Bunábhar a bhaineann le Mír 5

A. Nótaí sochtheangeolaíochta ar na teangacha nua

Tugtar nóta gearr anseo ar chás sochtheangeolaíochta gach aon cheann de na teangacha nua.

Bulgáiris

Is teanga Shlavach í an Bhulgáiris, teanga oifigiúil na Bulgáire agus labhraíonn tromlach na mBulgáirigh í. Labhraíonn 95 faoin gcéad den daonra í mar mháthairtheanga (Directorate-General for Communication, European Commission 2012, Ich. 11) nó 85.2 faoin gcéad de réir an National Statistics Institute a thuairiscíonn go labhraíonn 9.1 faoin gcéad den daonra Tuircis mar mháthairtheanga, agus go labhraíonn 4.2 faoin gcéad an Roimis mar theanga dhúchais (National Statistical Institute, Republic of Bulgaria 2011).

Tá stádas thar a bheith soiléir tugtha don Bhulgáiris in Airteagal 3 de Bhunreacht na Bulgáire (1991), a deir go simplí ‘Bulgarian shall be the official language of the Republic’. Déileáilann Airteagal 36 leis an teanga freisin, ag leagan amach gur ‘a right agus an obligation’ é staidéar a dhéanamh ar an mBulgáiris do shaoránaigh na Bulgáire. Sonraíonn an t-airteagal seo go bhfuil sé de cheart ag saoránaigh nach labhraíonn an Bhulgáiris mar mháthairtheanga ‘to study and use their own language alongside the compulsory study’ ar an mBulgáiris. Ceadaíonn an tAcht um Oideachas Poiblí a ritheadh i nDeireadh Fómhair 1991 teangacha mionlaigh a mhúineadh sna scoileanna le héascú a dhéanamh air sin (Airteagal 8. (2)) (An Grúpa Idirnáisiúnta um Chearta Mionlach 2008).

Tá an Bhulgáiris ina teanga oifigiúil de chuid an AE ó aontachas na Bulgáire in 2007. Nuair a chuaigh an Bhulgáir isteach san AE, bhí an aibítir Choireallach ansin ar an tríú haibítir oifigiúil de chuid an Aontais, tar éis na haibítire Rómhánaí agus aibítir na Gréigise.

Eastóinis

Is teanga Úrailise í an Eastóinis atá gaolmhar leis an bhFionlainnis. Is teanga oifigiúil de chuid an AE í ó aontachas na hEastóine in 2004. Tá an Eastóinis ina máthairtheanga ag 68.7 faoin gcéad den daonra (Statistics Estonia 2012).

Tá an Eastóinis aitheanta go soiléir mar an teanga oifigiúil i mBunreacht na hEastóine (1992), ach tá teanga luaite i líon eile airteagal ina leagtar amach cearta teanga maidir leis na nithe seo a leanas: dlí-eolaíocht, oideachas agus cumarsáid leis an Stát agus leis an rialtas áitiúil.

Tá tacaíocht reachtúil ag an Eastóinis freisin. Sa leagan is déanaí den Acht Teanga (2011) mionsonraítear ceanglais maidir leis an Eastóinis i réimsí éagsúla, lena n-áirítear comharthaíocht, oideachas, cumarsáid leis an bpobal agus líofacht teanga ó thaobh fostaithe, le smachtbhannaí má sháraítear a forálacha. Tá cumhachtaí an Stáit maidir le ‘supervision over conformity with the requirement provided for’ san Acht Teanga dílsithe don Chigireacht Teanga (Airteagal 30(1)).

Laitvis

Is teanga Bhaltach í an Laitvis atá ina teanga oifigiúil de chuid an AE ó 2004. Labhraíonn 71 faoin gcéad de dhaonra na Laitvia í mar mháthairtheanga (Directorate-General for Communication, European Commission 2012).

Luann Airteagal 4 de Bhunreacht Phoblacht na Laitvia (ar glacadh leis in 1922) gurb í an Laitvis teanga an Stáit i bPoblacht na Laitvia. Tagraíonn Airteagal 114 don teanga freisin: ‘Persons who belong to minority nationalities have the right to maintain agus develop their own language and ethnic and cultural originality’. Cé gurb ionann cainteoirí dúchais na Rúisise sa Laitvia agus mionlach mór den daonra, níl stádas teanga oifigiúil tugtha don Rúisis.

Tá cosaint reachtúil leathan fhairsing tugtha don Laitvis freisin tar éis achtú an Dlí um Theanga Oifigiúil in 1992. Tá sé mar aidhm leis an Dlí an Laitvis a chothabháil, a chosaint agus a fhorbairt (Alt 1(1)), agus ag an am céanna lánpháirtiú mionlach eitneach chur chun cinn i sochaí na Laitvia agus gan sárú a dhéanamh ar a gcearta i leith a dteanga dhúchais a úsáid (Alt 1(4)).

Luann Alt 4 den Acht seo freisin go ndéanfaidh an Stát cothabháil, cosaint agus forbairt ar an teanga *Liv*, agus déantar cur síos uirthi mar theanga an phobail dúchasaigh. Leanann Alt 5 ar aghaidh agus luann go bhféachfar ar gach teanga eile (seachas an *Liv* agus an Laitvis) mar theangacha iasachta. Tugann Alt 6 breac-chuntas ar na leibhéil líofachta teanga a éilítear ar fhostaithe an Stáit agus príobháideacha. Tar éis chinntí cúirte an ECHR agus an UN HRC (in Podkolzina v. Laitvia [2002] agus Ignatāne v. Laitvia [2001] faoi seach), níl ar iarrthóirí toghcháin chun na Parlaiminte agus do chomhairlí áitiúla líofacht teanga a chruthú níos mó.

Forálann an Dlí um Theanga freisin go ndéanfaidh an *Terminology Commission of the Academy of Science of Latvia* an cinneadh maidir le forbairt agus úsáid téarmaí. Ní féidir téarmaí nua a úsáid i gcumarsáid oifigiúil ach amháin sa chás go mbíonn siad ceadaithe ag an gCoimisiún Téarmeolaíochta (Alt 22).

Tá an Laitvis á rialú sa Laitvia ag an *Official Language Centre of the Republic of Latvia*. Is comhlacht de chuid

an rialtais atá anseo atá faoi choimirce na hAireachta Dlí agus Cirt. Tá sé mar chúram ar an Ionad forbairt agus cosaint a dhéanamh ar an iliomad gnéithe den teanga, lena n-áirítear forbairt straitéisí teanga agus polasaithe tacaíochta an Stáit; rialú a dhéanamh ar úsáid na Laitvise i ngach gné den saol sóisialta; agus forbairt a dhéanamh ar bhonn teangeolaíoch, dlíthiúil agus normatach ar an Laitvis mar theanga Stáit (Ministry of Justice of the Republic of Latvia 2012).

Tá líon eagraíochtaí eile rannpháirteach i bhforbairt téarmaeolaíochta sa Laitvia, lena n-áirítear an *State Language Commission*, *State Language Agency*, *State Language Agency*, *Latvian Language Institute* agus *Tilde*.

Liotuáinis

Is í an Liotuáinis, teanga Bhaltach, teanga oifigiúil na Liotuáine, agus tá sí ina teanga oifigiúil de chuid an AE ó aontachas na Liotuáine in 2004. Labhraíonn 92 faoin gcéad den phobal an Liotuáinis mar mháthairtheanga (Directorate-General for Communication, European Commission 2012).

Luaitear go soiléir in Airteagal 14 de Bhunreacht Phoblacht na Liotuáine (1991) gurb í an Liotuáinis teanga an Stáit. Baineann Airteagal 37 le teangacha eile na tíre: 'Citizens belonging to ethnic communities shall have the right to foster their language, culture and customs'. Luaitear cúrsaí teanga in Airteagal 117: 'In the Republic of Lithuania, court proceedings shall be conducted in the State language. Persons who have no command of Lithuanian shall be guaranteed the right to participate in investigation and court acts through a translator.'

Faigheann an teanga cosaint freisin tríd an Dlí um Theanga an Stáit (1995). Baineann an reacht seo leis an teanga oifigiúil amháin. Forálann an tAcht d'úsáid na Liotuáinise sa réimse poiblí (na cúirteanna, institiúidí Stáit, san oideachas agus sa chultúr, i logainmneacha agus comharthaí poiblí). Foráiltear do theangacha eile i reacht eile: an Dlí um Mionlaigh Eitneacha (1989), a thugann cosaint do theangacha na mionlach eitneach a chónaíonn sa Liotuáin.

Is ionann an Coimisiún Teanga agus comhlacht Stáit a bunaíodh in 1990. Tá an Coimisiún freagrach as rialáil agus caighdeánú a dhéanamh ar an teanga, agus as stádas na teanga oifigiúla a chur i bhfeidhm freisin. Sa bhliain 1993 glacadh leis an Dlí ar Stádas an Choimisiúin Stáit ar an Liotuáinis, a thugann breac-chuntas soiléir ar chumhachtaí agus ar dhualgais an Choimisiúin Stáit. Rinneadh leasú ar an Dlí seo in 2011, agus feidhmíonn an Coimisiún inniu de réir an Achta leasaithe (Lithuanian State Language Commission 2012).

Máltais

Is teanga Sheimíteach í an Mháltais atá scríofa san aibítir Rómhánach. Labhraíonn 97 faoin gcéad den phobal an Mháltais mar mháthairtheanga agus tá an Béarla mar mháthairtheanga ag 2 faoin gcéad (Directorate-General for Communication, European Commission 2006).

Tá an Mháltais agus an Béarla araon ina máthairtheangacha i Málta. Tá sé sin sonraithe in Airteagal 5 de bhunreacht na tíre agus déanann Airteagal 5(1) cur síos ar an Máltais mar theanga náisiúnta Mhála agus leagann Airteagal 5(2) amach an Béarla agus an Máltais mar theangacha oifigiúla. Luann dhá alt eile níos faide ar aghaidh gurb í an Mháltais teanga na gCúirteanna agus gur féidir le Teach na nIonadaithe cinneadh a dhéanamh maidir le cibé teanga a bheidh in úsáid in imeachtaí Parlaiminte agus taifid.

Tá cosaint reachtúil ag an Máltais freisin trí Acht Teanga na Máltaise a aicteáidh in 2004. Faoin Acht seo a bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta do Theanga na Máltaise. Tá an Chomhairle comhdhéanta d'aon chomhalta déag agus é mar chuspóir acu teanga náisiúnta Mhála a chur chun cinn. Tá an Chomhairle freagrach freisin as ortagrafaíocht/litriú na Máltaise a thabhairt cothrom le dáta agus focail nua a chuirtear leis an teanga a rialáil (Airteagal 5(12)).

Is teanga oifigiúil í an Mháltais de chuid an AE ó 2004. Cosúil leis an nGaeilge cuireadh coinníoll lena stádas oifigiúil. Mar gheall ar easpa aistritheoirí cáilithe cuireadh maolú sealadach i bhfeidhm a chiallaigh nach raibh sé d'oibleagáid ar Mhála na hachtanna go léir a dhréachtú sa Mháltais agus iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (OJEU). Chiallaigh sé sin nach raibh gá a aistriú ach na hachtanna amháin arna nglacadh go comhpháirteach ag an bParlaimint mar thoradh ar chomhchinneadh.

Tháinig an maolú i bhfeidhm le Rialachán ón gComhairle Uimh 930/2004 (CE). Chuir an Chomhairle deireadh leis an maolú in 2007 tar éis trí bliana. Tá an acquis ar fáil anois sa Mháltais (European Commission Joint Research Centre, Institute for the Protection and Security of the Citizen 2012).

Polainnis

Baineann an Pholainnis leis an bhfoghrúpa *Lechitic* de theangacha Slavacha an Iarthair. Labhraíonn 95 faoin gcéad de shaoránaigh na Polainne í mar mháthairtheanga (Directorate-General for Communication, European Commission 2012). Labhraíonn go leor daoine an Pholainnis freisin sa Bhealarúis, san Úcráin agus sa Liotuáin. Tá sí mar theanga oifigiúil de chuid an AE ó 2004.

De réir Bhunreacht na Polainne 1997 is í an Pholainnis teanga oifigiúil na Polainne. Tá sé sin leagtha síos in Airteagal 27, agus luaitear freisin nach mbeidh aon tionchar aige ar chearta mionlach náisiúnta. Déileálan Airteagal 35 le cearta mionlach freisin. Luann sé go mbeidh an tsaoirse ag mionlaigh eitneacha nó ag mionlaigh náisiúnta forbairt a dhéanamh ar a gcuid teangacha féin.

Tá an teanga faoi chosaint freisin ag an Acht um Theanga na Polainnise 1999. Tugann an tAcht breac-chuntas ar chumhachtaí agus ar chuspóirí an *Council for the Polish Language*. Tá sé mar fhreagracht ar an gComhairle eolas maidir le teanga na Polainnise a chur chun cinn; comhairle a thabhairt maidir leis na foirmeacha cearta teanga a oireann sna cásanna éagsúla; fáil réidh le haon amhras a bhaineann le húsáid cheart foclóra, gramadaí, poncaíochta agus litrithe; measúnú a dhéanamh ar na rialacha i ndáil le litriú agus poncaíocht; agus teagasc ghramadach agus stíl na Polainnise a chur chun cinn i gcuraclam na scoileanna. Ní mór don Chomhairle tuarascáil maidir le riocht theanga na Polainnise a fhoilsiú freisin uair amháin gach dhá bhliain. (Council for the Polish Language 2012).

Rómáinis

Is í an Rómáinis an teanga oifigiúil sa Rómáin. Labhraíonn thart ar 93 faoin gcéad de dhaonra na Rómáine an Rómáinis mar mháthairtheanga (Directorate-General for Communication, European Commission 2012). Tá stádas oifigiúil ag an Rómáinis freisin sa Mholdóiv, i gcúige féinrialaithe na Vóvaidíne sa tSeirbia agus i Sliabh Athos sa Ghréig atá féinrialaithe. (Sa Mholdóiv is *limba moldovenească* nó Moldáivis an t-ainm oifigiúil a thugtar ar an teanga). Tá sí mar theanga oifigiúil de chuid an AE ó aontachas na Rómáine in 2007.

Luaitear in Airteagal 13 de Bhunreacht na Rómáine (2003) gurb í an Rómáinis teanga oifigiúil na tíre. Foráiltear in Airteagal 32 gur sa teanga oifigiúil a bheidh an t-oideachas ach go bhféadfár tabhairt faoi freisin i dteanga iasachta a bhfuil úsáid idirnáisiúnta ag gabháil léi.

Tháinig an tAcht i ndáil le húsáid teanga na Rómáinise in Áiteanna Caidrimh agus Institiúidí Poiblí i bhfeidhm in 2004. Luaitear sa dlí seo go mbeidh sé éigeantach gach téacs lena mbaineann leas poiblí a aistriú go Rómáinis. Luann sé freisin go n-aistreofar treoracha ar tháirgí a dhíoltar sa Rómáin agus atá i dteanga iasachta go Rómáinis. Níor bunaíodh aon chomhlacht faoin Acht chun feidhmíocht a rialáil ag teacht leis na forálacha sin. (European Federation of National Institutions

Seicis

Tá an tSeicis ina teanga oifigiúil de chuid an AE ó aontachas Phoblacht na Seice in 2004. Is teanga Shlavach í an tSeicis a labhraíonn 98 faoin gcéad den daonra mar mháthairtheanga (Directorate-General for Communication, European Commission 2012).

Níl stádas oifigiúil na teanga leagtha síos i mBunreacht Phoblacht na Seice agus níl cosaint reachtúil aici. Forálann an tAcht um Riarachán Cánacha agus Táillí d'úsáid oifigiúil teangacha mionlach in oifigí airgeadais (Council of Europe 2012). Luann Airteagal 37 den Chairt um Chearta agus Saoirsí Bunúsacha go soláthrófar ateangairí do dhaoine nach cainteoirí dúchais Seicise iad i gcúirt dlí.

Slóivéinis

Is teanga Shlavach Theas í an tSlóivéinis, teanga oifigiúil na Slóivéine. Is í an mháthairtheanga ag 93 faoin gcéad den phobal í (Directorate-General for Communication, European Commission 2012). Aithnítear an teanga freisin ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach san Ostair, san Ungáir agus san Iodáil. Tá sí mar theanga oifigiúil de chuid an AE ó 2004.

Glacadh le Bunreacht Phoblacht na Slóivéine in 1991. Mionsonraítear in Airteagal 11 gurb í an tSlóivéinis teanga oifigiúil na Slóivéine. Luaitear chomh maith: 'In those municipalities where Italian or Hungarian national communities reside, Italian or Hungarian shall also be official languages'. Baineann Airteagail 60 agus 61 leis an teanga freisin. Forálann na hailt seo go bhfuil sé de cheart ag gach duine a dteanga féin a úsáid agus taitneamh a bhaint aisti agus a dteanga féin a úsáid freisin i nósanna imeachta leis an Stát. Mínítear in Airteagal 64 na cearta speisialta atá ag pobail Uatheascharthacha Iodálacha agus Ungáracha sa tSlóivéin. Tugtar cuntas imlíneach maidir le scolaíocht ina dteanga féin, chomh maith leis an 'right to establish agus develop such education and schooling'.

Áirítear forálacha maidir le húsáid na Slóivéinise i riarachán poiblí agus i gcomhoibriú idirnáisiúnta san Acht um Úsáid Phoiblí Theanga na Slóivéinise 2004, chomh maith le coinníollacha maidir le líofacht teanga, ar úsáid na Slóivéinise san oideachas agus foghlaim na teanga a chur chun cinn.

Slóvaicis

Is teanga Ind-Eorpach í an tSlóvaicis de chuid theangacha Slavaise an Iarthair. Is í an tSlóvaicis teanga oifigiúil na Slóvaice agus tá sí ina teanga oifigiúil de chuid an AE ó aontachas na Slóvaice in 2004. Labhraíonn 88 faoin gcéad de phobal na tíre í mar mháthairtheanga (Directorate-General for Communication, European Commission 2012).

Luaitear stádas oifigiúil na Slóvaicise in Airteagal 6 de Bhunrecht Phoblacht na Slóvaice (1992). San airteagal céanna luaitear: ‘the use of other languages in dealings with the authorities will be regulated by law’. Cuirtear cosc in Airteagal 12 ar idirdhealú i gcoinne daoine mar gheall ar theanga, i measc nithe eile. Foráiltear in Airteagal 26(5) go bhfuil comhlachtaí Stáit agus comhlachtaí críoch féin-riaracháin faoi oibleagáid eolas a sholáthar maidir lena gcuid gníomhaíochtaí ar an mbealach cuí agus i dteanga an Stáit. Déileáiltear in Airteagal 34 le mionlaigh náisiúnta agus le grúpaí eitneacha. Tá an ceart chun oideachais ina dteanga féin ag na saoránaigh sin agus tá sé de cheart acu a dteanga féin a úsáid agus iad ag déileáil leis na húdaráis. Luaitear in Airteagal 7 go bhfuil an ceart chun ateangaire in imeachtaí cúirte ag aon duine nach bhfuil tuiscint acu ar an teanga a bhfuil na himeachtaí á reáchtáil inti.

Glacadh leis an Dlí um Theanga Stáit na Slóvaice in 1995 agus rinneadh leasú air in 2009. Áirítear forálacha sa reacht maidir le húsáid na Slóvaicise ó thaobh teagmháil oifigiúil, sa chóras oideachais, eolas do na meáin chumarsáide, ag imeachtaí cultúir agus i gcruinnithe poiblí, in imeachtaí breithiúnacha agus riaracháin agus sa gheilleagar, i seirbhísí agus i gcúram leighis.

Ungáiris

Teanga Úgraise neamh-Ind-Eorpach í an Ungáiris. Is teanga oifigiúil de chuid an AE í an Ungáiris ó aontachas na hUngáire in 2004. Tá an Ungáiris ina máthairtheanga ag 99 faoin gcéad den daonra (Directorate-General for Communication, European Commission 2012, lch. 11).

Cé nach raibh aon tagairt do theanga oifigiúil sa bhunrecht a bhí ann roimhe seo, tá tagairt sa Bhunrecht nua (2011). Luann Airteagal H gurb í an Ungáiris teanga oifigiúil na hUngáire agus go gcosnóidh an Ungáir an Ungáiris. Tráchtann an tríú fo-alt do Theanga Chomharthaíochta na hUngáirise agus toisc gur cuid den chultúr Ungárach í, go gcosnófar í sin freisin. Sonraíonn airteagal eile fós sa Bhunrecht (XV(2)) nach ndéanfar idirdhealú i gcoinne aon duine ar fhorais áirithe, agus tá teanga ar cheann acu sin. Foráilann Airteagal 24(1) do dhaoine ó náisiúntachtaí eile atá ina gcónaí san Ungáir agus luann go bhfuil sé de cheart acu a dteangacha dúchais a úsáid agus úsáid aonair agus úsáid chomhchoiteann a bhaint as ainmneacha ina dteangacha féin, a gcultúr féin a chur chun cinn, agus oideachas a fháil ina dteangacha dúchais.

Ar leith ón Ungáir, aithnítear an Ungáiris ag leibhéal oifigiúil nó ag leibhéal mionlaigh i dtíortha eile. Is í an teanga oifigiúil í i gCúige Féinrialaithe na Vóvaídíne (cúige féinrialaithe sa tSeirbia), cúige a bhfuil sé theanga

oifigiúla ann. Is í an Ungáiris an teanga oifigiúil freisin in Hodoš, Dobrovník agus Lendava (bardais sa tSlóivéin). Tá stádas teanga mionlaigh aici sa Chróit, sa Rómáin, san Ostair, sa tSlóvaic, agus in Zakarpattia san Úcráin).

B. Acmhainní teanga agus téarmaíochta sna teangacha nua

Bulgáiris

Tugann an *Institute for the Bulgarian Language* a bunaíodh in 1949, faoi thaighde feidhmeach agus bunúsach ar ghnéithe éagsúla den Bhulgáiris agus is í an t-aon institiúid sa Bhulgáir í a dhéanann an obair sin. Tá sé mar phríomhaidhm leis an taighde éagsúlacht agus saibhreas teanga na Bulgáirise a chaomhnú. Tá saothar, ar a n-áirítear graiméir, foclóirí agus atlais chanúintí mar aon le corpais Bhulgáirise á bhfoilsíú ag an Institiúid. Tá an Institiúid comhdhéanta de dhá aonad déag taighde, ina bhfuil aon roinn déag agus ionad eolais agus leabharlann. Áirítear ar cheann de na ranna seo an Roinn Téarmaíochta agus Téarmagrafaíochta a bunaíodh in 1993. Tá an Roinn freagrach as foclóirí téarmaíochta sa Bhulgáiris a chur le chéile agus tá sí ag obair ar fhoclóir téarmaíochta do na heolaíochtaí sóisialta faoi láthair. Ar na réimsí taighde atá á stiúradh ag an roinn faoi láthair tá forbairt téarmaí nua agus aontú, normalú agus caighdeánú na dtéarmaí atá ann cheana féin (Institute of the Bulgarian Language 2012).

Tá an acmhainn thagartha seo a leanas don litriú agus don ghramadach ar fáil: Нов правописен речник на българския език (*Foclóir Ortagrafach Nua na Bulgáirise*. Sóifia: Acadamh Eolaíochta na Bulgáirise, 2002). Ar cheann amháin de na hacmhainní ar líne tá foilsíú leictreonach téacsanna dlí, Ciela.²⁷

Eastóinis

Ba é an *Estonian Legal Language Centre* an ghníomhaireacht Stáit a bunaíodh in 1995 chun an acquis a aistriú roimh aontachas na hEastóine chun an AE. Rinneadh an tlonad a scor in 2005 agus chuaigh na haistritheoirí a bhí fágtha ann ag obair faoin Aireacht Dlí agus Cirt. Chuaigh an chuid ba mhó de na haistritheoirí a bhí ag obair ansin chun oibre in institiúidí an AE. Tá seanbhunachar téarmaí an Ionaid, ESTERM, fós ar fáil ar an suíomh,²⁸ ach is í Institiúid na hEastóinise atá i mbun a chothabhála anois. Aistrítear reachtaíocht na hEastóinise go Béarla anois ag an Aireacht Dlí agus Cirt. Tugann an Aireacht seanaistriúcháin cothrom le dáta freisin. Tá siad sin ar fáil ar shuíomh gréasáin Iris an Stáit (*Riigi Teataja*).²⁹ Baineann téarmaíochtaí úsáid

27 www.ciela.net

28 <http://mt.legaltext.ee/esterm/>

29 www.riigiteataja.ee/tutvustus.html?m=3

as líon mór acmhainní ar líne freisin – foclóirí Eastóinise, reachtaíocht an AE agus na hEastóine agus bunachair théarmaí agus bunachair shonraí ábhartha.

Is ag Institiúid na hEastóinise an t-údarás maidir le saincheistean teanga san Eastóin. Luann ET Com1 comhairliúchán le comhairleoirí ar shaincheistean maidir le litriú agus gramadach in Institiúid na hEastóinise. Déantar cur síos ar na hábhair thagartha seo a leanas maidir le litriú agus gramadach mar ábhair atá iontaofa: *The Dictionary of the Correct Usage of the Estonian Language* agus *The Handbook of Estonian Grammar*.

Laitvis

Rinne gach aon duine den tríúr téarmeolaithe tagairt don Choimisiún Téarmeolaíochta sa *Latvian Academy of Sciences* mar chomhlacht atá freagrach as daingniú téarmaíochta sa Laitvia. Luann LV Cou1 Ionad Teanga an Stáit freisin, comhlacht a bunaíodh in 1992 leis an dlí um Theanga an Stáit a chur i bhfeidhm (Valsts Valodas Centrs 2012). Luann an téarmeolaí seo freisin ‘go bhfuil saineolaithe éagsúla a bhfuil saineolas acu bainteach le hobair théarmeolaíochta ó Aireachtaí agus comhlachtaí poiblí eile faoi seach’. Baintear úsáid as an mbunachar de théarmaí acadúla Akadterm, atá ar fáil ar líne,³⁰ ar mhaithe le hobair théarmeolaíochta, chomh maith le suíomh gréasáin Ionad Teanga an Stáit.³¹ Liostaíonn LV Com1 ‘leabhair agus foilseacháin ar an ábhar’ agus comhairliúcháin le saineolaithe’ freisin.

Soláthraíonn LVCom1 roinnt samplaí d’ábhair³² a úsáidtear agus luann freisin go mbaintear úsáid as leabhair éagsúla ar ghramadach na Laitvise.

Ní bhíonn fadhb le litriú ach amháin nuair a bhaineann sé le traslitrú ainmneacha dílse iasachta. Tá roinnt mhaith teoracha do na teangacha éagsúla ar fáil, agus tá an chuid is mó acu sin foilsithe ag gníomhaireachtaí Stáit. Foilsítear treoirínte oifigiúla ar ainmneacha tíortha ar bhonn rialta.³³

Liotuáinis

Déanann an *Institute of the Lithuanian Language* in Vilnius taighde ar an Liotuáinis. Baineann obair na hInstitiúide go príomha le hullmhú foclóirí agus acmhainní teanga eile, lena n-áirítear an *Dictionary of the Lithuanian Language* agus *Dictionary of the Standard Lithuanian Language*. Tá an Institiúid

30 <http://termini.lza.lv/term.php>

31 <http://www.tm.gov.lv/en/ministrija/iestades/vvc.html>

32 Cepītis, L., Miķelsons, A., Porīte, T., Raģe, S. 1995. *Latviešu valodas pareizrakstības un pareizrūnas vārdnīca*. Rīga: Avots (Foclóirí maidir le litriú agus fuaimní na Laitvise); 2006 *Latviešu valodas vārdnīca*. Rīga: Avots (Foclóirí na Laitvise); Guļevska, D., Miķelsons, A., Porīte, T. *Latviešu valoda: Pareizrakstības un pareizrūnas rokasgrāmata*. Rīga: Avots, ISBN 9984-700-64-X (Treoirleabhar litríthe agus fuaimníthe)

33 Féach mar shampla: <http://www.vvc.gov.lv/advantagecms/LV/valstuunvalodunosaukumi/valstuunvalodunosaukumi.html>

páirteach i dtaighde ar ghnéithe éagsúla den teanga freisin, lena n-áirítear struchtúr gramadaí, stair agus canúintí, an teanga sa tsochaí, agus téarmaíocht (Institiúid na Liotuáinise 2012).

Luann LT Cou1 i measc foinsí difriúla (lena n-áirítear leabharlann oifige chomh maith le hacmhainní ar líne), an leabhar tagartha *Dabartinės lietuvių kalbos gramatika* (Ambrazas 2005), graiméar nua-aimseartha na Liotuáinise.

Luann an bheirt théarmeolaithe Liotuánacha an *State Commission of the Lithuanian Language* mar chomhlacht atá freagrach as téarmaí a chruthú sa Liotuáin. Maidir le hacmhainní téarmaíochta, liostaíonn an bheirt téarmeolaithe an *Lithuanian Term Bank*³⁴ atá cruthaithe ag an gCoimisiún Stáit um an Liotuáinis agus ag an bParlaimint. Is ionann é seo agus bunachar sonraí ar líne atá maoinithe ag an rialtas a bhfuil bonn dlí faoi. Achtaíodh dlí Phoblacht na Liotuáine ar an *Term Bank* in 2002 agus leagann sé amach rialachán maidir leis an mbunachar. Liostaíonn LT Cou1 dhá shuíomh gréasáin eile: *The Dictionary of the Lithuanian Language*³⁵ agus suíomh gréasáin Pharlaimint na Liotuáine.³⁶

Áiríonn an bheirt téarmeolaithe go bhfuil ganntanas téarmaí i réimsí an chomhshaoil (tugann LT Parl1 tuilleadh eolais nuair a luann, ‘feiniméan nua, ar nós dumpáil comhshaoil, mianadóireacht uirbeach’). Luann LT Cou1 réimsí TF agus fuinnimh freisin agus luann LT Parl1 ainmneacha orgánach mara, ó na farraigí Theas go háirithe, agus réimse na Socheolaíochta agus na Síceolaíochta, ‘a mbíonn fadhb leo go minic mar gheall ar inscne’.

Liostaítear na dúshláin seo a leanas in *The State of Lithuanian Terminology* (Aukšoriūtė, Gaivenytė agus Umbrasas 2003) mar dhúshláin le téarmaí na Liotuáinise:

- Ní bhreithnítear obair théarmeolaíochta speisialtóirí [neamhshainithe] i réimsí eile mar ghníomhaíocht eolaíochta; mar sin lagaíonn sé sin an t-inspreagadh chun forbairt a dhéanamh ar théarmaíocht Liotuáinise agus ar theanga eolaíochta ar an iomlán.
- Níl aon chóras cuardaigh ann do théarmaí a theastaíonn ó institiúidí rialtais agus le haghaidh úsáide poiblí – níl aon bhanc téarmaí leictreonach ann agus tá sé deacair rialú a dhéanamh ar shruth na bhfocal ag teacht isteach ón iasacht.
- Tá sé riachtanach córas a chruthú le hoideachas téarmeolaíochta a chur ar speisialtóirí a bhfuil suim acu in obair théarmeolaíochta sna réimsí éagsúla.

34 <http://terminai.vlkk.lt/pls/tb/tb.search>

35 <http://www.lkz.lt/>

36 <http://www.lrs.lt/>

- Ní raibh comhordú á dhéanamh go dtí seo ar ullmhú foclóirí téarmaíochta agus tá easpa foclóirí ann atá ullmhaithe go maith (eacnamaíocht agus dlí go háirithe) toisc gur díograiseoirí téarmaíochta is mó a rinne an obair seo.
- Tá an leibhéal eolais faoi bhunachair théarmaíochta a chruthú agus a bhainistiú réasúnta lag.

Máltais

Luann MT Com1 nach bhfuil aon chomhlacht náisiúnta ar leith ann atá freagrach as téarmaí a chruthú ach go dtéann téarmeolaithe i gcomhairle le húdarais náisiúnta le haghaidh roinnt tacar téarmaíochta ar nós sonraí spáis, cuntasáíochta agus iascaireachta.

Aithníonn an bheirt téarmeolaithe roinnt suíomhanna gréasáin (de chuid an AE agus cinn náisiúnta araon) a mbaineann siad úsáid astu ina gcuid oibre.³⁷ Luann an téarmeolaí ón gComhairle cartlann doiciméad na Comhairle freisin.

Tugann MT Cou1 ar aird go mbaintear úsáid as téarmaíocht an Bhéarla go minic san ardléann i roinnt réimsí, lena n-áirítear an comhshaol, airgeadas, teicneolaíocht, cúrsaí míleata agus míochaine. Luann MT Com1 trí réimse go háirithe: TF, mar ‘go bhfuil na húdarais teanga mall ó thaobh déileáil le domhan an ICT’; airgeadas, toisc go bhfuil Béarla na Stát Aontaithe chun tosaigh sna margáí airgeadais; agus innealtóireacht toisc go ‘bhfuil tionsclaíocht áitiúil nua-aimseartha á spreagadh ag forbairtí ó aimsir na coilíneachta’ agus ‘leanamar orainn ag úsáid an Bhéarla ina dhiaidh sin’.

Ar mhaithe le hacmhainní teanga ginearálta tá liosta ábhair thagartha tugtha.³⁸

Polainnis

Luann an *Polish Committee for Standardization* (PKN) go ndéanann siad obair i réimse na téarmeolaíochta trí éascú a dhéanamh ar chumarsáid trí chinneadh a dhéanamh maidir le téarmaí, sainmhínte, ainmniúcháin agus siombailí ar mhaithe le húsáid choitianta (*Polish Committee for Standardization* 2012). Léirigh aistritheoir amháin dearcadh difriúil áfach.

B’údar mór iontais a bhí ann i ndáiríre a fháil amach go raibh an PKN ag déanamh obair shuntasach de chineál ar bith ar théarmaíocht. Déileálann siad le caighdeáin (agus le téarmaíocht, is dócha – téarmaí

agus sainmhínte – mar a bhaineann go díreach leo féin). De réir m’eolais níl aon chomhlacht téarmeolaíochta sa Pholainn a d’fheidhmeodh mar ionad comhairliúcháin/deimhniúcháin do théarmaí a chuireann gníomhaithe difriúla le chéile i gcleachtas laethúil. Ba mhór againn institiúid den chineál sin. (Athbhreithneoir PL Cou)

D’aithin an bheirt téarmeolaithe roinnt suíomhanna gréasáin a úsáideann siad ar mhaithe lena gcuid oibre. Liostaíonn PL Com1 an méid seo a leanas: <http://isap.sejm.gov.pl/>, comhdhálacha idirnáisiúnta, gach suíomh gréasáin rialtais (lena n-áirítear eagraíochtaí, gníomhaireachtaí), Google Scholar, bailiúchán nasc atá cruinnithe le chéile in uirlis inlín, (MultiDoc), Leabharlann DGT, etc. Tugann PL Cou1 ar aird go bhfuil iarracht á déanamh i gcónaí na foinsí ar na suíomhanna bunaithe is iontaofa a aithint agus go bhfuil cuardach na Comhairle srianta go gov.pl, edu.pl, agus org.pl.

Tugann PL Cou1 ar aird freisin go bhfuil ganntanas téarmaí ann ó thaobh airgeadais (go háirithe in ionstraimí nua-aimseartha); margáí agus seirbhísí airgeadais i gcomhthéacs na géarchéime a thosaigh in 2008, fuinneamh; agus téarmaí TF. Luann PL Com1 ganntanas téarmaí airgeadais agus TF agus liostaíonn taighde agus réimsí nach bhfuil forbartha go maith sa Pholainn, ar nós déanamh fíona.

Áirítear sa liosta ábhair thagartha maidir le litriú agus gramadach an *Uniwersalny słownik języka polskiego*³⁹ ‘atá thar a bheith úsáideach’ agus an *Wielki słownik poprawnej polszczyzny PWN* (ed. Andrzej Markowski) atá páipéarbhunaithe.

Rómáinis

Institiúid phoiblí í an *European Institute of Romania* agus tá Aonad Comhordaithe Aistriúcháin inti atá freagrach as comhordú a dhéanamh ar an aistriúchán agus ar athbhreithniú teanga agus dlí an acquis réamhaontachais, ar chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECHR), ar Dhoiciméid Rómáinise de chineál dlíthiúil agus as téarmaíocht chomhleanúnach a bhunú (*European Institute of Romania* 2012). Tá bunachar sonraí téarmaíochta agus aistriúcháin ar fáil ar a shuíomh gréasáin.⁴⁰

Tá liosta cuimsitheach acmhainní litrithe agus gramadaí ar fáil, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

37 Nat-lex (http://www.ilo.org/dyn/natlex/natlex_browse.home), www.gov.mt, www.mjha.gov.mt

38 Aquilina, J. 2000. *Maltese–English–Maltese Dictionary*. Málta: Midsea Books; Serracino-Inglott, E. 2000. *Il-Miklem Malti*. Málta: Midsea Books (foclóir na Máltaise); Akkademja tal-Malti 1924. Taghrif fuq il-Kitba Maltija. Málta: Akkademja tal-Malti (rialacha ortagrafacha na Máltaise); National Council for the Maltese Language (<http://www.kunsilltalmalti.gov.mt/dhul/?l=2>); Akkademja tal-Ilsien Malti. Ir-Regoli tal-Kitba tal-Malti.

39 <http://usjp.pwn.pl/>

40 <http://www.ier.ro/index.php/site/search/terminologie/>

DOOM (Dicționarul ortografic, ortoepic și morfologic al limbii române), Academia Română, Editura Univers Enciclopedic (București 2007). Tá sé seo ‘thar a bheith iontaofa’ (RO Cou1).

DEX (Dicționarul ortografic, ortoepic și morfologic al limbii române), Academia Română, Editura Univers Enciclopedic (București 1998). Tá sé seo á mhaoiniú ag an rialtas agus tá sé thar a bheith iontaofa agus éasca le húsáid (RO Cou1). Tá an leagan ar líne, *DEX Online*,⁴¹ iontaofa agus éasca le húsáid freisin ach ní mór é a sheiceáil i gcoinne an leagain atá ar pháipéar, agus meastar gurb é sin a dhéantar de ghnáth (RO Cou1); déileáiltear le roinnt fadhbanna teanga faoi ‘Resurse’.⁴²

Gramatica Limbii Române, Academia Română, Editura Academiei Române (București 2005). Is é sin an graiméar oifigiúil arna mhaoiniú ag an rialtas, ach níl sé chomh héasca sin le húsáid (RO Cou1, RO Com1). Tá thart ar 1,300 leathanach ann agus ‘déileáiltear leis an iliomad deacrachtaí a ghabhann lenár máthairtheanga ar bhealach seachantach’ (RO Com1).

Vintilă-Rădulescu, Ioana, DIN, (*Dicționar normativ al limbii române ortografic, ortoepic, morfologic și practic*), Editura Corint (București 2009). Tá sé seo ‘an-úsáideach’ (RO Com1).

Avram, Mioara, *Gramatica pentru toți, ediția a II-a revăzută și adăugită*, Humanitas (București 1997). Tá sé seo ‘iontaofa agus níos fearr i dtéarmaí inúsáidteachta’ (RO Com1).

Dumitrescu, Dan, *Dicționar de dificultăți și greșeli ale limbii române*, Editura Dacia, colecția „Dacia Educațional”, seria „Dicționare” (București 2008). Tá sé seo ‘úsáideach’ (RO Com1).

Guțu Romalo, Valeria, *Corectitudine și greșeală. Limba română de azi*, Humanitas, colecția „Repere” (București 2008). Tá sé seo ‘úsáideach’ (RO Com1).

Rădulescu, Ilie-Ștefan, *Să vorbim și să scriem corect. Erori frecvente în limbajul cotidian*, Editura Niculescu (București 2005). Tá sé seo ‘úsáideach’ (RO Com1).

Níl aon chomhlacht ar leith freagrach as téarmaí a chruthú sa Rómáinis ach luann RO Com1 roinnt comhlachtaí a bhfuil baint acu le hobair théarmeolaíochta, ar nós an Choimisiúin um Théarmaíocht Eolaíochta agus Teicniúil; TERMROM, eagraíocht neamhrialtais NGO Rómáinise do théarmaíocht; agus ASRO, NGO Rómáinise um chaighdeánú.

Maidir leis na hacmhainní a úsáidtear d’obair

théarmeolaíochta, soláthraíonn RO Com1 liosta suíomhanna gréasáin a úsáidtear, lena n-áirítear bunachar téarmaíochta Institiúid Eorpach na Rómáine, mar atá luaite thuas. Baintear úsáid as téacs reachtúil, mar go mbíonn sainmhínte oifigiúla sna reachtanna go minic.⁴³ Áirítear ar shuíomhanna gréasáin eile a luaitear suíomhanna gréasáin ranna rialtais, suíomh gréasáin parlaiminte, suíomh gréasáin an bhainc náisiúnta agus suíomhanna gréasáin ollscoile.

Luann téarmeolaí an Choimisiúin (RO Com1) go bhfuil roinnt mhaith cásanna ann maidir le neamhréireacht téarmaíochta, agus tarlaíonn sé seo i réimsí an TF go háirithe agus ‘sna réimsí eolais daonna nua-iniúchta (mar shampla, idirdhealú ó thaobh inscne)’.

Seicis

Bunaíodh an *Institute of the Czech Language* in 1946. Bunaíodh an chéad lá riamh é mar *Office of the Dictionary of the Czech Language* in 1911. Mar institiúid de chuid an *Academy of Sciences of the Czech Republic*, stiúran sé taighde ar ghnéithe éagsúla den tSeicis. Foilsíonn an Institiúid lámhleabhar ar rialacha ortagrafaíochta na Seicise, ar fhoclóirí agus litríocht mhóréilimh (*Academy of Sciences of the Czech Republic* 2012). Maidir le hacmhainní téarmeolaíochta, tá an *Czech National Corpus* ar fáil ar líne,⁴⁴ agus tá an *Institute of the Czech National Corpus* in Ollscoil Charles i bPrág freagrach as an gCorpas seo a fhorbairt (*Czech National Corpus* 2012).

Áirítear ar liosta ábhair thagartha *Internetová jazyková příručka*⁴⁵ (Leabhar Tagartha Teanga Idirlín) a bhfuil forbairt déanta orthu ag Institiúid na Seicise. Is féidir é seo a chuardach agus tá mínithe tugtha ann freisin maidir le gramadach, litriú agus gnéithe eile den tSeicis. Tá na leabhair *Pravidla českého pravopisu* (rialacha ar ortagrafaíocht na Seicise) agus *Slovník spisovné češtiny* (foclóir maidir leis an tSeicis chaighdeánach) scríofa ag an *Institute of the Czech Language* freisin.

Tá bunachar téarmaíochta ar líne cruthaithe freisin ag an *Czech Office for Standards, Metrology agus Testing* i bhfoirm tábla *Excel*, dar teideal ‘*Terminology of Technical Harmonisation*’. Cruthaíodh é seo roimh aontachas Phoblacht na Seice chun an AE. De réir an eolais ón *Czech Office for Standards, Metrology agus Testing*, áfach, níl an bunachar sonraí seo coinnithe cothrom le dáta agus tá sé le baint den suíomh gréasáin go gairid (Athbhreithneoir CS Com).

Luann téarmeolaí (CS Com1) an *Czech Office for Standards, Metrology agus Testing* mar chomhlacht a

41 <http://dexAr.líne.ro/>

42 Treoir ghramadaí: <http://dexAr.líne.ro/articole/>; Treoir stíle: http://dexAr.líne.ro/articol/Ghid_de_exprimare_corect%C4%83

43 Tá siad sin ar fáil ó www.legestart.ro.

44 <http://ucnk.ff.cuni.cz>

45 <http://pirucka.ujc.cas.cz/>

bhfuil baint acu le téarmaí a chruthú. Déanann an Oifig é sin trí chaighdeáin theicniúla a fhoilsiú agus a aistriú ‘ina mbíonn téarmaí le sainmhíneithe go minic’.

Liostaíonn an téarmeolaí roinnt suíomhanna gréasáin freisin a mbaintear úsáid astu in obair théarmeolaíochta⁴⁶ agus luann caighdeáin theicniúla d’aistriúcháin theicniúla, chomh maith le foinsí gréasáin iontaofa éagsúla a bhaineann leis an ábhar (suíomhanna gréasáin institiúidí poiblí/eolaíochta, ollscoileanna, ailt eolaíochta atá ar fáil ar an Idiríon agus mar sin de.

Dar le CS Com1 bíonn ganntanas téarmaí eolaíochta ann uaireanta, agus is í an chúis atá leis sin ná go bhfoilsíonn eolaithe na Seice a gcuid oibre i mBéarla go minic ar mhaithe le haitheantas a fháil ar scála níos leithne. Foilsíonn siad sa tSeicis uaireanta, ‘ach nuair a dhéanann siad é sin baineann siad úsáid fós as an téarma Béarla nó cuireann siad foirceann Seicise air nó athraíonn siad an litriú de bheagán’. Tugann CS Com1 ar aird freisin go bhfuil ganntanas téarmaí i réimsí nach bhfuil i bPoblacht na Seice cheana féin ar nós iasc domhainmhara agus cineálacha lamairní/céanna/calaí.

Slóivéinis

Bunaíodh Institiúid Fran Ramovš na Slóivéinise in 1945. Déanann an Institiúid taighde ar an teanga, agus áirítear ar a saothar foilsithe, mar atá liostaithe ar a suíomh gréasáin, foclóir ortagrafaíochta agus fuaimnithe; foclóir don tSlóivéinis chaighdeánach; staidéir thuairisciúla agus stairiúla sa teangeolaíocht; foclóir stairiúil-ainmeolaíochta; foclóir stairiúil-topagrafach; atlas teanga, monagraif ar théacsanna sna canúintí éagsúla; cartlanna fónagramacha ar chanúintí (Research Centre of the Slovenian Academy of Sciences and Arts 2012).

Tá *Slovar slovenskega knjižnega jezika* (Foclóir ar an tSlóivéinis Chaighdeánach), atá ar fáil i bhfoirm páipéir agus ar líne freisin⁴⁷, corpasbhunaithe agus iontaofa; mar sin féin níl sé cothrom le dáta (5 imleabhar, foilsíodh an chéad imleabhar in 1970, agus an t-imleabhar deiridh in 1991).

Is foclóir eile páipéarbhunaithe atá ar fáil ar líne freisin⁴⁸ agus atá níos cothroime le dáta (2001) é an *Slovenski pravopis (Slovene Orthography)*; níl sé corpasbhunaithe, áfach, agus dá bhrí sin tá sé beagán conspóideach.

Tá an *Slovenska slovnica* (Graiméar na Slóivéinise) le Jože Toporišič, an-teoiriciúil agus páipéarbhunaithe agus mar sin ‘is annamh a bhíonn sé úsáideach’ (SL Com1).

46 Láithreán Gréasáin Rialtas na Seice do reachtaíocht na Seicise (<http://portal.gov.cz/app/zakony/>) agus Eur-lex (<http://eur-lex.europa.eu/en/index.htm>)

47 <http://bos.zrc-sazu.si/sskj.html>

48 <http://bos.zrc-sazu.si/sp2001.html>

Foilsítear ailt a dhíríonn ar cheisteanna/deacrachtaí difriúla teangeolaíochta san iris ar shaincheisteanna dlí, *Pravna praksa*⁴⁹ (údair dhifriúla: Monika Kalin Golob, Tina Verovnik, Nataša Logar, Nataša Hribar). Tá sé ‘cothrom le dáta, thar a bheith úsáideach, dírithe ar phraiticiúlacht, agus tá an taighde corpasbhunaithe’ (SL Com1).

Is é an *Gigafida*, corpas de théacsanna leictreonacha Slóivéinise,⁵⁰ an rogha dheiridh nuair nach bhfuil an freagra le fáil ina aon leabhar tagartha eile (seiceálann SL Com1 fíorúsáid teanga sa chorpas).

Níl aon chomhlacht foirmiúil Stáit ann atá freagrach as téarmaí a chruthú, ach tá roinnt coistí agus údaráis téarmaíochta ann a dhéileáil leis an téarmaíocht. Níl na coistí sin ann ach i roinnt réimsí, mar shampla foraoiseacht, bithcheimic agus cosaint (SL Cou1).

Chuir an bheirt téarmeolaithe liosta ar fáil de na hacmhainní a mbaintear úsáid astu, ar nós sainfhoclóirí, suíomhanna gréasáin, reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht an AE agus miontráchtas agus tráchtas PhD. Luann SL Com1 gur gné an-tábhachtach dá gcuid oibre é an tacaíocht téarmeolaíochta a sholáthraíonn na saineolaithe atá ag obair sna haireachtaí. Luann SL Com1 Evroterm⁵¹ go sonrach freisin, an bunachar sonraí náisiúnta de théarmaíocht Eorpach.

Tugann SL Cou1 ar aird go bhfuil ganntanas téarmaí sna réimsí ina raibh Seirbis in úsáid sular bhain an tSlóivéin neamhspleáchas amach in 1991, amhail taidhleoireacht agus cosaint. Tugann SL Cou1 eolas freisin go bhfuil ganntanas i réimsí a fhorbraíonn go tapa, ar nós TF. Is í an fhadhb atá anseo ná go mbíonn téarmaí Béarla bunaithe go maith sula gcruthaítear téarmaí Slóivéinise. Tugann Athbheithneoir SL Com ar aird ‘go bhfuil téarmaíocht gann i roinnt réimsí atá thar a bheith teicniúil, ar nós cineálcheadú agus feithiclí nó ceimic, e.g. ainmneacha substaintí nua’.

Slóvaicis

Is é an *Ľ. Štúr Institute of Linguistics of the Slovak Academy of Sciences* an phríomhinstitiúid atá bainteach le taighde ar an teanga. Díríonn an Institiúid ar thaighde bunúsach ar leaganacha caighdeánacha agus neamhchaighdeánacha na Slóvaicise (Ľ. Štúr Institute of Linguistics of the Slovak Academy of Sciences 2012).

Tá fáil ar rogha ábhar tagartha litrithe agus gramadaí, le tacaíocht oiliúna agus teagmhála le hInstitiúid Teanga, Ľudovít Štúr (Jazykovedný ústav Ľudovíta Štúra SAV). Foilsíonn an Institiúid an méid seo a leanas:

49 Do suibscríobhaithe na tairisí IUS-INFO, tá sé le fáil ar líne freisin: <http://www.ius-software.si/LITE/Kazalo.aspx>.

50 <http://demo.gigafida.net/>

51 <http://evroterm.gov.si/index.php?jezik=angl>

Krátky slovník slovenského jazyka,⁵² *Synonymický slovník slovenčiny*, agus *Pravidlá slovenského pravopisu*. Áirítear ar fhoinsí eile, Samo Šaling, Mária Ivanová-Šalingová, Zuzana Maníková (eds.), *Veľký slovník cudzích slov*, agus *Kolektív pracovníkov Encyklopedického ústavu SAV, Encyclopaedia Beliana* (níl ach A – Hir ar fáil faoi láthair). Tá roinnt foclóirí Slóvaicise ar líne le fáil freisin.⁵³

Léiríonn na téarmaolaithe go bhfuil an *L. Štúr Institute of Linguistics of the Slovak Academy of Sciences* agus an *Slovak Office of Standards, Metrology agus Testing* freagrach as cruthú téarmaí sa tSlóvaic.

Tá bunachar sonraí téarmaíochta ann freisin: Slovenská terminologická databáza,⁵⁴ a bunaíodh in 2005. Is é an *L. Štúr Institute of Linguistics*, a bhunaigh agus a dhéanann bainistiú ar an mbunachar sonraí seo. Tá níos mó ná 4,500 taifead téarmaíochta ann a bhaineann le go leor réimsí, lena n-áirítear: Díl Riaracháin, Réalteolaíocht, Dátheangachas, Slándáil Shibhialta, Tógáil, Díl Coiriúil, Coireolaíocht, Coinníollacha Fostaíochta agus Oibre, Cosaint ar Dhóiteáin, Stair, Díl Saothair, Teangeolaíocht, Beartas Imirce, Díl Príobháideach, Ord Poiblí, Cosaint Shóisialta, an tSochaí agus an Déimeagrafaíocht. Tá an fócas curtha ar thionscadail téarmaíochta a bhaineann le slándáil shóisialta, stair, ficheall agus margaíocht (Athbhreithneoir SK Parl) ón mbliain 2008.

Baineann téarmaolaithe úsáid as foinsí mar an tdirilíon, liosta téarmaí mionléirithe ag aireachtaí, foilseacháin, comhairliúcháin le saineolaithe, (a mbaineann cuid díobh le Líonra Téarmaíochta na Slóvaicise, a bhfuil tuilleadh plé déanta air i Mír 5.1.4) gluaiseanna atá curtha ar fáil ag saineolaithe náisiúnta agus sainfhoclóirí.

Ní bhíonn téarmaí baincéireachta agus eacnamaíochta agus TF ar fáil i gcónaí ach oiread, mar go mbaintear úsáid as na téarmaí Béarla go minic sna réimsí seo sa

52 <http://slovník.juls.savba.sk/>

53 <http://slovníky.korpus.sk/>; <http://slovník.juls.savba.sk/>

54 <http://data.juls.savba.sk/std/>

tSlóvaic ('is gnáthchleachtas é sin i roinnt réimsí eile chomh maith' – SK Com 1). Luann SK Com 1 freisin 'gach téarma nuachumtha a bhfuil dlúthbhaint acu le hobair agus déanamh polasaí an AE'. Mar gur tír í an tSlóvaic atá timpeallaithe ag tíortha eile, tá easpa téarmaí sa réimse muirí (flóra agus fána muirí – SK Parl 1), ar nós ainmneacha iasc mhara.

Ungáiris

Bhunaigh an Aireacht Díl agus Cirt an tAonad Comhordaithe Aistriúcháin in 1997. Bhí an tAonad freagrach as bunachar sonraí oifigiúil maidir le Téarmaíocht na hUngáirise a chruthú don AE. Bunaíodh Comhairle Téarmaíochta na hUngáirise (MaTT) in 2005 agus tugann an comhlacht seo faoi thaighde téarmaíochta, déanann sí comhordú ar théarmaíocht ar bhonn náisiúnta agus comhoibríonn sí le heagraíochtaí téarmaíochta idirnáisiúnta (Rirdance agus Vasiljevs 2006, lch. 45). Tá sé tugtha ar aird, áfach, nach bhfuil aon chumarsáid idir MaTT agus na hInstitiúidí Eorpacha (Athbhreithneoir HU Parl agus Athbhreithneoir HU Cou).

Níl aon chomhlachtaí Stáit ann atá freagrach as téarmaí a chruthú ach tá líonra saineolaithe ann agus táthar in ann a dhul i gcomhairle leo siúd maidir le saincheisteanna téarmaíochta (HU Parl 1).

Luann téarmaí amháin (Athbhreithneoir HU Parl) *The Dictionary of the Hungarian Ministry of Public Administration and Home Affairs*⁵⁵ mar acmhainn a mbaintear úsáid aisti in obair théarmaíochta. Tá na hábhair thagartha seo a leanas maidir le litriú agus gramadach ar fáil don Ungáiris: *Rules of Hungarian Orthography*, ó Theach Foilseacháin Acadamh Eolaíochtaí na hUngáire (an 'fhoirse oifigiúil')⁵⁶ agus *Orthography* (atá 'thar a bheith iontaoifa')⁵⁷ (HU Parl 1).

55 <http://external.kim.gov.hu/eu-terminologia/>

56 Deme, L., Fábíán, P. agus Tóth, E. (eag.) 2005. Magyar helyesírási szótár. Búdaipeist: Akadémiai Kiadó.

57 Laczkó, K. agus Mártonfi, A. 2005. Helyesírás. Búdaipeist: Osiris Kiadó.

C. Bunábhar a bhaineann le Mír 6

A. Liostaí a seoladh chuig Fiontar: Ainmneacha agus topaicí

Tabhair ar aird go n-áirítear dúbailigh sa líon iomlán iontrálacha, a bhíonn le scríosadh sula ndéantar na liostaí a iontráil i mbunachar sonraí/comhéadan eagarthóireachta Fiontar.

Tábla 18: Liostaí a cuireadh chuig Fiontar: Airgeadas, Gnó agus Eacnamaíocht

Liosta	Teideal	Líon na n-iontrálacha
T008	Economics	539
T011	Preparation for market	8,379
T014	EU competition policy	125
T023	GA Basel II –Banking	1,538
T031	Insurance agus Banking Solvency II	91
T038	Impaired assets	56
T055	International Accounting Standards 2010	1,482
T084	Budgetary Surveillance	38
T085	Financial terminology A–B – (new)	33
T086	Financial terminology A–B – (updated)	8
T101	EP List – Financial terms Sept 2011	38
T145	TARGET2 (new)	106
T146	TARGET2 (updated)	3
T149	ECA Audit Manual	126
T150	Technical Standards on short selling 2012 – new	49
T151	Technical Standards on short selling 2012 – (updated)	3
T152	Sovereign debt crisis	4
T153	Sovereign debt crisis 2	8
T163	EN Notes-Com IAS 2010 (reopened)	30
T172	Public Procurement 1&2 (COU) (new)	19
T178	COM-Solvency – 12 (new)	16
T183	EMIR – European Market Infrastructure Regulation (new)	30
Líon iomlán na n-iontrálacha		12,721

Tábla 19: Liostaí a cuireadh chuig Fiontar: Príomhúlaigh

Liosta	Teideal	Líon na n-iontrálacha
T004	Primary entries consolidation projects	131
T013	Primaries 2008	2,119
T025	Primaries March_08–April_09	53
T026	Council Primary Entries EN–GA	692
T042	Starred primaries 15.01.2010	3,107
T049	New primaries 6.7.2010	2,536
T057	New primaries 10.11.2010	3,354
T087	CFSP-Reports – Part III Missions agus Operations (COU) – primaries	9
T088	CFSP-Reports – Part IV Political stability (COU) – primaries	32
T089	Financial Regulation (COU) – primaries	38
T090	Gender Pay Gap (COU) – primaries	8
T091	International Organisations – Part 2 Africa & America (COU) – primaries	10
T093	Military Ranks (COU) – primaries	9
T094	Southern Neighbourhood COU – primaries	16
T095	Lisbon 100-09 COU – primaries	15
T096	Ecotoxicology (COM) – primaries	119
T097	European Union Emissions Trading Scheme (COM) – primaries	53
T098	Flora – LA plant names (COM) – primaries	97
T099	Toxicology (COM) – primaries	707
T100	Treaty on European Union (COM) – primaries	437
T108	New primaries 02-08-2011	1,674
T116	New Primaries 10-11-2011	232
T133	New Primaries 15-02-2012	483
T134	New Primaries 20-02-2012	433
T143	New Primaries 2012-05-07	607
T159	GA rel=2 Primary entries	106
T182	New Primaries 17-10-2012	546
Líon iomlán na n-iontrálacha		17,623

Tábla 20: Liostaí a cuireadh chuig Fiontar: Talmhaíocht agus Comhshaol

Liosta	Teideal	Líon na n-iontrálacha
T005	Agriculture I	251
T006	Agriculture II	269
T007	Agriculture	1,389
T009	Environment	785
T036	Waste management	152
T037	Energy	40
T041	Viticulture	224
T122	Energy 2011 – (new)	45
T123	Energy 2011 – (updated)	2
T135	EP-Agriculture – new	21
T140	Climate and Environment	10
T156	Precision Farming (new)	25
T169	Tillage (new)	8
T170	Tillage (updated)	2
T175	COM-LA-Flora (new)	12
T176	COM-Ecodesign (Heating) – 2012 (new)	10
T177	COM-Ecodesign (Lighting) – 2012 (new)	15
T180	COM FR Wine (new)	152
Líon iomlán na n-iontrálacha		3,412

Tábla 21: Liostaí a cuireadh chuig Fiontar: Leigheas agus Cógaisíocht

Liosta	Teideal	Líon na n-iontrálacha
T019	OiE Veterinary Glossary - abbreviations.xls	32
T020	OiE Veterinary Glossary - list of tests.xls	59
T021	OiE Veterinary glossary.xls	22
T022	OiE Veterinary Glossary - chapter 2.xls	128
T030	Rare diseases	251
T128	Veterinary medicine – (new)	6
T129	Veterinary medicine – (updated)	9
T130	Medical terminology	82
T141	Medicine and Pharmacy	25
T142	Veterinary medicine	55
T155	Communicable Diseases	31
T164	EN notes-COM Medicine & Chemistry (reopened)	50
T181	COM-Equidaepharmacology – 2012 (new)	188
Líon iomlán na n-iontrálacha		938

Tábla 22: Liostaí a cuireadh chuig Fiontar: Fostaíocht agus Gnóthaí Dlíthiúla

Liosta	Teideal	Líon na n-iontrálacha
T003	Employment	551
T027	EP – Human Rights	764
T056	Employment	41
T063	Additional list EP – Human Rights	9
T073	Skills & Jobs – Part 1 – (new)	7
T074	Skills & Jobs – Part 2 – (updated)	35
T075	Skills & Jobs – Part 3 – revision	1
T081	European Contract Law – (new)	44
T082	European Contract Law – (updated)	8
T092	Succession Regulation	31
T104	EU classified information	30
T105	Succession regulation – Part 4 Administration & Actors	9
T110	Passports	8
T115	Asylum agus Migration	53
T118	Succession Regulation (new)	9
T119	Succession Regulation (updated)	4
T124	External Relations – (new)	29
T125	External Relations – (resend)	15
T136	EP-Human Rights 3 – (new)	11
T144	Succession Regulation (part 7 objects)	13
T167	Data protection (new)	14
T168	Data protection (updated)	4
T173	Succession Regulation – part 8	5
Líon iomlán na n-iontrálacha		1,695

Tábla 23: Liostaí a cuireadh chuig Fiontar: Liostaí téamacha ilghnéitheacha

Liosta	Teideal	Líon na n-iontrálacha
T010	Transport	2,077
T029	COM DGs	41
T032	UCITS	41
T033	Aviation	45
T034	Railway Safety	30
T035	UNECE – Safety glazing	364
T039	Technical terms	158
T043	Aeronautical Terminology	4,333
T044	Chemical Terminology	702
T048	Chemical Terminology	764
T061	Extraction Platform against Poverty	31
T062	Digital Agenda	35
T069	Innovation Union	26
T071	Integrated Industrial Policy – Part 1 – (new)	21
T072	Integrated Industrial Policy – Part 2 – (updated)	6
T076	EP Establishment Plan – Part 1 – revision	217
T080	Rules of Procedure Part 1 (revision)	150
T102	CFSP Reports – Part VII Military Capabilities	52
T103	CFSP-Reports – Part VIII Headline Goals	8
T106	Resource Efficient Europe Part I – (new)	36
T107	Resource Efficient Europe Part II – (updated)	1
T111	Youth on the Move Part I (new)	24
T112	Youth on the Move Part II (updated)	9
T113	NGA networks Part I (new)	34
T114	NGA networks Part II (updated)	19
T120	Council directorates (new)	15
T121	Council directorates (updated)	1
T126	Radio Regulations	187
T165	Insurance Mediation (new)	33
T166	Insurance Mediation (updated)	2
T179	COM-Civil aviation 2012 (new)	34
Líon iomlán na n-iontrálacha		9,496

Tábla 24: Liostaí a cuireadh chuig Fiontar: Liostaí ilghnéitheacha (gan téamaí)

Liosta	Teideal	Líon na n-iontrálacha
T001	Irish terms already in IATE	13,357
T002	most searched-for concepts in IATE	78
T028	Updates requested 2009-08-17	26
T040	Various domains	72
T045	EN-COM Updates Batch 1 A	760
T046	EN-COM Updates Batch 2 A	712
T051	EP Terms Non Primary 1.1.2009-1.6.2010	310
T052	Mix of Various Domains	57
T053	EP List 2	56
T054	EP COM term request	44
T059	Problematic entries	1,949
T060	Brackets agus slashes	230
T064	Miscellaneous EP & COM	42
T065	Updates requested 2011-01-24	98
T067	EP List Jan 2011	28
T068	EP List Feb 2011	25
T070	COM list various domains	44
T078	EP List May 2011	28
T079	COM-GA June 2011	27
T083	EP list July 2011	5
T109	EP-COM list October 2011	48
T117	Updates requested 2012-01-17	113
T127	OPOCE – mixed concepts	109
T131	COM-EN terms updated 2011 – (new)	217
T132	COM-EN terms updated 2011 – (updated)	139
T137	COM-mixed domains – (new)	10
T138	CdT – update	1
T139	COM-entries updated after FB_1	140
T147	IATE-entries with three or more GA terms	1,037
T148	EP-macro list 2012-1	19
T154	Entries with 21–22 lang – NO GA	326
T157	EP Trainee project (new)	39
T158	EP Jan–Jul 2012 (new)	110
T160	GA rel=2 Non-primary entries	423
T161	GA rel=1	130
T162	EN Notes-COM (updated)	2
T171	EP-entries updated after FB_1	20
T174	EP-macro list 3 (Oct. 2012) (new)	16
Líon iomlán na n-iontrálacha		20,847

B. Rannpháirtithe tionscadal in Éirinn

Déanann an Roinn Stáit atá freagrach as an nGaeilge ionadaíocht ar **Rialtas na hÉireann**. Ba ar an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a bhí an fhreagracht nuair a tionscnaíodh an tionscadal agus bhí Deaglán Ó Briain, státseirbhíseach sinsearach de chuid na Roinne sin freagrach as an tionscadal a bhunú agus forbairt a dhéanamh air go dtí mí Eanáir 2011, nuair a tháinig Tomás Ó Ruairc i gcomharbacht air mar Stiúrthóir an Láraonaid Aistriúcháin sa Roinn sin. Athainmníodh an Roinn mar an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta nuair a tháinig an rialtas reatha i gcumhacht i mí an Mhárta 2011. Glacadh le cinneadh go luath i samhradh na bliana 2012 an Láraonad Aistriúcháin a chur isteach faoi Rannóg Aistriúcháin Thithe an Oireachtais. Is í Máire Killoran, Stiúrthóir Gaeilge na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta atá freagrach as tionscadal GA IATE ó Aibreán 2012.

Freastalaíonn an t-oifigeach atá freagrach as tionscadal GA IATE ar gach cruinniú de chuid an ghrúpa tionscadail téarmaíochta sa Bhruiséil agus freastalaíonn Buanionadaí na hÉireann ón Roinn Gnóthaí Eachtracha ar chruinnithe ó thráth go chéile.

An Coiste Téarmaíochta: An Coiste náisiúnta seo, faoi Fhoras na Gaeilge, atá freagrach as téarmaíocht Ghaeilge chaighdeánach, údarásach, a cheadú, a fhorbairt agus a sholáthar. Úinéir na téarmaíochta atá foilsithe ar an mBunachar Téarmaíochta don Ghaeilge, www.focal.ie. Coiste deonach é a thagann le chéile uair sa mhí. Bunaíonn sé fochoistí le déileáil le sainréimsí eolais. Oibríonn sé le Fiontar chun forbairt a dhéanamh ar acmhainní téarmaíochta do bhunachar sonraí IATE trí bhailíochtú a dhéanamh ar théarmaí nua nó ar théarmaí a bhfuil fadhb leo.

Riarann **Fiontar, DCU** roinnt tionscadal digiteach Gaeilge. Tá an fhoireann taighde faoi cheannas an stiúrthóra tionscadal, an Dr Caoilfhionn Nic Pháidín, agus tá sí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na dtionscadal, as earcaíocht, bainistiú airgeadais, iarratais ar mhaoine agus tuairisciú do chomhlachtaí maoinithe mar aon le comhordú polasaí. Déanann an bainisteoir eagarthóireachta, an Dr Úna Bhreathnach, maoirseacht ar an obair ó lá go lá, déanann sí leithdháileadh ar acmhainní foirne do thionscadail agus monatóireacht ar tháirgiúlacht. Oibríonn sí go dlúth leis an téarmaíochta, an Dr Gearóid Ó Cleircín, atá freagrach as caighdeán agus ábhar an aschuir taighde. I dtionscadal GA IATE, áiríonn sé sin monatóireacht a dhéanamh ar théarmaí IATE ar mhaithe le cruinneas gramadaí agus séimeantaice. Déanann an téarmaíochta ionadaíocht do Fiontar ar an gCoiste Téarmaíochta náisiúnta freisin.

Tá an bainisteoir teicniúil, an Dr Brian Ó Raghallaigh, freagrach as bainistiú, cothabháil agus forbairt a dhéanamh ar na réitigh theicniúla atá bunaithe ag Fiontar. Tá sé freagrach, i ndáil leis an tionscadal seo, as liostaí iontrálacha ó IATE a iompórtáil agus a easpórtáil agus na fadhbanna teicniúla a bhaineann leis na próisis sin a réiteach i gcomhar le IATE. Freastalaíonn an stiúrthóir tionscadal agus an bainisteoir teicniúil ar gach cruinniú GA IATE sa Bhruiséil agus bíonn an téarmaíochta nó an bainisteoir eagarthóireachta ar a seal in éineacht leo.

Tá an fhoireann eagarthóireachta atá in Fiontar i láthair na huaire comhdhéanta de bheirt eagarthóirí taighde agus de dheichniúr cúntóirí eagarthóireachta. Bíonn siad ag plé le roinnt tionscadal, lena n-áirítear GA IATE. Tá acmhainní sannta do GA IATE mar atá léirithe i dTábla 10. Déanann na heagarthóirí comhordú ar na tionscadail éagsúla, lena n-áirítear tionscadal GA IATE, agus tugann na cúntóirí eagarthóireachta faoi dhualgais eagarthóireachta agus obair théarmaíochta. Leithdháileann an t-eagarthóir taighde obair ar na cúntóirí eagarthóireachta i gcomhar leis an téarmaíochta, agus freagraíonn sí fiosruithe a bhaineann le téarmaíocht, gramadach agus sreabhadh oibre ó lá go lá agus tugann tuarascálacha maidir le táirgiúlacht agus le dul chun cinn ag cruinnithe inmheánacha Fiontar. Tá an fhoireann seo freagrach as an gcéad agus as an dara scagadh d'iontrálacha IATE, soláthraíonn siad aiseolas maidir le saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann don eagarthóir taighde agus don téarmaíochta, agus tugann siad tuairisc i ndáil le dul chun cinn ag cruinnithe inmheánacha Fiontar.


Cuireann an t-iarbhainisteoir teicniúil, Michal Boleslav Měchura seirbhísí sainchomhairle teicniúla ar fáil do Fiontar anois agus tá sé rannpháirteach i bhforbairtí teicniúla i gcomhar leis an mbainisteoir teicniúil reatha. Tá an t-iarthéarmaíochta a bhí in Fiontar, Donla uí Bhraonáin, ina sainchomhairleoir téarmaíochta seachtrach ar thionscadal GA IATE anois. Tugann sí tacaíocht don téarmaíochta reatha lena chuid oibre trí athbhreithniú a dhéanamh ar fhiosrúcháin ghramadaí agus teanga atá aitheanta ag an bhfoireann eagarthóireachta le linn an tríú scagadh den sreabhadh oibre, agus mar chomhalta den Choiste Téarmaíochta, tá sí rannpháirteach i bhfaomhadh na dtéarmaí nua nó téarmaí a mbíonn fadhbanna leo ag cruinnithe míosúla an Choiste Téarmaíochta.

Cuidíonn na heintitis agus na daoine aonair seo a leanas leis an tionscadal agus níl siad bainteach go díreach lena bhainistiú nó lena chomhordú:

Sainchomhairleoirí téarmaíochta seachtracha eile: Feidhmíonn iar-aistritheoir Gaeilge de chuid na

Comhairle mar shainchomhairleoir ar an tionscadal agus bíonn sé ag plé leis an gcéad agus an dara céim den scagadh ar an sreabhadh oibre. D'oibrigh roinnt iarchomhaltaí d'fhoireann eagarthóireachta Fiontar mar eagarthóirí comhairleacha seachtracha ar an gcéad agus ar an dara céim den scagadh ar an sreabhadh oibre.

Soláthraíonn **Córais agus Seirbhísí Eolais (ISS)** in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath seirbhísí óstála bunachar sonraí agus gréasáin chomh maith le seirbhísí gaolmhara mar chúltaca agus slándáil. Tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm idir ISS agus Fiontar a chlúdaíonn gach gné de na socruithe óstála.



Fíor 21: Foireann taighde Fiontar a riarann sé thionscadal faoi láthair

C. Sceideal de chruinnithe agus rannpháirtithe thionscadal GA IATE

Tábla 25: Cruinnithe Ghrúpa Thionscadal Téarmeolaíochta GA IATE

Dáta	Suíomh
20.11.07	Lucsamburg
26.02.08	Lucsamburg
28.05.08	An Bhruiséil
16.10.08	An Bhruiséil
10.03.09	An Bhruiséil
03.07.09	An Bhruiséil
17.11.09	An Bhruiséil
23.03.10	An Bhruiséil
14.09.10	An Bhruiséil
15.02.11	An Bhruiséil
18.10.11	An Bhruiséil
08.05.12	An Bhruiséil
23.10.12	An Bhruiséil

Tábla 26: Baill Ghrúpa Thionscadal Téarmeolaíochta GA IATE (2012)

Úna Bhreathnach (Fiontar)	Austin Ó Duibh (COM)
Seán Hade (COU)	Labhrás Ó Finneadha (EP)
Christine Herwig (COM, Cathaoirleach)	Colmcille Ó Monacháin (COM)
Máire Killoran (An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta)	Brian Ó Raghallaigh (Fiontar)
Manuel Leal (COU)	Peter Race (CdT)
Eoin Mac Domhnaill (An Chúirt Bhreithiúnais)	Ingrid Swinnen (COU)
Cathal Mac Gabhann (COU)	Monica Welwert (COM)
Caoilfhionn Nic Pháidín (Fiontar)	Konstantinos Zacharis (COM)
Gearóid Ó Cleircín (Fiontar)	

Innéacs

- abhcóidí le Gaeilge 57
- Acht na dTeangacha Oifigiúla 56
- Achtanna an Oireachtais
- aistriúchán go Gaeilge 56
 - Caighdeán Oifigiúil 79, 85, 87
 - Rannóg an Aistriúcháin (Tithe an Oireachtais) 58, 78
- acmhainní teanga agus téarmeolaíochta 44, 58, 85
- líonraí do shaineolaithe 47–8
 - suíomhanna idirlín 24, 49–50, 105–10
- acquis communautaire 8, 44, 49–51, 53
- aistriúchán go Gaeilge 55
- aiseolas
- brú ama 85
 - comhordú san Ionad Aistriúcháin 23–4
 - meicníocht aiseolais 80–1
 - féach freisin* Eislíon, An t-
- Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin (DG-TRAD), Seirbhís DG-TRAD um an Idirchaidreamh le Cliant 42
- Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin (DGT) (sa Choimisiún) 8, 34–6
- freagracht as tionscadal GA IATE 81
- athsheoladh 74–6, 86–7
- bailíochtú téarmaí
- An Coiste Téarmaíochta 63, 73, 81, 92
 - úinéireacht in IATE 26, 32, 53
- Banc Eorpach Infheistíochta, An (BEI) 19, 28
- Béarla 22, 27, 52
- téarmaí Béarla sa tSeicis 44
- Best Practice for Terminologists* 24–30, 34, 52
- brú ama 55, 85
- Bulgáiris
- acmhainní teanga agus téarmeolaíochta 105
 - acquis communautaire 49, 51
 - easpa téarmaí 53
 - foireann teanga 45
 - líon na dtéarmaí in IATE 22, 52
 - nótaí sochtheangeolaíochta 102
- bunachair shonraí agus uirlisí
- téarmeolaíochta 33–4
 - Eislíon, An t- 61, 74, 80–1, 84, 87
 - féach freisin* acmhainní teanga agus téarmeolaíochta; Fiat
- Bunachar Logainmneacha na hÉireann (logainm.ie) 58–9
- Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge *féach* Focal.ie
- Bunreacht na hÉireann: stádas na Gaeilge 56
- Caighdeán Oifigiúil, An* 60, 79, 85–7
- cáilíocht agus cainníocht 29–31, 54, 81, 83, 86–7, 89
- acquis communautaire 50–1
 - minicíocht na hoibre ar théarmaí IATE 52
- Ceanada: *Translation Bureau of the Canadian Government* 24
- Center for Sprogteknologi (CST), An Danmhairg 8, 20–1
- cód iontaofachta 27, 74–5, 79
- lipéadú Pre-IATE 34, 51
- Coiste Téarmaíochta, An 8, 58, 77–9, 83
- bailíochtú téarmaí 63, 73, 81, 92
 - dúshlán 85, 87–8
 - treoirlínte maidir le rialacha gramadaí 60, 79
- comhchomhairleoirí 46–8, 82
- sa Liotuáinis 48
 - féach freisin* seachfhoinsí
- comhdhlúthú *féach* glantachán sonraí IATE
- comhpháirtíocht agus comhoibriú GA IATE 83–90
- idirinstiúideach san AE 24–5, 32, 40, 42, 44–7
- Conarthaí (AE)
- aistriúchán go Gaeilge 56–7
 - féach freisin* acquis communautaire; corpas dátheangach dlí de théacs reachtaíochta ailínithe
- Conradh Liospóin 57
- COREPER 57
- corpas dlí dátheangach de théacs reachtaíochta ailínithe 60–2, 77, 84
- corrigenda sa tSlóvaicis 50
- COTSOES (Conference of Translation Services of European States) 52
- Cróitis 28
- Danmhairgis 22, 52
- deasc chabhrach d'aistritheoirí 39, 40, 87, 91
- earcaíocht téarmeolaithe 33, 41, 60
- clár intéirneachta 58, 82
 - féach freisin* oiliúint
- Eastóinis
- acmhainní teanga agus téarmeolaíochta 106–7
 - acquis communautaire 49, 52
 - foireann teanga 45, 46
 - líon na dtéarmaí in IATE 22, 52
 - lipéad Pre-IATE 34
 - nótaí sochtheangeolaíochta 102
 - treoirleabhar IATE 52
- EC Termpad 51
- Eislíon, An t- 61, 74, 80–1, 84, 87
- ELISE (European Institutions Linguistic Information Storage and Exchange) 33
- Eur-Lex 34, 41, 53
- Euramis (European advanced multilingual information system) 33, 41
- Eurodicautom 9, 19–21, 29, 35–6
- EuroTerms 19
- Eurovoc (córas réimsí) 20–1
- Euterpe 9, 19–20
- Fiat 9, 61, 83
- scagadh 62–75
- Fionlainnis
- foireann teanga 14, 26, 29
 - líon na dtéarmaí in IATE 22, 52
 - treoirleabhar IATE 52
- Focal.ie 10, 59–60, 77–8
- á úsáid i dtionscadal GA IATE 59, 81, 83
 - dúshlán 85
 - foclóirí mar fhoinsí téarmaíochta 78
- foireann teanga
- Fiontar 83
 - téarmeolaithe in institiúidí AE 44–8
 - tógáil acmhainneachta 56–8, 90
 - féach freisin* earcaíocht téarmeolaithe; oiliúint
- Foras na Gaeilge 9, 57–8
- Fraincis 22, 27, 52
- Framework for Terminology Work, New* 38–9, 52
- Gaeilge
- acquis communautaire 57
 - foireann teanga 56–60, 81–83, 91
 - líon na dtéarmaí in IATE 22, 29, 52, 81
 - maolú 44, 57
 - rialacha gramadaí 60, 79–80, 85
 - ganntanas téarmaí 53
 - Gearmáinis 22, 27, 52
 - glantachán sonraí IATE (scríosadh dúblach) 27, 41, 84–5
 - graiméar: rialacha Gaeilge 60, 79–80, 85
 - Gréigis 22, 52
- IATE (Inter-Active Terminology for Europe) 9
- ar líne don phobal 24
 - IATE 2.0 31
 - líon na n-iontrálacha 19, 22, 29–30, 52, 81
 - treoirleabhair 23–32, 34, 52
- infreastructúr teicniúil
- dúshlán do na teangacha nua 53–4, 59–60, 92
 - GA IATE 74–5, 77–9, 83–4
 - in institiúidí AE 13, 19–25, 31–2, 36, 37, 41, 43
 - féach freisin* bunachair shonraí agus uirlisí téarmeolaíochta
- intéirneacht 58, 82
- Interinstitutional Committee for Translation and Interpretation (ICTI) 9, 20–3, 33
- lodáilis 22, 52
- iontrálacha débhríocha 66, 75–6
- iontrálacha dubailte 16, 22, 29, 51, 52, 53, 86
- féach freisin* glantachán sonraí IATE (scríosadh dúblach)
- ISO 704 52
- Laitvis
- acmhainní teanga agus téarmeolaíochta 106

- acquis communautaire 49, 52
 dúshláin do théarmeolaithe 52–5
 foireann teanga 45, 46
 líon na dtéarmaí in IATE 22, 52
 nótaí sochtheangeolaíochta 102–3
Léacsclann 61, 83, 87
 Lench (córas réimsí) 20
 LEX: tuairisciú ar thionscadal 82
 líonraí do shaineolaithe téarmeolaíochta 47–8
 Liotuáinis
 acmhainní teanga agus téarmeolaíochta 46, 106–7
 acquis communautaire 50
 dúshláin do théarmeolaithe 50–5
 foireann teanga 45, 46, 47–8
 líon na dtéarmaí in IATE 22, 52
 nótaí sochtheangeolaíochta 103
 treoirleabhar IATE 52
 logainm.ie 58–9
- Máltais
 acmhainní teanga agus téarmeolaíochta 107
 dúshláin do théarmeolaithe 46, 52–5
 foireann teanga 45, 46
 líon na dtéarmaí in IATE 22, 52
 maolú 44, 58
 nótaí sochtheangeolaíochta 103–4
 maoiniú
 GA IATE 7, 58, 81–2, 90
 IATE 24
 maolú: Gaeilge agus Máltais 44, 57
 Motif (struchtúr sonraí) 20
- Náisiúin Aontaithe, na 24
New Framework for Terminology Work 38–9, 52
- oiliúint
 aistritheoirí Sualainnise 37
 in Éirinn 56–8, 60, 82, 83
 in institiúidí an AE 37, 39–40, 43
féach freisin acmhainní teanga agus téarmeolaíochta
 Oireachtas na hÉireann *féach* Achtanna an Oireachtais; Tithe an Oireachtais
 Ollainnis 22, 52
- ‘páirceáil’ iontrálacha 79–80, 85
- Polainnis
 acmhainní teanga agus téarmeolaíochta 47, 87, 107
 acquis communautaire 50
 dúshláin do théarmeolaithe 48, 52–5
 foireann teanga 45, 46, 87
 líon na dtéarmaí in IATE 22, 52
 nótaí sochtheangeolaíochta 103–4
 téarmaíocht bhuiseid 39
 treoirleabhar IATE 52
 Portaingéilis 22, 52
 Pre-IATE: lipéadú 34, 51
projet de rattrapage 39
- Q&R (Quality & Reliability) 9, 20–1
 Quest (inneall meiteachuardaigh) 33–4, 51, 53, 55
- Rannóg an Aistriúcháin, Tithe an Oireachtais 60, 79
 reachtaíocht phríomhúil: *féach freisin*
 Achtanna an Oireachtais; Conarthaí (AE)
 reachtaíocht thánaisteach 58
 réimsí: córais réimsí 20–1
 rialáil ar earnáil an aistriúcháin 58
 roghnú iontrálacha 63, 66–7, 86, 90
 Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta 7, 56–8, 81–2, 90
- Rómáinis
 acmhainní teanga agus téarmeolaíochta 46–7, 107–8
 acquis communautaire 49–50
 dúshláin do théarmeolaithe 47, 52–5
 foireann teanga 45, 46, 47, 51
 líon na dtéarmaí in IATE 22, 52
 nótaí sochtheangeolaíochta 104
 táblaí comhchordachta 50
- scagadh: sreabhadh oibre GA IATE 62–75, 83
 seachfhoinsí 28–9, 32
 Fionlainnis agus Sualainnis 14, 28–9
 go Fiontar 28–9, 91
 Seicis 47–8
- Seicis
 acmhainní teanga agus téarmeolaíochta 108–9
 acquis communautaire 49
 dúshláin do théarmeolaithe 48, 53, 54
 foireann teanga 45, 46
 líon na dtéarmaí in IATE 22, 52
 nótaí sochtheangeolaíochta 104
 rialacha luaite foinsí in IATE 52
 téarmaí Béarla 44
- seimineáir téarmeolaíochta 43
- Slóivéinis
 acmhainní teanga agus téarmeolaíochta 109
 acquis communautaire 50
 dúshláin do théarmeolaithe 47, 52–5
 foireann teanga 44, 45
 líon na dtéarmaí in IATE 22, 52
 nótaí sochtheangeolaíochta 104
 treoirleabhar IATE 52
- Slóvaicis
 acmhainní teanga agus téarmeolaíochta 47, 109–10
 acquis communautaire 50
 dúshláin do théarmeolaithe 47, 52–5
 foireann teanga 45, 47
 ganntanas téarmaí 53
 líon na dtéarmaí in IATE 22, 52
 nótaí sochtheangeolaíochta 104–5
- Spáinnis 22, 52
 sreabhadh oibre (Comhairle) 39
 sreabhadh oibre (Fiontar) 59–60, 62
 foinsí agus acmhainní 77–80
- scagadh 62–75
 stádais inghlacthachta 78–9
 stádas na Gaeilge 56–8
Straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010–2030 57, 81
- Sualainnis
 líon na dtéarmaí in IATE 22, 52
 oiliúint d’aistritheoirí 37
 seachfhoinsí obair téarmeolaíochta 14, 29
- táblaí comhchordachta: Rómáinis 50
 téacs ailínithe, corpas 60–2, 77, 84
 teangacha an AE 13–15, 27–8
 IATE agus na teangacha nua 10, 39–40, 92
 téarmaíocht ar neamhréir 20, 48, 50
 téarmaíocht bhuiseid 39
 téarmaíocht dlí 56–8, 82
 corpas dlí dátheangach de théacs reachtaíochta ailínithe 60–2, 77, 84
 téarmeolaíocht réamhghníomhach 37–9, 42, 49, 76–7
 téarmeolaithe
 earcaíocht 33, 41, 57–8, 60, 83
féach freisin oiliúint
 teicneolaíocht *féach* infreastruchtúr teicniúil
 TermCoord 10, 41
 físchomhdhálacha 24
 ‘terminocafé’ 41
 Terminology Coordination Sector (sa Choimisiún) 37
 TermNet 37
 TIS (Terminological Information System) 10, 19–20
 Tithe an Oireachtais: Rannóg an Aistriúcháin 60, 79
 TMX (comhaid) 61–2
 traslitríú 70
 tuairisciú ar thionscadal GA IATE 82, 87
- Uachtaránacht: clár ‘Na Trí Uachtaránacht’ 77
 úinéireacht iontrálacha 26, 32, 53
féach freisin bailíochtú téarmaí uirlisí CAT (aistriúchán ríomhchuidithe) 32
féach freisin bunachair shonraí agus uirlisí téarmeolaíochta
- Ungáiris
 acmhainní teanga agus téarmeolaíochta 110
 acquis communautaire 49
 dúshláin do théarmeolaithe 52
 foireann teanga 45, 46
 líon na dtéarmaí in IATE 22, 52
 nótaí sochtheangeolaíochta 105
- Verbum (bunachar sonraí) 19
- Wiki 24–5
- Xbench 33

Tugann an staidéar seo cur síos cuimsitheach ar théarmeolaíocht na Gaeilge i gcomhthéacs fheidhmeanna aistriúcháin an Aontais Eorpaigh. Tháinig riachtanais phráinneacha téarmaíochta Gaeilge chun cinn in 2007 nuair a tugadh stádas teanga oifigiúil de chuid an AE don Ghaeilge. Tráchtann an staidéar seo ar an bhfreagairt a tugadh ar na riachtanais sin, agus cuireann sé an obair i gcomhthéacs na hoibre téarmeolaíochta a rinneadh i gcás theangacha 'nua' eile an AE, teangacha a bhain amach stádas oifigiúil in 2004 agus in 2007.

Tugtar mioneolas ar IATE, comhbhunachar sonraí ilteangach fhorais agus chomhlachtaí an AE agus leagtar béim ar leith ar ról thrí mhórinstitiúid an AE, an Coimisiún, an Chomhairle agus an Pharlaimint.

Is é Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i gcomhairle le rannpháirtithe an tionscadail in institiúidí an AE agus i seirbhís phoiblí na hÉireann, a thionsaigh an staidéar.

ISBN 978-1-909367-66-1



9 781909 367661 >

€12



*An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht*